# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 434

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

15 Samhain 2022


Clár

**PARLAIMINT NA hEORPA**

SEISIÚN 2022-2023

Suíonna ón 4 go dtí an 7 Aibreán 2022

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

RÚIN

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**


2022/C 434/01 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar a bhfuil i ndán don iascach i Muir nIocht, sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann agus san Aigéan Atlantach i bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (2021/2016(INI)) . . . 2

2022/C 434/02 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar chearta an linbh a chosaint in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh (2021/2060(INI)) . . . 11

2022/C 434/03 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir le bearta i gcoinne truailliú uisce mar thoradh ar níotráití, lena n-áirítear feabhsuithe ar na cineálacha éagsúla córas atá sna Ballstáit chun níotráit a thomhas (2021/3003(RSP)) . . . 19


**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**


2022/C 434/04 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach (2021/3001(RSP)) . . 20


GA

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 434/05 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 ar thús chur i bhfeidhm an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 (2022/2527(RSP)) | 21 |
| 2022/C 434/06 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le gníomhaíochtaí oideachais saoránachta a chur chun feidhme (2021/2008(INI)) | 22 |
| 2022/C 434/07 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil pónaire soighe géinmhodhnaithe MON 87769 × MON 89788 a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (D078875/02 – 2022/2566(RSP)) | 33 |


**Déardaoin 7. Aibreán 2022**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 434/08 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le cosaint an Aontais Eorpaigh do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (2022/2618(RSP)) | 34 |
| 2022/C 434/09 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí an 24-25 Márta 2022, lena n-áirítear an méid is déanaí a tharla sa chogadh i gcoinne na hÚcráine agus smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise agus a gcur chun feidhme (2022/2560(RSP)) | 43 |
| 2022/C 434/10 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le staid chearta an duine sa Chóiré Thuaidh, lena n-áirítear an ghéarleanúint a dhéantar ar mhionlaigh reiligiúnacha (2022/2620(RSP)) | 50 |
| 2022/C 434/11 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le staid an smachta reachta agus chearta an duine i bPoblacht Ghuatamala (2022/2621(RSP)) | 51 |
| 2022/C 434/12 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir leis an diansmacht méadaitheach sa Rúis, lena n-áirítear cás Alexey Navalny (2022/2622(RSP)) | 52 |
| 2022/C 434/13 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir leis an gceart chun deisiúcháin (2022/2515(RSP)) | 53 |
| 2022/C 434/14 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir leis an staid san Afganastáin, go háirithe staid chearta na mban (2022/2571(RSP)) | 54 |

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**


2022/C 434/15 Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 (COM(2021)0571 – C9-0325/2021 – 2021/0202(COD)) . . . . . 55

2022/C 434/16 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar (13531/1/2021 – C8-0172/2017 – 2017/0113(COD)) . . . . . 66

2022/C 434/17 P9_TA(2022)0105

Bonneagar tras-Eorpach fuinnimh ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (COM(2020)0824 – C9-0417/2020 – 2020/0360(COD))

P9_TC1-COD(2020)0360

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 . . . . . 67

2022/C 434/18 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir le treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2023 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún (2021/2226(BUI)) . . . . . 68

2022/C 434/19 P9_TA(2022)0107

Coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar ar bharra táirgthe síl áirithe sa Bholaiv ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv (COM(2022)0026 – C9-0024/2022 – 2022/0016(COD))

P9_TC1-COD(2022)0016

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv . . . . . 78

2022/C 434/20 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an seasamh ón gComhairle maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 – lena mbuiséadaítear an tionchar ar bhuiséad 2022 ag an gcoigeartú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (06310/2022 – C9-0052/2022 – 2022/0018(BUD)) . . . 79

2022/C 434/21 P9_TA(2022)0109

Íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú) ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú) (COM(2020)0739 – C9-0371/2020 – 2020/0329(COD))

P9_TC1-COD(2020)0329

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú) . . . 81

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

2022/C 434/22 P9_TA(2022)0111

An Gníomh um Rialachas Sonraí ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (COM(2020)0767 – C9-0377/2020 – 2020/0340(COD))

P9_TC1-COD(2020)0340

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 6 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) . . 82

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

2022/C 434/23 P9_TA(2022)0116

Táirgí íocshláinte a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, na Cipire, na hÉireann agus Málta ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2001/20/CE agus 2001/83/CE a mhéid a bhaineann le maoluithe ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte áirithe lena n-úsáid ag an duine a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta freisin (COM(2021)0997 – C9-0475/2021 – 2021/0431(COD))

P9_TC1-COD(2021)0431

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2001/20/CE agus 2001/83/CE a mhéid a bhaineann le maoluithe ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte áirithe lena n-úsáid ag an duine a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta . . . 83

2022/C 434/24 P9_TA(2022)0117

Táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, na Cipire, na hÉireann agus Málta ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 a mhéid a bhaineann le maolú ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta freisin (COM(2021)0998 – C9-0476/2021 – 2021/0432(COD))

P9_TC1-COD(2021)0432

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 a mhéid a bhaineann le maolú ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta . . . . . . . . . . 85

2022/C 434/25 P9_TA(2022)0118

Réamh-mhaoiniú méadaithe ó REACT-EU ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU (COM(2022)0145 – C9-0127/2022 – COM(2022)0162 – C9-0136/2022 – 2022/0096(COD))

P9_TC1-COD(2022)0096

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT EU agus le costas aonaid a bhunú . . . . . . . . . . 87

2022/C 434/26 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 lena dtarchuirtear an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach ar bhonn an togra neamhleasaithe le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha (COM(2022)0135 – C9-0126/2022 – 2022/0090(COD)) . . . . . . . . . . 88

2022/C 434/27 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (COM(2021)0278 – C9-0349/2021 – 2021/0140(CNS)) . . . . . . . . . . 89

2022/C 434/28 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar ioncam agus caiteachas don bhliain airgeadais 2023 (2021/2227(BUI)) . . . . . . . . . . 123

*Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach: an tríú léamh |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa:

Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.

# PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2022-2023

Suíonna ón 4 go dtí an 7 Aibreán 2022

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

RÚIN

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2022)0103

## A bhfuil i ndán don iascach i Muir nIocht, sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann agus san Aigéan Atlantach i bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar a bhfuil i ndán don iascach i Muir nIocht, sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann agus san Aigéan Atlantach i bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (2021/2016(INI))**

(2022/C 434/01)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, maidir leis an gComhbheartas Iascaigh [1],

— ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [2] ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), agus don dearbhú polaitiúil a ghabhann leis, lena leagtar amach an creat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe [3] ("an Dearbhú Polaitiúil"),

— ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile [4] ("an Comhaontú Trádála agus Comhair"), go háirithe Ceannteideal a Cúig de Chuid a Dó de maidir le hiascach,

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe [5],

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha [6],

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1203 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh [7],

---

(1) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
(2) IO L 29, 31.1.2020, lch. 1.
(3) IO C 34, 31.1.2020, lch. 1.
(4) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
(5) IO L 316, 14.11.2012, lch. 34.
(6) IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.
(7) IO L 261, 22.7.2021, lch. 1.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit ([8]) agus do thuairim ón gCoiste um Iascach an 11 Bealtaine 2021 (A9-0178/2021),

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige ([9]),

— ag féachaint do Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mhórimircigh a chur chun feidhme, a síníodh i Nua-Eabhrac an 4 Lúnasa 1995 ([10]),

— ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint don Chonradh maidir le hOileánra Spitsbergen (Conradh Svalbard), a síníodh i bPáras an 9 Feabhra 1920,

— ag féachaint don Choinbhinsiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh ([11]),

— ag féachaint don Chomhaontú chun Iascach Mórmhara Neamhrialáilte a Chosc i Lár an Aigéin Artaigh, a tháinig i bhfeidhm an 25 Meitheamh 2021 ([12]),

— ag féachaint don Chomhaontú maidir le hIascach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Dúchais Oileáin Fharó ([13]),

— ag féachaint don Chomhaontú maidir le hIascach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua ([14]),

— ag féachaint don Chomhaontú maidir le hIascach agus an Mhuirthimpeallacht idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne ([15]),

— ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge ([16]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Feabhra 2020 ar an sainordú beartaithe i gcomhair caibidlíochtaí maidir le comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ([17]),

— ag féachaint do mholadh uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir leis na caibidlíochtaí i gcomhair comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ([18]) agus do thuairim ón gCoiste um Iascach an 26 Bealtaine 2020 (A9-0117/2020),

— ag féachaint do rún uaithi an 28 Aibreán 2021 maidir le toradh na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ([19]) agus do thuairim ón gCoiste um Iascach i bhfoirm litreach an 4 Feabhra 2021 ar thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (A9-0128/2021),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 ar Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol ([20]),

---

([8]) IO L 357, 8.10.2021, lch. 1.
([9]) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus an Comhaontú a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 3).
([10]) IO L 189, 3.7.1998, lch. 14.
([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 lena leagtar síos scéim um rialú agus um fhorfheidhmiú is infheidhme sa limistéar atá cumhdaithe leis an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (IO L 348, 31.12.2010, lch. 17).
([12]) Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe chun cosc a chur iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (IO L 73, 15.3.2019, lch. 1).
([13]) IO L 226, 29.8.1980, lch. 12.
([14]) IO L 226, 29.8.1980, lch. 48.
([15]) IO L 161, 2.7.1993, lch. 2.
([16]) IO L 175, 18.5.2021, lch. 3.
([17]) IO C 294, 23.7.2021, lch. 18.
([18]) IO C 362, 8.9.2021, lch. 90.
([19]) IO C 506, 15.12.2021, lch. 26.
([20]) IO C 67, 8.2.2022, lch. 25.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 13 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal *A stronger EU engagement for a peaceful, sustainable and prosperous Arctic* [Rannpháirtíocht an Aontais a neartú d'fhonn Artach síochánta, inbhuanaithe agus rathúil a bhaint amach] (JOIN(2021)0027),

— ag féachaint don chéad Dearbhú Santiago de Compostela an 25 Deireadh Fómhair 2017 agus don dara Dearbhú Santiago de Compostela an 20 Meitheamh 2020 ó phobail iascaireachta na hEorpa maidir le todhchaí earnáil an iascaigh san Eoraip tar éis Brexit,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0042/2022),

A. de bhrí go leagtar síos sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na téarmaí le haghaidh tharraingt siar oifigiúil Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach, go leagtar amach sa Dearbhú Polaitiúil an creat le haghaidh an chaidrimh amach anseo idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, agus go mbunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a tháinig astu sin an bunús le haghaidh caidreamh leathan, laistigh de limistéar rathúnais agus dea-chomharsanachta, arb é dlúthchaidreamh síochánta bunaithe ar chomhar an phríomhthréith a bhaineann leis, agus neamhspleáchas agus ceannasacht na bPáirtithe á n-urramú san am céanna;

B. de bhrí go n-aithnítear an tábhacht atá le hacmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus an dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le príomhról na trádála ó thaobh na spriocanna sin a bhaint amach, go háirithe trí ghníomhaíocht chomhleanúnach i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, lena n-áirítear trí iarrachtaí chun an iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe a chosc agus deireadh a chur léi agus trí mhargú táirgí iascaigh a thagann as an ngníomhaíocht dhíobhálach sin a chur as an áireamh;

C. de bhrí go leagtar oibleagáid ar an Aontas Eorpach faoin gComhbheartas Iascaigh (CBI) cuspóirí an bheartais sin a chur chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta, trína áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta AE a dhéantar lasmuigh dá chuid uiscí bunaithe ar na prionsabail chéanna agus, ar an gcaoi sin, cothrom na Féinne a thabhairt d'oibreoirí AE agus tríú tír, agus comhar a dhéanamh le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar chomhlíonadh an mbeart idirnáisiúnta, lena n-áirítear bearta chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil;

D. de bhrí gurb é ceann de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe go gcosnófaí an bheatha mhuirí (SDG 14);

E. de bhrí, san am a caitheadh, go ndearnadh na stoic éisc a bhí á mbainistiú ag AE amháin a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe ná na stoic chomhroinnte; de bhrí go ndéanfar roinnt stoc a bhíodh á mbainistiú ag AE amháin a chomhroinnt leis an Ríocht Aontaithe anois;

F. de bhrí go sonraítear le CBI, de bharr stádas bitheolaíochta na stoc, stádas atá ag athrú, gur cheart go mbeadh riachtanais ar leith na réigiún ina mbraitheann pobail áitiúla go mór ar iascaigh agus gníomhaíochtaí gaolmhara á gcoimirciú le cobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta;

G. de bhrí gur chomhaontaigh na Páirtithe a bheith ag obair le chéile ar bheartais agus bearta a bhaineann le caomhnú agus trádáil i réimse an iascaigh agus an dobharshaothraithe, lena n-áirítear faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála agus na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh mar aon le heagraíochtaí iltaobhacha eile de réir mar is iomchuí, chun cleachtais inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothraithe agus trádáil i dtáirgí éisc ó iascach agus oibríochtaí dobharshaothraithe a bhainistítear ar bhonn inbhuanaithe a chur chun cinn;

H. de bhrí go bhfuil sprioc choiteann ag na Páirtithe stoic chomhroinnte a shaothrú ar rátaí faoina mbeadh sé indéanta pobail na speiceas a shaothraítear a choinneáil agus a athbhunú de réir a chéile ag na leibhéil bhithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a chothú nó os a gcionn;

I. de bhrí go leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair prionsabail le haghaidh bhainistiú na n-iascach agus le haghaidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch maidir le saothrú barrmhaith na gcomhstoc, ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil ar eolas é atá á chur ar fáil ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara go príomha;

J. de bhrí go raibh ról an-tábhachtach ag an iascach san fheachtas roimh an reifreann maidir le ballraíocht na Ríochta Aontaithe in AE a reáchtáladh in 2016; de bhrí gurbh iad na saincheisteanna a bhain leis an iascach an bac deiridh a bhí ann sa chaibidlíocht ar an gComhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus AE agus de bhrí nár baineadh amach an aidhm a luaitear sa Dearbhú Polaitiúil maidir le comhaontú iascaigh a thabhairt i gcrích agus a dhaingniú faoin 1 Iúil 2020;

K. de bhrí go mbeidh drochthionchar mór eacnamaíoch ar iascairí AE ag aistriú na sciartha cuóta ó AE chuig an Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair; de bhrí go n-aithnítear a thábhachtaí atá sé teorainn a chur le drochthionchar eacnamaíoch na gcomhaontuithe a dhéanfar leis an Ríocht Aontaithe amach anseo;

L. de bhrí gur cuireadh an Coiste Speisialaithe um Iascach ar bun faoin gComhaontú Trádála agus Comhair; de bhrí go n-ullmhóidh an coiste sin straitéisí ilbhliantúla caomhnaithe agus bainistithe mar bhonn chun gabhálacha iomlána is incheadaithe agus bearta bainistithe eile a shocrú, lena n-áirítear le haghaidh stoic neamhchuóta, chun bailiú sonraí eolaíocha chun críoch bainistithe iascaigh a shainiú, agus chun na sonraí sin a chomhroinnt le comhlachtaí eolaíocha chun an chomhairle eolaíoch is fearr is féidir a fháil;

M. de bhrí go bhforáiltear sa Phrótacal maidir le rochtain ar uiscí, atá i gceangal leis an gComhaontú Trádála agus Comhair mar Iarscríbhinn 38, do "thréimhse choigeartúcháin" ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2026 ina dtabharfaidh gach Páirtí rochtain iomlán ar a chuid uiscí do shoithí an Pháirtí eile chun bheith ag iascaireacht ar na speicis a liostaítear ann;

N. de bhrí go raibh na hiascairí thíos leis an moill agus an éiginnteacht a bhain le heisiúint na gceadúnas chun rochtain a fháil ar uiscí;

O. de bhrí go bhfuil ceisteanna fós le réiteach maidir le rochtain shoithí AE ar na huiscí timpeall ar na hoileáin nach bhfuil aon chónaí orthu san Atlantach Thuaidh, amhail Rocal, rud a chruthaíonn éiginnteacht agus baol d'iascairí;

P. de bhrí go bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair do rochtain atá saor ó dhleacht agus ó chuótaí le haghaidh táirgí iascaigh a thagann ó uiscí na Breataine, cé nach bhfuil aon bhaint anois ag críocha na Breataine thar lear le AE ná nach bhfuil díolúintí taraife acu le haghaidh onnmhairiú táirgí iascaigh chuig AE ós rud é nach dtagann siad faoi raon feidhme an chomhaontaithe;

Q. de bhrí go ndearna an Iorua, an 18 Samhain 2020, an cinneadh aontaobhach agus idirdhealaitheach an cuóta trosc atá ag AE le haghaidh Oileánra Svalbard a laghdú le haghaidh 2021; de bhrí gur chinn an Iorua an 28 Bealtaine 2021, go haontaobhach agus i gcoinne comhairle eolaíoch arís, a cuóta le haghaidh stoc comhroinnte na ronnach a mhéadú 55 %; de bhrí gur mhéadaigh Oileáin Fharó agus an Íoslainn a gcuótaí ronnach go haontaobhach freisin;

R. de bhrí gur cuireadh as go mór don slabhra soláthair ar oileán na hÉireann agus gur cuireadh isteach ar na naisc sheanbhunaithe idir oileán na hÉireann agus mór-roinn na hEorpa mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE;

1. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór don Aontas Eorpach agus don Ríocht Aontaithe leanúint de bheith ag obair i gcomhar le chéile agus rialachas idirnáisiúnta iontaofa aigéin a sholáthar trí úsáid agus saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní aigéin a chur chun cinn agus trí chosaint agus athbhunú limistéar ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr agus is cothroime le dáta a spreagadh;

2. á chur i bhfios nach eol go fóill an tionchar iomlán a bheidh ag Brexit, go háirithe toisc go bhfuil cur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i leith an iascaigh ar siúl i gcónaí agus nár baineadh amach ina iomláine é go fóill, agus á thabhairt chun suntais go bhfuil ceisteanna fós ag teacht chun cinn nár cumhdaíodh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, amhail gnéithe a bhaineann leis an dobharshaothrú;

3. á chur i bhfios go dtéann tionchar Brexit ar earnáil an iascaigh thar limistéar geografach na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil impleachtaí móra aige ar fud limistéar an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus do chabhlach AE a oibríonn in áiteanna eile ar domhan, amhail na huiscí thart ar Oileáin Fháclainne, ar an nGraonlainn agus ar Oileánra Svalbard; á chur i bhfáth go gcaithfidh an caidreamh idir AE agus an Ríocht Aontaithe a bheith ina bhunchloch ag an rialachas iascaigh san Atlantach Thoir Thuaidh agus ag bainistiú inbhuanaithe na stoc atá á gcomhroinnt le tríú tíortha eile, amhail i gcás an ronnaigh nó an fhaoitín ghoirm;

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

4. á chur in iúl gur saoth léi, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, go ndéanfar laghdú 25 % de réir a chéile thar thréimhse cúig bliana go leith ar sciar chabhlach an Aontais de na deiseanna iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe, laghdú a mbeidh tionchar aige ar gach cuid de chabhlach an Aontais, lena n-áirítear an iascaireacht mhionscála; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an chaoi a bhfuil cúrsaí tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin; á iarraidh ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain chómhalartach ann go fóill ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh tar éis an 30 Meitheamh 2026 agus nach ndéanfar na cuótaí d'iascairí AE a laghdú tuilleadh tar éis na hidirthréimhse;

5. á iarraidh ar na Páirtithe aird chuí a thabhairt ar ghnéithe socheacnamaíocha nuair a bheidh na gabhálacha iomlána is incheadaithe le haghaidh na stoc a liostaítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair á gcomhaontú; á iarraidh go ndéanfaí na sásraí le haghaidh malartú cuótaí iascaireachta idir na Páirtithe a chuíchóiriú agus nach gcuirfidís ualach ar an earnáil;

6. á chur i bhfios gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a gcuóta a leithdháileadh ar a gcabhlach agus ag moladh dóibh, i gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as na deiseanna atá ann faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó thaobh maolú a dhéanamh ar thionchar an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair ar a gcabhlach, lena n-áirítear an iascaireacht mhionscála, nuair a bheidh a gcuóta á leithdháileadh acu;

7. á athdhearbhú gur gá gach drochéifeacht a d'fhéadfadh a bheith ann a fháil amach, ní hamháin sa Mhuir Thuaidh ach ar fud an Atlantaigh, go háirithe ar na pobail iascaigh sna réigiúin is forimeallaí ina bhfuil na geilleagair agus na héiceachórais leochaileach agus ina mbítear ag brath ar na príomhearnálacha;

8. á chur i bhfios go mbeidh sé níos deacra fós ar iascairí rochtain a fháil ar mheánna mar gheall ar an méadú ar fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta i Muir nIocht, sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann agus san Atlantach;

9. á chur i bhfios nach mór an rochtain atá ag cabhlaigh an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon ar uiscí agus ar acmhainní a mheas faoi raon feidhme iomlán an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus nach féidir, dá bhrí sin, í a mheas ar leithligh ó shaincheisteanna amhail an rochtain ar an margadh; á chur i bhfáth go mbíodh cuid mhór de chabhlach an Aontais ag brath go stairiúil ar na meánna atá anois á mbainistiú ag an mBreatain amháin, go mbíonn go leor cuideachtaí ón mBreatain, go háirithe iad siúd a bhíonn ag gabháil don dobharshaothrú, ag brath ar mhargadh aonair an Aontais, agus go bhfuil éileamh ar na táirgí sin san Aontas; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil nasc díreach idir na forálacha trádála agus na forálacha iascaigh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú go mbeidh an chaibidlíocht iascaigh leis an Ríocht Aontaithe agus le stáit chósta eile san Atlantach Thoir Thuaidh nasctha freisin le saincheisteanna a bhaineann leis an trádáil agus an rochtain ar mhargadh aonair AE;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún gach bealach caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe a choinneáil ar oscailt d'fhonn teacht ar réitigh sheasmhacha bhuana a rachaidh chun tairbhe don dá Pháirtí, réitigh a fhágfaidh go mbeidh cúinsí seasmhacha agus intuartha ann d'iascairí agus d'earnáil na iascaireachta ina hiomláine agus lena gcumhdófar an tréimhse tar éis 2026; á chur i bhfios, áfach, chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú Trádála agus Comhair chun feidhme ina iomláine, gur cheart úsáid a bhaint as gach ionstraim dlí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an rochtain ar an margadh, mar aon leis na bearta frithchúitimh agus freagartha ar fad agus na sásraí um réiteach díospóidí dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Trádáil agus Comhar;

11. á chur i bhfios go bhfuil a lán réigiúin chósta in AE ag brath go mór ar earnáil an iascaigh agus, dá bhrí sin, go dteastaíonn seasmhacht agus intuarthacht éigin uathu i dtaca leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus an tionchar atá aige; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh a oiread trédhearcachta agus is féidir ann do na Ballstáit i dtaca leis an bpróiseas caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe agus nach gcoinneofaí faisnéis ar an leibhéal teicniúil laistigh den Choimisiún;

12. á iarraidh go dtiocfaí ar réiteach buan ar cheist na hiascaireachta i gCuan Granville tar éis scor Chonradh Chuan Granville;

13. á mheabhrú, dá mba rud é go mbreithneodh an Ríocht Aontaithe rochtain a theorannú tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh AE in ann bearta a dhéanamh chun a chuid leasanna a chosaint, lena n-áirítear trí tharaifí nó cuótaí a chur ar bun arís le haghaidh allmhairí éisc na Ríochta Aontaithe nó trí chodanna eile den Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur ar fionraí, i gcás ina mbeadh baol ann go mbeadh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta ag pobail iascaireachta an Aontais;

14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an éiginnteacht a chruthaítear leis an gclásal in Airteagal 510 den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir leis an athbhreithniú ar Cheannteideal a Cúig (Iascach) de Chuid a Dó den chomhaontú ceithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin;

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil cúrsaí iascaigh tar éis 2026 thar a bheith éiginnte go fóill agus nach bhfuil foráil iomlán déanta ina leith sa Chomhaontú Trádála agus Comhair; á mheas go gcuirfí níos mó cobhsaíochta agus níos mó infheictheacht eacnamaíoch ar fáil le comhaontú ilbhliantúil tar éis 2026; á iarraidh ar an gCoimisiún an cuspóir sin a chur san áireamh agus é i mbun caibidlíochta;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na cistí faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chun an earnáil agus na pobail chósta atá buailte a chur chun cinn agus tacú leo agus chun an méid a cailleadh a chúiteamh, go háirithe cailliúint a gcuótaí; á iarraidh ar na Ballstáit na cistí atá curtha ar leataobh don iascach faoin gcúlchiste a úsáid agus suimeanna breise a leithdháileadh i gcás inar gá; á mheas gur cheart na cistí sin a úsáid agus aird á tabhairt ar an bhfíoras go mairfidh an idirthréimhse le haghaidh cuótaí go dtí an 30 Meitheamh 2026;

17. á chur i bhfáth gur gá go rachadh na cistí sin chun tairbhe do na hiascairí agus na gnólachtaí ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear an iascaireacht mhionscála, agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar aon chonstaic a d'fhéadfadh a bheith roimh chistiú díreach, amhail rialacha maidir le Státchabhair a chuireann bac ar chúnamh do na hiascairí atá buailte; á iarraidh ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar thuairim ón gCoiste um Iascach an 11 Bealtaine 2021 maidir le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit agus gach beart is gá a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear togra reachtach a thíolacadh más iomchuí;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún forbairt deiseanna breise eacnamaíocha do phobail chósta a éascú, go háirithe do na pobail sin is mó atá thíos le Brexit;

19. ag tabhairt dá haire go bhfuil an caidreamh idir stáit chósta an Atlantaigh Thuaidh curtha as a riocht ag Brexit agus ag cur béim ar an bhfíoras go gcaithfidh AE dul i ngleic le héifeachtaí díobhálacha, amhail cailliúint an chuóta trosc le haghaidh Oileánra Svalbard, mar gheall ar thír eile a bheith ann sa chaibidlíocht dhéthaobhach le tríú tíortha san Atlantach Thuaidh; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an comhthéacs idirnáisiúnta san Atlantach Thoir Thuaidh i ndiaidh Brexit á úsáid ag tríú tíortha agus tríú críocha amhail an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó chun cinntí aontaobhacha a ghlacadh, rud atá ag imirt drochthionchar mór ar na stoic éisc agus ar chabhlach iascaireachta an Aontais; á thabhairt chun suntais gur gá na héifeachtaí díobhálacha sin a chur san áireamh agus dul i ngleic leo; ag cur béim ar an ngá atá ann tacaíocht lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí díobhálacha sin a thabhairt don earnáil, mura bhfuil sí cumhdaithe cheana féin le cistí nó Státchabhair eile atá ann cheana;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise a dhúshlánaí atá sé aghaidh a thabhairt ar bhealach comhordaithe ar na dúshláin a bhaineann le Brexit san Atlantach Thoir Thuaidh, na cinntí iomchuí a dhéanamh maidir leis an struchtúr eagraíochtúil agus na hacmhainní agus a bheith ag obair ar réitigh struchtúracha i gcomhar le stáit chósta eile sa réigiún chun bainistiú iascaigh níos fearr a bhaint amach, lena n-áirítear comhar agus malartú níos fearr i dtaca le staidéir eolaíocha agus bailiú sonraí;

21. á chur i bhfios go gcaithfidh an caidreamh idirnáisiúnta a bheith daingnithe sa smacht reachta, go gcaithfidh sé coimirce a dhéanamh ar neamhspleáchas riachtanach gach tíre nó aontais tíortha agus a bheith á threorú i gcónaí ag meon an dea-chaidrimh agus na gcomhaontuithe atá i bhfeidhm;

22. á chur in iúl go bhfuil sí i gcoinne na gcinntí uile, go háirithe iad siúd a dhéantar go haontaobhach, lena mbunaítear deiseanna iascaireachta a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta nó a théann in aghaidh na comhairle a tugadh ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr agus is cothroime le dáta agus a fhágann go gcaitear amhras ar chomhaontuithe idirnáisiúnta agus ar shaothrú inbhuanaithe acmhainní comhroinnte;

23. ag tathant ar an Iorua, go háirithe, an cinneadh a rinne sí an cuóta trosc atá ag cabhlach AE le haghaidh Oileánra Svalbard a laghdú go haontaobhach a chur ina cheart; ag tathant ar an Iorua, ar an Íoslainn, ar Oileáin Fharó agus ar an nGraonlainn, thairis sin, na cinntí aontaobhacha a rinne siad a gcuótaí ronnach a mhéadú, rud a bhí i gcoinne critéir eolaíocha, a chur ina gceart; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle cearta seanbhunaithe agus leasanna dlisteanacha socheacnamaíocha chabhlach an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh a chosaint;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún, agus an chaibidlíocht leis na comhpháirtithe uile á coinneáil aige, a sheasamh i leith na Ríochta Aontaithe a neartú agus a bheith rannpháirteach i gcainteanna ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal polaitiúil is airde, agus a bheith réidh chun gach uirlis iomchuí a úsáid, lena n-áirítear bearta a bhaineann leis an rochtain ar an margadh, faoi raon feidhme an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch freisin, atá sách dian, go háirithe i dtaca le cinntí aontaobhacha arna ndéanamh ag tríú tíortha, chun a thábhachtaí atá sé go réiteofaí aon choinbhleachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a léiriú; ag tathant ar an gCoimisiún, ina theannta sin, gan an deis a chur as an áireamh go bhféadfaí úsáid a bhaint as na bearta freagartha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, mar shampla srianta ar allmhairiú táirgí iascaigh nó ar an rochtain ar chalafoirt AE;

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

25. á chur in iúl gur saoth léi an dearcadh sriantach atá ag an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó i leith na hinfheistíochta Eorpaí ina gcuid earnálacha iascaigh; á chur i bhfáth gur cheart do AE caidreamh níos cothroime a choimeád leis na tíortha agus na críocha sin d'fhonn dul i dtreo na srianta ar shaoirse bunaíochta agus infheistíochta a bhaint;

26. á mheabhrú gurb é AE an margadh allmhairithe is mó agus is tarraingtí le haghaidh táirgí bia mara; á iarraidh go n-aithneofaí agus go dtreiseofaí an staid chumhachtach sin chun leasanna chabhlach iascaireachta an Aontais a chosaint, chun cosc a chur ar a chomhpháirtithe dul siar ar chomhaontuithe nó ar ghealltanais agus chun cothrom na Féinne a chothú ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe maidir le caighdeáin shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil;

27. á chur i bhfios gur chun leasa an dá Pháirtí é comhar dílis a chothú ó thaobh saothrú a dhéanamh ní hamháin ar na limistéir atá faoi dhlínse an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann ach saothrú a dhéanamh freisin ar na huiscí idirnáisiúnta atá in aice leo; á chur i bhfios freisin nach mbaineann teorainneacha le hacmhainní na bitheolaíochta muirí agus go bhfuil éifeachtaí ag bainistiú na n-acmhainní sin ar na huiscí atá faoi dhlínse gach Páirtí; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá dea-chomhar agus malartú i dtaca leis an eolaíocht agus bailiú sonraí;

28. á mheabhrú nár cheart Brexit a úsáid mar leithscéal chun moill a chur ar bhearta a bhfuil géarghá leo chun éiceachórais mhuirí a athbhunú, chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach sa mhuirthimpeallacht mar a cheanglaítear faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ([21]), nó chun cuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 a bhaint amach;

29. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé riachtanach go n-áiritheodh an Coimisiún go bhfuil na cinntí is deireanaí ón gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh á gcomhlíonadh ag na páirtithe conarthacha agus na páirtithe comhoibríocha neamhchonarthacha, agus go ndéanfar iad a chomhtháthú go hiomlán agus go pras i ndlí AE; ag tathant ar an gCoimisiún oibriú i gcomhar le páirtithe conarthacha eile chun bearta uaillmhianacha maidir le rialú agus bainistiú iascaigh a áireamh, ar bearta iad atá i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhbheartas Iascaigh agus sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus atá i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le rochtain ar uiscí agus ar acmhainní in uiscí atá faoi dhlínse an dá Pháirtí;

30. ag moladh na caibidlíochta a rinneadh d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhain le paindéim COVID-19 agus ag aithint gur tháinig Comhaontú uaillmhianach Trádála agus Comhair aisti ach gur comhaontú é ar chaill iascairí AE cuótaí mar thoradh air; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár tugadh rochtain ar uiscí na Ríochta Aontaithe ach go ceann cúig bliana go leith, rud a fhágann go bhfuil éiginnteacht ann faoin todhchaí; á chur i bhfáth, mar sin féin, gur gá na gealltanais a tugadh a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar an Ríocht Aontaithe an Comhaontú Trádála agus Comhair a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme gan dul i muinín léirmhíniú ar na rialacha atá as alt le meon na macántachta agus na dea-chomharsanachta agus caidreamh dlúth, síochánta agus cuiditheach atá bunaithe ar chomhar, lena ráthaítear deimhneacht dhlíthiúil agus lena dtugtar urraim do neamhspleáchas agus ceannasacht na bPáirtithe; á chur i bhfios go ndearna an Ríocht Aontaithe iarracht míbhrí a bhaint as téarmaí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair trí shárú a dhéanamh ar mheon an chomhaontaithe, amhail coinníollacha breise a leagan síos chun ceadúnais a fháil do shoithí;

32. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cás na gceadúnas do shoithí AE in uiscí Spleách-Chríocha na Corónach agus easpa dúthrachta na Ríochta Aontaithe i dtaca leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme go dílis ina leith sin; á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe, dá bhrí sin, gan léirmhínithe sriantacha agus conspóideacha a thabhairt ar choinníollacha ceadúnúcháin, go háirithe i gcás na soithí a bhíodh ag iascaireacht go stairiúil sa chrios 6 go 12 mhuirmhíle i bhfarraige theorann na Breataine agus in uiscí Bháillcheantar Gheirsí agus Gheansaí agus Oileán Mhanann; á iarraidh ar na Páirtithe aird ar leith a thabhairt ar chás na soithí sa chabhlach iascaireachta mionscála, soithí nach raibh ceangal orthu roimh Brexit teicneolaíochtaí a úsáid chun taifead leanúnach a choinneáil ar a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta agus a bhfuil deacracht acu anois an fhaisnéis sin a chur ar fáil;

([21]) Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuir) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

33. ag tathant ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar na roghanna uile chun a áirithiú go n-urramóidh an Ríocht Aontaithe cearta shoithí an Aontais; á chur i bhfios go bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair go gcaithfidh an Chomhairle Comhpháirtíochta breithniú a dhéanamh ar socruithe éagsúla le haghaidh comhar in uiscí Spleách-Chríocha na Corónach; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go bhféadfadh na socruithe a rinneadh roimhe seo faoi Chonradh Chuan Granville bonn a chur ar fáil le haghaidh na n-oiriúnuithe a dhéanfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta ar na rialacha amach anseo;

34. á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe gan bac a chur ar shoithí spiléar dromchla AE a bheith ag iascaireacht, soithí a théann isteach in uiscí na Breataine go traidisiúnta agus iad ar thóir scoileanna tuinníní colgacha agus colgán; á mheabhrú go ndéantar an iascaireacht ar na speicis mórimirceacha sin a rialú laistigh den Choimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú; á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar chás na n-earnálacha sin sa chabhlach;

35. á chur i bhfáth go bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair gur cheart do bhearta teicniúla a bheith comhréireach, gur cheart dóibh a bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr, nár cheart dóibh a bheith idirdhealaitheach, gur cheart feidhm a bheith acu go cothrom maidir le soithí ón dá pháirtí agus nach mór fógra a thabhairt dóibh roimh ré; á iarraidh go mbeadh comhar agus comhordú níos fearr ann i ndáil le bearta teicniúla, bainistithe agus rialaithe a thabhairt isteach lena n-áirítear critéir shoiléire agus neamh-idirdhealaitheacha a fhorbairt le haghaidh na mbeart sin chun a áirithiú nach féidir iad a úsáid chun srian indíreach a chur ar rochtain na gcabhlach iascaireachta a bhfuil cearta iascaireachta acu;

36. á iarraidh ar na Páirtithe a áirithiú go ndéanfar na limistéir mhuirí faoi chosaint laistigh dá ndlínsí a ainmniú ar bhealach atá neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar eolaíocht agus comhréireach; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú le cuspóirí caomhnaithe dea-shainithe agus nár cheart iad a úsáid mar uirlis chun srian a chur le rochtain ón gcoigríoch ar uiscí; á chur in iúl gurb oth léi, ina leith sin, an easpa comhair ón Ríocht Aontaithe agus limistéir nua á n-ainmniú timpeall ar an Dogger Bank;

37. ag éileamh ar an Ríocht Aontaithe stop a chur le haon seiceálacha bagracha ar shoithí an Aontais láithreach bonn agus gan aon bhearta teicniúla idirdhealaitheacha a fhorchur; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhféadfadh an Ríocht Aontaithe imeacht gan údar cuí ó na rialacháin ó AE maidir le bearta teicniúla agus ó reachtaíocht ghaolmhar eile ó AE maidir leis an gcomhshaol, rud a chuirfeadh srianta *de facto* ar rochtain roinnt soithí iascaireachta ó AE ar uiscí na Ríochta Aontaithe agus a d'fhágfadh go mbeadh ualach rómhór míchuí ag baint leis an iascaireacht; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach ó thaobh cur chuige coiteann a lorg maidir le bearta teicniúla agus ó thaobh plé a dhéanamh ar aon bhearta nach mór do Pháirtí amháin fógra a thabhairt ina dtaobh don Pháirtí eile; á mheabhrú go gcuireann an Comhaontú Trádála agus Comhair d'oibleagáid ar gach Páirtí údar cuí beacht a thabhairt le cineál neamh-idirdhealaitheach aon bhirt sa réimse sin agus leis an ngá atá ann inbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil a áirithiú, ar bhonn sonraí atá infhíoraithe go heolaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith an-airdeallach ó thaobh a chinntiú go gcloífear leis na coinníollacha sin agus freagairt láidir a thabhairt i gcás ina ngníomhódh an Ríocht Aontaithe ar bhealach idirdhealaitheach;

38. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Ríocht Aontaithe bearta maidir le "nasc eacnamaíoch", lena gcuirfear srian, ón 1 Aibreán 2022, ar chlárú a cuid soithí faoi bhratach, lena méadófar an t-íoschéatadán de bhaill an chriú ón Ríocht Aontaithe atá ar bord a cuid soithí agus lena socrófar gurb é 70 % an t-íosmhéid éisc nach mór a thabhairt i dtír i gcalafoirt na Ríochta Aontaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar thionchar na mbeart cosantaíoch sin agus freagairt dá réir sin, i gcás inar gá;

39. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Rialachán (AE) 2021/1203, d'fhonn éifeachtaí Brexit a mhaolú a mhéid a bhaineann le cailliúint stádas fabhrach chríocha AE thar lear; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle gach beart is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis na taraifí ar allmhairiú scuideanna Patagónacha (*Loligo gahi*);

40. á chur in iúl gur cúis imní di gur rith Tionól Oileáin Fháclainne an tAcht um Iascach (Caomhnú agus Riarachán), 2021 le déanaí, lena gceanglaítear nach mór gur le daoine ó Oileáin Fháclainne 51 % de na scaireanna sna cuideachtaí iascaireachta go léir atá ag oibriú in Oileáin Fháclainne;

41. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na cásanna a bhí ann le déanaí maidir le forfheidhmiú iomarcach na rialacha maidir le rialú iascaigh sa Mhuir Cheilteach; ag tathant ar na Ballstáit uile cleachtais a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ina "náisiúnachas iascaigh" gan údar;

42. ag cur béim ar an ngá atá ann a áirithiú go dtiocfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach chun tosaigh, coiste a bheidh freagrach as cinntí a dhéanamh atá cothrom don dá Pháirtí agus a áirithiú go ndéanfar acmhainní a bhainistiú go hinbhuanaithe san fhadtéarma, agus go dtosóidh sé i mbun oibre go pras, lena n-áirítear tús áite a thabhairt don obair ar cheisteanna práinneacha, amhail cur i bhfeidhm praiticiúil na rochtana ar uiscí agus sainmhíniú a thabhairt ar "athsholáthar díreach" soithigh atá incháilithe d'fhonn cur chun feidhme dílis an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a éascú tuilleadh;

43. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le trédhearcacht in obair an Choiste Speisialaithe um Iascach agus go gcaithfear Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas faoina chuid oibre agus faoi na cinntí a ghlacann sé, roimh a chuid cruinnithe agus ina ndiaidh; ag éileamh go n-iarrfaí ar ionadaithe teicniúla ón gCoiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Choiste Speisialaithe um Iascach mar bhreathnóirí;

44. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú go n-urramófar sainchearta na n-institiúidí éagsúla leis na cinntí ar fad a dhéanfar faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus go mbeidh siad i gcomhréir leis an bpróiseas reachtach iomchuí, go háirithe maidir le bearta teicniúla;

45. á mheabhrú go bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair nach mór do na Páirtithe dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé eintitis réigiúnacha a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil agus na húdaráis phoiblí réigiúnacha i ngrúpaí comhairleacha a chur san áireamh, lena n-áiritheofar go mbeidh cosaint dhlíthiúil faoin gComhaontú Trádála agus Comhair ag pobail chósta na réigiún atá buailte go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear ar éifeachtaí aon chinntí aontaobhacha a dhéanann an Ríocht Aontaithe;

46. á iarraidh go mbeadh ionadaithe na hearnála iascaigh, na n-údarás réigiúnach, na bpobal cósta agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach go gníomhach san fhaireachán ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus ina chur chun feidhme, go háirithe trína rannpháirtíocht sna grúpaí comhairleacha inmheánacha agus i bhFóram na Sochaí Sibhialta dá bhforáiltear le hAirteagail 13 agus 14 den Chomhaontú; ag tathant ar an gCoimisiún bunú grúpa chomhairligh inmheánaigh maidir leis an iascach chun na críche sin a chur chun cinn, gan dochar do na comhairlí comhairleacha atá ann cheana;

47. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste na Réigiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, agus chuig rialtais agus parlaimintí Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, Gheirsí, Gheansaí, Oileán Mhanann, na hIorua, na hÍoslainne, na Graonlainne agus Oileáin Fharó.

P9_TA(2022)0104

# Cosaint chearta an linbh in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar chearta an linbh a chosaint in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh (2021/2060(INI))**

(2022/C 434/02)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 3(3) de,

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"), go háirithe Airteagal 24 di,

— ag féachaint d'Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh,

— ag féachaint do Bharúil Ghinearálta Uimh. 24 (2019) ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le cearta leanaí sa chóras ceartais leanaí,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis de chuid an Aontais i dtaca le cearta an linbh (COM(2021)0142),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora ([1]) (Rialachán na Bruiséile IIa),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, leis an dlí is infheidhme, le haithint agus forghníomhú breitheanna agus le comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála ([2]) (An Rialachán maidir le Cothabháil),

— ag féachaint do Threoir 2008/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le gnéithe áirithe den idirghabháil in ábhair shibhialta agus tráchtála ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Cheartas ([4]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna ([5]),

— ag féachaint do Scórchlár Ceartais AE,

— ag féachaint do threoirlínte an 17 Samhain 2010 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le ceartas atá fabhrach do leanaí,

— ag féachaint do Rún 2079 ó Chomhairle na hEorpa an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an gcomhionannas agus freagracht chomhroinnte tuismitheora: ról na n-aithreacha,

— ag féachaint do bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-490/20 ([6]),

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí,

([1]) IO L 338, 23.12.2003, lch. 1.
([2]) IO L 7, 10.1.2009, lch. 1.
([3]) IO L 136, 24.5.2008, lch. 3.
([4]) IO L 156, 5.5.2021, lch. 21.
([5]) IO L 156, 5.5.2021, lch. 1.
([6]) Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 14 Nollaig 2021, *V.M.A.* v *Stolichna obshtina, rayon "Pancharevo"*, C-490/20, ECLI:EU:C:2021:1008.

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Háige an 29 Bealtaine 1993 ar Chosaint Leanaí agus um Chomhar i leith Uchtála idir Tíortha,

— ag féachaint do rún uaithi an 2 Feabhra 2017 le moltaí don Choimisiún maidir le gnéithe trasteorann uchtálacha ([7]),

— ag féachaint do rún uaithi an 11 Márta 2021 maidir le cearta an linbh i bhfianaise straitéis AE maidir le cearta an linbh ([8]),

— ag féachaint do rún uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2021 ar an tionchar a bhíonn ag foréigean páirtí dlúthchaidrimh agus cearta coimeádta ar mhná agus leanaí ([9]),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Achainíocha,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0033/2022),

***Ceartas atá fabhrach do leanaí in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh***

A. de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar líon na leanaí agus na ndéagóirí atá ag dul i dteagmháil leis an gcóras breithiúnach in imeachtaí sibhialta, riaracháin agus dlí teaghlaigh, go príomha mar gheall ar an méadú ar cholscaradh, idirscaradh agus uchtáil; de bhrí gur cheart, sna himeachtaí sin, rochtain neamh-idirdhealaitheach ar cheartas a ráthú do gach leanbh, lena n-áirítear, go háirithe, rochtain ar chúirteanna agus modhanna malartacha chun díospóidí a réiteach;

B. de bhrí go ngabhann AE air féin a áirithiú go ndéanfar cearta gach linbh a urramú, a chosaint agus a fheidhmiú d'fhonn sochaí níos sláintiúla, níos cothroime agus níos córa a bhfuil teacht aniar níos fearr inti a chruthú do chách;

C. de bhrí go bhfuil sé de cheart ag leanaí a bheith rannpháirteach, éisteacht a fháil agus a dtuairimí a chur in iúl i gcomhréir lena n-aois, a n-aibíocht agus a gcuid scileanna teanga in aon imeachtaí a bhaineann lena leas agus leis na socruithe dá saol sa todhchaí; de bhrí gur cheart aird chuí a thabhairt ar thuairimí leanaí, is cuma más ag cúirt nó ag aon údarás ábhartha eile atá na himeachtaí á dtionól;

D. de bhrí gur cheart go mbeadh leanaí rannpháirteach in imeachtaí cúirte agus riaracháin i dtimpeallacht chompordach atá fabhrach dóibh ionas nach mbeidh tráma ná strus breise orthu agus chun tionchar síceolaíoch agus mothúchánach na gcúinsí sin a íoslaghdú, go háirithe i gcás na leanaí is leochailí amhail leanaí atá faoi mhíchumas nó leanaí ó chúlra imirceach;

E. de bhrí gur cheart do na húdaráis ábhartha tacú le rannpháirtíocht leanaí in imeachtaí den sórt sin trí chur chuige ildisciplíneach;

F. de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit coimircí, ráthaíochtaí agus rialacha nós imeachta a bhunú lena rialaítear éisteachtaí an linbh; de bhrí go bhfuil difríochtaí móra ann maidir leis na forálacha sin idir na Ballstáit áfach;

G. de bhrí, sa bhaile agus i dtimpeallacht teaghlaigh ina bhfuil aighneas idir tuismitheoirí, go bhféadfadh na leanaí féin a bheith thíos le "foréigean feicthe" trí chineálacha éagsúla drochíde a fheiceáil a chuimsíonn gníomhartha foréigin fhisiciúil, béil, shíceolaíoch, ghnéasaigh agus eacnamaíoch agus iad á ndéanamh ar phearsana tagartha nó ar phearsana tábhachtacha eile sa teaghlach; de bhrí go bhfuil drochthionchar an-tromchúiseach ag foréigean den sórt sin ar fhorbairt shíceolaíoch agus mhothúchánach an linbh; de bhrí go bhfuil sé riachtanach, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar fhoréigean den sórt sin nuair a tharlaíonn éisteacht an linbh in imeachtaí dlí teaghlaigh chun a áirithiú go dtabharfar tús áite do leas an linbh;

H. de bhrí go bhfuil sé de cheart ag leanaí go gcuirfí ar an eolas iad go cuí ar bhealach atá i gcomhréir lena n-aois, a n-aibíocht agus a gcuid scileanna teanga agus ar bhealach atá intuigthe acu ag gach céim de na himeachtaí cúirte agus riaracháin a bhaineann leo;

---

([7]) IO C 252, 18.7.2018, lch. 14.
([8]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 146.
([9]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0406.

I. de bhrí nach bhfuil ach deiseanna teoranta ag leanaí in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh, go háirithe i gcásanna trasteorann, i dtaca le hionadaíocht a bheith á déanamh ag gairmí dlí nó ag abhcóide orthu;

J. de bhrí gur léirigh an taithí a fuarthas i gcásanna áirithe ([10]) na buntáistí a bhaineann le duine tiomanta agus neamhspleách a bheith ag an leanbh a bhfuil iontaoibh ag an leanbh ann chun tacú leis agus é a thionlacan i rith na n-imeachtaí dlíthiúla ar fad, lena n-áirítear i gcásanna idirghabhála;

K. de bhrí gur cheart do chúirteanna, comhlachtaí riaracháin agus institiúidí leasa shóisialaigh tús áite a thabhairt do leas an linbh agus aon chinneadh faoin leanbh á dhéanamh acu; de bhrí gur cheart na cinntí sin a dhéanamh ar bhonn aonair, agus aois, riachtanais agus imthosca sonracha an linbh agus a theaghlaigh á gcur san áireamh;

L. de bhrí nach féidir leas an linbh agus rochtain gach linbh ar cheartas a áirithiú más rud é go bhfuil a rannpháirtíocht in imeachtaí sibhialta, riaracháin agus dlí teaghlaigh agus úsáid na seirbhísí tacaíochta a ghabhann leo ag brath ar acmhainní airgeadais a dtuismitheoirí, go háirithe toisc go bhféadfadh costas na n-imeachtaí agus na seirbhísí sin a bheith an-ard;

M. de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar AE agus a Bhallstáit cearta an linbh a chur chun cinn, lena n-áirítear trí cheartas atá fabhrach do leanaí, i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile faoin gClár um Cheartas;

***Creat AE chun cearta an linbh a chosaint i ndíospóidí sibhialta trasteorann***

N. de bhrí go gciallaíonn an méadú ar shoghluaisteacht gur dócha go dtiocfaidh méadú ar líon na leanaí a bheirtear do theaghlaigh a bhfuil gné thrasteorann acu;

O. de bhrí, cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát fós é an dlí substainteach sibhialta agus teaghlaigh, is féidir rialacha comhchuibhithe maidir leis an dlí sibhialta agus teaghlaigh trasteorann a bhunú ar leibhéal AE;

P. de bhrí go gcaithfidh na Ballstáit, mar pháirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, tús áite a thabhairt do shárleasanna an linbh i ngach gníomhaíocht phoiblí, lena n-áirítear agus iad ag déileáil le díospóidí teaghlaigh trasteorann; de bhrí, i ndíospóidí teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, gur minic gurb é an chiall a bhaineann na húdaráis inniúla i roinnt Ballstát as cosaint a thabhairt do leas an linbh ná go gcaithfidh an leanbh fanacht ar chríoch an stáit, fiú i gcásanna inar cuireadh mí-úsáid agus foréigean baile i leith an tuismitheora a bhfuil cónaí air sa stát sin;

Q. de bhrí go gcuireann prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, oibleagáid ar Bhallstáit éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas nó do chinneadh de thionscnamh Ballstáit eile;

R. de bhrí go bhfuil imeachtaí trasteorann níos casta ó thaobh an dlí de agus, dá bhrí sin, go mbíonn siad níos fadálaí agus níos costasaí de ghnáth;

S. de bhrí go ndéanann an easpa nósanna imeachta éifeachtacha maidir le forghníomhú breithiúnas a bhaineann le freagracht tuismitheora, cearta rochtana, fuadach leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir nó oibleagáidí cothabhála i gcásanna trasteorann dochar do leas an linbh;

T. de bhrí gur cheart gurb ionann na cearta, an leibhéal cosanta, na ráthaíochtaí nós imeachta agus na híoschaighdeáin atá ag leanaí a bhfuil baint acu le díospóidí trasteorann maidir leis an dlí sibhialta agus teaghlaigh, gan beann ar náisiúntacht a dtuismitheoirí;

U. de bhrí go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh aithne a bheith acu ar a dtuismitheoirí agus go dtabharfadh a dtuismitheoirí aire dóibh; de bhrí, i gcás idirscartha go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a choinneáil leis an mbeirt tuismitheoirí ar bhonn rialta nó, mura bhfuil na tuismitheoirí ar fáil, le gaolta na dtuismitheoirí nó, seachas sin, lena rogha duine; de bhrí nach bhféadfaidh an t-údarás inniúil srian a chur le caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach linbh lena thuismitheoirí ach amháin chun leas an linbh a chosaint;

---

([10]) *Kindbehartiger* san Ísiltír nó "Youth at Risk" i bhFlóndras, mar shampla.

V. de bhrí, faoi Choinbhinsiún na Háige 1980, go dtugtar isteach córas um chomhar idirnáisiúnta idir tíortha chun cásanna idirnáisiúnta fuadaigh leanaí a réiteach go pras; de bhrí go bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe ag 101 thír go dtí seo, Ballstáit uile AE san áireamh;

W. de bhrí, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh go dtí seo, nach leor na sonraí atá ag AE faoi imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le leanaí, ná na sonraí atá ag na cúirteanna speisialaithe a bhíonn ag déileáil leo;

X. de bhrí go bhféadfadh caillteanas de na cearta atá ag tuismitheoirí a bheith mar thoradh ar easpa rialacha comhchoiteanna AE maidir le breithiúnais tuismíochta a aithint, go háirithe i gcásanna a bhaineann le tuismitheoirí comhghnéis, go bhféadfaí ceart an linbh a thógáil agus caidreamh a choinneáil leis an mbeirt tuismitheoirí agus aon chearta a eascraíonn as tuismíocht (amhail cothabháil nó comharbas) a shárú agus go bhféadfaí siopadóireacht fóraim a spreagadh i gcás díospóidí teaghlaigh trasteorann; de bhrí gur cheart go gcuideodh an togra reachtach a bheidh ann amach anseo sa réimse sin le líon na n-imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha a laghdú;

Y. de bhrí gur thug an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas seo a leanas le déanaí i gCás C-490/20: i gcás leanbh ar saoránach de chuid an Aontais é arb iad údaráis inniúla Ballstáit óstaigh a d'eisigh a theastas breithe agus ina n-ainmnítear beirt den ghnéas céanna mar thuismitheoirí an linbh sin ann, tá sé d'oibleagáid ar an mBallstát ar náisiúnach dá chuid an leanbh sin (i) cárta aitheantais nó pas a eisiúint don leanbh sin gan ceangal a chur ar a chuid údarás náisiúnta teastas breithe a tharraingt suas roimh ré, agus (ii) aitheantas a thabhairt don doiciméad ón mBallstát óstach lena gceadaítear don leanbh sin, i dteannta na beirte sin, ceart an linbh chun gluaiseachta agus cónaithe faoi shaoirse laistigh de chríocha na mBallstát a fheidhmiú, rud atá ina oibleagáid ar aon Bhallstát eile freisin;

***Idirghabháil i gcásanna a bhaineann le leanaí***

Z. de bhrí go bhfuil sé léirithe in go leor cásanna go bhfuil idirghabháil teaghlaigh níos sciobtha, níos saoire agus níos fabhraí do leanaí ná imeachtaí cúirte chun an díospóid a réiteach agus go bhféadfadh sí, dá bhrí sin, cabhrú le cosc a chur le fuadach leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir lá is faide anonn;

AA. de bhrí gur cheart úsáid réiteach malartach díospóide a spreagadh, mura rud é go bhfuil sé contrártha le leas an linbh, go háirithe i gcás foréigean teaghlaigh agus mí-úsáid ghnéasach;

AB. de bhrí go bhfuil líon na n-imeachtaí idirghabhála intíre agus trasteorann íseal i gcónaí;

AC. de bhrí nach bhfuil aon chúnamh dlíthiúil le haghaidh idirghabhála ar fáil i bhformhór na mBallstát do thuismitheoirí a bhfuil acmhainní teoranta airgeadais acu ach a d'fhéadfadh a bheith i dteideal cúnamh dlíthiúil a fháil san am céanna le haghaidh imeachtaí dlíthiúla;

AD. de bhrí go bhféadfadh sé a bheith deacair ar thuismitheoirí faisnéis chuí agus fhíoraithe a fháil maidir leis an bhféidearthacht dul i mbun idirghabhála ag an gcéim réamhchúirte;

AE. de bhrí go bhfuil difríocht mhór ann idir idirghabháil tráchtála agus idirghabháil teaghlaigh;

AF. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainn ag idirghabháil teaghlaigh trasteorann comhaontuithe a éascú idir tuismitheoirí a fhónann chun leas an linbh a chosaint, chun an t-ualach mothúchánach agus airgeadais a laghdú mar aon leis an gcastacht dhlíthiúil a bhaineann go dlúth le himeachtaí breithiúnacha;

AG. de bhrí go bhfuil idirghabháil teaghlaigh trasteorann níos casta ná idirghabháil a dhéanamh i ndíospóidí teaghlaigh intíre ó thaobh dlí agus lóistíochta de agus go n-éilíonn sé eolas breise agus scileanna teanga ón idirghabhálaí;

AH. de bhrí gur cheart oiliúint a chur ar bhreithiúna agus dlíodóirí araon sa chaoi go mbeidh níos mó eolais acu ar idirghabháil teaghlaigh trasteorann;

***Ceartas atá fabhrach do leanaí in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh***

1. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú, i ngach imeacht a bhaineann le leas an linbh agus na socruithe dá shaol sa todhchaí, go ndéanfar cearta an linbh a urramú, a ráthú agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus go dtabharfar tús áite do leas an linbh agus go ndéanfar é a ionchorprú go cuí agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach beart a dhéanann institiúidí poiblí, go háirithe in imeachtaí breithiúnacha, a bhfuil tionchar díreach nó indíreach aige ar leanaí, i gcomhréir le hAirteagal 24 den Chairt;

2. á mheabhrú gur cearta bunúsacha iad an rochtain ar cheartas agus an ceart éisteacht a fháil agus nach mór do gach leanbh, gan beann ar a chúlra sóisialta, eacnamaíoch nó eitneach, a bheith in ann tairbhiú de na cearta sin ar bhonn pearsanta, neamhspleách ar a thuismitheoirí nó ar a chaomhnóirí dlíthiúla;

3. á chur i bhfios go láidir go raibh dúshláin bhreise ann maidir leis an rochtain ar cheartas, lena n-áirítear moill ar imeachtaí, de dheasca phaindéim COVID-19; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta a bheartú chun an rochtain ar cheartas a éascú le linn paindéimí, go háirithe má tá baint ag leanbh le himeachtaí dlí shibhialta, riaracháin nó teaghlaigh;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún tacar treoirlínte comhchoiteanna nó uirlis neamhreachtach chomhchosúil a thíolacadh, gan moill mhíchuí, inar cheart moltaí agus dea-chleachtais a áireamh a bheidh le leanúint ag na Ballstáit ionas go n-áiritheofar gur breitheamh nó saineolaí oilte a sheolfaidh éisteacht an linbh agus nach gcuirfear aon bhrú orthu, lena n-áirítear ó na tuismitheoirí; á chur i bhfáth gur cheart éisteachtaí den sórt sin, go háirithe in imeachtaí dlí teaghlaigh, a reáchtáil i suíomh atá fabhrach do leanaí agus go mbeidís oiriúnach d'aois, aibíocht agus scileanna an linbh ó thaobh teanga agus ábhair de, mar aon le gach ráthaíocht a thabhairt go ndéanfar sláine mhothúchánach agus leas an linbh a urramú, strus nach gá a sheachaint agus a áirithiú go dtabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí ar thuairimí an linbh i gcomhréir lena aois agus a aibíocht; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart éisteacht an linbh in imeachtaí teaghlaigh i gcás ina bhfuil amhras faoi fhoréigean baile nó teaghlaigh nó "foréigean feicthe" a dhéanamh i láthair gairmithe, dochtúirí nó síceolaithe cáilithe i gcónaí, lena n-áirítear gairmithe atá cáilithe i néaraishíciatracht leanaí, ionas nach gcuirfear leis an tráma atá orthu nó nach ndéanfar tuilleadh leatroim orthu;

5. á chur i bhfios go láidir nach mór a lua go soiléir sna treoirlínte nó san uirlis neamhreachtach chomhchosúil sin gur cheart leanaí a bhfuil baint acu le himeachtaí dlí shibhialta, riaracháin nó teaghlaigh a chur ar an eolas ag gach céim den nós imeachta ar bhealach atá go hiomlán intuigthe acu agus, go háirithe, gur cheart do ghairmí sainoilte an cinneadh a rinne an t-údarás a mhíniú don leanbh ar bhealach atá oiriúnach dá aois, dá aibíocht agus dá chuid scileanna teanga;

6. á chur i bhfáth gur gá an dlúthnasc idir imeachtaí coiriúla, imeachtaí sibhialta agus imeachtaí dlíthiúla eile a aithint chun freagairtí breithiúnacha agus freagairtí dlíthiúla eile ar an bhforéigean i gcoinne leanaí agus ar fhoréigean páirtí dlúthchaidrimh a chomhordú; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh chun cásanna coiriúla agus sibhialta a bhaineann le teaghlach aonair agus leanaí a nascadh chun aon neamhréireachtaí idir cinntí breithiúnacha agus cinntí dlíthiúla eile atá díobhálach do leanaí a chosc go héifeachtach;

7. á iarraidh ar na Ballstáit faisnéis faoi chearta an linbh a chosaint in imeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh agus sna himeachtaí féin, lena n-áirítear imeachtaí a bhfuil gné thrasteorann acu, a áirithiú agus a sholáthar, ar faisnéis í is féidir a rochtain go héasca agus atá intuigthe, cuimsitheach agus fabhrach do leanaí;

8. á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil atá saor in aisce, cistithe go poiblí agus ar ardcháilíocht a chumasú do leanaí atá páirteach i ndíospóidí sibhialta, riaracháin agus teaghlaigh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil gné thrasteorann acu, i gcásanna nach bhfuil freagracht iomlán tuismitheora á feidhmiú ag tuismitheoirí nó i gcás ina bhfuil amhras ann go bhféadfadh a leas a bheith i gcoinbhleacht le leas an linbh;

9. ag moladh go láidir go nglacfadh na Ballstáit cur chuige ildisciplíneach agus go mbunóidís seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta do leanaí is féidir a rochtain go héasca atá ar ardcháilíocht, pearsantaithe, saor in aisce agus cistithe go poiblí – laistigh agus lasmuigh den chúirt araon – chun tacaíocht gairmithe oilte, amhail dochtúirí, síceolaithe, gairmithe atá cáilithe i néaraishíciatracht leanaí, oibrithe sóisialta agus speisialtóirí cúraim leanaí, a sholáthar, i gcás inar gá, chun tacú leis an leanbh ar an mbealach is fearr is féidir i rith gach céime de na himeachtaí; á chur i bhfáth gur cheart cur chuige aonair a ghlacadh i leith gach linbh a bhfuil baint aige le himeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh agus gur cheart aird ar leith a thabhairt ar leanaí a ndéantar idirdhealú orthu go minic nó atá i gcás leochaileach, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí ó chúlra imirceach agus leanaí atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó atá eisiata go sóisialta;

10. á iarraidh ar na Ballstáit cúrsaí éigeantacha oiliúna a chur ar fáil faoi chearta agus riachtanais shonracha an linbh do bhreithiúna, do ghairmithe dlíthiúla eile, d'údaráis forfheidhmithe, d'oibrithe sóisialta, do mhúinteoirí, d'oibrithe naíonra agus do na páirtithe ábhartha eile ar fad a bhfuil baint acu le himeachtaí cúirte agus riaracháin a bhaineann le leanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur leis an tacaíocht a thugtar do na gníomhaíochtaí sin, mar shampla tríd an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, tríd an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, agus tríd an gClár um Cheartas;

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

11. á iarraidh ar an gCoimisiún líonraí agus ardáin na ngairmithe dlíthiúla atá ann cheana a spreagadh chun dea-chleachtais a mhalartú faoi éisteacht an linbh, faoi cheart an linbh chun faisnéise agus faoin gceart chun príobháideachta ar fud an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar phointe teagmhála aonair le haghaidh saineolaithe ó gach cearn den Aontas a bhunú chun feidhmiú mar ardán malartaithe faisnéise; ag moladh don Ghréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach soláthar a dhéanamh d'fhóram den chineál sin do bhreithiúna atá bainteach le díospóidí teaghlaigh trasteorann;

12. á iarraidh ar na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun a áirithiú go ndéileálfar le himeachtaí dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh a bhaineann le leanaí ar bhealach lena gcomhlíonfar na caighdeáin maidir le ceartas atá fabhrach do leanaí, agus urraim chuí á tabhairt do shláine mhothúchánach agus fhisiciúil an linbh, agus gan moill mhíchuí; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfeidhmeoidh na cúirteanna leanaí agus teaghlaigh mar sheirbhís riachtanach agus go leanfaidh siad d'éisteachtaí éigeandála a thionól agus d'orduithe cúirte a fhorghníomhú maidir le cúram agus cosaint leanaí atá i mbaol díreach faillí nó mí-úsáide;

13. á mheabhrú gur cheart do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as an gClár um Cheartas chun gníomhaíochtaí agus eagraíochtaí a éascaíonn rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar cheartas do gach leanbh a mhaoiniú agus chun tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí a bhíonn ag obair le leanaí agus ar a son tríd an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna; á iarraidh ar na Ballstáit sásraí agus nósanna imeachta iomchuí a bhunú le haghaidh nósanna imeachta gearán, leighis nó sásaimh chun a áirithiú go hiomlán go ndéanfar cearta an linbh a chomhtháthú go hiomchuí in imeachtaí breithiúnacha a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar an leanbh;

***Creat AE chun cearta an linbh a chosaint i ndíospóidí sibhialta trasteorann***

14. á iarraidh ar na Ballstáit leas an linbh a chosaint in imeachtaí teaghlaigh trasteorann, lena n-áirítear trína áirithiú nach ndéanfar idirdhealú, le dlíthe agus nósanna imeachta, idir na tuismitheoirí ar bhonn a náisiúntachta, a dtíre cónaithe nó eile, agus trí dhiúltú don tuairim gur chun leasa an linbh i gcónaí é fanacht laistigh de chríoch Ballstáit ar leith;

15. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an téarmaíocht dhifriúil náisiúnta ar cheann de na cúiseanna ar féidir le cásanna trasteorann a bheith dúshlánach ó thaobh an dlí de, amhail difríochtaí idir na ceanglais maidir leis an aois íosta ar fud na mBallstát, rud a fhágann go bhféadfadh sé go gcaithfí le leanbh ar bhealach difriúil ag brath ar chritéir éagsúla aoise nó ar na róil dhifriúla a bhíonn ag abhcóide an linbh in imeachtaí a bhaineann le leanaí;

16. ag tathant ar na Ballstáit urraim a thabhairt do cheart gach linbh teagmháil phearsanta agus dhíreach a bheith aige le gach tuismitheoir, mura rud é go bhfuil sé sin i gcoinne leas an linbh, gan beann ar chomhdhéanamh an teaghlaigh nó ar an ngaol bitheolaíoch; á chur i bhfios go láidir gur cheart na cearta sin a urramú in ainneoin na mbeart sriantach a bhaineann le COVID-19;

17. á iarraidh ar na Ballstáit breithiúnais i ndíospóidí teaghlaigh trasteorann a bhaineann le leanaí a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid AE agus breithiúnais na Cúirte Breithiúnais, go háirithe i gcásanna a bhaineann le fuadach trasteorann leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir ach a bhaineann freisin le hidirscaradh, colscaradh, caomhnóireacht, uchtáil agus cúram altramais mar aon le cinntí a bhaineann le tuismitheoireacht a aithint, lena n-áirítear lánúineacha comhghnéis, agus leas an linbh á chur san áireamh i gcónaí i gcomhréir le hAirteagal 24 den Chairt;

18. á iarraidh ar na Ballstáit na rialacha agus oibleagáidí nua faoi Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí [11]; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an malartú faisnéise idir na cúirteanna náisiúnta i gcásanna trasteorann agus ag tathant ar an gCoimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chuige sin, faireachán cúramach a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí an Rialacháin agus freagairt go pras d'aon mhainneachtain é sin a dhéanamh;

(11) IO L 178, 2.7.2019, lch. 1.

19. á mheabhrú go raibh athmhúnlú Rialachán IIa na Bruiséile dírithe ar chearta an linbh a chosaint trí na rialacha a shoiléiriú, trí ghiorrú a dhéanamh ar imeachtaí trasteorann a bhaineann le leanaí trí spriocdhátaí bunaithe agus trí dheireadh a chur le nósanna imeachta *exequatur*, agus trí chomhar níos dlúithe a chothú idir na húdaráis lárnacha agus trí mhalartú faisnéise i gcásanna trasteorann; á iarraidh ar na Ballstáit, i ndáil leis an méid sin, acmhainní daonna agus airgeadais cuí a chur ar fáil chun cur chun feidhme éifeachtach an rialacháin a éascú;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oiliúint iomchuí a chur ar fáil maidir leis na rialacha nua do na húdaráis lárnacha, do bhreithiúna agus do ghairmithe eile dlí a bhfuil baint acu le díospóidí trasteorann, lena n-áirítear maidir le héisteacht an linbh agus úsáid fhéideartha na hidirghabhála sna cásanna sin; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go gcuirfí leibhéal leordhóthanach eolais agus saineolais ar imeachtaí teaghlaigh trasteorann ar fáil leis an oiliúint sin;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún treoir maidir le dea-chleachtais a chur ar fáil i dtaca le hathmhúnlú Rialachán An Bhruiséil IIa;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht de chuid AE chun ráthaíochtaí nós imeachta do leanaí in imeachtaí dlí teaghlaigh trasteorann a chomhchuibhiú;

23. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh costas airgeadais na n-imeachtaí agus na costais bhreise a bhaineann le cásanna trasteorann ina mbac ar rochtain a fháil ar cheartas i gcásanna dlí shibhialta, riaracháin agus teaghlaigh trasteorann a bhaineann le leanaí; á iarraidh ar na Ballstáit an fhaisnéis faoin gcúnamh dlíthiúil a d'fhéadfaí a fháil i gcásanna den sórt sin a chur ar fáil agus a chinntiú gur féidir í a rochtain go héasca;

24. á thabhairt dá haire nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach a thuilleadh sa chomhar faoi Rialachán na Bruiséile IIa agus faoin Rialachán Cothabhála; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú práinneach a dhéanamh ar an modh is iomchuí, lena n-áirítear uirlis dhéthaobhach, chun aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht dhlíthiúil atá ann cheana idir AE agus an Ríocht Aontaithe i réimse na n-imeachtaí sibhialta, riaracháin agus teaghlaigh a bhaineann le leanaí;

25. á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún i dtaca le togra reachtach a chur ar aghaidh chun aitheantas frithpháirteach na tuismíochta idir na Ballstáit a éascú;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, aird chuí a thabhairt ar rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2017 maidir le gnéithe trasteorann d'uchtálacha, lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann leis lena bhforáiltear do rialachán maidir le haitheantas trasteorann a thabhairt d'orduithe uchtála, chun creat dlíthiúil soiléir a chruthú agus an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar do theaghlaigh chun go ndéanfaí orduithe uchtála a eisítear go dleathach i mBallstát amháin a aithint i mBallstát eile;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí agus í a áireamh in aon togra reachtach nua nó athbhreithnithe i réimse an dlí trasteorann shibhialta agus teaghlaigh, mar go mbíonn tionchar díreach ag na rialacha sin ar shaol agus ar fholláine shaoránaigh AE agus leanaí thar aon duine eile;

28. á mheas gur ionstraim ríthábhachtach é Coinbhinsiún na Háige 1980 chun leas an linbh a chosaint i gcásanna idirnáisiúnta fuadaigh leanaí agus á chreidiúint gur cheart do AE fáilte a chur roimh rannpháirtíocht tíortha nua sa choinbhinsiún sin; ag moladh don Choimisiún, dá bhrí sin, dul chun cinn a dhéanamh go pras sa mheasúnú atá á dhéanamh aige ar aontachas tíortha nua agus á iarraidh ar na Ballstáit gan aon mhoilleadóireacht a dhéanamh agus iad ag glacadh leo;

29. á iarraidh an athuair go gcuirfí leis an gcomhar idirnáisiúnta idir na Ballstáit agus le tríú tíortha, go háirithe leis an tSeapáin, chun an reachtaíocht idirnáisiúnta uile a bhaineann le cosaint leanaí a chur chun feidhme chun leanaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le fuadach leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag cur leis an taighde ar cheartas agus dea-chleachtais atá fabhrach do leanaí sa réimse sna Ballstáit agus le bailiú sonraí ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí a bhailiú maidir leis na díospóidí sibhialta trasteorann a bhaineann le leanaí amhail caomhnóireacht, rochtain agus cásanna a bhaineann le fuadach leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir; á iarraidh ar an gCoimisiún na sonraí sin a chur san áireamh i Scórchlár Ceartais AE;

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

***Idirghabháil i gcásanna a bhaineann le leanaí***

31. á iarraidh ar an gCoimisiún togra nua a chur ar aghaidh le haghaidh rialachán maidir le hidirghabháil trasteorann, i dteannta measúnú tionchair cuimsitheach, lenar cheart go mbunófaí caighdeáin chomhchoiteanna don nós imeachta trasteorann, rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do chomhaontuithe idirghabhála agus iad a fhorfheidhmiú, ceanglais maidir le deimhniú Eorpach a bhunú d'idirghabhálaithe chun cáilíocht an tsaineolais i gcásanna trasteorann a áirithiú, agus caighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh conarthaí idirghabhála trasteorann; á mheas gur cheart a áirithiú leis na comhchaighdeáin sin go n-urramófaí rialacha rúndachta gach Ballstáit agus go dtabharfaí dóthain faisnéis dhlíthiúil do na páirtithe faoi choincheap, faoi theorainneacha agus faoi iarmhairtí na hidirghabhála;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt do líonraí idirghabhálaithe atá ann cheana i ndíospóidí teaghlaigh trasteorann;

33. á iarraidh ar na Ballstáit oifigí réamh-idirghabhála a bhunú chun an fhaisnéis ar fad a theastaíonn ó na tuismitheoirí agus na leanaí lena mbaineann maidir le seoladh na hidirghabhála agus na costais agus na sochair a bhaineann léi, go háirithe do na leanaí féin agus a mhéid a bhaineann lena gcearta agus lena leas, a thabhairt dóibh; á thabhairt chun suntais go bhfuil oifigí den sórt sin bunaithe ag Ballstáit áirithe cheana nó go bhfuil siad ag iarraidh é sin a dhéanamh;

34. á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an idirghabháil a bheith ina huirlis éifeachtach chun leas an linbh a chosaint i gcásanna a bhaineann le fuadach trasteorann leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go mbaineann roinnt Ballstát úsáid as dea-chleachtais agus as an tsamhail "idirghabhálaithe sa chúirt" chun díospóidí teaghlaigh trasteorann a réiteach go cairdiúil agus lasmuigh den chúirt;

35. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an deis ag leanaí labhairt le duine cáilithe agus neamhspleách i rith an phróisis idirghabhála, duine ar féidir leis faisnéis agus tacaíocht atá fabhrach do leanaí a sholáthar dóibh;

36. á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar chúnamh dlíthiúil le haghaidh idirghabhála i gcásanna díospóidí teaghlaigh trasteorann a éascú do thuismitheoirí a bhfuil acmhainní teoranta airgeadais acu;

37. á chur i bhfios go láidir gur gá féachaint an bhféadfaí uirlisí ar líne, lena n-áirítear físchomhdháil, a úsáid san idirghabháil i gcás díospóidí ó chian nó díospóidí a bhfuil tionchar ag imthosca neamhghnácha orthu, amhail paindéim COVID-19;

38. á iarraidh ar na Ballstáit idirghabháil dheonach a chur chun cinn go gníomhach i gcúrsaí teaghlaigh a bhaineann le leanaí, lena n-áirítear trí athruithe ar an reachtaíocht;

39. á iarraidh ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha simplí, gasta agus inacmhainne chun comhaontuithe idirghabhála idir tuismitheoirí a dhéanamh ceangailteach ó thaobh dlí agus infhorfheidhmithe;

o

o o

40. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste na Réigiún, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0110

## Bearta i gcoinne truailliú uisce mar thoradh ar níotráití, lena n-áirítear feabhsuithe ar na cineálacha éagsúla córas atá sna Ballstáit chun níotráit a thomhas

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir le bearta i gcoinne truailliú uisce mar thoradh ar níotráití, lena n-áirítear feabhsuithe ar na cineálacha éagsúla córas atá sna Ballstáit chun níotráit a thomhas (2021/3003(RSP))**

(2022/C 434/03)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0112

## Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach (2021/3001(RSP))**

(2022/C 434/04)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0113

# Cur chun feidhme bheartas comhtháthaithe 2021-2027

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 ar thús chur i bhfeidhm an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 (2022/2527(RSP))**

(2022/C 434/05)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0114

## Gníomhaíochtaí oideachais saoránachta a chur chun feidhme

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le gníomhaíochtaí oideachais saoránachta a chur chun feidhme (2021/2008(INI))**

(2022/C 434/06)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagail 2 agus 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint d'Airteagail 9 agus 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"),

— ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe sprioc 4 (oideachas cáilíochta) agus sprioc 4.7,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal "Aontas Comhionannais: Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025" (COM(2020)0152),

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meán Fómhair 2015 maidir le cailíní a chumhachtú trí oideachas san Aontas ([1]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal "Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA 2020-2025" (COM(2020)0698),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir le beartas oideachais dhigitigh a mhúnlú ([2]),

— ag féachaint don Chreat Tagartha Inniúlachtaí do Chultúr Daonlathach de chuid Chomhairle na hEorpa,

— ag féachaint do Chonclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip ([3]),

— ag féachaint do Chairt Chomhairle na hEorpa um Oideachas don tSaoránacht Dhaonlathach agus don Oideachas ar Chearta an Duine.

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (COM(2021)0102),

— ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (CECS) a d'fhógair agus a shínigh an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an 17 Samhain 2017,

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Samhain 2017 maidir leis an bhFéiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr – Rannchuidiú an Choimisiúin Eorpaigh do chruinniú na gCeannairí in Göteborg, an 17 Samhain 2017(COM(2017)0673),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2016 dar teideal "Ag tacú le cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air" (COM(2016)0379),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 dar teideal "Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht" (COM(2020)0274),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal "Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Athshocrú a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint don ré dhigiteach" (COM(2020)0624),

---

([1]) IO C 316, 22.9.2017, lch. 182.
([2]) IO C 494, 8.12.2021, lch. 2.
([3]) IO C 415, 1.12.2020, lch. 16.

— ag féachaint don chreat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le hoideachas agus le hoiliúint (ET 2020), go háirithe an cuspóir atá aige cothromas, comhtháthú sóisialta agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir le Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025 (COM(2020)0625),

— ag féachaint don mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil ([4]),

— ag féachaint don mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn ([5]),

— ag féachaint do rún ón gComhairle an 19 Feabhra 2021 maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) ([6]),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 17 Bealtaine 2021 maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn ([7]),

— ag féachaint don dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (Dearbhú Pháras 2015), a síníodh an 17 Márta 2015 i bPáras na Fraince,

— ag féachaint don tuarascáil ó Phainéal 1 ó na Saoránaigh de Chomhdháil Thodhchaí na hEorpa dar teideal “Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist / Oideachas, cultúr, an óige agus spórt / Claochlú digiteach”,

— ag féachaint do thuarascáil Chruinniú Eorpach um an Óige 2021 dar teideal “Tuarascáil smaointe an aosa óig don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa”,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Samhain 2017 dar teideal “Oideachas Saoránachta ar Scoil san Eoraip, 2017”.

— ag féachaint do rún Aontas na bhFeidearálaithe Eorpacha (UEF) maidir le cur chuige córasach i leith an oideachais ar shaoránacht Eorpach, a glacadh an 4 Iúil 2021 ag Comhdháil Eorpach UEF XXVII in Valencia,

— ag féachaint don fhaisnéisiú ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais i mí na Bealtaine 2021 agus do chreat straitéiseach 2030 don oideachas agus don oiliúint,

— ag féachaint do thuarascáil Eurydice an Choimisiúin an 19 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal “Cothromas san oideachas scoile san Eoraip – struchtúir, beartais agus feidhmíocht na mac léinn”,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 dar teideal “Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020: Saoránaigh a chumhachtú agus a gcearta a chosaint” (COM(2020)0730),

— ag féachaint do phlean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le daonlathas an 3 Nollaig 2020,

— ag féachaint don achoimre ar na torthaí agus don phlé a rinneadh ag Fóram 2019 maidir le Todhchaí na Foghlama a d’fhoilsigh painéal saineolaithe oideachais agus oiliúna an Choimisiúin an 7 Nollaig 2019,

([4]) IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.
([5]) IO C 195, 7.6.2018, lch. 1.
([6]) IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.
([7]) IO C 241, 21.6.2021, lch. 3.

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún i Meitheamh 2020 dar teideal "Saoránacht agus Daonlathas an Aontais Eorpaigh",

— ag féachaint do threoirlínte 2017 le haghaidh Líonra Jean Monnet d'oideoirí múinteoirí ar fhéiniúlacht agus ar shaoránacht leanaí san Eoraip,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 18 Márta 2015 dar teideal "Saoránacht agus luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas – Forléargas ar fhorbairtí beartais oideachais san Eoraip tar éis Dhearbhú Pháras an 17 Márta 2015",

— ag féachaint d'Fhaireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2018 agus 2020,

— ag féachaint don pháipéar eisiúna ón bPainéal Saineolaithe Eorpach um Oideachas agus Oiliúint maidir le cuimsiú agus saoránacht,

— ag féachaint don rún uaithi an 12 Aibreán 2016 maidir le foghlaim AE ar scoil ([8]),

— ag féachaint don rún uaithi an 19 Eanáir 2016 maidir le ról an idirphlé idirchultúrtha, na héagsúlachta cultúrtha agus an oideachais ó thaobh bunluachanna AE a chur chun cinn ([9]),

— ag féachaint do rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: cur chuige iomlánaíoch agus comhchoiteann ([10]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Nollaig 2017 maidir le Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017: Cearta Saoránach a Neartú in Aontas atá i mbun Athrú Daonlathach ([11]),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 maidir le hidirphlé leis na Saoránaigh agus rannpháirtíocht na Saoránach i gcinnteoireacht AE ([12]),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A9-0060/2022),

A. de bhrí gur ceart bunúsach agus maith choiteann é an t-oideachas ar cheart go mbeadh an rochtain chéanna, agus saor in aisce, ag cách air; de bhrí go luaitear i gColún na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag gach duine ar oideachas agus oiliúint fadsaoil ardcháilíochta agus cuimsitheach chun páirt iomlán bhríoch a ghlacadh sa tsochaí; de bhrí nár cheart oideachas agus foghlaim a mheas mar uirlis amháin chun freastal ar mhargadh an tsaothair;

B. de bhrí gur gá oiriúnú comhfhreagrach a dhéanamh ar chórais oideachais, lena n-áirítear oideachas saoránachta, mar gheall ar dhúshláin shistéamacha nua a bhfuil tionchar áitiúil, réigiúnach agus domhanda acu, amhail an t-athrú aeráide, an t-aistriú digiteach, bearnaí sóisialta agus críochacha, nó lánpháirtiú polaitiúil fornáisiúnta féin; de bhrí gur gá, leis an aistriú glas agus leis an gComhaontú Glas, oideachas saoránachta a leathnú chun go n-áireofaí an gá le gníomhú go freagrach, ní hamháin laistigh de chomhphobal nó de shochaí ar leith, ach i dtreo an phláinéid ina iomláine; de bhrí, ní hamháin go gcuireann an t-aistriú digiteach agus an clár oibre digiteach deiseanna nua ar fáil don tsaoránacht ghníomhach agus don rannpháirtíocht dhaonlathach ar líne, ach go gcuimsítear leo freisin na rioscaí agus na bagairtí a bhaineann leis an mífhaisnéis agus leis an mbréagaisnéis; de bhrí gur cheart don tsaoránacht dhigiteach ghníomhach an bhearna dhigiteach idir na glúine a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt uirthi; de bhrí gur cuid thábhachtach den díospóireacht phoiblí agus de rannpháirtíocht na saoránachta é na meáin áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha a bheith rannpháirteach sa tóir ar chultúr agus ar stair na hEorpa;

---

([8]) IO C 58, 15.2.2018, lch. 57.
([9]) IO C 11, 12.1.2018, lch. 16.
([10]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0452.
([11]) IO C 369, 11.10.2018, lch. 11.
([12]) IO C 99, 1.3.2022, lch. 96.

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

C. de bhrí nach mór oideachas saoránachta a thuiscint mar oideachas il-leibhéil, lena gcuimsítear gnéithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda na saoránachta; de bhrí go n-éileofar le próiseas leanúnach an domhandaithe agus na lánpháirtíochta Eorpaí go mbeidh ar ghlúin nua na nEorpach páirt a ghlacadh sa pholaitíocht ar leibhéil éagsúla, chomh maith le bheith in ann maireachtáil agus oibriú go hidirnáisiúnta agus dul i ngleic leis an difríocht ina saol ó lá go lá; de bhrí go bhfuil smaointeoireacht chriticiúil, scileanna idirphearsanta agus inniúlachtaí sibhialta níos tábhachtaí ná riamh i margadh an tsaothair agus sa saol sóisialta; de bhrí go bhfuil sochaithe ag éirí níos éagsúla, agus urraim á tabhairt d'éagsúlacht na gcultúr agus na dtionscnamh agus do dhiúltú d'aon chineál idirdhealaithe in aghaidh ban, daoine LADTIA nó mionlach níos tábhachtaí ná riamh laistigh den Eoraip;

D. de bhrí go dtairbhíonn oideachas saoránachta de chur chuige trasearnála agus de chomhar frithpháirteach idir oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta; de bhrí go ligeann an t-oideachas saoránachta d'oideoirí agus d'fhoghlaimeoirí luachanna, dearcthaí, scileanna agus eolas a aimsiú agus an domhan a thuiscint le chéile, lena n-áirítear trí oideolaíocht rannpháirtíochta;

E. de bhrí go bhféadfadh athruithe sochpholaitiúla a tugadh faoi deara sna Ballstáit, idir polarú sóisialta agus muinín íseal institiúideach go cúlú daonlathach, creimeadh an smachta reachta, náisiúnachas eisiatach agus ionstraimiú Eoraisceipteach chun críocha polaitiúla, chomh maith leis an méadú ar ghluaiseachtaí antoisceacha, borradh an chiníochais agus na seineafóibe de gach cineál, an t-údarásaíochas, an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis, go bhféadfaidís a bheith ina mbagairt thromchúiseach do dhaonlathais Eorpacha agus an bonn a bhaint de AE ar an iomlán; de bhrí go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag neartú oideachais saoránachta i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, trí bhíthin oideachas foghlama ar feadh an tsaoil, chun cur i gcoinne na treochta sin agus dioscúrsa polaitiúil níos oscailte a chruthú, chomh maith le rannpháirtíocht níos mó na saoránach a spreagadh sna próisis pholaitiúla agus reachtacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach;

F. de bhrí gur gnách tacaíocht pholaitiúil don Aontas a chur in iúl i dtéarmaí mothúchán, dearcthaí agus luachanna seachas i dtéarmaí an tionchair nithiúil a bhíonn aige ar shaol laethúil na saoránach; de bhrí go bhfuil easpa gaireachta do phróisis dhaonlathacha agus do shásraí daonlathacha rannpháirtíochta na saoránach, agus easpa tuisceana orthu, go háirithe i measc daoine óga; de bhrí gur féidir le dlús Eorpach athnuaite don oideachas saoránachta a bheith ina bhealach chun daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin, lena dteorannaítear dioscúrsaí antoisceacha agus pobalacha, rud a neartóidh an comhtháthú sóisialta freisin;

G. de bhrí gur chuir bearna eolais agus mothúchánach bac ar theacht chun cinn saoránacht Eorpach dhinimiciúil, agus mar gheall ar easpa sásraí lena gcumasaítear rannpháirtíocht agus idirphlé na saoránach; de bhrí go gcomhlánaíonn céannacht Eorpach an iliomad féiniúlachtaí áitiúla, náisiúnta, geografacha, cultúrtha nó eile a d'fhéadfadh a bheith ag duine; de bhrí go bhféadfadh easpa eolais nó aineolas faoi AE agus drochthuiscint ar a fheidhmiú agus ar a bhreisluach rannchuidiú leis an tuiscint go bhfuil easnamh daonlathach ann agus go bhféadfadh mímhuinín, díscor sibhialta agus Eoraisceipteachas sna Ballstáit a bheith mar thoradh air;

H. de bhrí gur iarradh ina rún an 12 Aibreán 2016 maidir le Foghlaim AE ar scoil ar an gCoimisiún creat coiteann a chur ar fáil agus treoirlínte a ullmhú le samplaí nithiúla d'fhoghlaim faoi AE chun smaointeoireacht oibiachtúil agus chriticiúil a chothú maidir le tairbhí an Aontais Eorpaigh dá shaoránaigh;

I. de bhrí go n-iarrtar ina rún an 11 Samhain 2021 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais go mbeadh sreabhadh níos mó foghlaimeoirí, múinteoirí agus eolais ann, lena gcothófar muintearas Eorpach agus feasacht shibhialta, lena ráthaítear cearta agus luachanna, lena soláthrófar deiseanna cothroma agus comhionanna, agus lena bhfeabhsófar comhtháthú sóisialta;

J. de bhrí nár ghabh an Coimisiún de láimh aon tionscnamh suntasach de chineál córasach sa réimse straitéiseach sin; de bhrí go bhfuil acmhainneacht shuntasach neamhshaothraithe ag cláir AE atá ann cheana amhail Erasmus+ nó an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun cur chun feidhme an oideachais saoránachta a fheabhsú le cur chuige níos straitéisí maidir le comhpháirteanna foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta de na cláir, agus le comhordú níos fearr acmhainní; de bhrí gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit níos mó a dhéanamh chun an sreabhadh faisnéise faoin Aontas Eorpach agus cearta agus oibleagáidí sonracha a fheabhsú agus a mhéadú;

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

K. de bhrí go bhfuil scéimeanna náisiúnta saorálaíochta forbartha ag roinnt Ballstát; de bhrí go bhfuil sé tábhachtach na scéimeanna sin a bhunú agus a fhorbairt chun oideachas praiticiúil saoránachta a chothú, chun comhtháthú sóisialta a neartú, chun slógadh a dhéanamh ar chúiseanna leasa ghinearálta, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu, agus chun cur le forbairt phearsanta agus ghairmiúil na rannpháirtithe; de bhrí gur féidir le níos mó soghluaisteachta sibhialta Eorpaí cur le braistint chomhuintearais daoine óga i gcomhphobal Eorpach, rud a neartódh teacht chun cinn Eoraip na saoránach; de bhrí go bhféadfadh scéimeanna náisiúnta saorálaíochta bheith ina mbealach nádúrtha do shoghluaisteacht Eorpach do dhaoine óga, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu;

L. de bhrí gurb é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a seoladh in 2018 mar chomharba ar an tSeirbhís Dheonach Eorpach a bunaíodh in 1996, an clár ginearálta Eorpach soghluaisteachta don obair dheonach, ach go bhfuil buiséad teoranta aige don tréimhse 2021-2027; de bhrí gur cheart go bhforbrófaí sineirgí agus comhar níos fearr idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus córais náisiúnta saorálaíochta, agus idir na córais náisiúnta saorálaíochta atá ann cheana tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach;

***Staid an oideachais saoránachta san Aontas Eorpach***

1. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil aon sainmhíniú comhchoiteann ar oideachas saoránachta; á chreidiúint go mbaineann oideachas saoránachta teagaisc le meascán d'eolas, scileanna, modhanna, uirlisí, ábhar, inniúlachtaí, dearcthaí, luachanna agus cúram, agus go bhfuil sé riachtanach chun dlúthpháirtíocht a chruthú agus chun teacht le chéile;

2. á mheas gur cheart tuiscint theoiriciúil ar choincheapa agus ar struchtúir pholaitiúla, dhlíthiúla, shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha a chur ar fáil le tuiscint íosta ar oideachas saoránachta, lena n-áirítear na coincheapa agus na struchtúir sin a bhaineann leis an leibhéal Eorpach, chomh maith le forbairtí domhanda, i gcomhréir le leibhéal an oideachais agus na hoiliúna, agus in éineacht le taithí phraiticiúil; á thabhairt le fios a thábhachtaí atá smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin mar chuid lárnach d'oideachas saoránachta; ag áitiú gur gá athnuachan oideolaíoch a dhéanamh agus cur chuige teoiriciúil agus praiticiúil a ghlacadh maidir le hoideachas saoránachta san Aontas; ag moladh go mbainfí leas as na sainmhínithe ar oideachas saoránachta atá curtha ar fáil ag Cairt Chomhairle na hEorpa maidir le hOideachas le haghaidh Saoránachta Daonlathacha agus Oideachais um Chearta an Duine agus ag Creat Tagartha Chomhairle na hEorpa um Chultúr Daonlathach;

3. á chur in iúl gur ábhar imní di an bhéim theoranta ar ghnéithe Eorpacha agus domhanda na saoránachta sna curaclaim náisiúnta; á thabhairt dá haire agus é ina ábhar imní di nár thuairiscigh ach leath na scoláirí go raibh deiseanna acu foghlaim faoin Eoraip ar scoil. á thabairt chun suntais nach beag a thábhacht, thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go raibh baint dhearfach ag tacaíocht na ndaltaí don chomhar i measc tíortha Eorpacha le leibhéil níos airde eolais shibhialta. ag cáineadh an teannais atá ag méadú idir an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach i gcuraclaim roinnt Ballstát; á chur in iúl gur cúis imní di polaitiú iomarcach an oideachais shibhialta agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann leis, amhail athruithe arís agus arís eile ar an gcuraclam, agus ag athdhearbhú go bhfuil gá le cobhsaíocht fhadtéarmach agus le comhleanúnachas i seachadadh an oideachais saoránachta;

4. á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá le méadú substainteach ar leibhéal reatha cháilíocht an oideachais saoránachta agus na gcur chuige ina leith chun athruithe sochpholaitiúla agus domhanda a dhéanamh; á chur in iúl gur cúis imní di go bhfaigheann mic léinn fireanna torthaí atá go mór faoi bhun a gcomhghleacaithe baineanna ([13]); á chur in iúl gur cúis imní di an éagothroime ó thaobh an ghnátheolais shibhialta de ar fud na mBallstát agus laistigh de na Ballstáit; á thabhairt dá haire go bhfuil bacainní breise roimh mhic léinn atá ina gcónaí i réigiúin thuaithe, iargúlta, shóisialta agus faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus iad ag plé le cláir oideachais saoránachta; ag dearbhú go gcaithfidh rochtain a bheith ag gach foghlaimeoir ar oideachas ardchaighdeáin saoránachta, ag díriú ar na riachtanais shonracha atá acu maidir le maoiniú agus bonneagar, i measc acmhainní eile, atá ríthábhachtach chun Limistéar Eorpach Oideachais a chruthú go rathúil;

5. á thabhairt le fios cé go bhfuil gnéithe áirithe den oideachas saoránachta sa chuid is mó de na curaclaim náisiúnta, go bhfuil difríochtaí móra ann ar fud na mBallstát agus laistigh de na Ballstáit ó thaobh na leibhéal oideachais ag a múintear é, maidir leis na huaireanta iomlána a chaitear ar an ábhar, ar a bhfuil ann agus ar a mhodheolaíochtaí; á thabhairt dá haire nach bhfuil measúnuithe struchtúrtha, cuspóirí, treoshuímh oideolaíocha nó oiliúint shonrach do mhúinteoirí ach ag roinnt Ballstát; á thabhairt dá haire go bhfuil bearna idir na cláir náisiúnta agus a gcur chun feidhme éifeachtach i scoileanna, fiú nuair is ann do na gnéithe sin;

(13) Schulz, W. et al., *Becoming Citizens in a Changing World, IEA International Civic and Citizenship Education Study 2016 International Report*, Springer, Cham, 2016.

6. á mheabhrú go bhfuil an tionchar is láidre ag cáilíocht na múinteoireachta ar an bhfoghlaim éifeachtach agus, dá bhrí sin, nach mór go mbeadh an oiliúint tosaigh agus leanúnach do na múinteoirí agus na hoideoirí uile, gan beann ar speisialtóireacht ábhar, ina thosaíocht i réimse an oideachais saoránachta agus, go háirithe, maidir leis na gnéithe Eorpacha agus domhanda den oideachas saoránachta;

7. á thabhairt chun suntais go gcuirtear bac ar theagasc éifeachtach an oideachais saoránachta mar gheall ar an easpa taighde téagartha maidir le conas oideachas saoránachta a mhúineadh agus a mheas ar bhealach éifeachtach, agus nach ann d'ionstraimí oideolaíocha iomchuí chun na críche sin; á thabhairt dá haire go léirítear le roinnt fianaise eimpíreach go bhfuil tionchar dearfach ag na cuir chuige "uilescoile" nó "uilephobail" ar scileanna agus ar dhearcthaí sibhialta; á chreidiúint gur cheart, nuair a bheifear ag druidim leis an oideachas saoránachta, oideolaíochtaí rannpháirteacha a chur san áireamh chun a chur ar chumas foghlaimeoirí gach gné den tsaoránacht a bheith acu agus an ról atá acu san Aontas Eorpach, sna Ballstáit, sa duine aonair agus sa tsochaí i gcoitinne agus don Aontas Eorpach, do na Ballstáit, don duine aonair agus don tsochaí i gcoitinne;

8. ag lochtú an easpa airde a thugtar ar oideachas saoránachta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh; á iarraidh go n-áireofaí oideachas saoránachta ar gach leibhéal oideachais, agus é curtha in oiriúint do shaintréithe agus do riachtanais shonracha foghlaimeoirí; á chur in iúl gur oth léi an easpa béime a chuirtear ar an luach a bhaineann le comhthéacsanna foghlama idirghlúine lena n-éascaítear idirphlé idirghlúine;

9. á chreidiúint nach mbíonn sé riamh róluath foghlaim faoin tsaoránacht ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda; á thabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag an oideachas luath-óige ó thaobh scileanna criticiúla sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt, agus síolta folláine, idirphlé, meas frithpháirteach, tuiscint agus luachanna coiteanna á gcur chun cinn;

10. ag meabhrú an róil oideolaíoch ríthábhachtaigh atá ag an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, lena n-áirítear saorálaíocht, meantóireacht, díospóireacht agus spórt, chun scileanna, inniúlachtaí agus iompraíochtaí sóisialta agus sibhialta a fhorbairt, agus chun saoránaigh ghníomhacha a bhfuil aird fhreagrach orthu a mhúnlú;

***Beartais an Aontais i réimse an oideachais saoránachta***

11. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an comhdhearcadh polaitiúil ar an leibhéal Eorpach maidir leis an ngá atá ann an t-oideachas saoránachta a chur chun cinn agus luachanna coiteanna Eorpacha a theagasc aistrithe ina gcuspóirí, ina spriocanna, ina dtagarmharcanna ná ina ngníomhaíochtaí nithiúla, agus go dtagtar ar an gconclúid go bhfuil bearna sa chur chun feidhme ag fulaingt ó na beartais oideachais saoránachta;

12. á mheas nach ndéanann cláir an Aontais ach rannchuidiú teoranta chun gnéithe áirithe den oideachas saoránachta a chur chun cinn, go príomha mar gheall ar easpa tacaíochta dírí sainráite, acmhainní teoranta agus cumhdach geografach míchothrom; á chur in iúl gurb oth léi nach raibh tionchar fadtéarmach forleathan ag tionscadail a fuair maoiniú ón Aontas sa réimse seo;

13. á mheas go bhfuil easpa comhleanúnachas beartais ann i réimse an oideachais saoránachta ar leibhéal AE, agus nach ann d'aon ionstraim bheartais lena dtugtar le chéile na comhlachtaí agus na húdaráis ábhartha uile ar bhealach struchtúrtha;

14. á chinneadh gur rannchuidigh cláir AE amhail Erasmus+, Fís Eorpach, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, an Clár um Chearta agus Luachanna nó Eoraip na Cruthaitheachta, i measc nithe eile, go hindíreach den chuid is mó le hoideachas saoránachta a sholáthar go gníomhach; á thabhairt dá haire, áfach, nach raibh siad in ann aon tionchar córasach, marthanach a imirt;

15. á athdhearbhú, ar bhonn Airteagail 9, 10, 165 agus 166 CAE, agus an Chairt, go bhfuil an phríomhfhreagracht ar AE oideachas saoránachta AE a chothú mar bhealach chun a áirithiú go mbeidh eolas níos doimhne i measc a shaoránach ar an tionscadal Eorpach mar aontas de stáit dhaonlathacha, agus ar an gcaoi sin an ceart a ráthú dá shaoránaigh páirt iomlán a ghlacadh sa saol polaitiúil agus sa chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais;

16. á thabhairt chun suntais go ndéanfar céannacht choiteann Eorpach a spreagadh trí chlár coiteann acadúil agus gné Eorpach a chomhtháthú go láidir san oideachas, mar a chuir na saoránaigh in iúl i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, chomh maith leis an éileamh ó dhaoine óga Eorpacha go n-áireofaí eolas faoi dheiseanna agus faoi thairbhí na hEorpa sna curaclaim;

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

17. ag tabhairt dá haire go n-aithníonn roinnt Ballstát an tionchar dearfach atá ag forbairtí beartais AE maidir le hathrú oideachais a chothú i réimse an oideachais saoránachta;

18. á chur in iúl gur cúis imní di an easpa gníomhaíochta éifeachtaí ón gCoimisiún maidir le cur chun cinn na hinniúlachta lárnaí d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil de chuid an chreata "Inniúlachtaí Shaoránachta" ó 2018, cé go léirítear inniúlachtaí bunúsacha eile i dtagarmharcanna ET 2020 nó a fhaigheann tacaíocht ó chreataí inniúlachta tiomnaithe chun teagasc agus glacadh a éascú ar an leibhéal náisiúnta;

19. ag tarraingt aird ar bhronnadh dhuais Shaoránach na hEorpa 2021 ar thionscnaimh dhíospóireachta daltaí; á mheas, i dtimpeallacht ina bhfuil an deighilt ag dul i méid, go bhfuil an díospóireacht dhaonlathach níos tábhachtaí ná riamh; á chreidiúint gur dlúthchuid den oideachas saoránachta é scileanna agus inniúlachtaí a chothú le haghaidh díospóireachta;

20. á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá an-oideachas saoránachta ó thaobh feasacht a ardú faoin aistriú aeráide agus ó thaobh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030; á chur i bhfios go láidir go bhfuil nasc idir oideachas saoránachta agus oideachas don inbhuanaitheacht, agus a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh an dá réimse a phríomhshruthú i mbeartais, curaclaim, cuir chuige oideolaíocha agus modheolaíochtaí laistigh den fhoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta agus san oideachas;

***Moltaí maidir le hoideachas athnuaite saoránachta Eorpaí***

21. ag spreagadh na mBallstát tacú lena gcórais oideachais, athbhreithniú a dhéanamh orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta – agus gach cineál ábhair curaclaim a bhaineann leis an AE ar gach leibhéal den oideachas agus den fhoghlaim, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint – d'fhonn gné an Aontais a neartú, agus réigiúin agus údaráis áitiúla a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh, go háirithe nuair atá inniúlachtaí díreacha acu laistigh de na córais oideachais;

22. á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, a thábhachtaí atá sé éagsúlacht teanga a chur san áireamh laistigh d'oideachas saoránachta Eorpaí, agus aird chuí á tabhairt ar theangacha mionlaigh agus réigiúnacha, chomh maith le teangacha atá i mbaol;

23. á iarraidh an athuair ar na Ballstáit agus ar an gcomhphobal oideachais ról a thabhairt do gach duine, lena n-áirítear iad siúd a mbaineann cúlra imirceach leo, d'imircigh, do dhídeanaithe agus do chomhphobail chreidimh, ar phróisis dhá bhealach measúla agus cumhachtaithe saoránachta, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht ghníomhach sa saol sibhialta agus cultúrtha; á chreidiúint gur cuid thábhachtach den tsaoránacht dhomhanda é tuiscint níos fearr a chothú i measc na saoránach ar na cúiseanna stairiúla agus pearsanta a bhíonn ag imircigh, lena n-áirítear an coilíneachas, chomh maith le tuiscint níos fearr ar chúlraí cultúrtha comhroinnte;

24. á iarraidh ar na Ballstáit feabhas a chur ar na deiseanna tosaigh agus leanúnacha, gairmiúla agus ar feadh an tsaoil do mhúinteoirí, d'oideoirí, do theaghlaigh agus don phobal oideachais i gcoitinne agus iad a leathnú, agus tacaíocht agus acmhainní iomchuí a chur ar fáil dóibh chun oideachas saoránachta a mhúineadh, arna bhforbairt i ndlúthchomhar leis na gníomhaithe ábhartha uile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

25. ag tathant ar an gCoimisiún, ina leith sin, creat coiteann inniúlachta saoránachta a fhorbairt do mhúinteoirí agus do mhic léinn le haghaidh na "saoránachta" um Inniúlachtaí Lárnacha, lena n-áirítear inniúlachtaí ilteangacha agus idirchultúrtha na n-oideoirí, agus na réimsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda á gcur san áireamh, ar bhealach comhchosúil leis an gCreat Eorpach um Inniúlachtaí Digiteach, leis an gCreat Eorpach um Inniúlachtaí Fiontraíochta, leis an gCreat Eorpach um Inniúlachtaí Pearsanta, Sóisialta agus Foghlama le haghaidh Inniúlachtaí Lárnacha agus leis an gCreat Eorpach um Inniúlachtaí Inbhuanaitheachta a seoladh le déanaí;

26. á chur i bhfáth gur gá deiseanna soghluaisteachta, foghlaim idir piaraí agus malartú dea-chleachtas i measc na foirne teagaisc a chur chun cinn agus a spreagadh; á mheas gur deis iad gnéithe soghluaisteachta hibrideacha agus solúbtha chlár Erasmus+ 2021-2027 chun soghluaisteacht a mhéadú do mhúinteoirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; ag moladh don Choimisiún soghluaisteacht ghearrthéarmach múinteoirí a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí soghluaisteachta fadtéarmacha a bhunú, agus leas á bhaint as modhanna digiteacha gan soghluaisteacht fhisiciúil ná malartuithe idirphearsanta a ionadú;

27. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún oiliúint ardcháilíochta a spreagadh agus a éascú, laistigh d'uaireanta oibre, maidir le hábhair AE do mhúinteoirí, do bhaill foirne oideachais eile agus do cheannairí agus d'oiliúnóirí na hóige, lena n-áirítear modúil thar lear, lena gceadaítear dóibh cuid dá n-oiliúint a chaitheamh i mBallstát eile, agus trína áirithiú go n-aithnítear a n-inniúlachtaí chun teagasc a dhéanamh faoin Aontas Eorpach;

28. á iarraidh go gcruthófaí agus go gcuirfí chun cinn dámhachtain an lipéid "Eora-Mhúinteoir"; á iarraidh an athuair "Acadaimh Múinteoirí Erasmus+" a chur chun cinn agus a fhorbairt chun gné Eorpach a chothú san oideachas; á iarraidh ar an gCoimisiún glao ar thograí a chur in iúl d'Acadamh Múinteoirí Erasmus+ a bheidh dírithe ar oideachas saoránachta do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí agus d'fhoghlaimeoirí ón earnáil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, lena n-áirítear earnáil an ghairmoideachas agus na gairmoiliúna;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sineirgí a neartú chun cur le tionchar sistéamach an oideachais saoránachta, agus oibriú le chéile ar mhodúl oiliúna tosaigh múinteoirí a fhorbairt chun eolas a chur ar mhúinteoirí ar chórais oideachais Eorpacha, ar na cleachtais oideolaíocha is fearr, ar ardáin, uirlisí agus comhpháirtíochtaí malartaithe AE lena léirítear luachanna Eorpacha agus ar theacht chun cinn cultúir oideachais saoránachta Eorpaí a chothú, agus éagsúlachtaí san Eoraip á n-aithint ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir gur gá modúl oiliúna den chineál seo a chur san áireamh sa chlár um Acadaimh Múinteoirí;

30. á iarraidh go dtabharfaí aitheantas agus bailíochtú d'inniúlachtaí saoránachta a fhaightear tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, lena n-áirítear obair don óige agus obair dheonach, agus go neartófaí na naisc idir an fhoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta san oideachas saoránachta;

31. á mheas gur cheart aird a dhíriú sa chreat comhair iar-ET 2020 ar churaclaim agus ar mheasúnuithe náisiúnta a fhorbairt san oideachas saoránachta lena gcomhtháthaítear gach gné ábhartha den réimse ábhair i gcomhréir le Creat Tagartha Eorpach um Chultúr Daonlathach de chuid Chomhairle na hEorpa agus leis an gCreat Tagartha Eorpach um Inniúlachtaí Lárnacha don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, go háirithe maidir le hinniúlachtaí sóisialta agus sibhialta, agus oideachas neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil á chur san áireamh freisin, an comhordú agus an éascú a dhéantar air;

32. á iarraidh go mbunófaí meitheal nua a dhíreoidh ar oideachas saoránachta chun obair leantach a dhéanamh ar obair Mheitheal ET 2020 maidir leis na Luachanna Comhchoiteanna agus an tOideachas Cuimsitheach a chur chun cinn a bunaíodh tar éis Dhearbhú Pháras 2015;

33. á iarraidh go bhforbrófaí cuspóirí agus tagarmharcanna inláimhsithe agus intomhaiste maidir le hoideachas saoránachta, lena n-áirítear oideachas saoránachta Eorpaí, sa chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an limistéir Eorpaigh agus i ndiaidh 2021-2030; á thabhairt le fios gur cheart na cuspóirí sin a aistriú ina spriocanna do 2025, le spriocanna sonracha d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, agus go n-áireofaí iad i bplean gníomhaíochta oideachais sonrach um shaoránacht Eorpach, agus dearcadh foghlama ar feadh an tsaoil á cur san áireamh, ag tosú ón luath-óige;

34. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige níos struchtúrtha maidir le sainaithint agus scaipeadh thorthaí na dtionscadal oideachais saoránachta ó chláir AE, go háirithe Erasmus+, Fís Eorpach, an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach, na Saoránaigh, Comhionannas, an clár Cearta agus Luachanna, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus a chomharbaí, chun torthaí a uas-scálú ar fud an Aontais, le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas; á mheas, chun na críche sin, gur gá buanmheicníocht athbhreithnithe agus anailíse a bhunú ar leibhéal an Aontais chun dea-chleachtais a shainaithint ar féidir iad a scaipeadh agus a mhéadú go forleathan chun cur le hathruithe beartais atá sistéamach agus fadtéarmach;

35. á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé an taighde a chur chun cinn go cinntitheach maidir leis an mbealach is fearr chun oideachas saoránachta a mhúineadh agus a mheas, agus, go háirithe, d'oideachas na luath-óige, mar aon leis an ról atá ag deiseanna foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta, agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an oideachais sin bunaithe ar shonraí comparáideacha leordhóthanacha nuashonraithe ó na Ballstáit go léir; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Príomhghníomhaíocht 2, Príomhghníomhaíocht 3, cathaoirligh na gclár Jean Monnet agus Fís Eorpach; á chur in iúl gur díol sásaimh di Príomhghníomhaíocht 2 lena ndírítear níos mó ar "luachanna coiteanna, rannpháirtíocht shibhialta agus rannpháirtíocht" in Erasmus+ 2021-2027;

36. á chur i bhfios go láidir gur gá níos mó infheistíochta a dhéanamh i bhformáidí oideachais maidir leis an Aontas Eorpach ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal na hollscoile trí na líonraí atá ann cheana a neartú agus trí churaclaim nua a fhorbairt atá curtha in oiriúint don chineál seo oiliúna; á iarraidh go mbeadh dámh speisialaithe na ngnóthaí Eorpacha rannpháirteach i dtaighde a dhéanamh ar na modhanna teagaisc agus na huirlisí is fearr don oideachas saoránachta agus iad a chur in úsáid, agus leas á bhaint as cistí agus acmhainní AE atá ar fáil;

37. á chur i bhfáth nach mór ailíniú substainteach an oideachais saoránachta a bheith fite fuaite le hinniúlachtaí digiteacha agus oideachas digiteach a sholáthar, más rud é nach amháin go gcomhlíonfar ceanglais an chlaochlaithe dhigitigh, ach go n-áiritheofar freisin go n-úsáidfear na meáin dhigiteacha ar bhealach freagrach;

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

38. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit taighde oideachasúil comhchoiteann agus rannpháirteach a fhorbairt, go háirithe tástáil inchomparáide ar fud an Aontais i réimse an oideachais saoránachta, lena n-áirítear saoránacht an Aontais, a bhfuil sainordú agus cuspóirí dea-shainithe aige a thagann faoi shainchúram inniúlachtaí an Aontais; á mholadh go dtabharfaí faoi Shuirbhé Speisialta Eorabharaiméadair maidir le heolas ginearálta na saoránach ar AE, lena leathnófar raon feidhme na sraithe reatha de shaoránacht agus daonlathas an Aontais Eorpaigh;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún modúil foghlama saoránachta Eorpacha a chur san áireamh chomh maith le clár cuairteanna ar shuíomhanna oidhreachta agus cuimhne a bhfuil tábhacht chomhshaoil agus stairiúil ag baint leo don Aontas agus do na tíortha óstacha chun cur chuige idirchultúrtha agus dialógach a chur chun cinn maidir leis an stair agus chun luachanna agus prionsabail na hEorpa a neartú mar dhlúthchuid de na deiseanna soghluaisteachta uile a bhaineann le Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún oideachas saoránachta a chur chun cinn do gach saoránach, lena n-áirítear daoine fásta, ar bhealach níos gníomhaí agus é sin a léiriú sna cláir ábhartha mhaoiniúcháin agus sna meithleacha; á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh an Chláir Oibre Eorpaigh Scileanna a nascadh le hinniúlachtaí sibhialta agus saoránacht dhigiteach a áireamh i bhforbairt an Teastais Eorpaigh um Scileanna Digiteacha;

41. á iarraidh go gcruthófaí suaitheantais Eorpacha do scoileanna agus d'ollscoileanna lena gcuirfí oideachas saoránachta chun cinn go gníomhach; á iarraidh go gcruthófaí dámhachtain Eorpach a thacóidh le hoideoirí agus le gníomhaithe áitiúla a bhfuil oideachas faoin Eoraip á chur chun cinn go gníomhach acu;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar shraith shonrach nua a thabhairt isteach sa Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun oideachas saoránachta a chothú, le leithdháiltí buiséadacha tiomnaithe, agus chun na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí atá dírithe ar oideachas saoránachta faoi Erasmus+ agus Fís Eorpach a mhéadú le glaonna tiomnaithe; ag tathant ar an gCoimisiún an leas is fearr a bhaint as Bliain Eorpach na hÓige 2022 chun cláir agus gníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt chun saoránacht agus féiniúlacht Eorpach a neartú;

43. á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach na deiseanna atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a scaipeadh tuilleadh i measc phobal oideachais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna; á mheas go bhfuil sé tábhachtach tacaíocht shaincheaptha a sholáthar chun rochtain ar na cláir a éascú; á iarraidh go gcuirfí béim ar leith ar oideachas saoránachta i ngníomhaíochtaí uile an Aontais maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, go háirithe laistigh de ghníomhaíochtaí na nIonad Barr Feabhais Gairme;

44. ag cur béim ar ról Áras Stair na hEorpa maidir le forbairt clár, ionstraimí agus gníomhaíochtaí sonracha a chur chun cinn lena gcuirtear le scéal maith ar chomhtháthú na hEorpa agus ar a luachanna bunúsacha, go háirithe do mhic léinn agus do mhúinteoirí ar gach leibhéal oideachais; á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú leis an bParlaimint chun bealaí a mheasúnú chun Áras Stair na hEorpa a dhílárú chun inrochtaineacht a leathnú, lena n-áirítear ó na Ballstáit agus, go háirithe, ón bpobal oideachais, trí chomhar feabhsaithe le hinstitiúidí cultúrtha na mBallstát, i measc tionscnamh eile, trí thaispeántais fhánacha agus líonra de bhuantoscaireachtaí;

45. á iarraidh go mbeadh straitéis chuimsitheach Eorpach ann maidir le hoideachas Eorpach sibhialta agus saoránachta, chomh maith le cruthú ardán tacaíochta chun a chur chun feidhme a chur chun cinn, ag díriú go háirithe ar luachanna agus prionsabail dhaonlathacha chomhroinnte AE, agus ar chearta bunúsacha – amhail dínit an duine, daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine, comhionannas, caoinfhulaingt, meas ar éagsúlacht agus saoirse coinsiasa – agus é mar aidhm aige tuiscint na saoránach ar institiúidí AE a fheabhsú, inniúlachtaí a dháileadh, an próiseas cinnteoireachta agus beartais AE, feasacht a mhúscailt ar na sochair agus ar an tsaoirse coinsiasa – agus é mar aidhm aige tuiscint na saoránach ar institiúidí AE a fheabhsú, inniúlachtaí a dháileadh, an próiseas cinnteoireachta agus beartais AE, feasacht a mhúscailt ar na sochair a bhaineann le saoránacht an Aontais Eorpaigh, oibleagáidí na saoránach a neartú agus iad a chur chun cinn ar bhonn daonlathach;

46. ag moladh d'eagraíochtaí, d'institiúidí, do shaineolaithe agus do chleachtóirí na sochaí sibhialta atá ag obair i réimse an oideachais shibhialta comhar a mhéadú agus sineirgí a fhorbairt trí líonraí oscailte trasnáisiúnta; ag cur béim ar an ról atá ag Líonrú an Oideachais ar Shaoránacht Eorpach maidir le fóraim a sholáthar agus díriú ar thosaíocht níos láidre a thabhairt d'oideachas saoránachta ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta; á iarraidh go ndéanfar tuilleadh institiúidithe ar na líonraí Eorpacha sin, agus tionscnaimh oideachais saoránachta á bhforbairt agus á gcur chun cinn acu ar fud an Aontais agus lasmuigh de;

47. á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí sa straitéis dearcadh na foghlama ar feadh an tsaoil agus an phobail, ina mbeadh baint ag na hearnálacha neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, chomh maith le gnólachtaí agus ENRanna, go háirithe iad siúd a fhaigheann maoiniú ón Aontas, ar cheart dóibh rannchuidiú go díreach le feabhas a chur ar eolas faoi AE i measc rannpháirtithe agus na bpobal ina bhfuil siad gníomhach;

48. á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí sa straitéis sin sineirgí le gníomhaíochtaí ábhartha AE i réimse na hóige agus bheartais AE maidir leis an gciníochas agus an tseineafóibe de gach cineál a chomhrac, fuath i gcoinne daoine LADTIA agus idirdhealú in aghaidh ban agus mionlach, trí naisc a bhunú le plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais, agus ionstraimí cistiúcháin amhail an Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht;

49. á iarraidh go ndéanfaí príomhshruthú an oideachais saoránachta ar fud chláir ábhartha an Aontais agus go ndéanfaí na sineirgí idir na cláir sin a threisiú chun cur le tionchar sistéamach an oideachais saoránachta, *inter alia*, trí mhodúl a thabhairt isteach agus a sholáthar do shaoránacht AE a bheidh le glacadh mar chúrsa oiliúna roimh, nó ag an am céanna, tabhairt faoi thionscadal arna mhaoiniú ag cistí struchtúracha AE nó deiseanna soghluaisteachta trí chláir amhail Erasmus+ nó an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach; á chreidiúint gur cheart deimhniú trí mhicreadhintiúir a bheith i gceist le modúl a dhéanamh in oideachas saoránachta AE;

50. á mholadh don Choimisiún foghlaim faoin Aontas Eorpach ar scoil a chur chun cinn i bpróisis chaibidlíochta le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht AE;

51. á chur i bhfios go láidir gur gá níos mó infheistíochta a dhéanamh i bhformáidí oideachais faoin Aontas Eorpach ar leibhéal na scoile agus na hollscoile, le haghaidh oideachas agus oiliúint ar bhonn foirmiúil agus gairmiúil araon, trí churaclaim nua a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh ina mbeadh bunoideachas, meánoideachas agus ardoideachas táscach, chomh maith le gairmoideachas agus gairmoiliúint, curaclaim maidir le hoideachas sibhialta AE agus domhanda chun go nglacfaidh na Ballstáit é go deonach, agus lánurraim á tabhairt d'fhorálacha na gConarthaí, go háirithe Airteagal 165 CFAE, arna bhforbairt i gcomhpháirt le saineolaithe na mBallstát, dámh speisialaithe gnóthaí Eorpacha, múinteoirí, oideachasóirí, mic léinn agus an pobal oideachais níos leithne, agus go mbeidh bearta dreasachta chun glacadh leo ag gabháil leo; á chreidiúint gur cheart go gcothódh na curaclaim thaispeántacha coiteanna tuiscint níos fearr ar stair na lánpháirtíochta Eorpaí, ar eagrú agus ar struchtúr institiúidí AE atá ann cheana, ar phróisis toghcháin agus chinnteoireachta na hEorpa, lena n-áirítear an dóigh le saoránaigh a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an AE, ina gcomhcheanglófar cineálacha éagsúla cur chuige agus modhanna oideolaíocha éagsúla, lena n-áirítear foghlaim theoiriciúil agus bunaithe ar thionscadail, agus iad oiriúnaithe do riachtanais na bhfoghlaimeoirí;

52. á iarraidh go gcuirfeadh an Coimisiún borradh faoin a chuid oibre ar oideachas saoránachta chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht an oideachais saoránachta sna Ballstáit uile agus chun tacú le gné Eorpach a fhorbairt san oideachas saoránachta do gach aois; á chreidiúint gur cheart go mbeadh struchtúr buan i gceannas ar shineirgí a chruthú ar an leibhéal Eorpach maidir le hoideachas saoránachta, acmhainní AE a leithdháileadh chun na críche sin a bhainistiú agus iarrachtaí a chomhordú maidir le modhanna, cleachtais, uirlisí agus ábhar coiteann; á mheas gur cheart é a bheith i gceannas freisin ar bhailiú sonraí agus ar mheastóireacht a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí oideachais saoránachta arna maoiniú ag an Aontas, d'fhonn na gníomhaíochtaí is rathúla a scaipeadh agus a uas-scálú agus chun ligean don Choimisiún, ar an mbonn sin, tionscnaimh pholaitiúla agus reachtacha a mholadh sa réimse sin; á chreidiúint gur cheart dó tacú le deiseanna oiliúna oideachais saoránachta do mhúinteoirí agus oideachasóirí araon agus malartuithe trasnáisiúnta a spreagadh;

53. á chreidiúint go bhfuil sé práinneach go gcuirfear tús leis an obair chuige sin trí ghníomhaíocht féidearthachta a thabhairt isteach atá dírithe ar shonraí a bhailiú agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar gníomhaíochtaí oideachais saoránachta a chomhordaíonn aonaid thiomnaithe i ndáil le hoideachas saoránachta laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr agus den Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr; á chreidiúint go bhféadfadh sé sin deis a thabhairt chun cur leis an tacaíocht agus leis an gcomhordú a dhéantar ar ghníomhaíochtaí oideachais saoránachta na mBallstát agus ar a gcur chun feidhme, chun treoshuíomh straitéiseach a thabhairt d'fhorbairt na struchtúr náisiúnta agus na gcuraclam náisiúnta don oideachas saoránachta agus chun caighdeáin chomhchoiteanna íosta a leagan síos i dtéarmaí ábhair agus modheolaíochta san oideachas saoránachta agus sibhialta ar fud an Aontais; á mheas gur cheart go mbeadh na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa, foghlaimeoirí agus pobal na foghlama i gcoitinne rannpháirteach sna haonaid sin chun an méid sin a dhéanamh;

54. ag moladh an Chláir Scoileanna Ambasadóra, a mhéadaíonn feasacht daltaí ar dhaonlathas parlaiminteach na hEorpa agus ar luachanna na hEorpa, chomh maith le tionscnamh Euroscola, lena gcuirtear taithí phraiticiúil tumoideachais ar fáil i Seomra Pharlaimint na hEorpa do dhaltaí meánscoile, a léiríonn breisluach inbhuanaithe ó thaobh oideachas saoránachta a sholáthar ar bhonn aonair agus rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach; á iarraidh go dtabharfaí isteach deimhniú agus go dtabharfaí aitheantas do na scileanna agus do na hinniúlachtaí a bheidh faighte ag na rannpháirtithe, d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí araon; á mheas gur dea-chleachtas é ar cheart a uas-scálú chun éifeacht shistéamach a bhaint amach ar fud an Aontais;

**Dé Céadaoin 6. Aibreán 2022**

55. ag spreagadh do na Ballstáit uile scéimeanna náisiúnta saorálaíochta a bhunú agus a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aitheantas frithpháirteach a áirithiú idir na córais náisiúnta agus cur leis an gcomhar Eorpach i seirbhísí sibhialta agus i saorálaíocht don aos óg; ag moladh go ndéanfaidh scéimeanna náisiúnta saorálaíochta agus seirbhísí sibhialta eispéiris soghluaisteachta Eorpacha a chur ar leataobh ar bhonn cómhalartach;

56. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit soghluaisteacht shibhialta Eorpach a fhorbairt faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh atá dírithe ar dhaoine óga d'fhonn rannchuidiú le fíor-rannpháirtíocht shibhialta Eorpach agus le fíorsheirbhísí sibhialta Eorpacha; agus aird á tabhairt ar an aidhm sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a mhéadú go substainteach; á chur i bhfáth nach mór dul ar aghaidh le caighdeáin Eorpacha maidir le gníomhaíochtaí saorálaíochta, amhail tacaíocht airgeadais do shaorálaithe, árachas, foghlaim, oiliúint, cuimsiú agus an prionsabal nach ndéanfar aon ionadú ar phoist, in aon fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach; ag áitiú nach féidir le gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ach scéimeanna náisiúnta saorálaíochta nó seirbhísí sibhialta a chomhlánú agus gan teacht ina n-ionad;

57. á mheas go raibh ról cinntitheach ag oileán Ventotene agus a Fhorógra i stair lánpháirtiú na hEorpa; á chur i bhfáth go bhfuil ról aici mar áit chomharthach chuimhne ar son lánpháirtiú na hEorpa agus ar son luachanna coiteanna na hEorpa a chosaint; á thabhairt chun suntais gur rannchuidigh sí le hoideachas saoránachta Eorpaí a chothú, go háirithe, trí rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga ina sheimineár bliantúil maidir le lánpháirtiú Eorpach, arna thionscnamh ag Altiero Spinelli in 1982; á chur i bhfáth freisin go bhfuil tábhacht shiombalach ag baint leis an hiarrachtaí chun Carcere di Santo Stefano a aiséileamh agus go bhféadfadh sé a bheith ina lárionad tagartha do mhalartú cultúrtha buan, d'imeachtaí poiblí, do thaispeántais agus do dhíospóireacht; á mheas, dá bhrí sin, gur príomhchathair stairiúil é den tógáil mhorálta agus intleachtúil ar luachanna Eorpacha;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht chomhionann a dhéanamh i ngníomhaíochtaí foirmiúla oideachais saoránachta agus chun tacú le hoideachas saoránachta neamhfhoirmiúil, i ngníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim, agus chun cláir de chuid an Aontais a thacaíonn le hoideachas agus le hoideachas saoránachta a threisiú; á iarraidh go n-áireofaí sa tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht agus na cláir oideachais a mhaoinítear le cistí AE de spriocanna sonracha a bhaineann le hoideachas saoránachta; á iarraidh go leithdháilfí níos mó acmhainní airgeadais ar ghníomhaíochtaí, uirlisí agus gníomhaíochtaí na Parlaiminte a bhaineann le hoideachas saoránachta a chur chun cinn ar fud na mBallstát uile, go háirithe Euroscola; á iarraidh ar an gCoimisiún na treoirthionscadail a mhol an Pharlaimint a fhormheas, atá ceaptha chun oideachas saoránachta a neartú; ag áitiú go bhfuil gá le buiséad tiomnaithe chun tástáil inchomparáide ar fud AE a fhorbairt i réimse na saoránachta;

59. á mheas gur deis thráthúil í an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun plé il-leibhéil a thionól maidir le forbairt beartas i réimse an oideachais, na hóige agus an chultúir; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuarascálacha deiridh Mheitheal na Comhdhála um Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt a chur san áireamh agus a thabhairt ar aghaidh; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart inniúlachtaí roinnte i réimse an oideachais a thabhairt isteach, ar a laghad i réimse an oideachais saoránachta, agus nach mbeidh mar thoradh ar fheidhmiú na hinniúlachta sin ag AE "go gcoiscfear na Ballstáit óna n-inniúlacht siúd a fheidhmiú";

60. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí tacú le séadchomhartha a chruthú, i ngach bardas sna Ballstáit, chuig an Aontas Eorpach chun siombail amhairc de lánpháirtiú na hEorpa a chur ar fáil do shaoránaigh;

61. á iarraidh ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a neartú chun an moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le bailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta a chur chun feidhme [14], i bhfianaise líon na n-inniúlachtaí a fhaightear trí na cineálacha foghlama sin atá cóngarach nó comhlántach le forbairt na n-inniúlachtaí sibhialta, nó atá fíor-riachtanach thar barr amach chun inniúlachtaí sibhialta a fhorbairt;

o

o o

62. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

---

([14]) IO C 398, 22.12.2012, lch. 1.

P9_TA(2022)0115

## Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe MON 87769 × MON 89788

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil pónaire soighe géinmhodhnaithe MON 87769 × MON 89788 a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (D078875/02 – 2022/2566(RSP))**

(2022/C 434/07)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0120

# Cosaint an Aontais Eorpaigh do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh mar gheall ar an gcogadh san Úcráin

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le cosaint an Aontais Eorpaigh do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (2022/2618(RSP))

(2022/C 434/08)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989 agus do na prótacail bhreise a ghabhann leis,

— ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

— ag féachaint d'Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ([1]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh i dtaca le cearta an linbh (COM(2021)0142),

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas an 13 Nollaig 2006,

— ag féachaint do rún uaithi an 29 Aibreán 2021 maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ([2]),

— ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,

— ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach ([3]),

— ag féachaint do Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mbaintear an tSaoirse díobh de mhí Iúil 2019,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Laghdú Líon na nDaoine Gan Stát an 30 Lúnasa 1961,

— ag féachaint do Chomhshocrú Domhanda 2018 na Náisiún Aontaithe maidir le Dídeanaithe,

— ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2018 maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint ([4]),

— ag féachaint do Mholadh Ginearálta Uimh. 38 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú an 6 Samhain 2020 maidir leis an ngáinneáil ar mhná agus ar chailíní i gcomhthéacs na himirce domhanda,

— ag féachaint do rún uaithi an 26 Feabhra 2014 maidir le teacht i dtír gnéasach agus striapachas agus a thionchar ar chomhionannas inscne ([5]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 dar teideal "Fáilte a chur rompu siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin: an Eoraip a ullmhú chun freastal ar a gcuid riachtanas" (COM(2022)0131),

---

([1]) IO L 223, 22.6.2021, lch. 14.
([2]) IO C 506, 15.12.2021, lch. 94.
([3]) IO L 71, 4.3.2022, lch. 1.
([4]) IO C 41, 6.2.2020, lch. 41.
([5]) IO C 285, 29.8.2017, lch. 78.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

— ag féachaint do Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go raibh ionradh Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin agus spriocdhíriú ar dhaonra na hÚcráine ina gcúis le líon mór daoine agus teaghlach teitheadh ón Úcráin, go háirithe i gcás leanaí agus daoine óga sa réigiún máguaird;

B. de bhrí, de réir na tuarascála is déanaí ó UNICEF (6), ón 25 Márta 2022, gur theith níos mó ná 3,7 milliún dídeanaí ón Úcráin ó thús an chogaidh; de bhrí go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar an bhfigiúr sin sna seachtainí amach romhainn; de bhrí go measann na Náisiúin Aontaithe freisin go bhfuil beagnach 6,5 milliún duine easáitithe go hinmheánach ó thús an chogaidh, agus go bhfuil 12,65 milliún duine sa bhreis thíos leis an gcoinbhleacht;

C. de bhrí, de réir na tuarascála is déanaí ó UNICEF (7), gur mná agus leanaí iad 90 % de na dídeanaithe ar fad atá ag teitheadh ón Úcráin; de bhrí go bhfuil beagnach leath de na dídeanaithe atá ag teitheadh ón Úcráin in aois scoile (8); de bhrí go measann UNICEF freisin go bhfuil níos mó ná 2,5 milliún leanbh easáitithe go hinmheánach ó thús na coinbhleachta;

D. de bhrí, amhail ón 25 Márta 2022, go bhfuil tíortha comharsanachta ag déileáil le hinsreabhadh ollmhór dídeanaithe atá ag teitheadh ón Úcráin, agus níos mó ná 2,2 milliún ag dul chun na Polainne, breis agus 579 000 go dtí an Rómáin, breis agus 379 000 go dtí an Mholdóiv, gar do 343 000 go dtí an Ungáir, agus os cionn 545 000 chuig tíortha eile (9);

E. de bhrí, le líon chomh hard sin, go bhfuil leanaí, go háirithe agus iad neamhthionlactha, i mbaol méadaithe foréigin, mí-úsáide agus dúshaothraithe, agus go bhfuil baol méadaithe ann go mbeidh siad ina n-íospartaigh gháinneála, go háirithe agus iad ag bogadh thar theorainneacha;

F. de bhrí go bhfuil níos mó ná 100 000 leanbh, a leath acu faoi mhíchumas, ina gcónaí i scoileanna cúraim institiúidigh agus cónaithe san Úcráin (10) agus go bhfuil tuismitheoirí ag os cionn 90 % de na leanaí sin; de bhrí, de réir figiúirí oifigiúla, gur san Úcráin a rugadh 4 311 leanbh idir an 24 Feabhra agus tús mhí an Mhárta, agus de bhrí go meastar go raibh 265 000 bean torrach i dtús na géarchéime, agus go bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh 80 000 díobh sin leanbh ar an saol in imeacht na dtrí mhí amach romhainn;

G. de bhrí, de réir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), go raibh ar a laghad 35 875 duine gan stát agus daoine a raibh náisiúntacht neamhchinntithe acu san Úcráin in 2021; de bhrí go bhfuil thart ar 10-20 % den 400 000 Romach measta atá ina gcónaí san Úcráin gan stát nó i mbaol a bheith gan stát; De bhrí gur tuairiscíodh go raibh 55 % de na leanaí a rugadh in Donetsk agus Luhansk agus 88 % de na leanaí a rugadh sa Chrimé gan teastais bhreithe ná doiciméid phearsanta ón Úcráin, rud a chuir i mbaol iad a bheith ina ndaoine gan stát (11); de bhrí go bhfuil leanaí atá in imirce éigeantach i mbaol níos mó a bheith ina ndaoine gan stát i ngeall ar shaincheisteanna a bhaineann le bacainní ar chlárú breithe ina dtír thionscnaimh nó le linn dóibh a bheith easáitithe agus easpa aitheantais ann go bhfuil a dtuismitheoirí gan stát; de bhrí go bhfuil an baol sin níos measa do leanaí neamhthionlactha i bhfianaise bacainní ar dhoiciméadú agus ar chlárú, lena n-áirítear easpa cruthúnais maidir le naisc teaghlaigh;

(6) UNICEF, *Ukraine Situation: Refugee Response in Neighbouring Countries – Humanitarian Situation Report No 3* [*Staid na hÚcráine: Freagairt ar Dídeanaithe i dTíortha Comharsanachta – Tuarascáil ar Staid Dhaonnúil Uimh. 3*], 23 Márta 2022.

(7) UNICEF, *Ukraine Situation: Refugee Response in Neighbouring Countries – Humanitarian Situation Report No 3* [*Staid na hÚcráine: Freagairt ar Dhídeanaithe i dTíortha Comharsanachta – Tuarascáil ar Staid Dhaonnúil Uimh. 3*], 23 Márta 2022.

(8) An Coimisiún Eorpach, "Daoine ag teitheadh ón Úcráin: ag tacú le hoideachas", ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/stronger-europe-world/eu-solidarity-ukraine/eu-assistance-ukraine/information-people-fleeing-war-ukraine/fleeing-ukraine-support-education_ga

(9) UNICEF, *Ukraine Situation: Refugee Response in Neighbouring Countries – Humanitarian Situation Report No 3* [*Staid na hÚcráine: Freagairt ar Dhídeanaithe i dTíortha Comharsanachta – Tuarascáil ar Staid Dhaonnúil Uimh. 3*], 23 Márta 2022.

(10) Féach UNICEF Unaccompanied and separated children fleeing escalating conflict in Ukraine must be protected [Ní mór leanaí neamhthionlactha agus scartha atá ag teitheadh ó choinbhleacht atá ag dul in olcas san Úcráin a chosaint], ráiteas comhpháirteach ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNICEF Catherine Russell agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe Filippo Grandi, 7 Márta 2022, agus Hope and Homes for Children, *The Illusion of Protection: An Analytical Report Based on the Findings of a Comprehensive Study of the Child Protection System in Ukraine*, 2017 [Dóchas agus Tithe do Leanaí, Seachmall na Cosanta: Tuarascáil Anailíseach Bunaithe ar Thorthaí Staidéir Chuimsithigh ar an gCóras Cosanta Leanaí san Úcráin, 2017], a bhfuil rochtain air ag: http://www.openingdoors.eu/the-illusion-of-protection-national-audit-of-the-child-protection-system-in-ukraine

(11) Féach an faisnéisiú ón Líonra Eorpach maidir le Daoine gan Stát, Stateless people and people at risk of statelessness forcibly displaced from Ukraine [Daoine gan stát agus daoine i mbaol a bheith gan stát easáitithe go héigeantach ón Úcráin] 10 Márta 2022, agus UNHCR, Stateless Persons [Daoine gan Stát], ar fáil aghttps://www.unhcr.org/ua/en/stateless-persons

H. de bhrí gur ionstraim de chuid AE í an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a bhfuil sé mar chuspóir aici an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac trí rochtain saor in aisce agus éifeachtach a ráthú do leanaí atá i ngátar príomhsheirbhísí amhail oideachas agus cúram na luath-óige, gníomhaíochtaí oideachais agus scoilbhunaithe, cúram sláinte agus béile sláintiúil amháin ar a laghad in aghaidh an lae scoile, agus rochtain éifeachtach do gach leanbh atá i ngátar ar chothú sláintiúil agus tithíocht leormhaith; de bhrí gur cheart feidhm a bheith ag cuspóirí na Ráthaíochta do Leanaí maidir le gach leanbh san Aontas;

I. de bhrí gur minic a thiteann leanaí na n-imirceach agus na ndídeanaithe idir na bearnaí sa reachtaíocht náisiúnta, rud a fhágann go bhfágtar leanaí ar gcúl, rud a d'fhéadfadh a dtearcfhorbairt shóisialta a dhéanamh níos measa agus go dtiocfadh forbhásacht as, agus baol níos mó a bheith ann go ndéanfar imeallú orthu, go dtabharfar drochíde orthu agus go ndéanfar mí-úsáid orthu;

J. de bhrí go bhfuil seans níos fearr ann go mbeidh bochtaineacht agus eisiamh sóisialta ag leanaí a fhásann aníos agus a bhfuil ganntanas acmhainní acu agus i gcásanna forbhásach teaghlaigh, agus go mbeidh tionchar forleathan aige sin ar a bhforbairt agus ar a n-aosacht ina dhiaidh sin, agus go mbuanóidh siad fáinne fí na bochtaineachta idirghlúine; de bhrí gur fearr aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta trí bheartais chuimsitheacha atá cúng ó thaobh cur i bhfeidhm ach atá leathan ó thaobh raon feidhme de, ar beartais iad nach amháin a dhíríonn ar leanaí ach ar a dteaghlaigh agus ar a bpobail chomh maith, agus trí thosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí i gcruthú deiseanna agus réiteach nua; de bhrí nach mór do gach earnáil den tsochaí a bheith rannpháirteach i réiteach na bhfadhbanna sin, ó údaráis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha go dtí an tsochaí shibhialta;

K. de bhrí go bhfuil bochtaineacht leanaí aitheanta ag eagraíochtaí idirnáisiúnta mar chúis fhéideartha agus mar thoradh ar sháruithe ar chearta an linbh, de dheasca an tionchair atá aige ar chumas leanaí a gcearta a fheidhmiú agus na mainneachtana na cearta sin a urramú;

L. de bhrí gur scriosadh 378 n-institiúid meánoideachais agus ardoideachais san Úcráin le tuairgneáil na Rúise go dtí seo ([12]);

M. de bhrí gur cheart lánpháirtiú leanaí agus daoine óga i struchtúir chúraim agus foghlama a bheith mar thosaíocht ag AE agus a chuid Ballstát;

N. de bhrí go bhfuil sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí ann i gcomhthéacs na coinbhleachta, lena n-áirítear na leanaí siúd atá faoi choimeád; de bhrí gur cheart aghaidh a thabhairt ar thionchar gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach na coinbhleachta armtha ar leanaí ar bhealach éifeachtach agus cuimsitheach trí úsáid a bhaint as an éagsúlacht uirlisí atá ar fáil do AE, lena n-áirítear treoirlínte nua agus neartaithe AE maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha;

O. de bhrí go bhfuil cailíní go háirithe i mbaol le linn na géarchéime daonnúla agus easáitithe, ós rud é go leanann siad, ar bhealach díréireach, de bheith ina n-íospartaigh idirdhealaithe bunaithe ar noirm inscne agus ar fhoréigean inscnebhunaithe;

P. de bhrí gurb ionann leanaí sa Mholdóiv agus leath den líon dídeanaithe atá ag teitheadh ón Úcráin;

1. á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 dar teideal *Welcoming those fleeing war in Ukraine: Readying Europe to meet the needs* [Fáilte a chur rompu siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin: Ag ullmhú na hEorpa chun freastal dá riachtanais], na treoirlínte oibríochtúla chun Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ([13]) ón gComhairle a chur chun feidhme agus an plean 10 bpointe maidir le comhordú Eorpach níos láidre i dtaca le fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin;

2. á mheabhrú go bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh daingnithe ag AE agus ag na Ballstáit uile agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé d'oibleagáid orthu na cearta a leagtar síos ann a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh; á chur i bhfáth, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do leas an linbh i ngach cinneadh a bhaineann le leanaí;

---

([12]) Kyiv School of Economics, "Direct damage caused to Ukraine"s infrastructure during the war has already reached almost $63 billion. [Is ionann agus $63 billiún, nach mór, an damáiste díreach a rinneadh do bhonneagar na hÚcráine le linn an chogaidh]. Global economic losses are about $543-600 billion [is thart ar $543-600 billion atá caillteanais eacnamaíocha dhomhanda], a bhfuil rochtain ar líne air aghttps://kse.ua/about-the-school/news/zbitki-naneseni-infrastrukturi-ukrayini-v-hodi-viyni-skladayut-mayzhe-63-mlrd/

([13]) IO C 126 I, 21.3.2022, lch. 1.

3. á iarraidh ar na Ballstáit caitheamh le gach leanbh atá ag lorg tearmainn mar leanbh ar an gcéad dul síos, gan beann ar a chúlra sóisialta nó eitneach, inscne, gnéaschlaonadh, cumas, náisiúntacht nó stádas imirce;

4. á iarraidh go gcruthófaí pasáistí sábháilte agus conairí daonnúla do leanaí atá ag teitheadh ón gcoinbhleacht, lena n-áirítear iad siúd atá gan tionlacan agus iad siúd a bhfuil teaghlaigh acu araon, agus go soláthrófaí an chabhair phráinneach atá ag teastáil ó leanaí atá easáitithe ina dtír féin, atá sáinnithe i limistéir atá faoi chiorclú nó nach bhfuil in ann iad a fhágáil;

5. ag meabhrú a thábhachtaí atá Straitéis AE maidir le Cearta an Linbh, an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, Straitéis AE maidir leis an nGáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac, Straitéis AE maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, chomh maith le hionstraimí dlíthiúla uile AE atá ann cheana, lena n-áirítear an Treoir um Chosaint Shealadach ([14]) chun cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha leanaí atá ag teitheadh ón gcogadh;

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhroinnt faisnéise idir na Ballstáit agus na rialacha cosanta sonraí á gcomhlíonadh go hiomlán agus go n-aithneodh Ballstát amháin clárú ó Bhallstát eile;

7. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh a bheith cosanta ar fhoréigean, ar dhúshaothrú agus ar mhí-úsáid agus nach mór do Bhallstáit AE bearta coisctheacha a áirithiú, go háirithe do leanaí atá i mbaol gáinneála agus fuadaigh, chomh maith le tacaíocht do leanaí a nochtadh d'fhoréigean agus do thráma; á mheabhrú go mbíonn leanaí i dtimpeallachtaí teaghlaigh níos sábháilte de ghnáth agus go dtugtar cúram níos fearr dóibh agus á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta do theaghlaigh agus go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí teaghlaigh a athaontú; á mheabhrú gur cheart i gcónaí measúnú a dhéanamh ar leas an linbh in aon chás; á iarraidh, ina theannta sin, go gcuirfí tacaíocht ar fáil do mharthanóirí an fhoréigin inscnebhunaithe;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú le tíortha comharsanachta spásanna leordhóthanacha sábháilte atá fabhrach do leanaí agus ina mbeidh oifigigh cosanta leanaí a chur ar bun díreach ar an taobh thall den teorainn, amhail na moil Blue Dot atá á mbunú ag UNICEF agus UNHCR;

9. ag moladh go láidir go mbeadh oifigigh cosanta leanaí agus seirbhísí criticiúla eile i láthair agus ar fáil ag an teorainn chun leochaileachtaí na leanaí sin a shainaithint go cruinn, go háirithe trí náisiúntacht an linbh, an leanbh a bheith gan stát nó an leanbh a bheith i mbaol a bheith gan stát a shainaithint agus a thaifeadadh go cruinn ar theacht isteach dóibh, agus iad a tharchur chuig na seirbhísí leordhóthanacha, lena n-áirítear tacaíocht shíceasóisialta, tacaíocht sláinte máthartha, cosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe, rianú teaghlaigh agus tacaíocht d'athaontú teaghlaigh, agus chun aistriú ceart chuig na córais náisiúnta cosanta leanaí a áirithiú ionas go dtabharfar rochtain iomlán do leanaí ar na bunseirbhísí uile agus ar an gcúram iomchuí i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cosaint leanaí;

10. ag tathant ar na páirtithe uile oibriú i ndlúthchomhar le húdaráis na hÚcráine chun dlús a chur le haslonnú leanaí atá in institiúidí agus leanaí a bhfuil cúram leighis de dhíth orthu agus chun a áirithiú go n-aistreofar iad chuig suíomhanna iomchuí cúraim phobail nó teaghlaigh sna Ballstáit ionas go mbeidh siad in ann an cúram iomchuí a fháil;

11. á chur i bhfáth gur cheart i gcónaí aslonnú a dhéanamh agus urraim á tabhairt do bhearta speisialta lena gcuirtear san áireamh leas an linbh, agus gur cheart go dtabharfaí toiliú a dtuismitheoirí nó na ndaoine atá freagrach as a gcúram;

12. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé straitéis AE a chur ar bun chun dlús a chur le gníomhaíocht dhaonnúil ar an láthair chun teaghlaigh agus leanaí a tharrtháil, go háirithe leanaí leochaileacha, lena n-áirítear leanaí ó chúlraí socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste, iad siúd atá faoi chúram institiúideach agus cúram altramais, iad siúd atá san ospidéal, chomh maith le leanaí faoi mhíchumas, dílleachtaí agus leanaí neamhthionlactha, go háirithe i gcriosanna comhraic;

13. á chur in iúl gur ábhar imní di na tuairiscí ar dhaoine óga atá fós á gcoinneáil in ionaid coinneála inimirce san Úcráin, ar mó an baol dóibh mar thoradh ar an gcogaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú le húdaráis na hÚcráine chun a chumasú go ndéanfar imircigh óga agus iarrthóirí tearmainn atá á gcoinneáil in ionaid coinneála inimirce san Úcráin a scaoileadh saor agus chun a n-aslonnú sábháilte a éascú;

([14]) IO L 212, 7.8.2001, lch. 12.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

14. á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún maidir le bunú an Ardáin Dlúthpháirtíochta chun faisnéis a mhalartú maidir le hacmhainneachtaí glactha na mBallstát agus líon na ndaoine a bhfuil cosaint shealadach acu ar a gcríocha;

15. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhoibriú go dlúth le húdaráis na hÚcráine agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha ábhartha chun leanaí a thagann isteach in AE ó chúram institiúideach san Úcráin a chlárú agus a shainaithint chun cosc a chur ar gháinneáil ar leanaí, uchtáil neamhdhleathach agus mí-úsáidí féideartha eile, agus caighdeáin cosanta sonraí AE á n-urramú go hiomlán; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fholláine na leanaí sin agus ar an áit a bhfuil siad tar éis dóibh teacht isteach in AE;

16. á iarraidh go ndéanfaí leanaí neamhthionlactha agus scartha agus leanaí ó shuíomhanna cúraim institiúidigh san Úcráin a chur san áireamh láithreach sna córais faireacháin do na seirbhísí cosanta sóisialta agus do na seirbhísí cosanta leanaí sna Ballstáit ina nglactar iad chun athaontú teaghlaigh a éascú nuair is chun a leasa é sin amach anseo agus maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar a gcúraim chun a sábháilteacht agus a gcosaint a áirithiú;

17. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé sonraí imdhealaithe a bhailiú i gcomhréir le caighdeáin cosanta sonraí AE chun grúpaí leochaileacha a thagann ón Úcráin a shainaithint, lena n-áirítear na grúpaí seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh: leanaí i gcúram institiúideach, leanaí faoi mhíchumas, leanaí ó phobail Romacha, leanaí gan doiciméid agus leanaí neamh-Úcránacha eile, leanaí gan stát agus leanaí atá i mbaol a bheith gan stát, d'fhonn riachtanais grúpaí áirithe a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt chun leanaí neamhthionlactha, mná agus íospartaigh gáinneála a rianú agus a athaontú;

18. ag tabhairt dá haire gurb ann d'ardán clárúcháin AE, arb é is aidhm leis cur ar chumas na mBallstát faisnéis a mhalartú lena áirithiú gur féidir le daoine a bhfuil cosaint shealadach nó leordhóthanach acu faoin dlí náisiúnta leas éifeachtach a bhaint as a gcearta sna Ballstáit uile, agus mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann á teorannú ag an am céanna;

19. ag tathant ar na Ballstáit chomharsanachta faisnéis atá fabhrach do leanaí a chur ar fáil do leanaí, i dteanga a thuigeann siad, faoina gcás, faoi na cearta atá acu agus faoin gcaoi a bhféadfaidís a bheith i mbaol gáinneála agus cineálacha eile saothraithe; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go n-áireofaí san fhaisnéis a chuirtear ar fáil do dhaoine fásta ranna speisialta maidir le gáinneáil ar leanaí chun cúramóirí a chur ar an eolas agus chun tacaíocht shaincheaptha a éascú;

***Dálaí glactha agus leanaí leochaileacha***

20. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé de cheart ag leanaí a bheith gar dá dtuismitheoirí nó do chúramóir seasmhach agus go bhfuil gá ó dhúchas acu leis sin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé nach ndéanfaí siblíní a scaradh ó chéile agus a thábhachtaí atá sé, dá bhrí sin, leanaí gan tionlacan a óstáil i socrúcháin teaghlaigh agus i socrúcháin phobalbhunaithe chun ligean do gach leanbh fás aníos, ní in institiúidí ach i dteaghlaigh agus i bpobail, lena gcuirfí cosc, dá bhrí sin, ar scaradh teaghlaigh nach bhfuil gá leis; á chur i bhfáth, i gcás ina bhfuil leanaí gan tionlacan, gur cheart tosaíocht a thabhairt do chúram altramais nó do chúram pobalbhunaithe eile agus i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, gur cheart leanaí a chur i saoráidí ar leithligh ó dhaoine fásta;

21. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar caomhnóir a cheapadh go mear do na leanaí uile gan tionlacan ar shroicheadh a gcéad tíre dóibh, gan beann ar a náisiúntacht ná ar a stádas inimirce, agus go ndéanfar an fhaisnéis uile a chuirfidh an caomhnóir ar fáil a chur in iúl ar bhealach atá fabhrach don leanbh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ina leith sin, gur cheart do na Ballstáit chomharsanachta lánúsáid a bhaint as Líonra Eorpach na Caomhnóireachta atá cheana ann agus, i gcás nach bhfuil caomhnóirí ar fáil i dtíortha óstacha, ag moladh go láidir go ndéanfaí caomhnóirí sealadacha a cheapadh i gcomhthéacs na teorann chun aistriú ceart freagrachtaí chuig na córais náisiúnta cosanta leanaí a áirithiú;

22. á iarraidh go gcuirfí cistiú ar fáil chun seirbhísí sláinte gnéis agus sláinte atáirgthe atá riachtanach agus lena sábháiltear beatha daoine agus seirbhísí láithreacha a sholáthar do mharthanóirí foréigin inscnebhunaithe, i gcomhréir leis an bPacáiste Íosta maidir le Seirbhís Tosaigh, d'fhonn iarmhairtí an fhoréigin ghnéasaigh a chosc agus a bhainistiú, taschur VEID a laghdú, galracht agus básmhaireacht naíonán nuabheirthe a chosc, agus pleanáil do sheirbhísí cuimsitheacha sláinte atáirgthe; á iarraidh go ndéanfar rochtain trasteorann ar chúram sláinte gnéis agus sláinte atáirgthe, agus/nó idirthuras chuig Ballstáit eile de chuid an Aontais nuair is gá, a éascú láithreach, chun srianta tromchúiseacha a shárú maidir leis na Ballstáit idirthurais agus na Ballstáit sin a bhfuil dídeanaithe á n-óstáil acu agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag leanaí agus daoine óga atá ag teitheadh ón Úcráin ar sheirbhísí cuimsitheacha sláinte gnéis agus sláinte atáirgthe agus ar tháirgí sláintíochta;

23. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá na pobail agus na bardais áitiúla mar aon le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ar an líne thosaigh le haghaidh glactha agus cóiríochta agus chun rochtain ar oideachas a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dlús a chur le rochtain na ndaoine sin ar chistí AE atá cheana ann;

24. ag moladh agus ag aithint an róil ríthábhachtaigh atá ag an tsochaí shibhialta maidir le glacadh, cóiríocht, soláthar cúnaimh dhaonnúil agus cúnamh dlíthiúil agus cuimsiú sóisialta do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh; á mheabhrú nach féidir leis na húdaráis brath ar shaoránaigh ná ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta amháin chun eagrú a dhéanamh ar ghlacadh agus ar chosaint leanaí atá ag teitheadh ón Úcráin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh údaráis na mBallstát maoirseacht ar ghlacadh leanaí neamhthionlactha;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leis na córais cosanta leanaí sna tíortha óstacha a neartú chun feabhas a chur ar an tacaíocht shíceolaíoch agus ar an rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, amhail an t-oideachas agus an tsláinte, do leanaí atá ar a dteitheadh ón Úcráin, a bheadh ar comhchéim le leanaí na dtíortha óstacha, agus sásraí athlonnaithe a chur ar bun lena dtabharfaí tosaíocht d'athaontú teaghlaigh agus d'athlonnú leanaí leochaileacha agus do dhaoine eile chun an brú ar na tíortha comharsanachta a laghdú;

26. á cur i bhfáth gur gá tacú le córais sláinte na dtíortha óstacha ar mhaithe le leanúnachas cúraim a áirithiú do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón Úcráin, go háirithe trí chógas riachtanach a chur ar fáil, amhail d'othair a bhfuil VEID, ailse agus galair neamhchoitianta orthu; á iarraidh ar na Ballstáit iarrachtaí a chomhordú le UNICEF agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun vacsaíniú in aghaidh galair bhunúsacha a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga atá ar a dteitheadh ón Úcráin, lena n-áirítear póilió, an bhruitíneach agus COVID-19;

27. á mheabhrú go bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh daingnithe ag AE agus ag na Ballstáit uile agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé d'oibleagáid orthu na cearta a leagtar síos ann a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh; ag tathant ar na Ballstáit bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar na riachtanais atá ag leanaí faoi mhíchumais, lena n-áirítear saoráidí leormhaithe agus cúram leanúnach ag cúramóirí scagtha;

28. á chur i bhfáth go bhfuil gá lena áirithiú go ndéanfar riachtanais leanaí LADTIA agus daoine óga a chur i gcuntas, go háirithe trí shocruithe glactha nó cúraim atá sábháilte agus iomchuí a chur ar fáil agus a áirithiú nach mbeidh ann d'idirdhealú ag pointí trasnaithe teorann; á thabhairt chun suntais an deacracht ar leith a bhíonn ag mná trasinscneacha agus ag teaghlaigh bogha ceatha agus teorainneacha á dtrasnú acu; á chur i bhfáth go bhfuil an baol ann go ndéanfaí leanaí, ar lánúineacha comhghnéis iad a dtuismitheoirí, a scaradh ó thuismitheoir amháin nó ón mbeirt tuismitheoirí; á iarraidh ar na Ballstáit comhpháirtíochtaí *de facto* agus teaghlaigh a chur san áireamh agus an Treoir um Chosaint Shealadach á cur chun feidhme;

29. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún i dtaobh sásra dlúthpháirtíochta a chur ar bun le haghaidh aistrithe leighis laistigh den Aontas do dhídeanaithe agus do dhaoine atá easáitithe ó na Ballstáit atá ar theorainn na hÚcráine, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga a bhfuil cóireáil agus teiripe tarrthála fhíorphráinneach ag teastáil uathu láithreach;

30. á iarraidh ar na Ballstáit neartú a dhéanamh ar an mbeolíne aonair Eorpach atá cheana ann do leanaí atá ar iarraidh (116 000) agus ar an líne chabhrach Eorpach a chuireann cúnamh síceolaíoch saor in aisce ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón Úcráin (116 111); á áitiú go bhfuil gá leis an gcomhar idir na Ballstáit a neartú i dtaca leis an mbeolíne 116 000 agus neartú a dhéanamh ar ghníomhaíocht trasteorann atá dírithe ar leanaí atá ar iarraidh a shainaithint agus a aimsiú;

***Athaontú teaghlaigh***

31. á iarraidh ar na Ballstáit bainistiú a dhéanamh ar chásanna na leanaí uile a theith ón Úcráin agus atá faoina gcúram ar bhonn sealadach agus é mar aidhm dheiridh acu athaontú teaghlaigh a éascú, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis bunachair sonraí atá cheana ann a sheiceáil go rialta agus go hiomlán i gcomhréir le caighdeáin an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear iad siúd a bhailíonn faisnéis maidir le leanaí ar iarraidh; á chur i bhfáth, i gcás nach féidir athaontú fisiciúil a dhéanamh láithreach, gur cheart teagmháil a choimeád nó a athbhunú a luaithe is féidir, lena n-áirítear le siblíní nó leis an teaghlach sínte; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach foláir go n-áireofaí leis na bearta sin sásraí láidre cosanta agus tuairiscithe, lena n-áirítear comharthaíocht le haghaidh seirbhísí agus tarchuir agus fiosruithe le córais náisiúnta bainistithe cásanna maidir le cosaint leanaí;

32. á iarraidh ar na Ballstáit stop a chur le huchtálacha leanaí chun scaradh breise nó buan do leanaí óna dtuismitheoirí agus óna dteaghlaigh a sheachaint ar mhaithe lena leas;

***Athshocrú***

33. á iarraidh go gcuirfí chun cinn sásraí um athshocrú lena n-áirítear iompar sábháilte, mear agus comhordaithe ar fud na mBallstát do leanaí agus dá dteaghlaigh atá i láthair cheana sna Ballstáit chomharsanachta, go háirithe do leanaí gan tionlacan agus do leanaí faoi mhíchumais, a dteastaíonn cúram sonrach uathu, i ndlúthchomhar le húdaráis na hÚcráine agus le seirbhísí consalacha na hÚcráine san Aontas, i gcás inar gá ar chúiseanna sláinte;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit chomharsanachta measúnuithe aonair maidir le leas an linbh a dhéanamh agus, i gcás ina bhfuil duine fásta in éineacht leo, bíodh sé ina bhall teaghlaigh, ina dhuine muinteartha nó ina urraitheoir príobháideach, chun a áirithiú go mbeidh córas cuí grinnfhiosrúcháin ann do theaghlaigh óstacha chun cosaint a thabhairt do leanaí agus chun a áirithiú go ndéanfar iad a aistriú go sábháilte chuig a dteaghlaigh óstacha;

***An lánpháirtiú***

35. á iarraidh ar na Ballstáit cur chuige comhordaithe a áirithiú i gclársceidealú agus i gcur chun feidhme chistí an Aontais agus a áirithiú go dtabharfar freagairt mhear agus dhíreach, le cistiú an Aontais, do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta sna tíortha is measa atá buailte, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta; á iarraidh ar na Ballstáit, thairis sin, dlús a chur le cur chun feidhme na mbeart sin agus na hacmhainní náisiúnta uile is féidir a chur ar fáil, arna gcomhlánú le cistí AE amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Cúnamh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, InvestEU, Erasmus+, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus EU4Health, ar mhaithe lena a áirithiú go dteachtfaidh dídeanaithe lánpháirtiú socheacnamaíoch, rochtain chomhionann ar phoist ar ardchaighdeán, ar an oideachas, ar oiliúint agus ar chúram, agus go ndéanfar iad a chosaint ar bhochtaineacht leanaí agus ar eisiamh sóisialta; á mheabhrú nach foláir do na Ballstáit bearta tiomnaithe a chur san áireamh chun infheistíocht a dhéanamh i leanaí agus i ndaoine óga ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun rochtain a fháil ar an gciste, de réir cholún na Chéad Ghlúine Eile den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus de réir na **Gníomhaíochta Comhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE)**; á iarraidh an gCoimisiún agus ar an gComhairle acmhainní breise a chur ar fáil más gá;

36. ag aithint na dúshláin atá roimh na Ballstáit ó thaobh foghlaimeoirí a lánpháirtiú ina gcórais oideachais agus oiliúna; ag tathant ar na Ballstáit foghlaimeoirí de gach aois a lánpháirtiú go pras i struchtúir phríomhshrutha fhoirmiúla, neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla foghlama, agus tacaíocht speisialaithe oideachais a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, lena n-áirítear leanaí ó phobail imeallaithe amhail na Romaigh, chun líon na ndaoine a fhágann an scoil go luath a theorannú agus chun an leithscaradh a sheachaint san oideachas, as a n-eascraíonn eisiamh sóisialta agus idirdhealú; á aithint go bhféadfadh bacainní teanga bac a chur ar chlárú scoile leanaí atá ag teitheadh ón Úcráin agus conas a éiríonn leo ar scoil; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, tacú le húdaráis náisiúnta na mBallstát a áirithiú go mbeidh ateangaireacht saor in aisce, cúrsaí speisialta teanga agus cláir speisialta eile ann chun múinteoirí na hÚcráine a earcú mar aon le múinteoirí a labhraíonn teangacha na hÚcráine agus/nó teangacha mionlaigh ábhartha;

37. á aithint go bhféadfadh uirlisí digiteacha a bheith ina mbearta an-úsáideacha, solúbtha agus saincheaptha chun leanúnachas oideachais tráthúil agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gcásanna leochaileacha, agus gur cheart go mbeadh na huirlisí sin ag cloí go hiomlán le caighdeáin cosanta sonraí; á iarraidh ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí agus trealamh oideachais dhigitigh atá ann cheana, go háirithe na huirlisí sin a forbraíodh san Úcráin, chun a áirithiú go mbeidh gach leanbh in ann leanúint dá n-oideachas; á athdhearbhú, áfach, gur cheart iad sin a bheith comhlántach le struchtúir fhisiceacha agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil oideachas pearsanta ríthábhachtach, go háirithe sa chomhthéacs reatha, ina bhfuil tacaíocht shíceasóisialta bhreise ag teastáil ó na leanaí sin agus ó na daoine óga sin; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht chomhbheartaithe do na tíortha óstacha chun dlús a chur le rochtain ar chúram leordhóthanach síceolaíoch ó shaineolaithe atá in ann déileáil le tráma a bhaineann le cogadh; á iarraidh ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí agus do bhaill foirne oideachais eile atá ag obair le leanaí a bhfuil tráma orthu;

38. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún maidir leis an Tairseach Oideachais Scoile a leathnú chun cabhrú le Ballstáit a thabhairt le chéile chun tús a chur le taithí a roinnt agus chun an méid is gá a shainaithint chun leanúint ar aghaidh le hoideachas a chur ar leanaí easáitithe, mar ionad ilfhreastail chun ábhar oideachais a chomhordú idir an Úcráin agus na Ballstáit i dteanga an fhoghlaimeora; á chur i bhfáth gur gá tarraingt ar chumais mhúinteoirí na hÚcráine atá i measc na ndaoine nua atá ag teacht isteach san Eoraip;

39. á áitiú gur gá dioplómaí, cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama a aithint, lena n-áirítear d'oideoirí agus d'oibrithe sláinte, mar go bhfuil na cáilíochtaí sin ríthábhachtach chun leanaí agus daoine óga atá ag teitheadh ón Úcráin a lánpháirtiú go rianúil ina dtimpeallacht nua; ag tathant ar na Ballstáit, i bhfianaise na n-imthosca reatha, solúbthacht a léiriú i gcásanna ina bhfuil doiciméid riaracháin in easnamh agus bealaí nuálacha agus pragmatacha a fhorbairt chun roghanna digiteacha agus páipéir araon a chur le chéile;

40. ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na bearta a rinneadh chun freagairt do riachtanais oideachais agus shóisialta leanaí agus daoine óga atá ag teitheadh ón Úcráin, agus an leas is fearr á bhaint as bailiú sonraí comhiomlánaithe agus comhlíonadh iomlán le caighdeáin cosanta sonraí an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna;

41. á chur in iúl gur geal léi na chéad iarrachtaí a rinne an Coimisiún chun oiriúnú na gclár cistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana a éascú chun tacú le daoine óga, go háirithe Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus á áitiú gur cheart na hiarrachtaí sin a choinneáil nó a neartú i gcomhréir le forbairtí agus chomh fada agus is gá; ag cur béim ar an bhfíoras, faoin Ráthaíocht athneartaithe don Aos Óg, gur cheart do gach duine óg ó 15 bliana tairiscint mhaith fostaíochta, oideachais, cúrsa oiliúna nó printíseachta a fháil laistigh de thréimhse ceithre mhí i ndiaidh dóibh éirí dífhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil; á iarraidh ar na Ballstáit, thairis sin, an Ráthaíocht athneartaithe don Aos Óg a chur chun feidhme chun tairiscintí d'ardcháilíocht a áirithiú, lena n-áirítear luach saothair cothrom agus rochtain chothrom ar chosaint shóisialta a chur ar fáil, cosc a chur ar mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla, agus timpeallachtaí oibre a áirithiú atá in oiriúint do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas;

42. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ag an spórt sa phróiseas lánpháirtíochta do dhídeanaithe, go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga, agus á iarraidh ar na Ballstáit go ndéanfadh siad rochtain ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí spóirt a éascú do leanaí agus do dhaoine óga, rud a chuideoidh leo a bhfolláine intinne a fheabhsú, tráma a shárú, dul in oiriúint dá dtimpeallacht nua agus naisc a chruthú leis na pobail óstacha;

43. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí roinnt tíortha cistí tiomnaithe a chur ar fáil le haghaidh scoláireachtaí do mhic léinn na hÚcráine agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí coiteanna Eorpacha i ndáil leis sin; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh na mic léinn ar fad atá ag teitheadh ón Úcráin, lena n-áirítear mic léinn idirnáisiúnta, in ann leas a bhaint as na cistí sin agus a gcéimeanna a thabhairt chun críche, toisc go bhfuil siad i gcás éigeandála freisin; á áitiú a thábhachtaí atá sé tacú le gach leanbh agus gach duine óg;

44. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go ndéanfadh siad cur chuige comhsheasmhach a leanúint tuilleadh agus a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, agus gan dearmad a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfreagairt don chogadh seo, ach gníomhú ina leith, lena n-áirítear tríd an Treoir um Chosaint Shealadach a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chun rochtain ar chosaint a áirithiú do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn de thionscnamh ar bith;

45. á iarraidh ar na Ballstáit agus, go háirithe, ar chomhordaitheoirí náisiúnta AE faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí rochtain ar sheirbhísí saor in aisce, éifeachtacha agus ar ardchaighdeán a áirithiú do leanaí atá ag teitheadh ón Úcráin, ar comhchéim le leanaí eile sna tíortha óstacha, i gcomhréir leis an moladh bearta comhtháite náisiúnta a áirithiú agus míbhuntáistí sonracha a chur san áireamh; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh géarchéim COVID-19 agus teacht isteach na ndídeanaithe mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin staid leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus eisiata shóisialta nó leanaí a bhfuil rochtain ar chúram ar ardchaighdeán ag teastáil uathu a ghéarú; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, maoiniú na Ráthaíochta Eorpach do Leanaí a mhéadú go práinneach le buiséad tiomnaithe EUR 20 billiún ar a laghad chun an bhochtaineacht a bhfuil tionchar aici ar leanaí agus ar a dteaghlaigh a chomhrac agus chun cur leis an sprioc atá ann an bhochtaineacht a laghdú 15 milliún ar a laghad faoi 2030 – lena n-áirítear 5 milliún leanbh ar a laghad i ngach Ballstát faoi 2030; á iarraidh ar na Ballstáit go léir, ina leith sin, níos mó ná an t-íosmhéid 5 % d'acmhainní Chiste Sóisialta na hEorpa Plus atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí tacaíochta faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí;

46. á iarraidh ar na Ballstáit, sa chomhthéacs sin, borradh a chur faoin infheistíocht i bpoist inbhuanaithe agus ar ardcháilíocht agus i dtacaíocht shóisialta do dhaoine óga agus do thuismitheoirí, agus beartais fostaíochta spriocdhírithe a chur chun feidhme lena n-áiritheofar caighdeán maith maireachtála, pá agus dálaí oibre cothroma, cothromaíocht mhaith oibre is saoil, margadh saothair cuimsitheach agus infhostaitheacht níos airde, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint; á thabhairt chun suntais gur cheart luathchúram leanaí saor in aisce a chur ar bun chun rannpháirtíocht tuismitheoirí i margadh an tsaothair a éascú, go háirithe mná, agus chun tacú le forbairt shóisialta leanaí; á chur i bhfáth gur gá oibriú i ndlúthchomhar le ceardchumainn náisiúnta agus Eorpacha chun tacú leis na daoine ar fad atá ag teitheadh ón Úcráin agus a gcearta fostaíochta agus sóisialta á bhfeidhmiú acu sna Ballstáit;

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

47. á iarraidh ar na Ballstáit tithíocht leordhóthanach, shábháilte a áirithiú do gach duine atá ag teitheadh ón Úcráin; á iarraidh ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithíochta buaine do leanaí agus dá dteaghlaigh atá i mbaol easpa dídine, agus réitigh tithíochta do leanaí atá gan dídean agus eisiamh mór tithíochta a áireamh ina bpleananna náisiúnta gníomhaíochta faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh agus duine óg atá ag teitheadh ón Úcráin ar uisce reatha, ar shláintíocht agus ar shaoráidí sláinteachais phearsanta, sa bhaile agus ar scoil araon;

o

o o

48. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

P9_TA(2022)0121

# Conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí an 24-25 Márta 2022: lena n-áirítear an méid is déanaí a tharla sa chogadh i gcoinne na hÚcráine agus smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise agus a gcur chun feidhme

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí an 24-25 Márta 2022, lena n-áirítear an méid is déanaí a tharla sa chogadh i gcoinne na hÚcráine agus smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise agus a gcur chun feidhme (2022/2560(RSP))**

(2022/C 434/09)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do rúin roimhe seo uaithi maidir leis an Rúis agus an Úcráin, agus go háirithe rún an 16 Nollaig 2021 maidir leis an staid ag teorainn na hÚcráine agus i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag an Rúis ([1]) agus rún an 1 Márta 2022 maidir le hionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([2]),

— ag féachaint do ráitis maidir leis an Úcráin ó cheannairí Pharlaimint na hEorpa an 16 agus an 24 Feabhra 2022,

— ag féachaint do dhearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála thar ceann an Aontais Eorpaigh an 24 Feabhra 2022 maidir le hionradh fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin,

— ag féachaint do ráiteas ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus Uachtarán an Choimisiúin an 24 Feabhra 2022 maidir le greas míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine nach raibh aon chúis leis agus nach bhfacthas a leithéid riamh cheana,

— ag féachaint do Dhearbhú Versailles an 11 Márta 2022,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 25 Márta 2022,

— ag féachaint do dhearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála thar ceann an Aontais Eorpaigh an 4 Aibreán 2022 maidir le hainghníomhartha de chuid na Rúise a rinneadh in Bucha agus i mbailte eile san Úcráin,

— ag féachaint do na cinntí a rinne an Chomhairle maidir le smachtbhannaí agus bearta sriantacha i gcoinne na Rúise, lena n-áirítear bearta taidhleoireachta, bearta sriantacha aonair amhail reo sócmhainní agus srianta taistil, srianta ar an gcaidreamh eacnamaíoch leis an gCrimé agus Sevastopol agus leis na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais in Donetsk agus Luhansk, smachtbhannaí eacnamaíocha, srianta ar na meáin agus srianta ar an gcomhar eacnamaíoch,

— ag féachaint do phrionsabail Nürnberg a d'fhorbair Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe, lena gcinntear cad is coir chogaidh ann,

— ag féachaint do Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Ginéive agus na prótacail bhreise a ghabhann leis,

— ag féachaint d'Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus do dhoiciméid ina dhiaidh sin,

— ag féachaint do rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2022 maidir leis an ionsaí ar an Úcráin agus an 24 Márta 2022 maidir le hiarmhairtí daonnúla an ionsaithe ar an Úcráin,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú,

— ag féachaint do rialú Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe an 16 Márta 2022,

---

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0515.
([2]) IO C 125, 18.3.2022, lch. 2.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

— ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, do Mheabhrán Bhúdaipeist maidir le Ráthaíochtaí Slándála agus do Dhoiciméad Vín agus na prótacail bhreise a ghabhann leis,

— ag féachaint do Riail 132(2) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil ceannasacht chomhionann ag gach stát agus nach mór dóibh staonadh ina gcaidreamh idirnáisiúnta ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid i gcoinne iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon stáit; de bhrí go bhfuil cogadh neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar cuí i gcoinne na hÚcráine ar bun ag Cónaidhm na Rúise ón 24 Feabhra 2022, agus de bhrí, an 16 Márta 2022, gur ordaigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta do Chónaidhm na Rúise a cuid oibríochtaí míleata i gcríoch na hÚcráine a chur ar fionraí láithreach;

B. de bhrí gur cailleadh na mílte sibhialtach de chuid na hÚcráine nó gur gortaíodh iad le linn ionsaí agus ionradh na Rúise ón 24 Feabhra 2022 i leith, agus go bhfuil beagnach 6,5 milliún saoránach de chuid na hÚcráine easáitithe ina dtír féin agus gur theith níos mó ná 4 mhilliún eile go tíortha in aice láimhe, anuas ar an mbreis is 14 000 duine, idir phearsanra míleata agus shibhialtaigh, a fuair bás sna ocht mbliana roimhe sin de dheasca fhorghabháil na Crimé ag Cónaidhm na Rúise agus de dheasca na coinbhleachta a d’eascair aisti in oirthear na hÚcráine;

C. de bhrí go bhfuil daoine soineanta fós á marú mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, mí tar éis thús ionsaí na Rúise; de bhrí gur éirigh na hainghníomhartha a rinne trúpaí na Rúise níos measa fós an Domhnach an 3 Aibreán 2022, nuair a thángthas ar choirp sibhialtach, idir fhir agus mhná, sínte ar shráideanna Bucha, baile nach raibh inrochtana d’arm na hÚcráine ar feadh míosa beagnach; de bhrí go dtugann na fíorais sin údar soiléir do bhunú coimisiún idirnáisiúnta chun imscrúdú a dhéanamh ar gach ceann de na coireanna a rinne arm na Rúise ó thús an chogaidh;

D. de bhrí go bhfuil arm na Rúise fós ag déanamh tuairgneáil neamh-idirdhealaitheach agus ionsaithe ón aer ar limistéir chónaithe agus ar bhonneagar sibhialtach, amhail ospidéil, scoileanna agus naíolanna, as ar tháinig scrios iomlán nó beagnach iomlán Mariupol, Volnovakha agus cathracha agus sráidbhailte eile;

E. de bhrí gur léirigh an Úcráin go dtí seo leibhéil frithbheartaíochta agus athléimneachta nach bhfacthas riamh cheana agus gur shéan sí ar an Rúis an cumas a cuspóir tosaigh a chomhlíonadh .i. an tír ar fad a fhorghabháil;

F. de bhrí gur mhol agus gur fhógair an Coimisiún smachtbhannaí nua an 5 Aibreán 2022 agus go bhfuil sé ag obair ar phacáistí breise smachtbhannaí; de bhrí gur forchuireadh chéad smachtbhannaí AE i gcoinne Chónaidhm na Rúise i mí an Mhárta 2014 tar éis ionghabháil mhídhleathach na Crimé in 2014, agus de bhrí gur glacadh an pacáiste is déanaí an 15 Márta 2022 tar éis ionradh gan chúis agus gan údar na Rúise ar an Úcráin, a sheol sí an 24 Feabhra 2022; de bhrí go bhfuil smachtbhannaí glactha ag AE i gcoinne na Bealarúise freisin mar fhreagairt ar a rannpháirtíocht in ionsaí agus ionradh na Rúise;

G. de bhrí go bhfuil éifeacht ag smachtbhannaí ach go bhfuil breoslaí iontaise fós á gceannach ag AE ón Rúis, rud a chuireann acmhainní ar fáil don réimeas a chuidíonn leis an gcogadh a mhaoiniú;

H. de bhrí go bhfuil AE ag íoc suas le EUR 800 milliún in aghaidh an lae leis an Rúis as seachadadh breoslaí iontaise, arb ionann é agus beagnach EUR 300 billiún in aghaidh na bliana;

I. de bhrí gur roghnaigh beagnach 500 cuideachta agus corparáid idirnáisiúnta a n-oibríochtaí sa Rúis a chur ar fionraí nó tarraingt siar go hiomlán ó mhargadh na Rúise; de bhrí, áfach, go leanann roinnt cuideachtaí de ghnó mar is gnách a dhéanamh sa Rúis, agus tús áite á thabhairt acu do bhrabúis ó oibríochtaí i margadh na Rúise de rogha ar fhreagracht slándála agus shóisialta, rud a lagaíonn éifeachtaí na smachtbhannaí agus a bhaineann an bonn de cháineadh Chónaidhm na Rúise ag an bpobal idirnáisiúnta;

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

J. de bhrí gur léir ó staidéir acadúla ([3]) go mbeadh tionchar ag an gcosc ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis ar fhás eacnamaíoch AE a d'fhreagródh do chaillteanais mheasta de níos lú ná 3 % den OTI, agus gurbh ionann na caillteanais ionchasacha do gheilleagar na Rúise le linn na tréimhse céanna agus 30 % den OTI, a bheadh ríthábhachtach ó thaobh stop a chur le hionsaitheacht na Rúise;

K. de bhrí gur labhair an tUachtarán Metsola le Verkhovna Rada an 1 Aibreán 2022 agus gur bhuail sí le huachtarán agus le príomh-aire na hÚcráine agus le ceannairí na ngrúpaí polaitiúla thar ceann Pharlaimint na hEorpa;

1. ag cáineadh a láidre is féidir cogadh ionsaitheach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise sa chogadh seo, agus ag éileamh go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach le gach gníomhaíocht mhíleata san Úcráin agus go dtarraingeoidh sí siar gach fórsa agus trealamh míleata ó chríoch iomlán na hÚcráine, ar críoch í atá aitheanta go hidirnáisiúnta; ag déanamh bróin le muintir na hÚcráine as an gcaillteanas coscrach atá á fhulaingt acu;

2. á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta iad an ionsaitheacht agus an t-ionradh míleata, go háirithe Coinbhinsiún na Ginéive agus na Prótacail bhreise a ghabhann leo agus Cairt na Náisiún Aontaithe, agus á iarraidh ar Chónaidhm na Rúise filleadh ar chomhlíonadh na bhfreagrachtaí atá ar bhuanchomhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ndáil leis an tsíocháin agus leis an tslándáil a chothabháil agus ar a gealltanais a urramú faoi Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, faoi Chairt Pháras don Eoraip Nua agus faoi Mheabhrán Bhúdaipeist maidir le Ráthaíochtaí Slándála; á mheas go ndéanann ionradh na Rúise ar an Úcráin ionsaí ní hamháin ar thír cheannasach ach freisin ar phrionsabail agus ar shásra an chomhair agus na slándála san Eoraip agus ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, mar a shainítear i gCairt na Náisiún Aontaithe;

3. á chur in iúl go bhfuil uafás agus fearg uirthi maidir leis na hainghníomhartha tuairiscithe, lena n-áirítear éigniú agus bású sibhialtach, an t-easáitiú éigeantach, creachadh agus spriocdhíriú an bhonneagair shibhialtaigh, amhail ospidéil, saoráidí leighis, scoileanna, foscadh agus otharcharranna, agus scaoileadh le sibhialtaigh atá ag iarraidh teitheadh ó limistéir choinbhleachta trí chonairí daonnúla a comhaontaíodh roimh ré agus ar thug fórsaí armtha na Rúise tiomantas dóibh i roinnt bailte Úcránacha atá faoi fhorghabháil, amhail Bucha; á áitiú go gcaithfear iad siúd a bhfuil coireanna cogaidh agus sáruithe tromchúiseacha eile déanta acu, chomh maith leis na hoifigigh rialtais agus na ceannairí míleata atá freagrach astu, a thabhairt chun cuntais; á mheabhrú, i gcás coireanna cogaidh agus cinedhíothaithe, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gcomhphobal idirnáisiúnta gníomhú agus gur cheart dó úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó; ag tacú go hiomlán leis an imscrúdú arna sheoladh ag Ionchúisitheoir ICC ar choireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, chomh maith le hobair an Choimisiún Fiosrúcháin de chuid Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine; á iarraidh ar institiúidí AE gach gníomh is gá a dhéanamh in institiúidí agus in imeachtaí idirnáisiúnta agus ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó ag binsí nó cúirteanna idirnáisiúnta iomchuí eile chun caingne Vladimir Putin agus Aliaksandr Lukashenka a ionchúiseamh mar choireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh na daonnachta, agus páirt ghníomhach a ghlacadh ina n-imscrúdú; á iarraidh go mbunófaí binse speisialta de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na coireanna san Úcráin; á mheas go mbeadh sé ábhartha leas a bhaint as an Sásra Idirnáisiúnta Neamhchlaonta agus Neamhspleách chun cabhrú in aon imscrúduithe idirnáisiúnta maidir le coireanna cogaidh a dhéantar san Úcráin; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar AE a gcumas a neartú chun an tsaoirse ó phionós i gcás na ndaoine sin a rinne coireanna cogaidh nó a ghlac páirt iontu a chomhrac go héifeachtach;

4. á athdhearbhú nach mór leanúint de sheachadadh arm agus dlús a chur leis chun go mbeidh an Úcráin in ann í féin a chosaint go héifeachtach; á athdhearbhú go dtacaíonn sí leis an gcúnamh um chosaint a chuirtear ar fáil d'fhórsaí armtha na hÚcráine, cúnamh atá á thabhairt ar bhonn aonair ag na Ballstáit agus go comhpháirteach tríd an tSaoráid Eorpach Síochána; á chur in iúl gur díol sásaimh di an cinneadh an cúnamh don Úcráin tríd an tSaoráid Eorpach Síochána a mhéadú EUR 500 milliún agus á iarraidh go méadófaí ranníocaíochtaí nithiúla tuilleadh chun acmhainneachtaí cosanta na hÚcráine a neartú, agus go ndéanfaí é sin go déthaobhach agus faoin tSaoráid Eorpach Síochána;

5. á iarraidh go mbunófaí bealaí sábháilte agus conairí daonnúla sábháilte chun sibhialtaigh atá ag teitheadh ó bhuamáil a aslonnú agus go gcuirfí dlús le líonraí an Aontais um chabhair dhaonnúil san Úcráin (lena n-áirítear maidir le breosla, bia, cógais, soláthairtí uisce inólta, gineadóirí fuinnimh agus campais shoghluaiste); á mholadh don Choimisiún scéimeanna cúnaimh idir piaraí a thabhairt isteach don Úcráin chun éifeachtacht an chúnaimh a mhéadú; á iarraidh go dtabharfar aird ar leith ar staid leanaí, idir mhionaoisigh neamhthionlactha agus leanaí atá ag éalú in éineacht lena dteaghlaigh, agus á iarraidh, thar aon ní eile, go gcaithfear mar leanbh le gach leanbh atá ag lorg tearmainn, agus go n-áiritheofar cosaint do gach duine atá ag teitheadh ón Úcráin, gan beann ar a gcúlra sóisialta nó eitneach, a n-inscne, a ngnéaschlaonadh, a gcumas

([3]) Lena n-áirítear ó Bachmann et al., an Banc Ceannais Eorpach, Deutsche Bank Research, Oxford Economics, Goldman Sachs, etc. arna achoimriú ag an Sachverständigenrat zur Begutachtung der gesamtwirtschaftlichen Entwicklung (Comhairle Ghearmánach na Saineolaithe Eacnamaíochta) ina tuarascáil ó mhí an Mhárta 2022 dar teideal *Auswirkungen eines möglichen Wegfalls russischer Rohstofflieferungen auf Energiesicherheit und Wirtschaftsleistung: Auszug aus der aktualisierten Konjunkturprognose 2022 und 2023* [Tionchar ar shlándáil fuinnimh agus ar fheidhmíocht eacnamaíoch soláthairtí amhábhar na Rúise a dhíothú: Sliocht as an réamhaisnéis eacnamaíoch nuashonraithe 2022 agus 2023].

nó a stádas imirce; ag moladh na mBallstát agus thíortha comharsanacha na hÚcráine as a bhfreagairt mhear agus dhearfach ar insreabhadh níos mó ná ceithre mhilliún dídeanaí atá ag teitheadh ón gcogadh; á chur in iúl gur geal léi gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach ([4]) agus á iarraidh go ndéanfar sásraí chun dídeanaithe a athlonnú i measc na mBallstát a chur chun cinn, lena n-áirítear iompar mear comhordaithe do dhídeanaithe, go háirithe do leanaí neamhthionlactha agus leanaí faoi mhíchumas a bhfuil cúram sonrach ag teastáil uathu;

6. á chur i bhfios go láidir nach mór d'fhreagairt agus rannpháirtíocht pholaitiúil an Aontais a bheith in ann an dúshlán naimhdeach a shárú agus go mbeadh an fhreagairt sin ag teacht leis an iarracht atá á déanamh ag ár gcomhpháirtithe san Úcráin atá ar aon intinn linn, atá ag troid agus ag déanamh íobairtí ar son luachanna agus phrionsabail na hEorpa, ar luachanna agus prionsabail iad a théann thar bhallraíocht AE;

7. ag cur in iúl a dlúthpháirtíocht iomlán le muintir na hÚcráine agus lena mianta láidre stát Eorpach daonlathach agus rathúil a dhéanamh dá tír; ag aithint go mbeidh an Úcráin rannpháirteach sa tionscadal Eorpach, mar a cuireadh in iúl trína hiarratas ar bhallraíocht san Aontas a cuireadh isteach an 28 Feabhra 2022; á iarraidh an athuair ar institiúidí an Aontais oibriú ionsar stádas tír is iarrthóir AE a thabhairt don Úcráin, mar chomhartha soiléir polaitiúil go bhfuil siad tiomanta, i gcomhréir le hAirteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar bhonn tuillteanais, agus idir an dá linn, leanúint den obair i dtreo a comhtháthaithe i margadh aonair AE i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais; á chur in iúl gur díol sásaimh di Dearbhú Versailles ón gComhairle Eorpach, ina luaitear gur ball den teaghlach Eorpach í an Úcráin;

8. á cháineadh go géar reitric na Rúise a thugann le fios go bhféadfadh Cónaidhm na Rúise dul i muinín airm ollscriosta agus ag cur béim ar an bhfíoras nach mbeadh aon imscaradh den sórt sin inghlactha agus go mbeadh na hiarmhairtí is tromchúisí ag baint leis; ag cáineadh, ina theannta sin, go bhfuil fórsaí na Rúise ag gabháil seilbhe ar shaoráidí agus suíomhanna núicléacha gníomhacha nó dianscaoilte ar chríoch na hÚcráine, á thabhairt chun suntais gur ábhar ríthábhachtach sláinte don réigiún ina iomláine é dea-láimhseáil na saoráidí sin; á chur i bhfios go láidir an ról ríthábhachtach atá ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach chun sábháilteacht na saoráidí núicléacha san Úcráin a áirithiú; ag tacú le hiarraidh údaráis na hÚcráine ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe bearta a dhéanamh láithreach chun limistéar eisiach stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail a dhímhíleatú agus chun cur ar chumas na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach smacht iomlán a fháil láithreach ar shuíomh an stáisiúin cumhachta núicléiche;

9. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur ghlac an Chomhairle smachtbhannaí go pras agus á mholadh aontacht institiúidí an Aontais agus na mBallstát mar fhreagairt ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, agus an t-ardleibhéal comhordúcháin i measc G7; á iarraidh ar na comhpháirtithe uile, go háirithe tíortha is iarrthóirí AE agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, ailíniú leis na pacáistí smachtbhannaí; á chur in iúl gur díol sásaimh di an Tascfhórsa nuabhunaithe *Russian Elites, Proxies, and Oligarchs* [Tascfhórsa um Éilíteanna, Seachaithe agus Olagarcaí Rúiseacha], arb é is aidhm dó comhordú a dhéanamh ar obair AE, G7 agus na hAstráile maidir le smachtbhannaí i gcoinne olagarchaí Rúiseacha agus Bealarúiseacha; á iarraidh ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an bhfor-rochtain chuig tíortha nach ndeachaigh i bpáirt leis an Aontas go fóill chun smachtbhannaí a thabhairt isteach i gcoinne Chónaidhm na Rúise, agus leas á bhaint as giaráil AE agus as raon iomlán na n-uirlisí atá ar fáil dóibh chuige sin, agus cúnamh a chur ar fáil más gá; á chur in iúl gur saoth léi neamh-ailíniú roinnt tíortha is iarrthóirí AE le smachtbhannaí AE; á iarraidh go mbunófaí plean gníomhaíochta soiléir *vis-à-vis* tíortha nach bhfuil san Aontas atá ag éascú imghabháil smachtbhannaí ag Cónaidhm na Rúise; ag tathant ar an gComhairle tuilleadh smachtbhannaí diana a ghlacadh a léiríonn an géarú gan staonadh ar fhogha na Rúise agus na hainghníomhartha uafásacha a rinne fórsaí míleata na Rúise, ar coireanna cogaidh iad gan aon agó;

10. á iarraidh ar na Ballstáit tacú le coimeádaithe síochána na Náisiún Aontaithe a chur ar aghaidh chun na 15 n-imoibreoir núicléacha san Úcráin a chosaint, i ndlúthchomhar le misean na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach; ag cur i bhfios go láidir, i gcomhréir le Rún 377 uaidh, go bhfuil fochumhachtaí cinnteoireachta ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe nuair nach bhfuil an Chomhairle Slándála in ann cinntí leordhóthanacha a dhéanamh maidir le hábhair síochánaíochta;

11. á iarraidh ar cheannairí an Aontais agus ar cheannairí stát eile an Rúis a eisiamh ó G20 agus ó eagraíochtaí iltaobhacha eile um chomhar, amhail Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Interpol, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, UNESCO agus eagraíochtaí eile, a bheadh ina chomhartha tábhachtach nach bhfillfeadh an comhphobal idirnáisiúnta ar ghnó mar is gnách leis an stát is ionsaitheoir;

---

([4]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint, (IO L 212, 07.08.2001, lch. 12).

12. á chur i bhfios go láidir nach mór cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach na smachtbhannaí atá ann cheana féin ar fud an Aontais agus ag comhghuaillithe idirnáisiúnta an Aontais a bheith ina thosaíocht anois; á iarraidh ar na Ballstáit bunús dlí a shainaithint agus, i gcás inar gá, bunús dlí a chruthú go mear chun comhlíonadh iomlán agus éifeachtach na smachtbhannaí laistigh de dhlínsí náisiúnta a áirithiú gan mhoill; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis mhaoirseachta AE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus cuimsitheach smachtbhannaí uile AE ag na Ballstáit agus aghaidh a thabhairt ar aon chleachtais imchéimnithe;

13. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na pionóis náisiúnta i leith smachtbhannaí AE a shárú éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach; á chur in iúl gur díol sásaimh di an fógra go mbunófaí taisclann faisnéise maidir le smachtbhannaí agus treochlár (lena n-áirítear critéir agus amchlár) chun bogadh ar aghaidh ó neamhchomhlíonadh córasach smachtbhannaí AE a bhrath go nósanna imeachta um shárú os comhair Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh;

14. á iarraidh ar an gComhairle tuilleadh smachtbhannaí a fhorchur ar phearsana poiblí atá ag scaipeadh bolscaireacht ionsaitheach sa Rúis chun tacú le hionsaitheacht na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

15. á mheabhrú gurb ionann an t-ioncam cánach ó na cuideachtaí eachtracha is mó sa Rúis agus cuid shuntasach de bhuiséad na Rúise agus go meastar gurb ionann é agus an tríú cuid de chaiteachas míleata; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, na cinntí a rinne roinnt mhaith cuideachtaí san Iarthar diúltú gnó a dhéanamh sa Rúis nó a gcuid táirgí agus seirbhísí a sholáthar ansin; á iarraidh ar ghnólachtaí príobháideacha a n-infheistíochtaí a tharraingt siar, láithreáin táirgeachta a athlonnú ón Rúis agus conarthaí reatha a chiorrú; á iarraidh ar chuideachtaí móra TF srian suntasach nó iomlán a chur ar úsáideoirí sa Rúis ó rochtain a fháil ar a gcuid táirgí, seirbhísí agus córas oibriúcháin;

16. á iarraidh go gcuirfear le héifeachtacht na smachtbhannaí atá ann cheana féin, *inter alia,* i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta AE atá ar aon intinn leis, trí bhainc ó Chónaidhm na Rúise a eisiamh ó chóras SWIFT agus trí chosc a chur ar shoithí faoi bhratach na Rúise, soithí arna gclárú sa Rúis, soithí le húinéirí Rúiseacha, soithí arna gcairtfhostú ag an Rúis, soithí arna n-oibriú ag Rúisigh, soithí a thagann as calafort Rúiseach nó atá ag dul i dtreo calafort Rúiseach nó soithí muirí atá nasctha leis an Rúis ar bhealach eile, lena n-áirítear Sovcomflot, teacht isteach go dtí uiscí teorann AE agus teacht chun duga i gcalafoirt AE; á iarraidh go gcuirfear toirmeasc ar iompar lasta de bhóthar ó chríoch na Rúise agus na Bealarúise agus ar iompar lasta de bhóthar chuig críoch na Rúise agus na Bealarúise agus á mholadh go gcuimseofar seachadtaí sa toirmeasc onnmhairiúcháin, ar seachadtaí iad a conraíodh roimh theacht i bhfeidhm na smachtbhannaí, ach nár tugadh i gcrích go hiomlán go fóill; ag éileamh go dtabharfaí smachtbhannaí tánaisteacha isteach i gcoinne gach eintitis atá cláraithe i dtíortha AE agus i dtíortha neamh-AE atá ag cabhrú le córais na Rúise agus na Bealarúise chun dul timpeall ar smachtbhannaí;

17. á iarraidh go gcuirfí trádbhac iomlán láithreach ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach, agus gáis ón Rúis, go dtréigfear Nordstream 1 agus 2 go hiomlán, agus go dtíolacfar plean chun leanúint de shlándáil sholáthar fuinnimh AE sa ghearrthéarma a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar na Ballstáit plean cuimsitheach gníomhaíochta do AE a bhunú a bhaineann le tuilleadh smachtbhannaí agus cumarsáid a dhéanamh go soiléir maidir le línte dearga agus maidir le céimeanna mionsonraithe chun smachtbhannaí a rolladh siar i gcás ina ndéanann an Rúis bearta chun neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a athbhunú laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirináisiúnta agus i gcás ina ndéanann sí a trúpaí a bhaint go hiomlán ó chríoch na hÚcraine;

18. á chur i bhfáth, arís, a thábhachtaí atá sé acmhainní fuinnimh, teicneolaíochtaí agus bealaí soláthair fuinnimh a éagsúlú, chomh maith le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh, san fhuinneamh in-athnuaite, i réitigh stórála gáis agus leictreachais agus in infheistíochtaí inbhuanaithe fadtéarmacha i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé soláthairtí fuinnimh a fháil ó chomhpháirtithe trádála an Aontais trí chomhaontuithe saorthrádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo chun spleáchas an Aontais ar an Rúis a laghdú tuilleadh, go háirithe i gcás amhábhar; á iarraidh, ina theannta sin, go mbunófaí cúlchistí straitéiseacha coiteanna fuinnimh agus sásraí ceannaigh fuinnimh ar leibhéal an Aontais arb é is aidhm dóibh slándáil fuinnimh a mhéadú agus spleáchas seachtrach fuinnimh agus luaineacht praghsanna á laghdú ag an am céanna; á iarraidh go gcuirfí tús leis an obair maidir le haontas gáis a chruthú, bunaithe ar chomhcheannacháin gháis ag na Ballstáit;

19. á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur le comhar le cuideachtaí Rúiseacha maidir le tionscadail núicléacha atá ann cheana agus tionscadail núicléacha nua, lena n-áirítear san Fhionlainn, san Ungáir agus sa Bhulgáir, tíortha inar féidir saineolaithe ón Iarthar teacht in ionad saineolaithe ón Rúis, agus úsáid sheirbhísí Rosatom a chéimniú amach; á iarraidh go gcuirfear deireadh le comhar eolaíoch le cuideachtaí fuinnimh na Rúise, amhail Rosatom, agus le heintitis eolaíocha ábhartha eile ón Rúis; ag éileamh go mbeadh na smachtbhannaí i gcoinne na Bealarúise ag teacht leis na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise chun aon lúba ar lár a dhúnadh lena gcuirtear ar chumas Putin cúnamh Lukashenka a úsáid chun dul timpeall ar smachtbhannaí;

20. ag tathant ar eagraíochtaí fuinnimh idirnáisiúnta athmhachnamh a dhéanamh ar ról na Rúise ina gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tionscadail comhair idir an Rúis agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach a chur ar fionraí b'fhéidir, agus rannpháirtíocht na Rúise i dtionscadail iltaobhacha a chur ar fionraí;

21. á chur i bhfáth, maidir leis na sócmhainní uile ar le hoifigigh Rúiseacha iad nó leis na holagarcaí a bhaineann le réimeas Putin, lena seachaithe agus lena maidríní lathaí, chomh maith leo siúd sa Bhealarúis a bhaineann le córas Lukashenka, ba cheart na sócmhainní sin a urghabháil agus aon víosaí AE a chúlghairm mar chuid de thoirmeasc iomlán agus láithreach ar phasanna óir, ar víosaí agus ar cheadanna cónaithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart díriú leis na smachtbhannaí ar raon níos leithne d'oifigigh, de ghobharnóirí, de mhéaraí agus de dhaoine a bhaineann leis an scothaicme eacnamaíoch a chloíonn le beartas reatha réimeas Putin agus a bhaineann tairbhe as;

22. á iarraidh go gcuirfí tús le hobair ar chiste (an Ciste Iontaobhais Dlúthpháirtíochta don Úcráin), a bheadh cosúil le Plean Marshall, chun an Úcráin a atógáil tar éis an chogaidh, chun clár ollmhór infheistíochta a sheoladh agus chun acmhainneacht fáis na tíre a scaoileadh; á mheas gur cheart ciste flaithiúil a bheith sa chiste sin agus é á mhaoiniú *inter alia* ag AE, ag Ballstáit AE, le ranníocaíochtaí deontóirí agus le cúiteamh ón Rúis i leith damáistí cogaidh, lena n-áirítear le sócmhainní Rúiseacha a ndearnadh iad a reo roimhe seo mar thoradh ar smachtbhannaí agus ar cheart iad a choigistiú go dlíthiúil i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

23. á iarraidh ar an Aontas trédhearcacht airgeadais a mhéadú go pras, gach bealach ar lár a dhúnadh lena ndírítear ar úinéireacht thairbhiúil a fholú faoi chuimsiú na caibidlíochta maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus a áirithiú go gcoigisteofar aon airgead arna stóráil ag olagairc Rúiseacha san Aontas; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí aon institiúidí airgeadais i dtíortha lasmuigh den Aontas atá ag gabháil do sciúradh airgid nó a éascaíonn an sciúradh airgid a dhúliostáil;

24. á iarraidh go mbeadh sásra dlúthpháirtíochta ag an Aontas Eorpach chun dul i ngleic le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus le hiarmhairtí na smachtbhannaí a forchuireadh; ag aithint go bhfuil dúshláin dhosheachanta eacnamaíocha agus shóisialta á nginiúint ar fud an Aontais agus a Bhallstát mar gheall ar smachtbhannaí éifeachtacha i gcoinne Chónaidhm na Rúise agus insreabhadh na mílte dídeanaí atá ag teitheadh ón Úcráin mar thoradh ar ionsaí agus ionradh na Rúise; á iarraidh go mbeidh bearta cúitimh ann agus soláthar malartach foinsí earraí agus fuinnimh chun na drochthionchair sin a laghdú, agus go mbeidh bearta éifeachtacha ann i gcoinne tuairimíocht dho-ghlactha nach ndéanann ach géarú ar an staid, lena n-áirítear trí fhoghlaim ó na bearta a raibh rath orthu arna gcur chun feidhme ag an Aontas mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19;

25. á chur in iúl gur geal léi na dearbhuithe ó go leor cathracha Eorpacha gur chuir siad deireadh lena scéimeanna comhair agus comhpháirtíochta le cathracha agus eagraíochtaí na Rúise; á iarraidh ar rialtais áitiúla agus ar chathracha athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhaontuithe comhpháirtíochta le cathracha Chónaidhm na Rúise agus deireadh a chur leo, agus comhar a bhunú le comhchathracha na hÚcráine mar mhalairt air sin;

26. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a chinntiú go mbeidh earnáil talmhaíochta na hÚcráine in ann feidhmiú mar is ceart arís a luaithe is féidir, agus na hiarrachtaí uile is féidir á ndéanamh chun an séasúr síolchuir agus táirgthe a chosaint agus iompar sábháilte bia agus conairí bia agus breosla chuig an tír agus amach aisti a chumasú; á iarraidh go n-osclófaí conairí talún glasa chun aon rud a thabhairt isteach san Úcráin a theastaíonn chun táirgeadh talmhaíochta (e.g. lotnaidicídí agus leasacháin) a choinneáil ar siúl agus chun gach táirge talmhaíochta atá fós le honnmhairiú a thabhairt amach as an Úcráin;

27. á chur in iúl go dtacaíonn sí go huile agus go hiomlán leis an gcinneadh ó Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta tús a chur le himscrúdú ar choireanna cogaidh líomhnaithe agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna a rinneadh san Úcráin agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé obair agus dul chun cinn a dhéanamh go pras chun an fhianaise is gá a fháil agus a choimeád; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí tacaíocht airgeadais agus phraiticiúil d'obair thábhachtach na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, e.g. trí chead a thabhairt do Mhisean Comhairleach an Aontais san Úcráin chun cabhrú le doiciméadú na fianaise;

28. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit sásra domhanda smachtbhannaí frith-éillithe a bhunú agus smachtbhannaí spriocdhírithe a ghlacadh go pras i gcoinne daoine aonair atá freagrach as éilliú ardleibhéil sa Rúis agus sa Bhealarúis;

29. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú le gach próiseas dlisteanach idirnáisiúnta agus náisiúnta chun coireanna líomhnaithe in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh arna ndéanamh san Úcráin a imscrúdú d'fhonn iad siúd go léir a bhfuil coireanna déanta acu agus iad siúd a chuidigh leo i leith na gcoireanna sin a thabhairt chun cuntais os comhair cúirt dlí;

30. á athdhearbhú go bhfuil bréagaisnéis na Rúise mar chuid d'iarrachtaí cogaidh na Rúise san Úcráin agus gur féidir dul timpeall go héasca ar smachtbhannaí AE i gcoinne chainéil na meán atá faoi úinéireacht stáit na Rúise trí úsáid a bhaint as líonraí príobháideacha fíorúla, as teilifís satailíte agus feidhmeanna cliste teilifíse; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an toirmeasc ar chainéil bholscaireachta na Rúise atá faoi úinéireacht stáit a chur chun feidhme go hiomlán;

31. á iarraidh go leathnófaí na ceanglais nochta atá ar institiúidí airgeadais Eorpacha chun údaráis inniúla a chur ar an eolas faoi na sócmhainní go léir atá i seilbh saoránach áirithe de chuid na Rúise agus na Bealarúise, agus ní hamháin faoina gcuid taiscí; á mheabhrú gur féidir le saoránaigh AE uirlis sceithirí an Choimisiúin a úsáid chun sáruithe ar smachtbhannaí a rinneadh san am a chuaigh thart, atá á ndéanamh faoi láthair agus atá beartaithe i gcoinne daoine aonair agus eintitis de chuid na Rúise agus na Bealarúise a thuairisciú gan a n-ainmneach a bheith luaite; á chreidiúint gur cheart raon feidhme na liostaí smachtbhannaí aonair a leathnú chun iad siúd atá ag baint tairbhe faoi láthair, agus iad siúd a bhain tairbhe roimhe seo, as dlúthnaisc le Rialtas na Rúise agus le Rialtas na Bealarúise a chuimsiú; á iarraidh ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as an gcreat i gcoinne sciúradh airgid agus an Rúis agus an Bhealarúis a áireamh ar liosta na ndlínsí ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 9 den cheathrú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid ([5]); á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh go gcruthófaí comhlacht tiomnaithe chun faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú smachtbhannaí airgeadais agus ar bhearta sriantacha eile de chuid an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún na sócmhainní arna reo agus arna n-urghabháil ag gach Ballstát a mhapáil agus a fhoilsiú; á chur in iúl gur díol sásaimh di iarrachtaí na sochaí sibhialta agus iarrachtaí iriseoirí iniúchacha na sócmhainní atá faoi úinéireacht olagarcaí Rúiseach a nochtadh;

32. á chur in iúl gur díol sásaimh di cinntí a rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimse an chultúir agus an spóirt, chun rannpháirtíocht na Rúise a chur ar fionraí; á iarraidh ar na Ballstáit leibhéal ionadaíochta Chónaidhm na Rúise a ísliú agus líon na foirne taidhleoireachta agus consalacha de chuid na Rúise agus de chuid na Bealarúise atá san Aontas a laghdú, go háirithe i gcás ina mbaineann spiaireacht, bréagaisnéis nó cúrsaí míleata lena ngníomhaíochtaí; á iarraidh go leanfaí de chomhordú le comhghuaillithe trasatlantacha agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo amhail iad siúd in ECAT, sa G7 agus san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, comhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, stáit chomhlachaithe agus tíortha is iarrthóirí; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Aontas freagairt chinntitheach a thabhairt nuair nach dtacaíonn dreamanna áirithe, a mheastar a bheith ina gcomhpháirtithe, le seasaimh an Aontais;

33. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig na Náisiúin Aontaithe, chuig ECAT, chuig G7, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint na hÚcráine, chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Chónaidhm na Rúise agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint na Bealarúise.

---

([5]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0123

# Staid chearta an duine sa Chóiré Thuaidh, lena n-áirítear an ghéarleanúint a dhéantar ar mhionlaigh reiligiúnacha

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le staid chearta an duine sa Chóiré Thuaidh, lena n-áirítear an ghéarleanúint a dhéantar ar mhionlaigh reiligiúnacha (2022/2620(RSP))**

(2022/C 434/10)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

P9_TA(2022)0124

## Staid an smachta reachta agus chearta an duine i bPoblacht Ghuatamala

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le staid an smachta reachta agus chearta an duine i bPoblacht Ghuatamala (2022/2621(RSP))

(2022/C 434/11)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0125

## Diansmacht méadaitheach sa Rúis, lena n-áirítear cás Alexey Navalny

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir leis an diansmacht méadaitheach sa Rúis, lena n-áirítear cás Alexey Navalny (2022/2622(RSP))**

(2022/C 434/12)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0126

## Ceart chun deisiúcháin

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir leis an gceart chun deisiúcháin (2022/2515(RSP))**

(2022/C 434/13)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0128

## An staid san Afganastáin, go háirithe staid chearta na mban

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir leis an staid san Afganastáin, go háirithe staid chearta na mban (2022/2571(RSP))**

(2022/C 434/14)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge.*

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2022)0101

## Athbhreithniú ar an gCúlchiste Cobhsaíochta Margaidh do Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ***I

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 (COM(2021)0571 – C9-0325/2021 – 2021/0202(COD))** (1)

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/15)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (“UNFCCC”) i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 (“Comhaontú Pháras”) (3). D’aontaigh na páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn ***1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.*** | (1) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (“UNFCCC”) i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 (“Comhaontú Pháras”) (3). D’aontaigh na páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn ***1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. d’aithin na Páirtithe i gComhaontú Pháras go laghdófaí go mór rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide dá dteorannófaí an méadú ar an meánteocht dhomhanda go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus gheall siad go neartófaí a spriocanna do 2030 faoi dheireadh 2022 chun an bhearna uaillmhéine a dhúnadh, i gcomhréir le torthaí an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC). Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach atá cothrom agus lena n-urramaítear prionsabal na bhfreagrachtaí agus na gcumas faoi seach atá coiteann ach difreáilte, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla. Is deis uathúil é an t-athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh*** |

(3) Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

(1) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0045/2022).

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(CTA AE), lena n-áirítear a chúltaca cobhsaíochta margaidh, chun rannchuidiú le dlús a chur le gníomhaíocht aeráide an Aontais roimh an 27ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 27) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide san Éigipt.*** |

(3) Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Tá a phráinní atá sé go gcoinneofaí sprioc Chomhaontú Pháras de 1,5 °C beo níos suntasaí anois mar thoradh ar thorthaí IPCC ina thuarascáil an 7 Lúnasa 2021 dar teideal "Climate Change 2021: The Physical Science Basis" [Athrú Aeráide 2021: An Bonn Eolaíochta Fisiciúla]. Fuair IPCC amach go sroichfidh nó go sáróidh an teocht dhomhanda marc 1,5 °C níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe seo, eadhon sna 20 bliain amach romhainn. Fuarthas amach freisin, mura mbeidh laghduithe láithreacha uaillmhianacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, nach mbeifear in ann an téamh domhanda a theorannú a thuilleadh gar do 1,5 °C nó fiú 2 °C.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Ina rún an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus comhshaoil ([1a]), d'áitigh Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún gníomhú láithreach agus uaillmhianach chun an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C agus chun caillteanas ollmhór bithéagsúlachta a sheachaint, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí na mbeartas reatha de chuid an Aontais maidir le héigeandálaí aeráide agus comhshaoil agus trína áirithiú go mbeidh gach togra reachtach agus buiséadach is ábhartha don todhchaí ailínithe go hiomlán leis an gcuspóir an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C agus nach gcuirfidh siad le cailliúint na bithéagsúlachta.*** |

***([1a]) IO C 232, 16.6.2021, lch. 28.***

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Treisítear an gá le gníomhaíocht phráinneach tríd an méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine na ndálaí adhaimsire mar thoradh díreach ar an athrú aeráide. De réir Oifig na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaistí, go bhfuil beagnach méadú faoi dhó tagtha ar líon na dtubaistí ar fud an domhain a taifeadadh agus ar scála na gcaillteanas eacnamaíoch domhanda le 20 bliain anuas, agus gur tháinig ardú suntasach ar líon na dtubaistí a bhaineann leis an aeráid mar gheall ar an méid sin.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1d) Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar an bpráinn sin trí dhlús a chur lena iarrachtaí agus trí é féin a bhunú mar cheannaire idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, agus prionsabail an chothromais agus freagrachtaí agus inniúlachtaí comhchoiteanna ach difreáilte, mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) de Chomhaontú Pháras, á léiriú ag an am céanna.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an "gComhaontú Glas don Eoraip", arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 [4]. | (2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an "gComhaontú Glas don Eoraip", arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 [4]. |
| [4] COM(2019)0640. | [4] COM(2019)0640. |

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ***Nasctar leis an gComhaontú*** Glas don Eoraip ***sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh*** a ***threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a*** bhaint amach ***san Aontas Eorpach*** faoi 2050, agus leagtar amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm ***leis sochaí*** chothrom rathúil ***a dhéanamh den Aontas Eorpach***, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, ***a bheidh tíosach ar acmhainní,*** agus ***ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní***. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. An ***tráth céanna, déantar*** difear leis an aistriú sin ***do mhná agus*** d'***fhir ar bhealaí difriúla agus tá*** tionchar ar leith aige ar roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas ***agus*** daoine a bhfuil ***cúlra cine mionlaigh nó eitnigh mionlaigh*** acu. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach***, gan duine ar bith a fhágáil ar lár***. | (3) ***Is é an Comhaontú*** Glas don Eoraip ***an túsphointe chun cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide*** a bhaint amach faoi 2050, ***ar a dhéanaí,*** agus ***an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, mar a*** leagtar ***síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** **(**[1a]**)*. Leagtar*** amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm ***di an tAontas a iompú ina shochaí*** chothrom ***agus*** rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha***, éifeachtúil ó thaobh acmhainní agus*** iomaíoch ***de***, agus ***gan aon duine a fhágáil ar lár in aistriú cóir a dhíreoidh ar bhochtaineacht fuinnimh freisin***. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. ***Déanann*** an ***t-aistriú seo*** difear leis an aistriú sin d'***oibrithe ó earnálacha éagsúla agus ó gach inscne ar leith bíonn*** tionchar ar leith aige ar roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste ***agus atá leochaileach***, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine ***arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad agus daoine aonair agus teaghlaigh*** a bhfuil ***ioncam íseal nó ioncam íseal*** acu. ***Ina theannta sin, cuireann sé dúshláin níos mó roimh réigiúin áirithe, go háirithe réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste struchtúrach agus ar réigiúin fhorimeallacha, agus oileáin chomh maith.*** Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach. |

***(***[1a]***) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá riachtanas agus luach ***an Chomhaontaithe*** Ghlais don Eoraip ***méadaithe*** i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte, ar dhálaí maireachtála agus oibre, agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais, a léiríonn gur gá dár sochaí agus dár ngeilleagar bheith níos athléimní in aghaidh suaití seachtracha agus gníomhú go luath chun iad a chosc nó a mhaolú. Leanann saoránaigh na hEorpa de thuairimí láidre a chur in iúl go mbaineann sé sin go háirithe leis an athrú aeráide ([5]). | (4) Tá ***fás tagtha ar*** riachtanas agus ***ar*** luach ***Comhaontaithe*** Ghlais don Eoraip ***atá curtha chun feidhme go maith, ach níor tharla sin ach*** i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte, ar dhálaí maireachtála agus oibre, agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais, a léiríonn gur gá dár sochaí agus dár ngeilleagar bheith níos athléimní in aghaidh suaití seachtracha agus gníomhú go luath chun iad a chosc nó a mhaolú ***ar bhealach atá cóir agus a fhágann nach bhfágfar aon duine ar lár, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh***. Leanann saoránaigh na hEorpa de thuairimí láidre a chur in iúl go mbaineann sé sin go háirithe leis an athrú aeráide ([5]). |
| ([5]) Eorabharaiméadar Speisialta 513 maidir leis an Athrú Aeráide, 2021 (https://ec.europa.eu/clima/citizens/support_en). | ([5]) Eorabharaiméadar Speisialta 513 maidir leis an Athrú Aeráide, 2021 (https://ec.europa.eu/clima/citizens/support_en). |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) I dtuarascáil uaidh an 29 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal "Bithéagsúlacht agus Paindéimí", chuir an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), gurb iad cúiseanna bunúsacha na bpaindéimí ná na hathruithe comhshaoil domhanda céanna is cúis le cailliúint bithéagsúlachta agus athrú aeráide. Ba cheart an t-athrú aeráide a mhaolú, dá bhrí sin, chun sláinte na bithéagsúlachta a chothú agus a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin sláinte an duine a chosaint.*** |

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) I Rialachán (AE) 2021/1119 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** (7) ***cumhdaíonn an tAontas an*** sprioc ***maidir le haeráidneodracht*** ar fud an gheilleagair a bhaint amach ***faoi 2050 sa reachtaíocht***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. | (6) I Rialachán (AE) 2021/1119 ***tá*** sprioc ***neodracht aeráide*** ar fud an gheilleagair ***cumhdaithe sa reachtaíocht ag an Aontas faoi 2050, ar*** a ***dhéanaí, agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a*** bhaint amach ***ina dhiaidh sin***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. ***Ba cheart é sin a dhéanamh mar aistriú nach bhfágfar aon duine ar lár ann.*** |

*(7) **Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is gá do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart uaillmhian Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (***EU ETS***), arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8), a choigeartú chun bheith ar aon dul leis an ngealltanas chun glanlaghdú a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair le haghaidh 2030. | (7) Is gá do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart uaillmhian Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (***CTA AE***), arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8), a choigeartú chun bheith ar aon dul leis an ngealltanas chun glanlaghdú a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair le haghaidh 2030***, le cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide atá le baint amach faoi 2050, ar a dhéanaí, agus leis an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119***. |

(8) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

(8) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime atá ann faoi láthair idir soláthar agus éileamh lamháltas sa mhargadh, bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta margaidh (an ‘cúlchiste) faoi Chinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (9) in 2018 atá i bhfeidhm ó 2019. | (8) Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime atá ann faoi láthair idir soláthar agus éileamh lamháltas sa mhargadh, ***rud a lagaigh CTA AE maidir le Trádáil Astaíochtaí trí phraghsanna carbóin níos ísle, agus ar an gcaoi sin rud cosc á chur ar CTA AE dreasachtaí láidre a sholáthar chun astaíochtaí a laghdú,*** bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta margaidh (an “cúlchiste”) faoi Chinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (9) in 2018 atá i bhfeidhm ó 2019. ***Chuidigh cruthú an chúlchiste leis an mbarrachas lamháltas i gcúrsaíocht a laghdú 29 % in 2019 ón leibhéal taifid a bhí ann in 2013. De réir Thuarascáil 2021 ar Mhargadh Carbóin, áfach, mhéadaigh líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht arís in 2020 go 1 579 billiún lamháltas, i gcomparáid le 1 385 billiún lamháltas in 2019. Bhí an méadú mór sin ar an mbarrachas foriomlán nasctha le héileamh níos ísle de bharr ghéarchéim COVID-19. Measann an Coimisiún go dtógfaidh sé suas le ceithre bliana ar an mbarrachas breise 2020 a ionsú, rud a chuirfidh moill bhreise ar an ngá atá leis an mbarrachas stairiúil a ionsú agus CTA AE a chur in oiriúint dá fheidhm. Dá bhrí sin, agus gan dochar d’athbhreithnithe breise ar an gcúlchiste mar chuid den athbhreithniú ginearálta ar Threoir 2003/87/CE agus ar Chinneadh (AE) 2015/1814 a dhéanfar in 2022, ba cheart don Choimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an chúlchiste agus a áirithiú go gcoimeádfar an cúlchiste oiriúnach don fheidhm i gcás suaitheadh seachtrach nach bhféadfaí a thuar amach anseo.*** |

(9) Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).

(9) Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(8a)* ***Tá cúlchiste stóinsithe réamhbhreathnaitheach ríthábhachtach chun sláine CTA AE a áirithiú agus chun é a stiúradh go héifeachtach chun go rannchuideoidh sé, mar uirlis bheartais, le cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, ar a dhéanaí, agus leis an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119. Ba cheart CTA AE, agus dá bhrí sin, an cúlchiste, a ailíniú freisin leis na hiarrachtaí chun an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus é á aithint go laghdódh sé sin go suntasach na rioscaí agus na tionchair a bhaineann leis an athrú aeráide, agus cothromas agus prionsabal na bhfreagrachtaí agus na n-inniúlachtaí faoi seach atá coiteann ach difreáilte á léiriú ag an am céanna, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla, mar a leagtar síos in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) I gcás ina bhfuil líon na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn na huastairsí bunaithe, déantar méid lamháltas a chomhfhreagraíonn do chéatadán áirithe de na lamháltais sin a asbhaint de mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant agus cuirtear sa chúlchiste é. Idir an dá linn, scaoiltear líon comhfhreagrach lamháltas ón gcúlchiste chuig Ballstáit, agus cuirtear é le líon na lamháltas atá le cur ar ceant, má thiteann líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht faoi bhun na híostairsí bunaithe. | (10) ***Faoi láthair,*** i gcás ina bhfuil líon na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn na huastairsí bunaithe, déantar méid lamháltas a chomhfhreagraíonn do chéatadán áirithe de na lamháltais sin a asbhaint de mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant agus cuirtear sa chúlchiste é. Idir an dá linn, scaoiltear líon comhfhreagrach lamháltas ón gcúlchiste chuig Ballstáit, agus cuirtear é le líon na lamháltas atá le cur ar ceant, má thiteann líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht faoi bhun na híostairsí bunaithe. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1814 tríd an ráta céatadáin atá le húsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le líon na lamháltas atá le cur sa chúlchiste gach bliain a dhúbailt ó 12 % go 24 % go dtí an 31 Nollaig 2023. | (11) Le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1814 tríd an ráta céatadáin atá le húsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le líon na lamháltas atá le cur sa chúlchiste gach bliain a dhúbailt ó 12 % go 24 % go dtí an 31 Nollaig 2023***, mar bhealach chun an barrachas stairiúil a ionsú go mear chun comhartha praghsanna níos láidre a sholáthar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtúil***. ***Rinneadh an cinneadh sin i gcomhthéacs sprioc aeráide an Aontais a bhí ann roimhe seo don bhliain 2030, is é sin astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair a laghdú 40 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990.*** |
| ([10]) Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3). | ([10]) Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3). |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Léiríonn an anailís a rinneadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcúlchiste agus na bhforbairtí ionchasacha atá ábhartha don mhargadh carbóin nach leor ráta 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht le cur sa chúlchiste gach bliain tar éis 2023 chun méadú suntasach ar an mbarrachas lamháltas sa EU ETS a chosc. ***Dá bhrí sin,*** tar éis 2023 ***ba cheart gur 24 % a bheadh san fhigiúr céatadáin fós agus ba cheart líon íosta de 200 milliún lamháltas a chur sa chúlchiste fós***. | (14) Léiríonn an anailís a rinneadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcúlchiste agus na bhforbairtí ionchasacha atá ábhartha don mhargadh carbóin nach leor ráta 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht le cur sa chúlchiste gach bliain tar éis 2023 chun méadú suntasach ar an mbarrachas lamháltas sa EU ETS a chosc. ***Más rud é go bhfillfidh ráta iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht a chuirfear sa chúlchiste gach bliain go 12 %*** tar éis 2023***, d'fhéadfadh barrachas suntasach dochrach lamháltas in CTA AE cur isteach ar chobhsaíocht an mhargaidh agus ar fheidhmiú cuí in CTA AE, agus dá thoradh sin go gcuirfí baint amach na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa is gá chun spriocanna aeráide atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaint amach, dá dtagraítear sa mheasúnú tionchair a rinne an Coimisiún don Chinneadh seo***. |

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ***Má théann*** ráta líon ***iomlán na lamháltas*** atá ***i gcúrsaíocht atá*** le cur sa chúlchiste ***gach bliain ar ais go 12 % tar éis 2023, d'fhéadfadh sé go mbeadh barrachas lamháltas i Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, rud a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus a d'fhéadfadh cur isteach ar chobhsaíocht an mhargaidh***. Ina theannta sin, ba cheart ***an ráta de 24 % tar éis 2023 a bhunú*** ar leithligh ón athbhreithniú ginearálta ar Threoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 chun Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a neartú ar aon dul le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030 chun intuarthacht an mhargaidh a áirithiú. | (15) ***Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú nach bhfillfidh an*** ráta ***faoi bhun 24 % tar éis 2023 agus nach dtiteann an*** líon ***íosta liúntas*** atá le cur sa chúlchiste ***faoi bhun 200 milliún***. Ina theannta sin, ba cheart ***é sin a dhéanamh*** ar leithligh ón athbhreithniú ginearálta ar Threoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 chun Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a neartú ar aon dul le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030 chun ***a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in am trátha agus*** intuarthacht an mhargaidh a áirithiú ***dá réir sin trí dheireadh a chur leis an mbaol go dtitfeadh an ráta faoi bhun 24 % arís***. ***Ba cheart an ráta 24 % sa Chinneadh seo a choinneáil gan dochar d'aon athbhreithniú breise a dhéanfaí ar an gcúlchiste, lena n-áirítear, más iomchuí, ráta na lamháltas atá le cur sa chúlchiste, a dhéanfar mar chuid den athbhreithniú ginearálta ar Threoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 in 2022.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(15a)* ***Ba cheart an ráta de 24 % tar éis 2023 a bhunú ar leithligh ón athbhreithniú ginearálta ar Threoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 chun CTA AE a neartú ar aon dul le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030 chun a áirithiú gurb ann d'intuarthacht an mhargaidh.*** |

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Chinnidh seo, eadhon leanúint de pharaiméadair reatha an chúlchiste cobhsaíochta margaidh arna mbunú de bhun Threoir (AE) 2018/410 a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr a fhairsinge agus a iarmhairtí, gur fearr is féidir é a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.*** |

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0102

# Úsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar (13531/1/2021 – C8-0172/2017 – 2017/0113(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

(2022/C 434/16)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (13531/1/2021 – C8-0172/2017),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 6 Nollaig 2017 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 18 Feabhra 2018 ([2]),

— ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún (COM(2022)0014),

— ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh ([3]) ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0282),

— ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0041/2022),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

([1]) IO C 129, 11.4.2018, lch. 71.
([2]) IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.
([3]) IO C 411, 27.11.2020, lch. 258.

P9_TA(2022)0105

## Bonneagar tras-Eorpach fuinnimh ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (COM(2020)0824 – C9-0417/2020 – 2020/0360(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/17)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0824),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0417/2020),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Márta 2021 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 1 Iúil 2021 ([2]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 22 Nollaig 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus ón gCoiste um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0269/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2020)0360

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/869.)*

---

([1]) IO C 220, 9.6.2021, lch. 51.
([2]) IO C 440, 29.10.2021, lch. 105.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0106

# Treoirlínte do Bhuiséad 2023 – Roinn III

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir le treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2023 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún (2021/2226(BUI))

(2022/C 434/18)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'Airteagal 106(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais [1] ("Rialachán Airgeadais"),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 [2] ("Rialachán CAI"),

— ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cláir shonracha a atreisiú agus bunghníomhartha a oiriúnú [3],

— ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le húsáid athshreabha ó Shaoráid Infheistíochta ACC chun tairbhe na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta [4],

— ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cistí saortha a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde [5],

— ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an gcaoi a gcaitear le costais úis agus aisíocaíochtaí NGEU in CAI 2021-2027 [6],

— ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le grinnscrúdú buiséadach ar thograí nua bunaithe ar Airteagal 122 CFAE a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu do bhuiséad an Aontais [7],

— ag féachaint don dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathmheasúnú a dhéanamh ar an ioncam sannta seachtrach agus ar na forálacha maidir le hiasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt atá sa Rialachán Airgeadais [8],

— ag féachaint dá seasamh an 16 Nollaig 2020 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 [9],

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (COM(2021)0569),

---

(1) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
(2) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
(3) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 1.
(4) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 2.
(5) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 3.
(6) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 4.
(7) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 5.
(8) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 6.
(9) IO C 445, 29.10.2021, lch. 240.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([10]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh ([11]),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 chun an Cinneadh sin a leasú, (COM(2021)0570),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 ([12]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ([13]),

— ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR), a d'fhógair an Chomhairle Eorpach, an Pharlaimint agus an Coimisiún i mí na Samhna 2017, do phlean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an 4 Márta 2021 agus do Dhearbhú Porto maidir le gnóthaí sóisialta a ghlac comhaltaí na Comhairle Eorpaí i mí na Bealtaine 2021,

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe atá ann,

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir le beartas oideachais dhigitigh a mhúnlú ([14]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 dar teideal *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach] (COM(2021)0118),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

— ag féachaint do rún an 15 Eanáir 2020 uaithi maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([15]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach ([16]) (An Dlí Aeráide Eorpach),

— ag féachaint do thuarascálacha speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le téamh domhanda 1,5 °C, ar an athrú aeráide agus ar thalamh, agus ar an aigéan agus an criosfèar in aeráid atá ag athrú,

— ag féachaint don chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP21) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i bPáras an 12 Nollaig 2015 ("Comhaontú Pháras"),

— ag féachaint do rún uaithi an 1 Márta 2022 maidir le fogha na Rúise faoin Úcráin ([17]),

— ag féachaint don tuarascáil measúnachta domhanda ar an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES);

— ag féachaint do straitéis AE maidir le comhionannas inscne, 2020-2025,

---

([10]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([11]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
([12]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23.
([13]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.
([14]) IO C 494, 8.12.2021, lch. 2.
([15]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
([16]) IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.
([17]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0052.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 10/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an 26 Bealtaine 2021 dar teideal *Gender main streaming in the EU budget: time to turn words into action* [Príomhshruthú inscne i mbuiséad AE: ní mór dúinn anois beart a dhéanamh],

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 ([18]) agus do na ráitis chomhpháirteacha a comhaontaíodh idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún atá i gceangal leis seo,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 15 Márta 2022 maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023 (07218/2022),

— ag féachaint do Riail 93 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don seasamh i bhfoirm leasuithe ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Rialú Buiséadach, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Iascach agus ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0062/2022),

A. de bhrí, i sraith rún, gur mhol an Pharlaimint do na Ballstáit uile 2 % ar a laghad dá gcistiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a leithdháileadh ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus 10 % ar a laghad ar an oideachas, agus go leithdháilfidís 5 % ar a laghad dá n-acmhainní Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) atá faoi bhainistíocht chomhroinnte chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí;

***Buiséad 2023: an téarnamh a choinneáil ar an mbóthar ceart do chách***

1. ag tabhairt dá haire, cé gurb ann d'ábhar dóchais, rud is cúis le hionchais go mbeadh tuilleadh fáis ann in 2022, go bhfuil neamhchinnteacht fós ann maidir leis an ionchas eacnamaíoch, i bhfianaise tosca amhail suaitheadh sa slabhra soláthair, praghsanna arda fuinnimh, ardú boilscithe agus paindéim COVID-19 a leanann, agus i bhfianaise na n-iarmhairtí a bhaineann leis an ionradh ar an Úcráin. á mheabhrú, dá bhrí sin, go mbeidh ról tábhachtach ag buiséad 2023 an Aontais maidir le geilleagar agus iomaíochas an Aontais a neartú, agus maidir le teacht aniar comhchoiteann a chothú, cur le cur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus aistriú cóir, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár, agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothú mar cheann de bhunchlocha an téarnaimh, agus freagairt do dhúshláin gheopholaitiúla;

2. ag gealladh, dá bhrí sin, obair a dhéanamh chun buiséad atá dírithe ar an todhchaí a ghlacadh a bheidh ag teacht le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais lena n-áirithítear go mbeidh Aontas Sláinte níos láidre ann, rath ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach agus go mbeidh téarnamh cothrom, cuimsitheach, inbhuanaithe agus athléimneach á chothú, lena n-áirítear tacaíocht mhéadaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena gcuirfear chun cinn an smacht reachta, luachanna an Aontais, agus cearta bunúsacha agus a gcur i bhfeidhm, lena gcuirfear deiseanna níos fearr ar fáil do chách, agus go háirithe do dhaoine óga ar fud an Aontais, agus lena n-áiritheofar Aontas níos láidre dá mhuintir agus sa domhan;

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag beartas comhtháthaithe AE mar bheartas riachtanach infheistíochta de chuid an Aontais agus gur ceann de chlocha coirnéil téarnaimh inbhuanaithe agus chuimsithigh é, agus ag tarraingt aird ar a bhreisluach Eorpach uathúil agus ar a mhéid a rannchuidíonn sé le forbairt chomhchuí fhoriomlán AE agus a Bhallstát agus a réigiún; ag tabhairt le fios gurb í 2023 an bhliain deiridh de chur chun feidhme chláir AE ó chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 (CAI), go háirithe iad siúd atá faoi bhainistíocht chomhroinnte i réimse an chomhtháthaithe, agus gurb í an bhliain ina mbeidh cur chun feidhme na gclár nua ag treabhadh chun cinn; á mheas, dá bhrí sin, go léireofar é sin le méadú suntasach ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i mbuiséad 2023;

4. á thabhairt chun suntais go dtiocfaidh an comhbheartas talmhaíochta (CBT) nua i bhfeidhm ó 2023; á mheabhrú an tábhacht lárnach a bhaineann le CBT agus leis an gcomhbheartas iascaigh do chóras bia na hEorpa, lena gcuirfear slándáil bia agus cothaithe inacmhainne ar ardchaighdeán ar fáil do mhuintir uile na hEorpa; ag leagan béim freisin ar a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú na margaí talmhaíochta, forbairt inbhuanaithe na réigiún tuaithe, tuilleamh cobhsaí inghlactha d'fheirmeoirí agus d'iascairí, bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha agus caomhnú na bithéagsúlachta mar aon le

([18]) IO L 45, 24.02.2022, lch. 1.

hathnuachan ó ghlúin go glúin i gcás feirmeoirí; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar thalmhaíocht ar mhionscála, ar fheirmeoirí óga agus ar ghnólachtaí beaga iascaireachta tríd an úsáid is fearr a bhaint as cláir ábhartha uile an Aontais; á chur i bhfios go bhfuil roinnt earnálacha talmhaíochta buailte go dona ag ráig COVID-19, ag ardú ar phraghsanna fuinnimh agus ag géarchéimeanna eile;

5. á chur i bhfios gur gá do na Ballstáit conradh a dhéanamh do na hacmhainní uile atá ar fáil in RRF faoi dheireadh 2023 agus á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus leis na tairbhithe i ndáil leis an méid sin agus, san am céanna, an Pharlaimint a bheith rannpháirteach i maoirseacht agus measúnú trédhearcach a dhéanamh ar an bpróiseas; á mheabhrú, ina theannta sin, a thábhachtaí atá sé go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach i gcur chun feidhme na gclár ábhartha de chuid an Aontais agus san fhaireachán a dhéantar orthu;

*Aontas Sláinte níos láidre*

6. á mheabhrú go bhfuil na córais sláinte poiblí faoi bhrú nach bhfacthas riamh roimhe de dheasca ghéarchéim COVID-19 agus go bhfuil na dúshláin atá ann cheana tar éis dul in olcas i ngeall uirthi; á chur in iúl gur díol sásaimh di an tosaíocht a thugtar do bheartas sláinte an Aontais agus béim á leagan ar an gClár EU4Health agus ar an mbraisle sláinte sa chlár Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire gur as na cláir sin agus as an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a thagann an buiséad le haghaidh ghníomhaíochtaí ullmhachta an Údaráis Eorpaigh um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), agus ag cur in iúl gur cúis mhór imní di go bhféadfadh sé sin gnóthú cuspóirí tábhachtacha eile sláinte a chur i mbaol; á mheabhrú, dá bhrí sin, gur gá acmhainní úra a chur ar fáil do HERA; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, gur cheart béim ar leith a chur ar ghrinnscrúdú na Parlaiminte ar HERA; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé an Cór Liachta Eorpach a fhorbairt faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus á iarraidh ar na Ballstáit uile rannchuidiú leis le hacmhainní breise; á chur i bhfáth an gá atá le cistiú leormhaith a áirithiú do Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa le fócas láidir ar ghníomhaíochtaí lena mbaintear amach torthaí nithiúla do shaoránaigh, mar shampla an Tionscnamh Eorpach um Íomháú Ailse nó na cláir um vacsaíniú HPV;

7. ag aithint a thábhachtaí atá cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear RRF, i dtaobh infheistíocht agus tacaíocht a chur ar fáil chun géarchéimeanna sláinte a chosc agus athléimneacht córas agus bonneagair cúraim sláinte a neartú; ag cur béim ar an ngá atá le hailíniú idir na gníomhaíochtaí sin agus cláir eile atá cistithe ag an Aontas, lena n-áirítear EU4 Health, agus éagothromaíochtaí maidir le rochtain ar chúram sláinte a laghdú ag an am céanna; ag leagan béim ar an ngá atá le feachtais faisnéise maidir le vacsaíniú i ngach Ballstát agus níos faide i gcéin a threisiú; á mheabhrú, ina theannta sin, an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme seasta agus rochtain ar chúnamh teicniúil do na Ballstáit sin a bhfuil cumas íseal riaracháin acu; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart gníomhaireachtaí agus comhlachtaí díláraithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht a chistiú go leormhaith agus a dóthain foirne a bheith acu agus go ndéanfar treisiú orthu, i gcás inar gá;

*Rath a bheith ar aistriú glas agus an aistriú digiteach*

8. ag aithint go mbeidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha poiblí agus príobháideacha chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme agus chun sprioc aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach faoi 2050 agus chun an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach ionas gur féidir an bhearna infheistíochta san aistriú glas arna sainaithint ag an gCoimisiún a dhúnadh agus cuspóirí ceangailteacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach; á chur i bhfáth, mar sin féin, go mbeadh an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht i bhfad níos airde; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil buiséad an Aontais i gcroílár na n-iarrachtaí chun aistriú cothrom a dhéanamh chuig Aontas a bheidh níos glaise, níos inbhuanaithe, níos cuimsithí go sóisialta, níos athléimní agus níos iomaíche agus go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí airgeadais; á chur i bhfáth go háirithe an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais a chur ar fáil chun cur ar chumas an Aontais a chuid gealltanas a chomhlíonadh agus a áirithiú ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ar lár; á áitiú go mbeidh rath an Chomhaontaithe Ghais don Eoraip ag brath freisin ar an maoiniú a thugtar ina leith agus á iarraidh go n-úsáidfí ionstraimí cistiúcháin an Aontais ar bhonn tosaíochta sna réigiúin, sna hearnálacha agus sna limistéir is mó a ndéanfaidh an t-aistriú glas difear dóibh, agus riachtanais na mBallstát á gcur san áireamh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le FBManna a chumasú chun lántairbhe a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an gComhaontú Glas don Eoraip agus as aistriú a ngnó féin i dtreo inbhuanaitheacht comhshaoil agus digitiú;

9. á mheabhrú an gá atá le hacmhainní uaillmhianacha a chur ar fáil do chláir lena dtacaítear le gníomhaíocht ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta agus le cosaint an chomhshaoil, amhail LIFE, agus an gá atá le Sásra um Aistriú Cóir a luathú agus a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil breise a chur ar fáil chun tacú leis na Ballstáit sa chúram sin; á mheabhrú freisin gur gá a áirithiú go gcabhraíonn caiteachas an Aontais leis an maolú ar an athrú

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear tríd an ullmhacht do thubaistí nádúrtha a neartú, go háirithe tríd an Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta, chomh maith le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta; á mheas go ndéanfaidh an Coimisiún a ghealltanas a urramú, a rinneadh le linn idir-réitigh do bhuiséad 2022, chun an ghníomhaireacht a neartú sa réimse sin, go háirithe i bhfianaise an róil lárnaigh atá aige i gcur chun feidhme an phacáiste "Oiriúnacht do 55" agus na dtuarascálacha gaolmhara; á chur in iúl gur cúis mhór imní di, ina theannta sin, an ganntanas fadtéarmach acmhainní daonna i seirbhísí áirithe de chuid an Choimisiúin agus dá bhrí sin, á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún leibhéil leordhóthanacha acmhainní agus foirne a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ina theannta sin, urraim a thabhairt do phrionsabal "na neamhdhíobhála" chun gur féidir an comhleanúnachas is gá idir cuspóirí beartais agus an t-uasmhéid éifeachtúlachta caiteachais a áirithiú le linn an aistrithe agus níos faide anonn;

10. á chur i bhfáth gur gá infheistíocht a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht i dteicneolaíochtaí, próisis, agus scileanna glasa, lena n-áirítear d'fhonn buntáiste iomaíoch a thabhairt don Aontas sa gheilleagar glan-nialasach a bheidh ann amach anseo, agus ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé acmhainní leordhóthanacha a áirithiú do Fís Eorpach sa chomhthéacs sin; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do FBManna chun an ról atá acu sa taighde agus sa nuálaíocht a uasghrádú; á mheas nach mór don Aontas leas iomlán a bhaint as an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) chun a bhonneagar iompair agus fuinnimh a nuachóiriú agus a nascadh agus chun inbhuanaitheacht an bhonneagair sin a mhéadú, slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a neartú agus an tAontas Fuinnimh a fhorbairt tuilleadh trí idirnascacht idir na Ballstáit; á mheas, dá bhrí sin, gur gá acmhainní leordhóthanacha a áirithiú don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa; in athuair, ag leagan béim ar a thábhachtaí atá clár spáis an Aontais;

11. ag tabhairt dá haire na tograí reachtacha a thíolaic an Coimisiún chun críche Ionstraim Eorpach um Shliseanna agus clár slán nascachta; á mheabhrú an prionsabal nár cheart cláir nua a chruthú ar chostas na gclár atá ann cheana agus á chur in iúl an athuair an seasamh seanbhunaithe atá aici gur cheart tionscnaimh nua a chistiú trí acmhainní úra a úsáid; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici impleachtaí buiséadacha na dtograí agus a dtionchar ar nós imeachta buiséadach 2023 a scrúdú go grinn;

12. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais digitiú breise a dhéanamh ar an ngeilleagar agus ar an earnáil phoiblí; á chreidiúint ionas go mbeidh aistriú digiteach rathúil ann go bhfuil gá le hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta cuimsitheacha faoin gclár Fís Eorpach, infheistíocht shuntasach sa bhonneagar digiteach trí SCE Digiteach, agus tacaíocht i réimsí amhail an intleacht shaorga, an chibearshlándáil, ríomhaireacht ardfheidhmíochta AE tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach; á chur i bhfios go gcaithfear dul i ngleic leis an mbearna scileanna digiteacha trí ardscileanna digiteacha a chur chun cinn agus trí fhoghlaim chuimsitheach; ag leagan béim ar an ngá atá le huirlisí gairmiúla um ath-thiontú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh cistiú agus ailíniú leordhóthanach ann idir cláir de chuid an Aontais chun dálaí a chruthú do ghlacadh na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha agus na nuálaíochtaí ceannródaíocha sa mhargadh agus chun a chur ar chumas gheilleagar agus earnáil phoiblí na hEorpa a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú digiteach agus san iomaíochas;

13. ag aithint go gcuireann cláir chistiúcháin an Aontais go mór leis an téarnamh eacnamaíoch, ag dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus borradh a chur faoin infheistíocht, agus go háirithe i dtaobh tacaíocht a thabhairt do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta; á mheabhrú gurb iad FBManna cnámh droma gheilleagar na hEorpa agus go bhfuil ról ríthábhachtach acu i gcónaí i gcruthú post agus fáis; ag leagan béim ar InvestEU, ar an tairseach FBM a ghabhann leis agus ar an bhféidearthacht go bhféadfaidh FBManna a bhfuil drochthionchar ag an bpaindéim orthu tacaíocht chaipitil a fháil faoin gclár; ag leagan béim ar an ngá atá le margadh aonair dea-fheidhmiúil a chur chun cinn trí chistiú leordhóthanach chun cosaint tomhaltóirí a ráthú, borradh a chur faoi iomaíochas na ngnólachtaí beaga trí scileanna digiteacha agus fiontraíochta a fhorbairt, rochtain ar mhargaí a fheabhsú, cur le Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga, agus na deiseanna a leathnú tuilleadh chun gnólachtaí nuathionscanta a chruthú agus a mhéadú;

14. ag cur in iúl dlúthpháirtíocht leo siúd atá ag obair in earnálacha atá buailte go mór ag an bpaindéim, go háirithe i réimse na turasóireachta, an fháilteachais, agus in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheachta; á thabhairt chun suntais gur colún tábhachtach de gheilleagar an Aontais iad na hearnálacha sin agus go bhfostaíonn siad sciar suntasach dá lucht saothair, go háirithe in FBManna; á mheas gur cheart go mbainfeadh na hearnálacha sin tairbhe as tacaíocht níos mó ó na Ballstáit agus ón Aontas, lena n-áirítear trí RRF, agus á iarraidh bearta breise do na hearnálacha sin agus cistiú leormhaith do chláir ghaolmhara AE; á áitiú, dá ndéanfaí tionscnamh nó clár fadtéarmach de Bauhaus Eorpach Nua, go mbeadh acmhainní úra ag teastáil chuige sin; á chur in iúl an athuair gur údar díomá di nár comhlíonadh an iarraidh sheanbhunaithe ón bParlaimint go mbeadh clár tiomnaithe AE maidir leis an turasóireacht ann;

***An smacht reachta, luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais agus a gcur i bhfeidhm a chur chun cinn***

15. á mheas go bhfuil sé riachtanach d'inchreidteacht an Aontais go ndéanfar úsáid chuí chistí an Aontais a áirithiú agus gach céim a thabhairt chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; ag cur béim ar an nasc soiléir idir an urraim don smacht reachta agus cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais; á mheas gur cheart, i dtaca le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, go ndéanfaí é a chur i bhfeidhm láithreach agus ina iomláine, mar atá iarrtha ag an bParlaimint agus ag an gComhairle arís is arís eile; á cur in iúl gur oth léi nár chuir an Coimisiún an Rialachán chun feidhme go fóill, in ainneoin gur tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil Conarthaí AE á gcomhlíonadh go hiomlán ag an Rialachán mar a deimhníodh le breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Feabhra 2022 ([19]); ag dréim go ngníomhachtódh an Coimisiún Airteagal 6(1) den Rialachán gan mhoill i gcás Ballstáit ar seoladh litreacha faisnéise chucu cheana féin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) den Rialachán; á chreidiúint gur cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí sa réimse sin agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), go háirithe i bhfianaise ualach oibre orthu atá ag dul i méid, lena n-áirítear maidir le faireachán agus rialú a dhéanamh ar chaiteachas RRF;

16. ag cur béim ar an bhfíoras go gcosnaíonn an smacht reachta na bunluachanna eile ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus go bhfuil dlúthbhaint aige leis an urraim don daonlathas agus do chearta bunúsacha; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an meathlúchán mór ar an smacht reachta, an daonlathas agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear neamhspleáchas na mbreithiúna, scaradh cumhachtaí, an comhrac i gcoinne an éillithe agus neamhspleáchas na meán agus saoirse i roinnt Ballstát; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, go háirithe maidir le cearta agus luachanna a chosaint mar a chumhdaítear i gConarthaí AE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus maidir le rannpháirtíocht agus oideachas na saoránach a chothú agus a fhorbairt tuilleadh, agus sochaithe oscailte, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha a chothú agus a fhorbairt tuilleadh; á iarraidh, dá bhrí sin, go leithdháilfí leibhéal uaillmhianach acmhainní ar an gclár seo; á mheabhrú go bhfuil comhar breithiúnach idir na húdaráis náisiúnta ríthábhachtach chun an smacht reachta a neartú san Aontas; á iarraidh go gcuirfí cistiú leordhóthanach ar fáil don chlár um cheartas;

***Deiseanna níos fearr do chách agus go háirithe do dhaoine óga ar fud an Aontais***

17. ag aithint go raibh tionchar diúltach tromchúiseach ag géarchéim COVID-19 ar dhaoine óga, ar a n-ionchais fostaíochta, ar a ndálaí oibre agus ar an meabhairshláinte, agus gurb é a lean as cailleadh deiseanna agus laghdú ar ionchais agus méadú ar an mbearna oideachais; á chur i bhfios a thábhachtaí atá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint sa chomhthéacs sin; ag creidiúint go láidir gur cheart béim a bheith ar dhaoine óga i mbuiséad 2023, ag cur leis an bhfuinneamh a gríosaíodh de bharr Bhliain Eorpach na hÓige 2022 le gníomhaíochtaí agus beartais nithiúla a leanfar leo in 2023; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá Erasmus+ agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé acmhainní airgeadais leordhóthanacha a áirithiú don chlár sin, ós rud é nach bhfuil aon amhras ann faoin rath atá air ó thaobh deiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta a leathnú ar fud an Aontais, agus gur clár é a d'éirigh leis torthaí nithiúla a bhaint amach; á mheas gur cheart go mbeadh sé níos cuimsithí agus go dtairgfí léi deiseanna níos fearr agus rochtain chomhionann ag gach duine, go háirithe daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair thuaithe agus iargúlta;

18. á chur i bhfios go láidir nach mór teacht ar réitigh inbhuanaithe agus fhadtéarmacha chun dúshláin dhéimeagrafacha struchtúracha a chomhrac go rathúil agus chun imirce daoine oilte i gceantair thuaithe, iargúlta agus lagfhorbartha de chuid an Aontais a mhaolú; ag leagan béim ar an ngá atá le hacmhainní airgeadais chun deiseanna fostaíochta áitiúla ar ardchaighdeán a athbheochan agus a chruthú i limistéir ina bhfuil an daonra ag titim; á thabhairt chun suntais an ról ríthábhachtach atá ag buiséad an Aontais chun rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus chun gníomhaíochtaí sóisialta áitiúla agus réigiúnacha a neartú, chun an t-idirphlé sóisialta a threisiú agus chun rochtain a thabhairt do chách ar phríomhsheirbhísí ríthábhachtacha amhail cúram sláinte, soghluaisteacht, cothú leordhóthanach agus tithíocht chuibhiúil;

19. á chur i bhfios gur gá an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a neartú, rud a chabhraíonn le daoine óga taithí phraiticiúil a fháil i mBallstát eile, a chuireann lena n-infhostaitheacht agus lena ndeiseanna saoil; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí AE agus gníomhaíochtaí do dhaoine óga agus do leanaí a mhaoiniú go leordhóthanach, go háirithe faoi CSE+, faoi ReactEU agus faoi RRF; á mheabhrú gur cheart don Choimisiún tuairisciú ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme an mholta go mbunófaí Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus Ráthaíocht don Aos Óg neartaithe;

([19]) Breithiúnais an 16 Feabhra 2022 i gCásanna C-156/21, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, ECLI:AE:C:2022:97, agus C-157/21 *an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, ECLI:AE:C:2022:98.

20. á mheabhrú gur chuir an paindéim isteach go mór ar dhaoine scothaosta freisin; ag áitiú gur cheart do bhuiséad 2023 tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do na daoine is leochailí ina measc agus dea-bhail, dínit agus cearta bunúsacha na ndaoine sin a chosaint; ag tabhairt dá haire go gcuireann Erasmus+ deiseanna ar fáil do dhaoine fásta agus do sheanóirí agus ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfidh siad níos mó tairbhe as go forleathan; á chur i bhfios ról bhuiséad AE maidir le rannchuidiú le rochtain a áirithiú do sheanóirí ar sheirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte, soghluaisteacht agus deiseanna chun dul i mbun obair dheonach a áirithiú; á iarraidh ar AE a chuid gníomhaíochtaí a chuíchóiriú agus dlús a chur leo, ar gníomhaíochtaí iad atá dírithe ar dhaoine scothaosta laistigh de chreat comhleanúnach a bhaineann le cistiú ó chláir AE;

***Aontas níos láidre dá phobal agus don domhan***

21. ag cáineadh go géar ionradh neamhdhleathach gan chúis gan údar Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin agus na n-iarrachtaí go léir chun comhpháirtithe AE i gComharsanacht an Oirthir a dhíchobhsú, agus rannpháirtíocht na Bealarúise san ionsaí sin; á chur i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go leanfadh an tAontas de bheith aontaithe agus á iarradh go gcuirfí feabhas ar chomhar agus ar dhlúthpháirtíocht i measc na mBallstát sa chomhthéacs deacair sin; ag tathant ar an Aontas cistiú suntasach a ráthú chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí geopholaitiúla na géarchéime atá ann faoi láthair, lena n-áirítear tacaíocht chun bearta daonnúla agus ullmhachta a imscaradh chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe sna Ballstáit agus i gComharsanacht an Oirthir; á mheabhrú go bhfuil cobhsaíocht an Aontais ag brath freisin ar chobhsaíocht a chomharsanachta;

22. ag meabhrú an rúin uaithi maidir le fogha á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na hacmhainní airgeadais uile atá ar fáil a shlógadh chun tacú leis an Úcráin; á chur in iúl an athuair go dtacaíonn sí, sa chomhthéacs sin, le slógadh na Saoráide Eorpaí Síochána; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ar na Ballstáit tuarascálacha luatha agus trédhearcacha agus faisnéis ina leith sin a chur ar fáil don Pharlaimint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cabhair dhaonnúil éigeandála bhreise a sholáthar don Úcráin i gcomhar le gníomhaireachtaí daonnúla na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta eile; á chur i bhfáth gur gá béim ar leith a leagan ar ghrúpaí leochaileacha, ar mhionlaigh agus ar mhná agus ar leanaí, ós rud é go bhfuil siad thíos go háirithe le cásanna coinbhleachta agus go bhfuil cosaint agus tacaíocht speisialta ag teastáil uathu; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar na modhanna uile atá ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil faoi chláir ábhartha an Aontais, go háirithe maidir le seirbhísí sóisialta agus leighis agus maidir le hoideachas;

23. á chur in iúl athuair a tacaíocht bhuanseasmhach do cheannasacht agus d'iomláine chríochach thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leo, go háirithe Poblacht na Moldóive, chun dídean shealadach a chur ar fáil do dhídeanaithe ón Úcráin; á athdhearbhú an gá atá le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit maidir leis na dídeanaithe ón Úcráin atá tar éis teacht chun na Polainne, na hUngáire, na Rómáine agus na Slóvaice a athlonnú chuig Ballstáit eile;

24. ag aithint a thábhachtaí atá smachtbhannaí agus aontacht an Aontais chun iad a fhorchur agus á iarraidh ar an gCoimisiún bealaí agus slite a shainaithint agus a éascú chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh acu ar an Aontas Eorpach;

25. á chur i bhfios an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an mbeartas um méadú i dtíortha na mBalcán Thiar agus á chur i bhfáth gur gá cistiú leordhóthanach a chur ar fáil do thíortha na mBalcán Thiar agus do thíortha Chomharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt, go háirithe na tíortha sin lena gcuirtear Comhaontuithe Comhlachais leis an Aontas chun feidhme, chun tacú le hathchóirithe cuimsitheacha polaitiúla agus socheacnamaíocha agus chun an tsochaí shibhialta agus an smacht reachta a neartú, chomh maith le cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 agus óna iarmhairtí fadtéarmacha eacnamaíocha; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht airgeadais leordhóthanach a thabhairt don chúnamh teicniúil chun feabhas a chur ar ionsú chistí an Aontais sna réigiúin sin;

26. á mheas go leanfaidh an tearmann agus an imirce de bheith go mór chun tosaigh ar chlár oibre an Aontais ní hamháin i gcomhthéacs na géarchéime atá ann faoi láthair; ag leagan béim ar an ngá atá le tacaíocht airgeadais leanúnach chun iarrthóirí tearmainn a ghlacadh, a chlárú, a scrúdú agus a lánpháirtiú, agus chun cistiú leordhóthanach a áirithiú do chuspóirí sonracha an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, d'fhonn cur chun feidhme cuí an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a áirithiú; á chur i bhfáth nach mór an córas sin a bheith bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus ar fhreagracht chomhroinnte, i.e. gan ualach díréireach a chur ar roinnt Ballstát, urraim do chearta an duine, cur chun cinn an lánpháirtithe, bunú creata don imirce dhleathach, mar atá iarrtha ag an bParlaimint, an comhrac i gcoinne gáinneáil ar dhaoine agus feabhas a chur ar na córais chun daoine a fhilleadh go héifeachtach, go sábháilte agus go díniteach agus filleadh deonach, i gcomhréir le luachanna agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais; á iarraidh, ina theannta sin, go dtabharfaí cistiú leordhóthanach don Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí chun córais bainistithe teorainneacha a neartú;

27. á thabhairt chun suntais gur gá a áirithiú nach bhfuil aon tairbhithe chistí AE (lena n-áirítear conraitheoirí nó fochonraitheoirí, rannpháirtithe i gceardlanna nó i seisiúin oiliúna, nó tríú páirtithe) ar liosta na ndaoine nó na n-eintiteas atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais;

28. á chur i bhfáth go bhfuil acmhainní leordhóthanacha de dhíth ar an Aontas chun freagairt do ghéarchéimeanna móra agus do na dúshláin fhadtéarmacha ina chomharsanacht agus ar fud an domhain, agus á mheabhrú go bhfuil athbhreithniú ar uasteorainn Cheannteideal 6 CAI ró-íseal cheana féin agus go bhfuil athbhreithniú ar an CAI reatha fíor-riachtanach; á iarraidh cistiú leordhóthanach don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais chun go mbeidh siad in ann a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh maidir le forbairt inbhuanaithe agus dhaonlathach agus athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha a chur chun cinn, maidir leis an smacht reachta agus cearta an duine a chosaint, tacú le próisis toghcháin agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta agus aeráide agus ar bhunchúiseanna na himirce; á chur i bhfios go gcaithfear leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do dhídeanaithe, go háirithe sa Tuirc agus sa réigiún i gcoitinne, agus freagairt do na forbairtí san Afganastáin, agus á athdhearbhú, ag an am céanna, nár cheart go mbeadh buiséad an Aontais an t-aon fhoinse chistiúcháin chuige sin; á iarraidh go bhfaigheadh Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) leibhéal uaillmhianach cistiúcháin ó bhuiséad an Aontais in 2023 chun go mbeidh sí in ann tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil don chobhsaíocht réigiúnach agus athléimneacht na ndídeanaithe Palaistíneacha a neartú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an clár um chabhair dhaonnúil agus á thabhairt dá haire nach bhfuil na hacmhainní ag teacht leis na riachtanais ba mhó a bhí riamh ann; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí níos mó cistiúcháin a leithdháileadh air agus ar na Ballstáit chun an chabhair dhaonnúil a mhéadú;

29. ag athdhearbhú a tuairime gur cheart go mbeadh a ndóthain acmhainní ag an Aontas chun freagairt d'fhorbairtí gan choinne laistigh den Aontas agus lasmuigh de; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, anailís dhomhain a dhéanamh ar impleachtaí éagsúla na ndúshlán reatha atá ann faoi láthair agus ar a dtionchar ar nós imeachta bhuiséid 2023 agus ar CAI 2021-2027 ina iomláine, agus measúnú a dhéanamh an mbeadh athbhreithniú CAI iomchuí;

30. á mheas gur léiriú breise é an méadú is déanaí atá tagtha ar ionfhabhtuithe COVID-19 gur cheart níos mó a dhéanamh chun an domhan ar fad a vacsaíniú; ag meabhrú an chomhaontaithe idir na trí institiúid mar chuid de bhuiséad 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt na freagartha paindéime faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022, go háirithe, maidir le vacsaíniú idirnáisiúnta, agus aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh gan a thuilleadh moille;

31. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá, anois níos mó ná riamh le tacaíocht leordhóthanach airgeadais do shlándáil agus cosaint an Aontais, lena n-áirítear tríd an gCiste Eorpach Cosanta, lena dtacaítear le taighde agus forbairt in earnáil na cosanta; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí breise chun feabhas a chur ar an in-imscarthacht agus ar an éifeachtacht oibríochtúil agus feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata, d'fhonn cobhsaíocht a neartú i gcomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin, agus chun dul i ngleic le cibearbhagairtí hibrideacha agus le cibearbhagairtí; á mheas go gcuirfeadh na hiarrachtaí sin le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus go neartófaí iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa dá bharr; á iarraidh thairis sin go gcuirfí cistiú leordhóthanach ar fáil don Chiste Slándála Inmheánaí;

32. á chur in iúl go bhfuil sí ag tacú go láidir le hiarrachtaí an Aontais dul i ngleic leis na bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn amhail leathadh na bréagaisnéise, lena n-áirítear bréagaisnéis ar líne, feachtais bhréagnuachta i gcoinne an Aontais, an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach laistigh den Aontas agus dá thíortha comharsanachta; á mheas gur cheart go léireofaí leis na leithdháiltí chistiúcháin cineál athraitheach na mbagairtí agus an gá atá le dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá leo agus comhordú níos fearr ar iarrachtaí an Aontais sa réimse sin a áirithiú;

33. á iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit cur lena n-iarrachtaí chun na Ballstáit uile a lánpháirtiú in Schengen, go háirithe an Rómáin, an Bhulgáir agus an Chróit, a chomhlíonann na riachtanais theicniúla uile; á mheas go bhfuil an fás eacnamaíoch agus an rathúnas, an tslándáil inmheánach, cosaint theorainneacha seachtracha an Aontais, cearta bunúsacha, feidhmiú cuí limistéar Schengen agus an tsaoirse gluaiseachta laistigh den Aontas nasctha go dlúth agus go dtéann siad chun tairbhe don dá thaobh; á mheas gur gá cistiú, soláthar foirne agus oiliúint leormhaith ar fhoireann a áirithiú do na gníomhaireachtaí uile a fheidhmíonn i réimsí na gceart bunúsach, an tearmainn, na slándála, an cheartais agus an bhainistithe comhtháite teorainneacha; á mheabhrú go bhfuil tairbhí suntasacha eacnamaíocha ag baint le limistéar Schengen do na stáit rannpháirteacha;

### *Saincheisteanna trasearnálacha*

34. á mheabhrú go mbeidh ar bhuiséad an Aontais costais mhaoiniúcháin Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) a sheasamh, agus fáltais leordhóthanacha ó acmhainní dílse nua a chur san áireamh, agus lenar cheart leithreasuithe riachtanacha agus tráthúla a bheith mar bhonn taca; á chur i bhfáth nár cheart imchlúdaigh airgeadais na gclár caiteachais a úsáid chun neamh-intuarthacht chostais mhaoiniúcháin EURI a bhainistiú; á mheas go bhfuil lánchumhacht ag an údarás buiséadach chun cinneadh a dhéanamh aon chlár AE a threisiú, lena n-áirítear i gcás inar lú na costais mhaoiniúcháin EURI

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

ná mar a rabhthas ag dréim leo; á mheabhrú go bhfuil feidhm ag an ráiteas comhpháirteach ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an gcostas airgeadais EURI in 2022, a comhaontaíodh an 15 Samhain 2021 le linn na tréimhse idir-réitigh, maidir le nós imeachta buiséadach 2022 agus nach gcruthaítear fasach leis; á mheabhrú nach bhféadfar na cinntí uile a dhéanfar amach anseo a dhéanamh ach amháin le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil;

35. á mheabhrú gur chomhaontaigh institiúidí an Aontais sa Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) maidir le treochlár atá ceangailteach ó thaobh dlí bascaed d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach chun a áirithiú go n-aisíocfar go hiomlán príomhshuim phlean téarnaimh an Aontais agus ús gaolmhar, gan caiteachas an chláir ná ionstraimí infheistíochta faoi CAI a laghdú, agus prionsabal na huilíochta á urramú ag an am céanna; á chur in iúl gur díol sásaimh di an pacáiste airgeadais a mhol an Coimisiún an 22 Nollaig 2021, ina bhfuil nuashonrú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse ([20]), lena ngabhann trí acmhainn dhílis nua: sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha; trádáil astaíochtaí; agus sciar de bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí; á mheas go bhfuil sé fíorthábhachtach bogadh ar aghaidh leis an bpacáiste airgeadais seo; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gComhairle cloí leis an amlíne a comhaontaíodh agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcéad bhascaed d'acmhainní dílse sula dtabharfar nós imeachta buiséadach 2023 chun críche; ag tathant ar an gCoimisiún, ina theannta sin, togra a dhéanamh maidir leis an dara baescaed d'acmhainní dílse nua roimh mhí na Nollag 2023 chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain acmhainní ann le haghaidh aisíocaíochtaí *Next Generation EU*; á mheabhrú gurb í 2023 an dara bliain de chur i bhfeidhm an choigeartaithe clárshonrach faoi Airteagal 5 den Rialachán CAI;

36. ag tabhairt dá haire go raibh líon mór gan choinne ann i dtaca le saoradh le haghaidh taighde (os cionn EUR 469 milliún), ar leibhéal nach rabhthas ag dréim leis sa chomhaontú CAI, agus nach bhfuil cumhdaithe faoin gcomhaontú sin dá bhrí sin; á mheas gur cheart gach saoradh le haghaidh taighde a chur ar fáil faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais; á chur in iúl nach bhfuil sé ar intinn aici ach díriú ar thosaíocht beartais amháin nó dhó i gcás saoradh atá sa bhreis ar na méideanna atá le háireamh ag an gCoimisiún sa dréachtbhuiséad i roinnt príomhréimsí;

37. á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le cur i bhfeidhm na modheolaíochta athbhreithnithe rianaithe aeráide ar dhréachtbhuiséad 2023 i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le smacht buiséadach agus go bhfuil sí ag tnúth leis an tuairisciú ar an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" sa tuarascáil ar fheidhmíocht; ag dréim go nglacfaidh an Coimisiún modheolaíocht éifeachtach, thrédhearcach agus chuimsitheach le haghaidh rianú bithéagsúlachta a luaithe is féidir, agus na spriocanna a leagadh síos do 2024, 2026 agus 2027 á gcur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú cuí a dhéanamh ar na torthaí agus ar na moltaí ábhartha uile chun gach caiteachas a dhéanfar amach anseo a bheith go hiomlán trédhearcach agus nasc níos soiléire a bhunú idir caiteachas ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht agus a dtionchar iarbhír, lena n-áirítear trí tháscairí aschuir agus torthaí a chur i bhfeidhm; á iarraidh go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go hiomlán i bhforbairt na modheolaíochtaí mar a leagtar síos in IIA; ag dréim leis go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bParlaimint maidir le modheolaíocht na bithéagsúlachta sula bhfoilseofar dréachtbhuiséad 2023;

38. á iarraidh ar an gCoimisiún forbairt a dhéanamh ar mhodheolaíocht chun caiteachas sóisialta i mbuiséad an Aontais a rianú bunaithe ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

39. ag athdhearbhú go bhfuil tionchar díréireach ag an ngéarchéim eacnamaíoch agus shóisialta a d'eascair as paindéim Covid-19 ar mhná, lena n-áirítear méadú ar an bhforéigean inscnebhunaithe; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí cistiú suntasach don tsraith Daphne den Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna; á iarraidh go gcuirfí cistiú breise ar fáil do bhuiséad an Aontais lena ndírítear ar an gcomhionannas inscne a chur chun cinn agus ar dhul i ngleic le hidirdhealú, go háirithe i gcoinne na mban agus dhaoine LGBTI+, agus á iarraidh ar an gCoimisiún sineirgí níos mó a chothú idir cláir AE sna réimsí sin; á iarraidh, ina theannta sin, go mbeadh acmhainní suntasacha ann chun tacú le cosaint, cur chun cinn agus rochtain uilíoch sláinte gnéis agus sláinte atáirgthe agus na gcearta a bhaineann leo agus chun tacú le banchosantóirí chearta an duine;

40. á mheabhrú nach mór don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2023 modheolaíocht a chur chun feidhme lena ngabhfaidh bailiú, tuairisciú agus meastóireacht chórasach sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de, chun caiteachas a thomhas atá ábhartha do chur chun cinn an chomhionannais inscne, chomh maith le cearta agus comhionannas deiseanna do chách; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé príomhshruthú inscne a chur chun feidhme agus a chomhtháthú

([20]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

mar phrionsabal cothrománach i ngníomhaíochtaí, beartais agus cláir uile an Aontais; ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí sa réimse sin agus ar an ngá atá le cistiú leormhaith agus foireann leormhaith chun a gcúraimí a chur i gcrích; á iarraidh go ndéanfaí straitéis 2020-2025 AE maidir le comhionannas inscne a chur chun feidhme go pras;

41. á mheabhrú an obair bhunriachtanach a dhéanann gníomhaireachtaí díláraithe; á mheas nach mór foireann chuí a bheith ag na gníomhaireachtaí agus acmhainní leordhóthanacha a bheith acu chun gur féidir leo a gcuid cúraimí a dhéanamh; á mheabhrú go dtagann forbairt ar chúraimí na ngníomhaireachtaí i gcomhréir le tosaíochtaí beartais agus á chur i bhfáth nach mór leibhéil chomhfhreagracha acmhainní úra a bheith ag gabháil le freagrachtaí nua;

42. á mheas gur cheart leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí leordhóthanacha a bheith i mbuiséad 2023, chun cláir nua araon a chumhdach agus chun cláir leanúnacha a thabhairt chun críche, i bpáirt chun a áirithiú go dtabharfaidh buiséad an Aontais an spreagadh eacnamaíoch is gá; ag cur béim ar an bhfíoras, agus ceachtanna foghlamtha ó na creataí airgeadais ilbhliantúla a bhí ann roimhe seo, gur gá dlús a chur le cur chun feidhme an chláir chun riaráis na n-íocaíochtaí a sheachaint sa dara leath den tréimhse CAI;

43. á mheas, nuair a chuirfear na moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun feidhme, gur cheart na leithreasuithe is gá a chur ar fáil;

44. á chur i bhfios go láidir an luach a bhaineann le treoirthionscadail agus le gníomhaíochtaí ullmhúcháin (PP-PAnna) ó thaobh tionscnaimh beartais nua a thriail agus an bhunchloch a leagan síos do ghníomhaíochtaí an Aontais amach anseo; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici, dá bhrí sin, pacáiste PP-PAnna a mholadh i gcomhréir lena tosaíochtaí polaitiúla agus leis an measúnú ón gCoimisiún; á chur in iúl go bhfuil muinín aici as an gCoimisiún go ndéanfaidh sé meastóireacht ar thograí PP-PA go neamhchlaonta ar bhonn measúnú dlíthiúil agus airgeadais agus go bhfuil sí ag dréim go bhfaighidh sí mínithe beachta agus mionsonraithe nuair a mheastar tionscadal a bheith “cumhdaithe” ag cláir agus beartais an Aontais, lena ngabhfaidh samplaí nithiúla de ghníomhaíochtaí AE a mheastar a chumhdaíonn na tograí; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, a áirithiú go ndéanfaí PP-PAnna arna nglacadh sa bhuiséad a chur chun feidhme ina n-iomláine, ar bhealach tráthúil agus i gcomhar leis an bParlaimint, agus go mbeidís níos infheicthe ar mhaithe lena dtionchar a uasmhéadú;

o

o o

45. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

P9_TA(2022)0107

## Coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar ar bharra táirgthe síl áirithe sa Bholaiv ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv (COM(2022)0026 – C9-0024/2022 – 2022/0016(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/19)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0026),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 338(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0024/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022 ([1]),

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 23 Márta 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0053/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2022)0016

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/871.)*

---

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

P9_TA(2022)0108

# Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022: coigeartú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an seasamh ón gComhairle maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 – lena mbuiséadaítear an tionchar ar bhuiséad 2022 ag an gcoigeartú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (06310/2022 – C9-0052/2022 – 2022/0018(BUD))**

(2022/C 434/20)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a glacadh go cinntitheach é an 24 Samhain 2021 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]) ("Rialachán CAI"),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 28 Eanáir 2022 (COM(2022)0081),

— ag féachaint don seasamh ar Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022, a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 24 Feabhra 2022 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an lá céanna (06310/2022 – C9-0052/2022),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0051/2022),

A. de bhrí go bhfuil Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 nasctha le coigeartú an chreata airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán CAI, lena gceadaítear leithdháileadh 2021 de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nár úsáideadh nó nár tugadh anonn i gcomhair naoi gciste faoi bhainistíocht roinnte a aistriú, i gcás ina nglactar rialacha nua nó cláir nua faoi bhainistíocht roinnte tar éis an 1 Eanáir 2021;

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

**Dé Máirt 5. Aibreán 2022**

B. de bhrí gurb ionann leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nár úsáideadh in 2021 le haghaidh cláir faoi bhainistíocht roinnte de réir bhrí Airteagal 7 de Rialachán CAI agus EUR 48 988 299 856 i bpraghsanna reatha, a chomhfhreagraíonn go hiomlán do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a bhí beartaithe a chur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte i gcomhair ocht gciste, toisc nár glacadh go hiomlán in 2021 ach cláir an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe;

C. de bhrí go bhfuil an méid sin le haistriú i gcionmhaireachtaí comhionanna chuig gach ceann de na blianta 2022 go 2025;

D. de bhrí gurb é cuspóir Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 an tionchar sonrach a bheadh ag aistriú 25 % de na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 go dtí an bhliain 2022 a thabhairt le fios i gcomhair ocht gciste faoi bhainistíocht roinnte (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus an Ciste Slándála Inmheánaí);

E. de bhrí gurb ionann glantionchar Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 ar chaiteachas agus méadú EUR 12 247,1 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na gcistí éagsúla faoi bhainistíocht roinnte faoi Cheannteidil 2a, 3, 4 agus 5; de bhrí nach n-iarrann an Coimisiún aon leithreasuithe breise faoi chomhair íocaíochtaí;

1. á thabhairt dá haire gurb ann do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1/2022 mar a thíolaic an Coimisiún;

2. á chur in iúl gur cúis imní di na moilleanna tromchúiseacha ar chur chun feidhme chláir agus chistí an Aontais faoi bhainistíocht roinnte; á athdhearbhú go bhfuil gá le cur chun feidhme pras chun tacú le téarnamh an Aontais; ag tathant, dá bhrí sin, ar na Ballstáit uile agus ar an gCoimisiún dlús a chur le cur chun feidhme na gclár sin chun a áirithiú go mbeidh siad lánoibríochtúil in 2022 agus chun an riaráiste a réiteach chun cur chun feidhme iomlán na gclár faoi 2027 a áirithiú;

3. ag tabhairt rabhaidh faoi na rioscaí a bhaineann le leibhéal neamhleor leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; ag meabhrú a tiomantais cosc a chur le haon ghéarchéim íocaíochta amach anseo, amhail an ghéarchéim íocaíochta sin a thit amach ag tús thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil roimhe seo; ag dréim leis, dá bhrí sin, go dtíolacfaidh an Coimisiún gan mhoill aon dréachtbhuiséad leasaitheach a mheastar a bheith riachtanach le haghaidh méadú ar íocaíochtaí atá nasctha le dlús a chur le cláir agus cistí de chuid an Aontais;

4. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022;

5. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

6. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TA(2022)0109

## Íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú) ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú) (COM(2020)0739 – C9-0371/2020 – 2020/0329(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach – códú)**

(2022/C 434/21)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0739),

— ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0371/2020),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Eanáir 2021 ([1]),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994 maidir le modh oibre brostaithe le haghaidh códú oifigiúil téacsanna reachtacha ([2]),

— ag féachaint do Rialacha 109 agus 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0080/2022),

A. de bhrí, i gcomhréir le Meitheal Chomhairleach sheirbhísí dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina substaint;

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar an togra ón gCoimisiún mar a oiriúnaíodh é do na moltaí ó Mheitheal Chomhairleach sheirbhísí dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ina tuairimí an 31 Márta 2021 agus an 10 Márta 2022;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2020)0329

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú)**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/993.)*

---

([1]) IO C 123, 9.4.2021, lch. 80.
([2]) IO C 102, 4.4.1996, lch. 2.

P9_TA(2022)0111

## An Gníomh um Rialachas Sonraí ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (COM(2020)0767 – C9-0377/2020 – 2020/0340(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/22)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0767),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0377/2020),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2021 ([1]),

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 15 Nollaig 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0248/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2020)0340

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 6 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí)**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/868.)*

---

([1]) IO C 286, 26.7.2021, lch. 38.

P9_TA(2022)0116

## Táirgí íocshláinte a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, na Cipire, na hÉireann agus Málta ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2001/20/CE agus 2001/83/CE a mhéid a bhaineann le maoluithe ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte áirithe lena n-úsáid ag an duine a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta freisin (COM(2021)0997 – C9-0475/2021 – 2021/0431(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/23)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0997),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2), agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0475/2021),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Feabhra 2022 ([1]),

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 30 Márta 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

**P9_TC1-COD(2021)0431**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2001/20/CE agus 2001/83/CE a mhéid a bhaineann le maoluithe ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte áirithe lena n-úsáid ag an duine a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2022/642.)*

---

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

## Ráiteas ón gCoimisiún maidir le cógais a sholáthar don Chipir, d'Éirinn agus do Mhálta

Tá dúshláin ar leith ag gabháil le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontais do na Ballstáit (an Chipir, Éire agus Málta) a bhíodh ag fáil cógas ón Ríocht Aontaithe nó ó chodanna di ar feadh blianta fada.

Aithníonn an Coimisiún an dul chun cinn atá déanta ag an gCipir, Éire agus Málta agus ag na hoibreoirí tionsclaíocha chun na hathruithe riachtanacha a chur chun feidhme chun an soláthar cógas reatha a éascú tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas.

Chun slándáil an tsoláthair chógas a áirithiú go fadtéarmach, leagann an Coimisiún béim ar an ngá atá ann le go ndéanfadh gach páirtí lena mbaineann tuilleadh díchill le hoiriúnú na slabhraí soláthair don staid atá ann ó tharraing an Ríocht Aontaithe siar.

Tá an Coimisiún lántiomanta don tacaíocht atá sé a thabhairt don Chipir, d'Éirinn agus do Mhálta sna hiarrachtaí atá siad a dhéanamh le deireadh a chur leis na maoluithe sealadacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/641 ([1]) agus Treoir (AE) 2022/642 ([2]) laistigh de 3 bliana.

Chuige sin, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le lánurraim do dháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit i réimse na gcógas a úsáideann an duine, beidh an Coimisiún ag faire go leanúnach ar gach a tharlaíonn sna Ballstáit lena mbaineann, agus seasfaidh sé go dlúth leis na húdaráis inniúla sa Chipir, in Éirinn agus i Málta sna hiarrachtaí atá siad a dhéanamh chun spleáchas a gcuid margaí intíre ar sholáthar táirgí íocshláinte ón Ríocht Aontaithe nó trí chodanna den Ríocht Aontaithe taobh amuigh de Thuaisceart Éireann.

Iarrfaidh an Coimisiún ar na húdaráis inniúla sa Chipir, in Éirinn agus i Málta faisnéis a sholáthar dó go tráthrialta i ndáil leis na hiarrachtaí sin.

Agus an fhaisnéis sin curtha san áireamh ag an gCoimisiún, tuairisceoidh sé i scríbhinn chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle laistigh de 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/641 agus Treoir (AE) 2022/642 maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta sa Chipir, in Éirinn agus i Málta i dtreo deireadh iomlán a chur leis na maoluithe de réir a chéile agus maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun seasamh go dlúth le húdaráis inniúla na mBallstát sin ina leith sin.

Cuirfidh an Coimisiún i gcuimhne do na hoibreoirí tionsclaíocha lena mbaineann ar gá dóibh fós a gcuid slabhraí soláthair a athrú gur cheart dóibh na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh go práinneach chun an rochtain ar chógais sna margaí beaga a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn a dhéanann oibreoirí a bhfuil baint acu le soláthar na gcógas sna Ballstáit sin a mhéid a bhaineann lena gcumas na ceanglais i leith dhlí an Aontais a chomhlíonadh, ceanglais a bhforáiltear maoluithe sealadacha ina leith le Rialachán (AE) 2022/641 agus Treoir (AE) 2022/642.

Sa bhreis air sin agus thar na bearta riachtanacha a dhéanfar láithreach, faoi mar a chuirtear in iúl sa "Straitéis Chógaisíochta don Eoraip" ([3]), déanfaidh an Coimisiún tograí faoi dheireadh na bliana 2022 maidir le reachtaíocht chógaisíochta an Aontais a athbhreithniú. Féachfar leis na tograí sin réitigh struchtúrtha ní ba fhadtéarmaí a sholáthar, go háirithe ar shaincheist na rochtana ar chógais, agus aird faoi leith a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus ar dhul i ngleic le rioscaí ganntanais ar mhargaí beaga san Aontas.

---

([1]) Rialachán (AE) 2022/641 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 a mhéid a bhaineann le maolú ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta (IO L 118, 20.4.2022, lch. 1.)

([2]) Rialachán (AE) 2022/642 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Treoracha 2001/20/CE agus 2001/83/CE a mhéid a bhaineann le maoluithe ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte áirithe lena n-úsáid ag an duine a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta (IO L 118, 20.4.2022, lch. 4).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún "An Straitéis Chógaisíochta don Eoraip", COM(2020)0761 final, 25.11.2020.

P9_TA(2022)0117

## Táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, na Cipire, na hÉireann agus Málta ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 a mhéid a bhaineann le maolú ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta freisin (COM(2021)0998 – C9-0476/2021 – 2021/0432(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/24)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0998),

— ag féachaint d’Airteagal 294(2), agus d’Airteagail 114 agus 168(4)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0476/2021),

— ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Feabhra 2022 ([1]),

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 30 Márta 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

### P9_TC1-COD(2021)0432

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 a mhéid a bhaineann le maolú ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/641.)*

---

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le cógais a sholáthar don Chipir, d'Éirinn agus do Mhálta**

Tá dúshláin ar leith ag gabháil le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontais do na Ballstáit (an Chipir, Éire agus Málta) a bhíodh ag fáil cógas ón Ríocht Aontaithe nó ó chodanna di ar feadh blianta fada.

Aithníonn an Coimisiún an dul chun cinn atá déanta ag an gCipir, Éire agus Málta agus ag na hoibreoirí tionsclaíocha chun na hathruithe riachtanacha a chur chun feidhme chun an soláthar cógas reatha a éascú tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas.

Chun slándáil an tsoláthair chógas a áirithiú go fadtéarmach, leagann an Coimisiún béim ar an ngá atá ann le go ndéanfadh gach páirtí lena mbaineann tuilleadh díchill le hoiriúnú na slabhraí soláthair don staid atá ann ó tharraing an Ríocht Aontaithe siar.

Tá an Coimisiún lántiomanta don tacaíocht atá sé a thabhairt don Chipir, d'Éirinn agus do Mhálta sna hiarrachtaí atá siad a dhéanamh le deireadh a chur leis na maoluithe sealadacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/641 ([1]) agus Treoir (AE) 2022/642 ([2]) laistigh de 3 bliana.

Chuige sin, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le lánurraim do dháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit i réimse na gcógas a úsáideann an duine, beidh an Coimisiún ag faire go leanúnach ar gach a tharlaíonn sna Ballstáit lena mbaineann, agus seasfaidh sé go dlúth leis na húdaráis inniúla sa Chipir, in Éirinn agus i Málta sna hiarrachtaí atá siad a dhéanamh chun spleáchas a gcuid margaí intíre ar sholáthar táirgí íocshláinte ón Ríocht Aontaithe nó trí chodanna den Ríocht Aontaithe taobh amuigh de Thuaisceart Éireann.

Iarrfaidh an Coimisiún ar na húdaráis inniúla sa Chipir, in Éirinn agus i Málta faisnéis a sholáthar dó go tráthrialta i ndáil leis na hiarrachtaí sin.

Agus an fhaisnéis sin curtha san áireamh ag an gCoimisiún, tuairisceoidh sé i scríbhinn chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle laistigh de 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/641 agus Treoir (AE) 2022/642 maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta sa Chipir, in Éirinn agus i Málta i dtreo deireadh iomlán a chur leis na maoluithe de réir a chéile agus maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun seasamh go dlúth le húdaráis inniúla na mBallstát sin ina leith sin.

Cuirfidh an Coimisiún i gcuimhne do na hoibreoirí tionsclaíocha lena mbaineann ar gá dóibh fós a gcuid slabhraí soláthair a athrú gur cheart dóibh na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh go práinneach chun an rochtain ar chógais sna margaí beaga a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn a dhéanann oibreoirí a bhfuil baint acu le soláthar na gcógas sna Ballstáit sin a mhéid a bhaineann lena gcumas na ceanglais i leith dhlí an Aontais a chomhlíonadh, ceanglais a bhforáiltear maoluithe sealadacha ina leith le Rialachán (AE) 2022/641 agus Treoir (AE) 2022/642.

Sa bhreis air sin agus thar na bearta riachtanacha a dhéanfar láithreach, faoi mar a chuirtear in iúl sa "Straitéis Chógaisíochta don Eoraip" ([3]), déanfaidh an Coimisiún tograí faoi dheireadh na bliana 2022 maidir le reachtaíocht chógaisíochta an Aontais a athbhreithniú. Féachfar leis na tograí sin réitigh struchtúrtha ní ba fhadtéarmaí a sholáthar, go háirithe ar shaincheist na rochtana ar chógais, agus aird faoi leith a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus ar dhul i ngleic le rioscaí ganntanais ar mhargaí beaga san Aontas.

---

([1]) Rialachán (AE) 2022/641 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 a mhéid a bhaineann le maolú ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta (IO L 118, 20.4.2022, lch. 1.)

([2]) Rialachán (AE) 2022/642 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Treoracha 2001/20/CE agus 2001/83/CE a mhéid a bhaineann le maoluithe ar oibleagáidí áirithe i dtaca le táirgí íocshláinte áirithe lena n-úsáid ag an duine a chuirtear ar fáil sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Chipir, in Éirinn agus i Málta (IO L 118, 20.4.2022, lch. 4).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún "An Straitéis Chógaisíochta don Eoraip", COM(2020)0761 final, 25.11.2020

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0118

## Réamh-mhaoiniú méadaithe ó REACT-EU ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU (COM(2022)0145 – C9-0127/2022 – COM(2022)0162 – C9-0136/2022 – 2022/0096(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/25)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0145) agus don togra leasaithe (COM(2022)0162),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagail 175 an tríú fomhír, agus d'Airteagal 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0127/2022, C9-0136/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 6 Aibreán 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 103 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2022)0096

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT EU agus le costas aonaid a bhunú**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/613.)*

---

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

P9_TA(2022)0119

## Stóráil gáis

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 lena dtarchuirtear an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach ar bhonn an togra neamhleasaithe le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha (COM(2022)0135 – C9-0126/2022 – 2022/0090(COD))** [1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 434/26)

[1] Cinneadh arna ghlacadh faoi Riail 59(4), an ceathrú fomhír, de na Rialacha Nós Imeachta (C9-0126/2022).

P9_TA(2022)0122

# Sásra meastóireachta Schengen *

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (COM(2021)0278 – C9-0349/2021 – 2021/0140(CNS))**

**(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)**

(2022/C 434/27)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2021)0278),

— ag féachaint d'Airteagal 70 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0349/2021),

— ag féachaint do na tuairimí a thíolaic Seanad na Seicia, Parlaimint na Spáinne, Parlaimint na Portaingéile agus Seanad na Rómáine maidir leis an dréachtghníomh reachtach,

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0054/2022),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## Leasú 1

## Togra le haghaidh rialacháin

## Aithris 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá limistéar Schengen atá gan rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha ag brath ar na Ballstáit acquis Schengen a chur i bhfeidhm go héifeachtach éifeachtúil. Is éard atá san acquis bearta i réimse na dteorainneacha seachtracha, bearta cúitimh i ngeall ar an easpa rialuithe ag teorainneacha seachtracha agus creat faireacháin láidir, ar bearta iad ***a éascaíonn*** an tsaorghluaiseacht ***agus a áirithíonn*** ardleibhéal slándála, ceartas agus cosaint na gceart bunúsach, lena n-áirítear cosaint sonraí slándála. | (1) Tá limistéar Schengen atá gan rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha ag brath ar na Ballstáit acquis Schengen a chur i bhfeidhm go héifeachtach éifeachtúil. Is éard atá san acquis bearta i réimse na dteorainneacha seachtracha, bearta cúitimh i ngeall ar an easpa rialuithe ag teorainneacha seachtracha agus creat faireacháin láidir, ar bearta iad ***lena n-áirithítear*** an tsaorghluaiseacht ***mar aon le hardleibhéal*** slándála, ceartas agus cosaint na gceart bunúsach, lena n-áirítear cosaint sonraí slándála. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ba cheart feabhas a chur ar shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen ar mhaithe lena éifeachtacht agus lena éifeachtúlacht a mhéadú. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an sásra meastóireachta agus faireacháin athbhreithnithe ardleibhéal iontaoibhe frithpháirtí idir na Ballstáit a choinneáil ar bun trína ráthú go ndéanann na Ballstáit acquis Schengen a chur i bhfeidhm go héifeachtach, de réir na gcaighdeán coiteann, na mbunphrionsabal agus na nósanna a comhaontaíodh, ***sa chaoi go gcuideofar le dea-fheidhmiú*** limistéar Schengen. | (4) Ba cheart feabhas a chur ar shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen ar mhaithe lena éifeachtacht agus lena éifeachtúlacht a mhéadú. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an sásra meastóireachta agus faireacháin athbhreithnithe ardleibhéal iontaoibhe frithpháirtí idir na Ballstáit a choinneáil ar bun trína ráthú go ndéanann na Ballstáit acquis Schengen a chur i bhfeidhm go héifeachtach, de réir na gcaighdeán coiteann, na mbunphrionsabal agus na nósanna a comhaontaíodh, ***chun*** dea-fheidhmiú limistéar Schengen ***a áirithiú, agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán agus gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is trí mheastóireachtaí oibiachtúla neamhchlaonta ba cheart don sásra meastóireachta agus faireacháin na spriocanna sin a bhaint amach, meastóireachtaí lenar féidir easnaimh a shainaithint i gcur i bhfeidhm acquis Schengen a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú ceart limistéar Schengen, lenar féidir a áirithiú go réiteofaí na heasnaimh sin go tapa agus lenar féidir bonn a thabhairt le hidirphlé ar fheidhmiú limistéar Schengen trí chéile. Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún, na comhfhreagrachtaí a dháileadh ar bhealach cothrom agus gné phiarmheasúnaithe an chórais a choinneáil ar bun. Sa bhreis air sin, tá gá le rannpháirtíocht níos dlúithe ó Pharlaimint na hEorpa. I bhfianaise mhéid na n-athruithe, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad. | (5) Is trí mheastóireachtaí oibiachtúla neamhchlaonta ba cheart don sásra meastóireachta agus faireacháin na spriocanna sin a bhaint amach, meastóireachtaí lenar féidir easnaimh a shainaithint i gcur i bhfeidhm acquis Schengen a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú ceart limistéar Schengen, lenar féidir a áirithiú go réiteofaí na heasnaimh sin go tapa agus lenar féidir bonn a thabhairt le hidirphlé ***ionraic polaitiúil i measc na mBallstát*** ar fheidhmiú limistéar Schengen trí chéile. Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún, na comhfhreagrachtaí a dháileadh ar bhealach cothrom agus gné phiarmheasúnaithe an chórais a choinneáil ar bun. Sa bhreis air sin, tá gá le rannpháirtíocht níos dlúithe ó Pharlaimint na hEorpa. I bhfianaise mhéid na n-athruithe, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ***Féadfaidh*** an sásra meastóireachta agus faireacháin réimsí uile limistéar Schengen atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chumhdach, seachas na cinn a bhfuil sásra meastóireachta sonrach ann dóibh cheana faoi dhlí an Aontais. Ba cheart don sásra meastóireachta agus faireacháin an reachtaíocht ábhartha uile a chuimsiú maille le gníomhaíochtaí oibríochtúla a chuidíonn le feidhmiú ***limistéar Schengen***. | (6) ***Ba cheart don*** sásra meastóireachta agus faireacháin réimsí uile limistéar Schengen atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chumhdach, seachas na cinn a bhfuil sásra meastóireachta sonrach ann dóibh cheana faoi dhlí an Aontais. Leis an sásra meastóireachta agus faireacháin, ba cheart ***go gcumhdófaí éifeachtúlacht na rialuithe teorann ag teorainneacha seachtracha agus easpa rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha***. ***Ba cheart go n-áireofaí sa sásra meastóireachta agus faireacháin*** an reachtaíocht ábhartha ar fad agus gníomhaíochtaí oibríochtúla a chuireann le feidhmiú ***limistéir gan rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I ngach meastóireacht, ba cheart aird a thabhairt ar dhea-fheidhmiú na n-údarás a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm, i gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí an 1 agus 2 Márta 2012. Ina theannta sin, ba cheart don mheastóireacht cleachtais eintiteas príobháideach a chuimsiú amhail aerlínte nó soláthraithe seirbhísí seachtracha a mhéid atá siad rannpháirteach i gcur chun feidhme acquis Schengen nó a mhéid a dhéanann cur chun feidhme acquis Schengen difear dóibh agus iad ag comhoibriú leis na Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, ó tharla go bhfuil ról níos mó ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE i gcur chun feidhme acquis Schengen, ba cheart don sásra meastóireachta agus faireacháin tacú le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na n-gníomhaireachtaí AE sin a fhíorú a mhéid a ghníomhaíonn siad thar ceann na mBallstát chun cuidiú le cur i bhfeidhm oibríochtúil fhorálacha acquis Schengen. Ba cheart fíorú na ngníomhaíochtaí sin a leabú sa mheastóireacht ar na Ballstáit agus é a dhéanamh gan dochar do na freagrachtaí arna sannadh don Choimisiún agus do chomhlachtaí ceannais ábhartha na ngníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí lena mbaineann de réir na rialachán bunaidh agus na nósanna imeachta meastóireachta agus faireacháin atá acu féin, agus na freagrachtaí sin a urramú go hiomlán. Má shainaithnítear sna meastóireachtaí gurb ann d'easnaimh i ndáil le feidhmeanna a dhéanann comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí AE, nó i ndáil le feidhmeanna a dtacaíonn siad leo, ba cheart don Coimisiún ***é sin a chur in iúl do*** na comhlachtaí ceannais ábhartha. | (7) I ngach meastóireacht, ba cheart aird a thabhairt ar dhea-fheidhmiú na n-údarás a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm ***agus ar a mhéid a chomhlíonann siad Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt")***, i gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí an 1 agus 2 Márta 2012. Ina theannta sin, ba cheart don mheastóireacht cleachtais eintiteas príobháideach a chuimsiú amhail aerlínte nó soláthraithe seirbhísí seachtracha a mhéid atá siad rannpháirteach i gcur chun feidhme acquis Schengen nó a mhéid a dhéanann cur chun feidhme acquis Schengen difear dóibh agus iad ag comhoibriú leis na Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, ó tharla go bhfuil ról níos mó ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE i gcur chun feidhme acquis Schengen, ba cheart don sásra meastóireachta agus faireacháin tacú le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na n-gníomhaireachtaí AE sin a fhíorú a mhéid a ghníomhaíonn siad thar ceann na mBallstát chun cuidiú le cur i bhfeidhm oibríochtúil fhorálacha acquis Schengen. Ba cheart fíorú na ngníomhaíochtaí sin a leabú sa mheastóireacht ar na Ballstáit agus é a dhéanamh gan dochar do na freagrachtaí arna sannadh don Choimisiún agus do chomhlachtaí ceannais ábhartha na ngníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí lena mbaineann de réir na rialachán bunaidh agus na nósanna imeachta meastóireachta agus faireacháin atá acu féin, agus na freagrachtaí sin a urramú go hiomlán. Má shainaithnítear sna meastóireachtaí gurb ann d'easnaimh i ndáil le feidhmeanna a dhéanann comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí AE, nó i ndáil le feidhmeanna a dtacaíonn siad leo, ba cheart don Coimisiún ***é sin a áireamh sa tuarascáil mheastóireachta agus iarradh ar*** na comhlachtaí ceannais ábhartha ***a bheith rannpháirteach***. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) An measúnú leochaileachta a dhéanann Frontex, is sásra comhlántach é ar an sásra meastóireachta agus faireacháin a bhunaítear leis an Rialachán seo, ar mhaithe le rialú cáilíochta a ráthú ar leibhéal an Aontais agus ullmhacht leanúnach a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun freagairt ar aon dúshlán ag an teorainn sheachtrach. Is cuid de Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip iad an dá shásra. Ba cheart an sineirge idir an mheastóireacht leochaileachta agus an sásra meastóireachta agus faireacháin a uasmhéadú d'fhonn léiriú staide feabhsaithe a chruthú i leith fheidhmiú limistéar Schengen agus dúbláil iarrachtaí agus moltaí a thagann salach ar a chéile a sheachaint a mhéid is féidir. Chun na críche sin, ba cheart malartú faisnéise rialta a bheith ann idir Frontex agus an Coimisiún faoi na torthaí ón dá shásra. Chun an bhéim straitéiseach a mhéadú agus chun meastóireacht níos spriocdhírithe a dhearadh, is gá níos mó sineirgí a bhaint as na sásraí agus na hardáin ábhartha atá faoi chúram gníomhaireachtaí AE agus riaracháin náisiúnta amhail an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), nó an fhormhaoirseacht a dhéanann an Coimisiún le tacú ó eu-LISA a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit a ullmhú le haghaidh chur chun feidhme na gcóras TF ábhartha mar aon leis na torthaí ó na sásraí rialaithe cáilíochta náisiúnta. | (9) An measúnú leochaileachta a dhéanann Frontex, is sásra comhlántach é ar an sásra meastóireachta agus faireacháin a bhunaítear leis an Rialachán seo, ar mhaithe le rialú cáilíochta a ráthú ar leibhéal an Aontais agus ullmhacht leanúnach a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun freagairt ar aon dúshlán ag an teorainn sheachtrach***. Ba cheart go mbeadh an measúnú leochaileachta ina chuid den chlár meastóireachta bliantúil, agus ar an gcaoi sin feasacht staide atá cothrom le dáta a áirithiú***. Is cuid de Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip iad an dá shásra. Ba cheart an sineirge idir an mheastóireacht leochaileachta agus an sásra meastóireachta agus faireacháin a uasmhéadú d'fhonn léiriú staide feabhsaithe a chruthú i leith fheidhmiú limistéar Schengen agus dúbláil iarrachtaí agus moltaí a thagann salach ar a chéile a sheachaint a mhéid is féidir. Chun na críche sin, ba cheart malartú faisnéise rialta a bheith ann idir Frontex agus an Coimisiún faoi na torthaí ón dá shásra. Chun an bhéim straitéiseach a mhéadú agus chun meastóireacht níos spriocdhírithe a dhearadh, is gá níos mó sineirgí a bhaint as na sásraí agus na hardáin ábhartha atá faoi chúram gníomhaireachtaí AE agus riaracháin náisiúnta amhail an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), nó an fhormhaoirseacht a dhéanann an Coimisiún le tacú ó eu-LISA a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit a ullmhú le haghaidh chur chun feidhme na gcóras TF ábhartha mar aon leis na torthaí ó na sásraí rialaithe cáilíochta náisiúnta. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Le linn na meastóireachta, ba cheart béim ar leith a leagan ar a fhíorú go bhfuil cearta bunúsacha á n-urramú mar chuid de chur i bhfeidhm acquis Schengen, mar aon le meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm ceart na gceanglas cosanta sonraí a bhaineann le acquis Schengen, rud a dhéantar meastóireachtaí ar leithligh air. Chun inniúlacht an tsásra meastóireachta agus faireacháin a mhéadú ionas gur féidir sárú ar chearta bunúsacha i réimsí beartais ábhartha a shainaithint, is gá bearta breise a chur chun feidhme. Ba cheart oiliúint chuí a chur ar mheastóirí Schengen ina leith sin, agus ba cheart úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ról níos mó a thabhairt dá saineolaithe ó thaobh dhearadh agus chur chun feidhme na meastóireachtaí de. Thairis sin, an fhianaise a chuirtear ar fáil go poiblí nó trí shásraí faireacháin neamhspleácha nó an fhianaise a chuireann tríú páirtithe ábhartha ar fáil astu féin, amhail oifigí ombudsman, údaráis a dhéanann faireachán ar an urraim do chearta bunúsacha, nó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus idirnáisiúnta, ba cheart an fhianaise sin a chur san áireamh ó thaobh chlársceidealú, dhearadh agus chur chun feidhme na meastóireachtaí sin. | (10) Le linn na meastóireachta, ba cheart béim ar leith a leagan ar a fhíorú go bhfuil cearta bunúsacha á n-urramú mar chuid de chur i bhfeidhm acquis Schengen, mar aon le meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm ceart na gceanglas cosanta sonraí a bhaineann le acquis Schengen, rud a dhéantar meastóireachtaí ar leithligh air. Chun inniúlacht an tsásra meastóireachta agus faireacháin a mhéadú ionas gur féidir sárú ar chearta bunúsacha i réimsí beartais ábhartha a shainaithint, is gá bearta breise a chur chun feidhme. Ba cheart oiliúint chuí a chur ar mheastóirí Schengen ina leith sin, agus ba cheart úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ról níos mó a thabhairt dá saineolaithe ó thaobh dhearadh agus chur chun feidhme na meastóireachtaí de. ***Go háirithe, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, tagarmharcanna sonracha a fhorbairt, a bheidh le háireamh sa cheistneoir caighdeánach, agus a bhféadfar measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ina leith.*** Thairis sin, an fhianaise a chuirtear ar fáil go poiblí nó trí shásraí faireacháin neamhspleácha nó an fhianaise a chuireann tríú páirtithe ábhartha ar fáil astu féin, amhail oifigí ombudsman, údaráis a dhéanann faireachán ar an urraim do chearta bunúsacha, nó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus idirnáisiúnta, ba cheart an fhianaise sin a chur san áireamh ó thaobh chlársceidealú, dhearadh agus chur chun feidhme na meastóireachtaí sin. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart foirmeacha na meastóireachtaí agus na modhanna a dhéanamh ní ba sholúbtha chun éifeachtúlacht an tsásra meastóireachta agus faireacháin a mhéadú agus chun cur lena inniúlacht dul in oiriúint d'imthosca nua agus d'fhorbairtí reachtacha nua agus chun úsáid acmhainní na mBallstát, an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí AE a chuíchóiriú. Ba cheart meastóireachtaí tréimhsiúla trí bhíthin cuairteanna a bheith ina bpríomhbhealach chun an mheastóireacht a dhéanamh. Ba cheart céatadán na gcuairteanna gan réamhfhógra agus meastóireachtaí téamacha a mhéadú de réir a chéile chun a áirithiú go mbainfear úsáid níos cothroime as na huirlisí atá ar fáil. Ba ceart foirmeacha na meastóireachtaí a shainiú go soiléir. Leis an sásra meastóireachta agus faireacháin, ba cheart go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar roinnt Ballstát san am céanna, mar aon le meastóireachtaí a dhéanamh go cianda nó go leathchianda, sin agus meastóireacht a dhéanamh ar réimsí beartais le chéile, ag brath ar an réimse beartais agus ar an gcineál gníomhaíochta meastóireachta agus faireacháin atá ann. Leis an sásra meastóireachta agus faireacháin, ba cheart féachaint le tuarascálacha meastóireachta cuimsitheacha a tharraingt suas ina ndéanfaí measúnú ar fheidhmíocht fhoriomlán an Bhallstáit ó thaobh chur i bhfeidhm acquis Schengen de. | (12) Ba cheart foirmeacha na meastóireachtaí agus na modhanna a dhéanamh ní ba sholúbtha chun éifeachtúlacht an tsásra meastóireachta agus faireacháin a mhéadú agus chun cur lena inniúlacht dul in oiriúint d'imthosca nua agus d'fhorbairtí reachtacha nua agus chun úsáid acmhainní na mBallstát, an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí AE a chuíchóiriú. Ba cheart meastóireachtaí tréimhsiúla trí bhíthin cuairteanna a bheith ina bpríomhbhealach chun an mheastóireacht a dhéanamh. Ba cheart céatadán na gcuairteanna gan réamhfhógra agus meastóireachtaí téamacha a mhéadú de réir a chéile chun a áirithiú go mbainfear úsáid níos cothroime as na huirlisí atá ar fáil. Ba ceart foirmeacha na meastóireachtaí a shainiú go soiléir. Leis an sásra meastóireachta agus faireacháin, ba cheart go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar roinnt Ballstát san am céanna, mar aon le meastóireachtaí a dhéanamh go cianda nó go leathchianda ***mar mhodhanna meastóireachta atá comhlántach le cuairteanna fisiceacha***, sin agus meastóireacht a dhéanamh ar réimsí beartais le chéile, ag brath ar an réimse beartais agus ar an gcineál gníomhaíochta meastóireachta agus faireacháin atá ann. Leis an sásra meastóireachta agus faireacháin, ba cheart féachaint le tuarascálacha meastóireachta cuimsitheacha a tharraingt suas ina ndéanfaí measúnú ar fheidhmíocht fhoriomlán an Bhallstáit ó thaobh chur i bhfeidhm acquis Schengen de. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart úsáid ní ba mhinice a bhaint as meastóireachtaí téamacha chun anailís chomparáideach ar chleachtais na mBallstát a chur ar fáil. Ba cheart na meastóireachtaí sin a eagrú chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme athruithe reachtacha suntasacha, de réir mar a thosóidh na hathruithe ag teacht i bhfeidhm, agus ar chur chun feidhme tionscnamh nua, mar aon le measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna i réimsí beartais éagsúla nó ar chleachtais ***na*** mBallstát ***a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu***. | (13) Ba cheart úsáid ní ba mhinice a bhaint as meastóireachtaí téamacha chun anailís chomparáideach ar chleachtais na mBallstát a chur ar fáil. Ba cheart na meastóireachtaí sin a eagrú chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme athruithe reachtacha suntasacha, de réir mar a thosóidh na hathruithe ag teacht i bhfeidhm, agus ar chur chun feidhme tionscnamh nua, mar aon le measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna i réimsí beartais éagsúla nó ***ar bheartais agus*** ar chleachtais ***chomhchosúla ar fud*** na mBallstát. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Cuairteanna gan réamhfhógra, atá ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun cleachtais na mBallstát a fhíorú, ba cheart iad a eagrú***, ag brath ar an gcuspóir atá leo,*** gan fógra a thabhairt roimh ré don Bhallstát lena mbaineann, ***sin nó gan ach fógra gairid a thabhairt dóibh***. Ba cheart cuairteanna ***gan réamhfhógra*** a eagrú “chun críoch imscrúdaithe” d’fhonn comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi acquis Schengen a fhíorú, lena n-áirítear oibleagáidí i leith freagairt ar thásca a léiríonn teacht chun cinn fadhbanna córasacha a d’fhéadfadh tionchar ***suntasach a bheith acu ar*** fheidhmiú limistéar Schengen nó i leith freagairt ar sháruithe ar chearta bunúsacha, go háirithe líomhaintí maidir le sáraithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha seachtracha. ***I gcásanna mar sin, bhainfí an bonn de chuspóir na cuairte dá bhfógrófaí roimh ré í. Ba cheart cuairteanna gan réamhfhógra a bhfuil réamhfhógra 24 uair an chloig ag baint leo a eagrú más é príomhchuspóir na cuairte seiceáil randamach a dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme acquis Schengen ag an Ballstát.*** | (14) Cuairteanna gan réamhfhógra, atá ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun cleachtais na mBallstát a fhíorú, ba cheart iad a eagrú gan réamhfhógra a thabhairt roimh ré don Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart cuairteanna a eagrú “chun críoch imscrúdaithe” d’fhonn comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi acquis Schengen a fhíorú, lena n-áirítear oibleagáidí i leith freagairt ar thásca a léiríonn teacht chun cinn fadhbanna córasacha a d’fhéadfadh tionchar ***diúltach*** a bheith acu ar fheidhmiú limistéar Schengen nó ***a bhféadfadh sáruithe*** ar chearta bunúsacha ***a bheith mar thoradh orthu***, go háirithe líomhaintí maidir le sáraithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha seachtracha. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Ba cheart fógra 24 uair an chloig ar a mhéad a thabhairt do Bhallstát roimh chuairt ar ghearrfhógra, rud atá ina uirlis chomhlántach. Níor cheart cuairt ar ghearrfhógra a thabhairt ach amháin nuair is é príomhchuspóir na cuairte seiceáil randamach a dhéanamh ar chur chun feidhme acquis Schengen ag Ballstát.*** |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá fianaise ann cheana go bhfuil breisluach ag baint leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin Rialachán seo a chlársceidealú trí chláir mheastóireachta ilbhliantúla agus bhliantúla i dtaobh intuarthacht agus deimhneacht a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, cláir mheastóireachta ilbhliantúla agus bhliantúla a ghlacadh. Ba cheart an tsolúbthacht is gá a bheith ag baint leis na cláir sin ionas gur féidir iad a chur in oiriúint do nádúr dinimiciúil acquis Schengen le himeacht ama. I gcás force majeure, ba cheart na cláir a choigeartú i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann gan aon ghá a bheith ann na cláir a leasú go foirmiúil. Sa chlár meastóireachta ilbhliantúil a ghlacfar ar feadh seacht mbliana, ba cheart na réimsí tosaíochta sonracha atá le cumhdach sna meastóireachtaí tréimhsiúla a shainaithint. Leis an gcur chuige sin, ba cheart gurbh ann do níos mó solúbthachta mar aon le roghnú tosaíochtaí ní b'fhearr ***agus*** úsáid ní ba chothroime agus ní ba straitéisí a bhaint as na huirlisí atá ar fáil. Agus an clár meastóireachta ilbhliantúil á shíneadh ó chúig bliana go seacht mbliana, ba cheart faireachán méadaithe ar na Ballstáit atá ní ba ghrinne agus ní ba spriocdhírithe a bheith mar thoradh air sin gan an leibhéal grinnscrúdaithe a laghdú. | (15) Tá fianaise ann cheana go bhfuil breisluach ag baint leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin Rialachán seo a chlársceidealú trí chláir mheastóireachta ilbhliantúla agus bhliantúla i dtaobh intuarthacht agus deimhneacht a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, cláir mheastóireachta ilbhliantúla agus bhliantúla a ghlacadh. Ba cheart an tsolúbthacht is gá a bheith ag baint leis na cláir sin ionas gur féidir iad a chur in oiriúint do nádúr dinimiciúil acquis Schengen le himeacht ama. I gcás force majeure, ba cheart na cláir a choigeartú i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann gan aon ghá a bheith ann na cláir a leasú go foirmiúil. Sa chlár meastóireachta ilbhliantúil a ghlacfar ar feadh seacht mbliana, ba cheart na réimsí tosaíochta sonracha atá le cumhdach sna meastóireachtaí tréimhsiúla a shainaithint. Leis an gcur chuige sin, ba cheart gurbh ann do níos mó solúbthachta, ***inoiriúnaitheachta bunaithe ar an bhfaisnéis atá cothrom le dáta arna bailiú ag na hanailísí éagsúla d'fhonn tuiscint staide níos fearr a fháil ar fheidhmiú limistéar Schengen,*** roghnú tosaíochtaí ní b'fhearr ***chomh maith le húsáid*** ní ba chothroime agus ní ba straitéisí a bhaint as na huirlisí atá ar fáil. Agus an clár meastóireachta ilbhliantúil á shíneadh ó chúig bliana go seacht mbliana, ba cheart faireachán méadaithe ar na Ballstáit atá ní ba ghrinne agus ní ba spriocdhírithe a bheith mar thoradh air sin gan an leibhéal grinnscrúdaithe a laghdú. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart d'fhoirne ar a bhfuil ionadaithe ón gCoimisiún agus saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit na gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a dhéanamh. Ba cheart na cáilíochtaí cuí a bheith ag na hionadaithe agus ag na saineolaithe sin, lena n-áirítear eolas teoiriciúil láidir agus taithí phraiticiúil. Chun a áirithiú ar bhealach níos gasta agus níos simplí gur leor an líon saineolaithe rannpháirteacha a bhfuil taithí acu, ba cheart don Choimisiún díorma saineolaithe a bhunú agus a choinneáil ar bun i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Ba cheart gurbh é an díorma sin an príomhfhoinse saineolaithe le haghaidh gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin. | (16) Ba cheart d'fhoirne ar a bhfuil ionadaithe ón gCoimisiún agus saineolaithe, arna n-ainmniú ag na Ballstáit ***agus ag breathnóirí de chuid an Aontais*** na gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a dhéanamh. Ba cheart na cáilíochtaí cuí a bheith ag na hionadaithe agus ag na saineolaithe sin, lena n-áirítear eolas teoiriciúil láidir agus taithí phraiticiúil***, agus ba cheart an oiliúint iomchuí a bheith déanta acu. Chun sláine na dtuarascálacha meastóireachta arna dtarraingt suas ag foirne tar éis meastóireachta a áirithiú, i gcás ina ndéantar meastóireacht, i gcomhar le húdaráis Ballstáit, ar ghníomhaíochtaí comhlachta, oifige nó gníomhaireachta de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le cur chun feidhme acquis Schengen, níor cheart aon choinbhleacht leasa a bheith ag breathnóirí an Aontais.*** Chun a áirithiú ar bhealach níos gasta agus níos simplí gur leor an líon saineolaithe rannpháirteacha a bhfuil taithí acu, ba cheart don Choimisiún díorma saineolaithe a bhunú agus a choinneáil ar bun i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Ba cheart gurbh é an díorma sin an príomhfhoinse saineolaithe le haghaidh gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart gur ghairid agus gur ***ghonta*** iad na tuarascálacha meastóireachta. ***Ba cheart dóibh díriú ar*** easnaimh ***a bhfuil tionchar suntasach acu*** agus tábhacht a leagan ar réimsí ***a bhféadfaí*** feabhsuithe ***suntasacha*** a chur orthu. ***Níor cheart torthaí fánacha a chur sna tuarascálacha***. ***Bíodh sin mar atá***, ag deireadh na gníomhaíochta meastóireachta, ba cheart don fhoireann ***na torthaí sin*** a chur in iúl don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air, lena n-áirítear na húdaráis a bhfuil an sásra rialaithe cáilíochta náisiúnta ábhartha faoina gcúram. Ba cheart don fhoireann a dícheall a dhéanamh na cleachtais is fearr a shainaithint lena gcur sna tuarascálacha. Go háirithe, i dtaca le bearta nua nuálacha a chuireann feabhas mór ar chur chun feidhme na rialacha comhchoiteanna ar bearta iad a d'fhéadfadh Ballstáit eile a chur i ngníomh, ba cheart na bearta sin a chur i dtábhacht mar dhea-chleachtas chun críocha na tuarascála. | (19) Ba cheart gur ghairid iad na tuarascálacha meastóireachta ***agus go dtabharfaí cuntas iontu*** ar easnaimh ***arna sainaithint mar aon le*** tábhacht a leagan ar réimsí ***ar cheart*** feabhsuithe a chur orthu. Ag deireadh na gníomhaíochta meastóireachta, ba cheart don fhoireann na torthaí a chur in iúl don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air, lena n-áirítear na húdaráis a bhfuil an sásra rialaithe cáilíochta náisiúnta ábhartha faoina gcúram. Ba cheart don fhoireann a dícheall a dhéanamh na cleachtais is fearr a shainaithint lena gcur sna tuarascálacha. Go háirithe, i dtaca le bearta nua nuálacha a chuireann feabhas mór ar chur chun feidhme na rialacha comhchoiteanna ar bearta iad a d'fhéadfadh Ballstáit eile a chur i ngníomh, ba cheart na bearta sin a chur i dtábhacht mar dhea-chleachtas chun críocha na tuarascála. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Moltaí maidir leis na heasnaimh arna sainaithint a réiteach (lena n-áirítear sáruithe ar chearta bunúsacha), ba cheart na moltaí sin a bheith sna tuarascálacha meastóireachta go hiondúil agus ba cheart don Choimisiún iad a ghlacadh i ngníomh amháin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme tríd an nós imeachta scrúdúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 [36] . Nuair a chomhdhlúthaítear an tuarascáil agus na moltaí le chéile in aon doiciméad amháin atá faoi réir nós imeachta um ghlacadh amháin, treisítear an ceangal bunúsach idir torthaí na meastóireachta agus na moltaí. Sa bhreis air sin, i ngeall ar fhoilsiú brostaithe na moltaí, ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit na heasnaimh a réiteach ar bhealach ní ba thapa agus ní b'éifeachtúla. An tráth céanna, le húsáid an nós imeachta scrúdúcháin, ba cheart go n-áiritheofaí rannpháirtíocht na mBallstát sa phróiseas cinnteoireachta a mbeidh glacadh na moltaí ina thoradh air. | (20) Moltaí maidir leis na heasnaimh arna sainaithint a réiteach (lena n-áirítear sáruithe ar chearta bunúsacha), ba cheart na moltaí sin a bheith sna tuarascálacha meastóireachta go hiondúil agus ba cheart don Choimisiún iad a ghlacadh i ngníomh amháin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme tríd an nós imeachta scrúdúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 [36] ***agus gan moill mhíchuí. Ba cheart aird a thabhairt, go háirithe, ar sháruithe ar chearta bunúsacha a shainaithint agus a leigheas***. Nuair a chomhdhlúthaítear an tuarascáil agus na moltaí le chéile in aon doiciméad amháin atá faoi réir nós imeachta um ghlacadh amháin, treisítear an ceangal bunúsach idir torthaí na meastóireachta agus na moltaí. Sa bhreis air sin, i ngeall ar fhoilsiú brostaithe na moltaí, ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit na heasnaimh a réiteach ar bhealach ní ba thapa agus ní b'éifeachtúla. An tráth céanna, le húsáid an nós imeachta scrúdúcháin, ba cheart go n-áiritheofaí rannpháirtíocht na mBallstát sa phróiseas cinnteoireachta a mbeidh glacadh na moltaí ina thoradh air. |

(36) IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(36) IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Sa bhreis air sin, i gcás ina sainaithneofar i meastóireacht gurb ann d'easnamh tromchúiseach, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha sonracha lena n-áirithiú go nglacfar beart ceartaitheach go prapúil. I bhfianaise an riosca a bhaineann le heasnamh den sórt sin, a luaithe a chuirfear an t-easnamh tromchúiseach in iúl don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air, ba cheart don Bhallstát sin bearta a chur chun feidhme láithreach chun an t-easnamh a leigheas, lena n-áirítear, i gcás inar gá, na hacmhainní oibríochtúla agus airgeadais uile atá ar fáil a shlógadh. Ba cheart gníomhaíocht cheartaitheach a bheith faoi réir sprioc-amanna ní ba ghairide agus scrúdú polaitiúil agus meastóireacht ní ba ghrinne le linn an phróisis. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas nuair a shuitear i meastóireacht gurb ann d'easnamh tromchúiseach agus ba cheart athchuairt i dtaca leis an easnamh tromchúiseach a eagrú nach déanaí ná ***bliain amháin*** ó dháta na meastóireachta chun a fhíorú an bhfuil na heasnaimh lena mbaineann leigheasta ag an mBallstát. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le hathchuairt a chur bhráid na Comhairle tar éis na hathchuairte. | (22) Sa bhreis air sin, i gcás ina sainaithneofar i meastóireacht gurb ann d'easnamh tromchúiseach, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha sonracha lena n-áirithiú go nglacfar beart ceartaitheach go prapúil. I bhfianaise an riosca a bhaineann le heasnamh den sórt sin, a luaithe a chuirfear an t-easnamh tromchúiseach in iúl don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air, ba cheart don Bhallstát sin bearta a chur chun feidhme láithreach chun an t-easnamh a leigheas, lena n-áirítear, i gcás inar gá, na hacmhainní oibríochtúla agus airgeadais uile atá ar fáil a shlógadh. Ba cheart gníomhaíocht cheartaitheach a bheith faoi réir sprioc-amanna ní ba ghairide agus scrúdú polaitiúil agus meastóireacht ní ba ghrinne le linn an phróisis. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas nuair a shuitear i meastóireacht gurb ann d'easnamh tromchúiseach agus ***ba cheart dó tuairisc a thabhairt maidir le haon imeachtaí um shárú atá ar siúl nó atá le déanamh i gcoinne an Bhallstáit a bhfuil meastóireacht déanta air. Ba cheart don Choimisiún freisin*** athchuairt i dtaca leis an easnamh tromchúiseach a eagrú ***tráth*** nach déanaí ná ***180 lá*** ó dháta na meastóireachta chun a fhíorú an bhfuil na heasnaimh lena mbaineann leigheasta ag an mBallstát. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le hathchuairt a chur faoi bhráid na Comhairle ***agus Pharlaimint na hEorpa*** tar éis na hathchuairte. ***I bhfianaise an mhórthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag easnamh tromchúiseach ar limistéar Schengen, ba cheart don Choimisiún nós imeachta um shárú a sheoladh gan mhoill i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh arna sainaithint.*** |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (23) Chun easnamh tromchúiseach a shainaithint, tá gá le measúnú críochnúil a dhéanamh de réir an cháis ar bhonn critéir shoiléire maidir le gné, scála agus tionchar féideartha na bhfadhbanna, ar critéir iad a d'fhéadfadh a bheith difriúil i gcás gach réimse beartais. Na príomheilimintí le haghaidh acquis Schengen a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach mar aon le teaglaim tosca éagsúla, is nithe iad a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le toradh a aicmiú mar easnamh tromchúiseach. Mar sin féin, i gcás easnamh arna sainaithint, má mheastar go bhféadfadh an t-easnamh sin feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú teorannacha inmheánacha a chur i mbaol anois nó sa ghearrthéarma, nó go bhféadfadh sé tionchar diúltach suntasach a imirt ar chearta daoine aonair, ba cheart an t-easnamh sin a mheas mar easnamh tromchúiseach. I gcás ina sainaithneofar i dtuarascáil mheastóireachta gurb ann d'easnamh tromchúiseach maidir leis an rialú teorann a chur i gcrích ag na teorainneacha seachtracha, féadfaidh feidhm a bheith ag Airteagail 21 agus 29 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (37) . | (23) Chun easnamh tromchúiseach a shainaithint, tá gá le measúnú críochnúil a dhéanamh de réir an cháis ar bhonn critéir shoiléire maidir le gné, scála agus tionchar féideartha na bhfadhbanna, ar critéir iad a d'fhéadfadh a bheith difriúil i gcás gach réimse beartais. Na príomheilimintí le haghaidh acquis Schengen a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach mar aon le teaglaim tosca éagsúla, is nithe iad a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le toradh a aicmiú mar easnamh tromchúiseach. Mar sin féin, i gcás easnamh arna sainaithint, má mheastar go bhféadfadh an t-easnamh sin feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú teorannacha inmheánacha a chur i mbaol anois nó sa ghearrthéarma, nó ***go mbeadh tionchar diúltach aige ar chearta bunúsacha nó*** go bhféadfadh sé tionchar diúltach suntasach a imirt ar chearta daoine aonair, ba cheart an t-easnamh sin a mheas mar easnamh tromchúiseach. I gcás ina sainaithneofar i dtuarascáil mheastóireachta gurb ann d'easnamh tromchúiseach maidir leis an rialú teorann a chur i gcrích ag na teorainneacha seachtracha, féadfaidh feidhm a bheith ag Airteagail 21 agus 29 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (37) . |
| (37) Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1). | (37) Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1). |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Tá sé riachtanach agus inmhianaithe go mbíonn plé ar siúl go rialta ar an leibhéal polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chun feasacht a mhéadú maidir le cur chun feidhme acquis Schengen, chun na Ballstáit a sháraíonn na rialacha comhchoiteanna go leanúnach a thabhairt chun cuntais agus chun an brú orthu a mhéadú na heasnaimh arna sainaithint a leigheas. Ba cheart don Choimisiún ionchur leormhaith a chur ar fáil chun an plé sin a éascú lena n-áirítear trí thuarascáil bhliantúil chuimsitheach a ghlacadh ina gcumhdaítear na meastóireachtaí a rinneadh le linn na bliana roimhe sin agus an staid atá ann ó thaobh chur chun feidhme na moltaí, rud a bheadh mar chuid den tuarascáil ar "Staid Schengen". Moltar do Pharlaimint na hEorpa rúin a ghlacadh agus ba cheart don Chomhairle conclúidí a ghlacadh chun an brú a mhéadú ar na Ballstáit nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh acu. Ba cheart do "Fhóram Schengen", agus é ina chéim uathúil chun Schengen a phlé ar ardleibhéal le hionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, ba cheart dó ardán a chur ar fáil do phlé neamhfhoirmiúil d'fhonn acquis Schengen a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. | (26) Tá sé riachtanach agus inmhianaithe go mbíonn plé ar siúl go rialta ar an leibhéal polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chun feasacht a mhéadú maidir le cur chun feidhme acquis Schengen, chun na Ballstáit a sháraíonn na rialacha comhchoiteanna go leanúnach a thabhairt chun cuntais agus chun an brú orthu a mhéadú na heasnaimh arna sainaithint a leigheas. ***Ba cheart go mbeadh an dá institiúid go hiomlán agus go cothrom ar an eolas faoi na forbairtí go léir i gcur chun feidhme acquis Schengen sna Ballstáit.*** Ba cheart don Choimisiún ionchur leormhaith a chur ar fáil chun an plé sin a éascú lena n-áirítear trí thuarascáil bhliantúil chuimsitheach a ghlacadh ina gcumhdaítear na meastóireachtaí a rinneadh le linn na bliana roimhe sin agus an staid atá ann ó thaobh chur chun feidhme na moltaí, rud a bheadh mar chuid den tuarascáil ar "Staid Schengen". Moltar do Pharlaimint na hEorpa rúin a ghlacadh agus ba cheart don Chomhairle conclúidí a ghlacadh chun an brú a mhéadú ar na Ballstáit nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh acu. Ba cheart do "Fhóram Schengen", agus é ina chéim uathúil chun Schengen a phlé ar ardleibhéal le hionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, ba cheart dó ardán a chur ar fáil do phlé neamhfhoirmiúil d'fhonn acquis Schengen a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Stádas rúnaicmithe na tuarascála meastóireachta agus na tuarascála maidir le hathchuairt, ba cheart é a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme arna leagan amach i dTreoir (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([38]) . An Ballstát a ndearnadh meastóireacht air, ba cheart an deis a bheith aige i gcónaí rúnaicmiú na tuarascála nó codanna di a iarraidh i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme. | (28) Stádas rúnaicmithe na tuarascála meastóireachta agus na tuarascála maidir le hathchuairt, ba cheart é a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme arna leagan amach i dTreoir (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([38]) . An Ballstát a ndearnadh meastóireacht air, ba cheart***, i gcásanna eisceachtúla,*** an deis a bheith aige i gcónaí rúnaicmiú na tuarascála nó codanna di a iarraidh i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme. |
| ([38]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53). | ([38]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53). |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) I bhfianaise an róil ar leith a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus do na parlaimintí náisiúnta faoin abairt dheireanach d'Airteagal 70 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar a leagtar béim air in Airteagal 12, pointe (c), den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a mhéid a bhaineann leis na parlaimintí náisiúnta, ba cheart don Chomhairle agus don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta a chur go hiomlán ar an eolas maidir le hábhar agus torthaí na meastóireachtaí. Anuas air sin, dá mba rud é go gcuirfeadh an Coimisiún togra isteach le haghaidh an Rialachán seo a leasú, rachadh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 19(7), pointe (h) dá Rialacha Nós Imeachta [39] , chun an tuairim uaithi a chur san áireamh, a mhéid is féidir, roimh an téacs críochnaitheach a ghlacadh. | (29) I bhfianaise an róil ar leith a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus do na parlaimintí náisiúnta faoin abairt dheireanach d'Airteagal 70 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar a leagtar béim air in Airteagal 12, pointe (c), den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a mhéid a bhaineann leis na parlaimintí náisiúnta, ba cheart don Chomhairle agus don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta a chur go hiomlán ar an eolas maidir le hábhar agus torthaí na meastóireachtaí ***tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an nós imeachta meastóireachta a thabhairt chun críche***. Anuas air sin, dá mba rud é go gcuirfeadh an Coimisiún togra isteach le haghaidh an Rialachán seo a leasú, rachadh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 19(7), pointe (h) dá Rialacha Nós Imeachta [39] , chun an tuairim uaithi a chur san áireamh, a mhéid is féidir, roimh an téacs críochnaitheach a ghlacadh. |
| [39] Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialachán Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35). | [39] Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialachán Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35). |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo bunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin lena áirithiú go ndéanann na Ballstáit acquis Schengen a chur i bhfeidhm go héifeachtach***, agus ar an gcaoi sin go gcuidíonn siad le*** limistéar dea-fheidhmiúil a bheith ann gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. | 1. Leis an Rialachán seo bunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin lena áirithiú go ndéanann na Ballstáit acquis Schengen a chur i bhfeidhm go héifeachtach, ***chun*** limistéar dea-fheidhmiúil gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ***a áirithiú, agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na meastóireachtaí gach gné de ***acquis*** Schengen a chumhdach ***agus feidhmiú na n-údarás a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm*** a chur san áireamh. | 3. Féadfaidh na meastóireachtaí gach gné de acquis Shengen a chumhdach***, lena n-áirítear cur i bhfeidhm éifeachtach agus éifeachtúil beart tionlacain ag na Ballstáit i réimsí a bhaineann le teorainneacha seachtracha, an beartas maidir le víosaí, Córas Faisnéise*** Schengen***, cosaint sonraí, comhar póilíneachta, comhar breithiúnach, chomh maith le heaspa rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha. Is éard a bheidh sna meastóireachtaí go léir measúnú ar chomhlíonadh na gceart bunúsach i gcomhthéacs na ngnéithe arna gcumhdach.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ciallaíonn "meastóireacht gan réamhfhógra" meastóireacht nach bhfuil sna cláir mheastóireachta bhliantúla agus ilbhliantúla, ar meastóireacht í chun a fhíorú go bhfuil *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm ag Ballstát amháin nó níos mó i réimse beartais amháin nó níos mó; | (d) ciallaíonn "meastóireacht gan réamhfhógra" meastóireacht ***a dhéantar gan aon réamhfhógra agus nach*** bhfuil sna cláir mheastóireachta bhliantúla agus ilbhliantúla, ar meastóireacht í chun a fhíorú go bhfuil *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm ag Ballstát amháin nó níos mó i réimse beartais amháin nó níos mó; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) ciallaíonn "cuairt ar ghearrfhógra" cuairt, a dhéanann Ballstát le réamhfhógra 24 uair an chloig ar a mhéad ar mhaithe le seiceáil randamach a dhéanamh ar chur chun feidhme acquis Schengen ag Ballstát;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn "easnamh tromchúiseach" easnamh amháin nó níos mó a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtach ***príomhghnéithe*** de acquis Schengen, easnaimh ***a bhfuil tionchar diúltach suntasach acu,*** ar bhonn aonair nó i dteaglaim, ***ar*** chearta daoine aonair nó ***ar*** fheidhmiú limistéar Schengen, nó a bhfuil baol ann go mbeidh an tionchar sin acu le himeacht ama; | (i) ciallaíonn "easnamh tromchúiseach" easnamh amháin nó níos mó a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtach acquis Schengen***, nó cuid de, lena n-áirítear seasamh leis an gCairt, agus ar*** easnaimh ***iad*** a bhfuil ***tionchar diúltach*** acú nó a bhfuil baol ann ***go mbeadh tionchar diúltach acu ar an tsaorghluaiseacht,*** ar chearta daoine aonair nó ar fheidhmiú limistéar Schengen; |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) ciallaíonn “foireann” grúpa ina bhfuil saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún a dhéanann meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí faireacháin. | (k) ciallaíonn “foireann” grúpa ina bhfuil saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ionadaithe ***agus breathnóirí*** ón gCoimisiún ***arna n-ainmniú ag institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais*** a dhéanann meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí faireacháin. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) ciallaíonn “breathnóir de chuid an Aontais” duine aonair a ainmníonn institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 7(1) atá rannpháirteach i meastóireacht nó i ngníomhaíocht faireacháin.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Oibreoidh na Ballstáit ***agus*** an Coimisiún go hiomlán i gcomhar ag gach céim de na meastóireachtaí ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú. | 3. Oibreoidh na Ballstáit, an Coimisiún ***agus an Chomhairle*** go hiomlán i gcomhar ag gach céim de na meastóireachtaí ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú***, agus áiritheoidh siad ag an am céanna go gcoimeádfar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas faoi na forbairtí substainteacha go léir***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh siad go mbeidh an Coimisiún agus na foirne a dhéanann gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin in ann a gcúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, go háirithe tríd an deis a thabhairt don Choimisiún agus do na foirne dul i dteagmháil go díreach leis na daoine ábhartha agus trí rochtain iomlán gan bhac a thabhairt ar na limistéir ar fad, ar na háitribh ar fad agus ar na doiciméid ar fad ar iarradh rochtain orthu, lena n-áirítear treoirlínte agus treoracha náisiúnta agus inmheánacha, mar aon le cinn rúnaicmithe. | Áiritheoidh siad go mbeidh an Coimisiún agus na foirne a dhéanann gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin in ann a gcúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, go háirithe tríd an deis a thabhairt don Choimisiún agus do na foirne dul i dteagmháil go díreach ***agus go leithleach*** leis na daoine ábhartha agus trí rochtain iomlán gan bhac a thabhairt ar na limistéir ar fad, ar na háitribh ar fad agus ar na doiciméid ar fad ar iarradh rochtain orthu, lena n-áirítear treoirlínte agus treoracha náisiúnta agus inmheánacha, mar aon le cinn rúnaicmithe. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é an Coimisiún a sheasfaidh na costais taistil agus lóistín le haghaidh na saineolaithe ***agus*** l***e haghaidh an bhreathnóra*** dá dtagraítear in Airteagal 16(2), daoine atá rannpháirteach sna cuairteanna. | Is é an Coimisiún a sheasfaidh na costais taistil agus lóistín le haghaidh na saineolaithe agus le haghaidh ***na mbreathnóirí*** dá dtagraítear in Airteagal 16(2) ***agus le haghaidh breathnóirí*** Aontais atá rannpháirteach sna cuairteanna. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) meastóireachtaí arna ndéanamh ar ghearrfhógra;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) chun meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais ag teorainneacha inmheánacha; | (a) chun meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais ag teorainneacha inmheánacha***, go háirithe i gcás ina raibh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i bhfeidhm le níos mó ná 180 lá agus i gcás ina raibh fianaise ann go ndearnadh sáruithe ar chearta bunúsacha.*** |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) nuair atá sé ar an eolas faoi fhadhbanna ***córasacha*** nó fadhbanna atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh tionchar diúltach suntasach a bheith acu ar fheidhmiú limistéar Schengen; | (b) nuair atá sé ar an eolas faoi fhadhbanna córasacha nó fadhbanna atá ***ann cheana*** a d'fhéadfadh tionchar diúltach suntasach a bheith acu ar fheidhmiú limistéar Schengen***, lena n-áirítear imthosca as a bhféadfadh bagairtí inmheánacha slándála eascairt.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) nuair atá foras ann lena mheas go bhfuil Ballstát ag déanamh faillí ***thromchúiseach*** ina n-oibleagáidí faoi acquis Schengen ***lena n-áirítear*** líomhaintí maidir le sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha seachtracha. | (c) nuair atá foras ann lena mheas go bhfuil Ballstát ag déanamh faillí ina n-oibleagáidí faoi acquis Schengen***, go háirithe*** líomhaintí maidir le sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha seachtracha. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an Coimisiún meastóireachtaí téamacha a eagrú, go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme athruithe reachtacha suntasacha, de réir mar a thosóidh na hathruithe ag teacht i bhfeidhm, nó ar chur chun feidhme tionscnamh nua, nó chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna i réimsí beartais éagsúla ***nó*** ar chleachtais Ballstát ***a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu***. | 3. Féadfaidh an Coimisiún meastóireachtaí téamacha a eagrú, go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme athruithe reachtacha suntasacha, de réir mar a thosóidh na hathruithe ag teacht i bhfeidhm, nó ar chur chun feidhme tionscnamh nua, nó chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna i réimsí beartais éagsúla***, nó ar bheartais agus*** ar chleachtais ***chomhchosúla ar fud na mBallstát***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 –fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 a dhéanamh trí bhíthin cuairteanna le réamhfhógra nó gan réamhfhógra, agus trí bhíthin ceistneoirí nó modhanna cianda eile. | Féadfar meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 a dhéanamh trí bhíthin cuairteanna le réamhfhógra***, le gearrfhógra*** nó gan réamhfhógra, agus trí bhíthin ceistneoirí nó modhanna cianda eile. ***Níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin nuair nach meastar go bhfuil gá le cuairteanna fisiciúla***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún socruithe a dhéanamh leis na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE ar mhaithe leis an gcomhar a éascú. | Féadfaidh an Coimisiún socruithe a dhéanamh leis na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE ar mhaithe leis an gcomhar a éascú ***agus cuireadh a thabhairt do chomhalta de chomhlachtaí, d'oifigí nó de ghníomhaireachtaí an Aontais páirt a ghlacadh sna foirne a dhéanann gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin, nuair is ábhartha***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh Frontex ***anailís riosca*** faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát ar mhaithe leis an gclár meastóireachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo. | 1. Faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh Frontex ***anailísí riosca*** faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát ar mhaithe leis an gclár meastóireachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An ***anailís*** riosca dá dtagraítear i mír 1, cumhdóidh sí gach gné ábhartha ***a bhaineann leis*** an mbainistiú comhtháite teorainneacha agus beidh moltaí inti freisin maidir le cuairteanna gan réamhfhógra sa bhliain ina dhiaidh sin, gan beann ar ord na mBallstát a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu gach bliain, de réir mar a bhunófar sa chlár meastóireachta ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 12. | Na ***hanailísí*** riosca dá dtagraítear i mír 1, cumhdóidh siad gach gné ábhartha ***de bhainistiú*** comhtháite teorainneacha ***san Eoraip, mar a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1896, agus áireofar comhpháirt maidir le cearta bunúsacha iontu,*** agus beidh moltaí ***iontu*** freisin maidir le cuairteanna gan réamhfhógra ***nó ar ghearrfhógra*** sa bhliain ina dhiaidh sin, gan beann ar ord na mBallstát a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu gach bliain, de réir mar a bhunófar sa chlár meastóireachta ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 12. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na moltaí sin a bheith bainteach le haon réigiún nó limistéar sonrach agus beidh liosta de dheich gcuid shonracha de na teorainneacha seachtracha ar a laghad agus 10 bpointe trasnaithe teorann shonracha ar a laghad sna moltaí sin, mar aon le suíomhanna sonracha atá ábhartha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht Threoir 2008/115/CE ([47]), agus faisnéis ábhartha eile. | Féadfaidh na moltaí sin a bheith bainteach le haon réigiún nó limistéar sonrach agus beidh liosta de dheich gcuid shonracha de na teorainneacha seachtracha ar a laghad agus 10 bpointe trasnaithe teorann shonracha ar a laghad sna moltaí sin, mar aon le suíomhanna sonracha atá ábhartha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht Threoir 2008/115/CE ([47]), agus faisnéis ábhartha eile. |
| | ***Cuirfidh an Coimisiún anailísí riosca ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gan mhoill i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896.*** |

| | |
|---|---|
| ([47]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98). | ([47]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98). |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha*** |
| | ***I gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (a) agus pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ([1a]) ón gComhairle, faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha conclúidí maidir lena measúnú foriomlán ar chearta bunúsacha i ndáil le cur chun feidhme acquis Schengen faoi bhráid an Choimisiúin d'fhonn a conclúidí a sholáthar dó agus an clár meastóireachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13 á tharraingt suas aici.*** |
| | ***([1a]) Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Torthaí na sásraí agus na n-ionstraimí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a dhéanann na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE a bhfuil baint acu le cur chun feidhme acquis Schengen, gníomhaíochtaí a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus gníomhaíochtaí a dhéanann sásraí agus comhlachtaí faireacháin náisiúnta neamhspleácha agus sásraí rialaithe cáilíochta náisiúnta eile, is torthaí iad a bhainfidh an Coimisiún úsáid astu nuair a bheidh a chuid gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin féin á n-ullmhú aige, ar mhaithe le feasacht a fheabhsú maidir le feidhmiú limistéar Schengen agus ar mhaithe le dúbláil iarrachtaí agus bearta a thagann salach ar a chéile a sheachaint. | 1. Torthaí na sásraí agus na n-ionstraimí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a dhéanann na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE a bhfuil baint acu le cur chun feidhme acquis Schengen, gníomhaíochtaí a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus gníomhaíochtaí a dhéanann sásraí agus comhlachtaí faireacháin náisiúnta neamhspleácha agus sásraí rialaithe cáilíochta náisiúnta eile, is torthaí iad a bhainfidh an Coimisiún úsáid astu nuair a bheidh a chuid gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin féin á n-ullmhú aige***, chun an gá atá le meastóireacht nó meastóireachtaí gan réamhfhógra a dhéanamh ar ghearrfhógra agus*** ar mhaithe le feasacht a fheabhsú maidir le feidhmiú limistéar Schengen agus ar mhaithe le dúbláil iarrachtaí agus bearta a thagann salach ar a chéile a sheachaint. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an fhaisnéis a chomhroinnt i gcomhréir le sainorduithe na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí AE lena mbaineann. | Déanfar an fhaisnéis a chomhroinnt i gcomhréir le sainorduithe na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí AE lena mbaineann. ***Déanfar an chomhroinnt faisnéise sin chun a áirithiú go mbeidh feasacht staide fheabhsaithe ag na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí sin lena mbaineann de chuid an Aontais agus go mbeidh cumas freagartha oibríochtúil fheabhsaithe acu.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gclársceidealú agus i gcur chun feidhme na meastóireachtaí agus na ngníomhaíochtaí faireacháin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh faisnéis a sholáthróidh tríú páirtithe, lena n-áirítear údaráis neamhspleácha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. | I gclársceidealú agus i gcur chun feidhme na meastóireachtaí agus na ngníomhaíochtaí faireacháin, ***go háirithe chun a chinneadh an bhfuil gá le meastóireachtaí neamhfhógartha i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus (2a),*** cuirfidh an Coimisiún san áireamh faisnéis ***agus moltaí*** a sholáthróidh tríú páirtithe ***ábhartha***, lena n-áirítear údaráis neamhspleácha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ***amhail institiúidí agus comhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa. I gcás ina ndeimhneoidh an mheastóireacht go bhfuil easnaimh ann ar tharraing tríú páirtithe aird orthu san fhaisnéis a sholáthraíonn siad, beidh an deis ag na Ballstáit barúil a thabhairt.*** |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I ngach timthriall meastóireachta ilbhliantúil, déanfar meastóireacht thréimhsiúil amháin ar gach Ballstát mar aon le meastóireacht gan réamhfhógra nó ***meastóireacht*** théamach amháin ar a laghad. | I ngach timthriall meastóireachta ilbhliantúil, déanfar meastóireacht thréimhsiúil amháin ar gach Ballstát mar aon le meastóireacht gan réamhfhógra ***nó ar ghearrfhógra, chomh maith le meastóireacht*** théamach ***amháin nó níos nó. Eagróidh an Coimisiún meastóireachtaí gan réamhfhógra de bhun Airteagal 4 aon uair a thiocfaidh na himthosca dá bhforáiltear san Airteagal sin chun cinn.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sainaithneoidh an clár meastóireachta ilbhliantúil ***réimsí tosaíochta sonracha*** a bheidh le cumhdach faoi na meastóireachtaí tréimhsiúla agus beidh sceideal ama sealadach le haghaidh na meastóireachtaí sin sa chlár. | Sainaithneoidh an clár meastóireachta ilbhliantúil***, i gcomhréir le hAirteagal 4, na gnéithe sin de acquis Schengen*** a bheidh le cumhdach faoi na meastóireachtaí tréimhsiúla agus beidh sceideal ama sealadach le haghaidh na meastóireachtaí sin sa chlár. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagfaidh sé amach liosta sealadach de na Ballstáit atá le bheith faoi réir na meastóireachtaí tréimhsiúla, gan dochar do choigeartuithe a dhéanfar faoi mhír 4 i mbliain ar leith. An t-ord sealadach ina bhfuil na Ballstáit le bheith faoi réir meastóireacht tréimhsiúil, cuirfear san áireamh ann an t-am a chuaigh thart ó rinneadh an mheastóireacht thréimhsiúil roimhe sin. Cuirfear san áireamh ann freisin toradh na meastóireachtaí a rinneadh roimhe sin, luas chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta, agus faisnéis ábhartha eile atá ar fáil don Choimisiún maidir le cleachtais na mBallstát. | Leagfaidh sé amach liosta sealadach de na Ballstáit atá le bheith faoi réir na meastóireachtaí tréimhsiúla***, mar aon leis na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a dhéanann feidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme acquis Schengen sna Ballstáit ábhartha***, gan dochar do choigeartuithe a dhéanfar faoi mhír 4 i mbliain ar leith. An t-ord sealadach ina bhfuil na Ballstáit le bheith faoi réir meastóireacht tréimhsiúil, cuirfear san áireamh ann an t-am a chuaigh thart ó rinneadh an mheastóireacht thréimhsiúil roimhe sin. Cuirfear san áireamh ann freisin toradh na meastóireachtaí a rinneadh roimhe sin, luas chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta, agus faisnéis ábhartha eile atá ar fáil don Choimisiún maidir le cleachtais na mBallstát. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus an ceistneoir á tharraingt suas ag an gCoimisiún, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 7. | Agus an ceistneoir á tharraingt suas ag an gCoimisiún, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 7. ***Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, tagarmharcanna sonracha a áireamh sa cheistneoir ar ina leith a dhéanann na foirne meastóireachta measúnú ar chomhlíonadh na gceart bunúsach.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an Coimisiún na freagraí ar fáil do na Ballstáit eile. | Cuirfidh an Coimisiún na freagraí ar fáil do na Ballstáit eile ***agus do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle***. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhar leis na comhlachtaí, na oifigí nó na gníomhaireachtaí AE ábhartha, go bhfaighidh saineolaithe ó na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún oiliúint leormhaith le bheith ina meastóirí Schengen. | Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhar leis na comhlachtaí, na oifigí nó na gníomhaireachtaí AE ábhartha, go bhfaighidh saineolaithe ó na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún oiliúint leormhaith le bheith ina meastóirí Schengen. ***Beidh cur i gcrích na hoiliúna sin éigeantach do gach saineolaí atá rannpháirteach i bhfoireann a dhéanann gníomhaíocht mheastóireachta nó faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 18.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críoch oiliúna, féadfar “breathnóir” ***ó*** Bhallstát ***nó*** ón gCoimisiún a bheith ar gach foireann a dhéanann meastóireachtaí tréimhsiúla. | 2. Chun críoch oiliúna, féadfaidh breathnóir ó Bhallstát***, ón*** gCoimisiún ***nó ó chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais atá bainteach le cur chun feidhme acquis Schengen*** a bheith san áireamh i ngach foireann a dhéanann meastóireachtaí tréimhsiúla. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún díorma saineolaithe a chur ar bun gach bliain i gcomhar leis na Ballstáit, ar saineolaithe iad a bhfuil cúlra gairmiúil acu ***a chumhdaíonn na réimsí tosaíochta sonracha a leagtar amach sa*** chlár meastóireachta ilbhliantúil. | 1. Féadfaidh an Coimisiún díorma saineolaithe a chur ar bun gach bliain i gcomhar leis na Ballstáit, ar saineolaithe iad a bhfuil cúlra gairmiúil acu ***a áiríonn na gnéithe sin de acquis Schengen a bheidh le cumhdach i gcomhréir le*** chlár meastóireachta ilbhliantúil. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcomhthráth le cur ar bun an chláir meastóireachta ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 13(1), ar iarraidh ón gCoimisiún, ainmneoidh na Ballstáit saineolaí cáilithe amháin ar a laghad in aghaidh gach ***réimse shonraigh a sainaithníodh*** sa chlár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh dhíorma saineolaithe na bliana ina dhiaidh sin. | 2. I gcomhthráth le cur ar bun an chláir meastóireachta ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 13(1), ar iarraidh ón gCoimisiún, ainmneoidh na Ballstáit saineolaí cáilithe amháin ar a laghad in aghaidh gach ***gné de acquis Schengen a bhfuil meastóireacht le déanamh uirthi mar a leagtar síos*** sa chlár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh dhíorma saineolaithe na bliana ina dhiaidh sin. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Coimeádfaidh an Coimisiún liosta na saineolaithe atá sa díorma cothrom le dáta agus cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas faoi líon na saineolaithe atá ainmnithe in aghaidh an Bhallstáit agus faoi phróifílí na saineolaithe. | 11. Coimeádfaidh an Coimisiún liosta na saineolaithe atá sa díorma cothrom le dáta agus cuirfidh sé na Ballstáit***, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle*** ar an eolas faoi líon na saineolaithe atá ainmnithe in aghaidh an Bhallstáit agus faoi phróifílí na saineolaithe. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Saineoidh an Coimisiún líon na saineolaithe ó na Ballstáit agus líon na n-ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh rannpháirteach i bhfoireann ar bhonn shaintréithe agus riachtanais na gníomhaíochta meastóireachta nó faireacháin. Roghnóidh an Coimisiún saineolaithe ón díorma saineolaithe le bheith ina mbaill ar fhoireann. | 1. Saineoidh an Coimisiún líon na saineolaithe ó na Ballstáit agus líon na n-ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh rannpháirteach i bhfoireann ar bhonn shaintréithe agus riachtanais na gníomhaíochta meastóireachta nó faireacháin. Roghnóidh an Coimisiún saineolaithe ón díorma saineolaithe le bheith ina mbaill ar fhoireann. ***Beidh oiliúint leordhóthanach dá dtagraítear in Airteagal 16(1) curtha ar chomhaltaí uile na foirne, seachas breathnóirí nó breathnóirí an Aontais.*** |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh saineolaithe ó na Ballstáit rannpháirteach i bhfoireann a dhéanann gníomhaíocht mheastóireachta nó faireacháin ar an mBallstát ina bhfuil siad fostaithe. | Ní bheidh saineolaithe ó na Ballstáit rannpháirteach i bhfoireann a dhéanann gníomhaíocht mheastóireachta nó faireacháin ar an mBallstát ina bhfuil siad fostaithe. ***Thairis sin, i gcás ina bhfuil meastóireacht á déanamh ar ghníomhaíochtaí comhlachta, oifige nó gníomhaireachta de chuid an Aontais i mBallstat mar chuid de mheastóireacht an Bhallstáit sin, ní bheidh aon saineolaí ná breathnóir ón gcomhlacht, ón oifig ná ón ngníomhaireacht sin de chuid an Aontais rannpháirteach sa mheastóireacht.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás cuairteanna gan réamhfhógra, seolfaidh an Coimisiún na cuirí tráth nach déanaí ná coicís roimh an dáta a bhfuil sé sceidealaithe tús a chur leis an gcuairt. Tabharfaidh na saineolaithe freagra laistigh de 72 uair an chloig ón dáta a gheobhaidh siad an cuireadh, i gcomhaontú lena n-údaráis ainmniúcháin. | 4. I gcás cuairteanna gan réamhfhógra ***nó ar ghearrfhógra,*** seolfaidh an Coimisiún na cuirí tráth nach déanaí ná coicís roimh an dáta a bhfuil sé sceidealaithe tús a chur leis an gcuairt. Tabharfaidh na saineolaithe freagra laistigh de 72 uair an chloig ón dáta a gheobhaidh siad an cuireadh, i gcomhaontú lena n-údaráis ainmniúcháin. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Iarrfaidh an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa freisin ionadaí a sheoladh chun breathnú ar na hathchuairteanna mar bhreathnóir de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Má mhainníonn an Coimisiún deimhniú a fháil maidir le rannpháirtíocht an lín saineolaithe is gá ón díorma sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta a bhfuil sé sceidealaithe tús a chur leis an ngníomhaíocht mheastóireachta nó faireacháin, nó ***seachtain amháin*** ar a laghad i gcás cuairteanna gan réamhfhógra, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit ar fad gan mhoill saineolaithe cáilithe a ainmniú lasmuigh den díorma le haghaidh na bhfolúntas sin. | 8. Má mhainníonn an Coimisiún deimhniú a fháil maidir le rannpháirtíocht an lín saineolaithe is gá ón díorma sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta a bhfuil sé sceidealaithe tús a chur leis an ngníomhaíocht mheastóireachta nó faireacháin, nó ***7 lá*** ar a laghad i gcás cuairteanna gan réamhfhógra ***nó ar ghearrfhógra***, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit ar fad gan mhoill saineolaithe cáilithe a ainmniú lasmuigh den díorma le haghaidh na bhfolúntas sin. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 9 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh an Coimisiún príomhshaineolaí ón gCoimisiún agus molfaidh sé an príomhshaineolaí ón mBallstát. Ainmneoidh na baill den fhoireann an príomhshaineolaí ón mBallstát a luaithe is féidir tar éis an fhoireann a chur ar bun. | Ainmneoidh an Coimisiún príomhshaineolaí ón gCoimisiún agus molfaidh sé an príomhshaineolaí ón mBallstát. Ainmneoidh na baill den fhoireann an príomhshaineolaí ón mBallstát a luaithe is féidir tar éis an fhoireann a chur ar bun. ***Ainmneoidh an Coimisiún saineolaí a bheidh freagrach as gnéithe den chuairt nó den mheastóireacht a bhaineann le cearta bunúsacha.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An clár mionsonraithe le haghaidh na gcuairteanna i mBallstát nó i gconsalachtaí Ballstáit, is é an Coimisiún a chuirfidh an clár sin ar bun, i ndlúthchomhar leis na príomhshaineolaithe agus leis an mBallstát lena mbaineann. | An clár mionsonraithe le haghaidh na gcuairteanna i mBallstát nó i gconsalachtaí Ballstáit, is é an Coimisiún a chuirfidh an clár sin ar bun, i ndlúthchomhar leis na príomhshaineolaithe agus leis an mBallstát lena mbaineann. ***Seolfaidh an Coimisiún an clár mionsonraithe chuig an bParlaimint náisiúnta ábhartha.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Na cuairteanna gan réamhfhógra, déanfar iad gan fógra a thabhairt roimh ré don Bhallstát lena mbaineann. ***Mar eisceacht air sin, féadfaidh an Coimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann 24 uair an chloig ar a laghad roimh an am a bhfuil an chuairt le bheith ar siúl nuair is é is príomhchuspóir don chuairt*** gan réamhfhógra ***sin fíorú randamach a dhéanamh ar chur chun feidhme acquis Schengen.*** | Na cuairteanna gan réamhfhógra, déanfar iad gan fógra a thabhairt roimh ré don Bhallstát lena mbaineann. ***Is é an Coimisiún a chuirfidh an clár mionsonraithe le haghaidh cuairteanna*** gan réamhfhógra ***ar bun***. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***Is é an Coimisiún a chuirfidh an clár mionsonraithe le haghaidh cuairteanna gan réamhfhógra ar bun. I gcás ina mbeidh fógra tugtha do na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún an clár ama agus an clár mionsonraithe a cheadú leis an mBallstát lena mbaineann.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 5. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a bhunú maidir le cuairteanna gan réamhfhógra a dhéanamh agus iad a thabhairt cothrom le dáta. | 5. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a bhunú maidir le cuairteanna gan réamhfhógra ***nó ar ghearrfhógra*** a dhéanamh agus iad a thabhairt cothrom le dáta ***agus féadfaidh sé dul i gcomhairle leis na Ballstáit***. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| I gcomhar leis na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a bhunú maidir gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a dhéanamh trí bhíthin ceistneoirí nó modhanna cianda eile. | I gcomhar leis na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a bhunú maidir gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a dhéanamh trí bhíthin ceistneoirí, nó modhanna cianda eile***, mar modhanna comhlántacha***. ***Ní bhainfear úsáid as modhanna ciana ach amháin i gcás nach meastar go bhfuil gá le cuairteanna fisiciúla.*** |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

## Leasú 66

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig na parlaimintí náisiúnta, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. | Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig na parlaimintí náisiúnta, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ***tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis ghlacadh na tuarascála***. |

## Leasú 67

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh moltaí sa tuarascáil mheastóireachta maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus tabharfar léiriú inti ar na tosaíochtaí maidir lena gcur chun feidhme. ***Féadfar*** sprioc-amanna a leagan síos sa tuarascáil mheastóireachta maidir le cur chun feidhme na moltaí. I gcás ina sainaithneofar sa mheastóireacht gurb ann d'easnamh tromchúiseach, beidh feidhm ag na forálacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 23. | 5. Beidh moltaí sa tuarascáil mheastóireachta maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus tabharfar léiriú inti ar na tosaíochtaí maidir lena gcur chun feidhme. ***Déanfar*** sprioc-amanna a leagan síos ***freisin*** sa tuarascáil mheastóireachta maidir le cur chun feidhme na moltaí. I gcás ina sainaithneofar sa mheastóireacht gurb ann d'easnamh tromchúiseach, beidh feidhm ag na forálacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 23. |

## Leasú 68

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tarchuirfidh an Coimisiún an dréacht-tuarascáil mheastóireachta chuig an mBallstát a ndearnadh meastóireacht air laistigh de cheithre seachtaine ó dheireadh na gníomhaíochta meastóireachta. Cuirfidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air a bharúlacha maidir leis an dréacht-tuarascáil mheastóireachta ar fáil laistigh de dhá sheachtain tar éis dó í a fháil. Tionólfar cruinniú maidir le dréachtú arna iarraidh sin don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air, tráth nach déanaí ná cúig lá oibre tar éis na barúlacha a fháil ón mBallstát a ndearnadh meastóireacht air. ***Féadfar*** barúlacha an Bhallstáit a ndearnadh meastóireacht air a léiriú sa ***dréacht-tuarascáil*** mheastóireachta. | 6. Tarchuirfidh an Coimisiún an dréacht-tuarascáil mheastóireachta chuig an mBallstát a ndearnadh meastóireacht air laistigh de cheithre seachtaine ó dheireadh na gníomhaíochta meastóireachta. Cuirfidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air a bharúlacha maidir leis an dréacht-tuarascáil mheastóireachta ar fáil laistigh de dhá sheachtain tar éis dó í a fháil. Tionólfar cruinniú maidir le dréachtú arna iarraidh sin don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air, tráth nach déanaí ná cúig lá oibre tar éis na barúlacha a fháil ón mBallstát a ndearnadh meastóireacht air. ***Léireofar go hiomlán*** barúlacha an Bhallstáit a ndearnadh meastóireacht air sa dréacht-tuarascáil mheastóireachta. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. I gcás ina n-áireofar sa dréacht-tuarascáil mheastóireachta torthaí a bhaineann le gníomhaíochtaí comhlachta, oifige nó gníomhaireachta de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le cur chun feidhme acquis Schengen, beidh feidhm mutatis mutandis ag an nós imeachta a leagtar amach i mír 6.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Cuirfidh na tuarascálacha meastóireachta dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 23 den Rialachán seo leis an measúnú ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1a) agus le hIarscríbhinn III a ghabhann leis.***<br>______________<br>***(1a) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an bhfoireann a rinne an ghníomhaíocht mheastóireachta, cuirfidh sé a chuid tuairimí maidir le sásúlacht an phlean gníomhaíochta ar fáil agus, laistigh de mhí amháin ón dáta a chuirfear an plean isteach, cuirfidh sé a chuid tuairimí in iúl don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air. ***Féadfaidh*** an Chomhairle ***iarraidh*** ar na Ballstáit ***barúlacha a thabhairt*** maidir leis an bplean gníomhaíochta. | Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an bhfoireann a rinne an ghníomhaíocht mheastóireachta, cuirfidh sé a chuid tuairimí maidir le sásúlacht an phlean gníomhaíochta ar fáil agus, laistigh de mhí amháin ón dáta a chuirfear an plean isteach, cuirfidh sé a chuid tuairimí in iúl don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air. ***Iarrfaidh*** an Chomhairle ar na Ballstáit ***eile a mbarúlacha a thabhairt*** maidir leis an bplean gníomhaíochta ***faoi chuimsiú an idirphlé pholaitiúil fheabhsaithe***. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisceoidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air don Choimisiún agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme a phlean gníomhaíochta gach sé mhí ón dáta a ghlacfar an tuarascáil mheastóireachta go dtí go measfaidh an Coimisiún go bhfuil an plean gníomhaíochta curtha chun feidhme ina iomláine. Féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar an mBallstát a ndearnadh meastóireacht air cloí le minicíocht eile maidir leis an tuairisciú, ag brath ar chineál na n-easnamh agus ar staid chur chun feidhme na moltaí. | Tuairisceoidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air don Choimisiún agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme a phlean gníomhaíochta gach sé mhí ón dáta a ghlacfar an tuarascáil mheastóireachta go dtí go measfaidh an Coimisiún go bhfuil an plean gníomhaíochta curtha chun feidhme ina iomláine. Féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar an mBallstát a ndearnadh meastóireacht air cloí le minicíocht eile maidir leis an tuairisciú, ag brath ar chineál na n-easnamh agus ar staid chur chun feidhme na moltaí. ***Más rud é, tar éis 24 mhí ó ghlacadh na tuarascála meastóireachta, go measfaidh an Coimisiún nár tugadh aghaidh ar na moltaí go léir go leordhóthanach agus nár cuireadh an plean gníomhaíochta chun feidhme go hiomlán, cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a seasamh ar an ábhar in iúl trí chinneadh réasúnaithe.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ***agus*** an Chomhairle ar an eolas faoi staid chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta dhá uair sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, faisnéis a sholáthar faoina chuid tuairimí maidir le sásúlacht na bpleananna gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 2, faoi thoradh na n-athchuairteanna agus na gcuairteanna fíorúcháin, agus faoina bharúil an ann d'easpa shuntasach dul chun cinn i ndáil le plean gníomhaíochta a chur chun feidhme. | Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle ***agus na parlaimintí náisiúnta lena mbaineann*** ar an eolas faoi staid chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta dhá uair sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, faisnéis a sholáthar faoina chuid tuairimí maidir le sásúlacht na bpleananna gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 2, faoi thoradh na n-athchuairteanna agus na gcuairteanna fíorúcháin, agus faoina bharúil an ann d'easpa shuntasach dul chun cinn i ndáil le plean gníomhaíochta a chur chun feidhme. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air bearta ceartaitheacha láithreacha lena n-áirítear, i gcás inar gá, na hacmhainní oibríochtúla agus airgeadais uile atá ar fáil a shlógadh. Cuirfidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air an Coimisiún agus na Ballstáit ar an eolas gan mhoill faoi na gníomhaíochtaí ceartaitheacha láithreacha a rinneadh nó atá beartaithe. I gcomhthráth leis sin, cuirfidh an Coimisiún na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 7 ar an eolas faoin easnamh tromchúiseach i bhfianaise na tacaíochta a d'fhéadfadh siad a thabhairt don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin. | Déanfaidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air bearta ceartaitheacha láithreacha lena n-áirítear, i gcás inar gá, na hacmhainní oibríochtúla agus airgeadais uile atá ar fáil a shlógadh. Cuirfidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air an Coimisiún agus na Ballstáit ar an eolas gan mhoill faoi na gníomhaíochtaí ceartaitheacha láithreacha a rinneadh nó atá beartaithe. I gcomhthráth leis sin, cuirfidh an Coimisiún na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 7 ar an eolas faoin easnamh tromchúiseach i bhfianaise na tacaíochta a d'fhéadfadh siad a thabhairt don Bhallstát a ndearnadh meastóireacht air. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ***agus na parlaimintí náisiúnta*** ar an eolas ***láithreach*** freisin ***maidir leis an easnamh tromchúiseach arna sainaithint agus maidir leis na gníomhaíochtaí feabhais, más ann dóibh, atá déanta cheana féin ag an mBallstát a mbeidh meastóireacht déanta air***. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Chomhairle moltaí ***laistigh de dhá sheachtain ón*** dáta a gheofar an togra. | Glacfaidh an Chomhairle moltaí ***tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an*** dáta a gheofar an togra. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Socróidh an Chomhairle teorainneacha ama le haghaidh chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le heasnamh tromchúiseach agus sonróidh sí minicíocht maidir leis an tuairisciú a dhéanfaidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air don Choimisiún agus don Chomhairle i ndáil le cur chun feidhme a phlean gníomhaíochta. | ***Pléifidh*** an Chomhairle ***an tsaincheist faoi phráinn agus*** socróidh sí teorainneacha ama ***gearra*** le haghaidh chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le heasnamh tromchúiseach agus sonróidh sí minicíocht maidir leis an tuairisciú a dhéanfaidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air don Choimisiún agus don Chomhairle i ndáil le cur chun feidhme a phlean gníomhaíochta. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air a phlean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle laistigh de ***mhí amháin*** tar éis ghlacadh na moltaí. Tarchuirfidh an Coimisiún an plean gníomhaíochta sin chuig Parlaimint na hEorpa. | Cuirfidh an Ballstát a ndearnadh meastóireacht air a phlean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle laistigh de ***3 seachtaine*** tar éis ghlacadh na moltaí. Tarchuirfidh an Coimisiún an plean gníomhaíochta sin chuig Parlaimint na hEorpa ***gan aon mhoill***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ar mhaithe leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na moltaí a bhaineann leis an easnamh tromchúiseach a fhíorú, eagróidh an Coimisiún athchuairt atá le déanamh tráth nach déanaí ná ***bliain amháin*** ó dháta na gníomhaíochta meastóireachta. | Ar mhaithe leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na moltaí a bhaineann leis an easnamh tromchúiseach a fhíorú, eagróidh an Coimisiún athchuairt atá le déanamh tráth nach déanaí ná ***180 lá*** ó dháta na gníomhaíochta meastóireachta. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Cuirfidh an Chomhairle a seasamh maidir leis an tuarascáil in iúl. | 8. Cuirfidh an Chomhairle a seasamh in iúl maidir leis an tuarascáil ***mheastóireachta agus féadfaidh sí a iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh moltaí i leith gníomhaíochtaí leasúcháin atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh thromchúiseacha leanúnacha arna sonrú sa tuarascáil athchuairte. I gcás ina dtíolacfaidh an Coimisiún an togra sin, beidh feidhm ag mír 6 agus ag mír 7.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Más rud é, tar éis athchuairte, nach gcuireann Ballstát plean gníomhaíochta chun feidhme go sásúil tar éis meastóireacht lenar sainaithníodh easnamh tromchúiseach, seolfaidh an Coimisiún nós imeachta um shárú i gcoinne an Bhallstáit sin i gcomhréir le CFAE má mheasann sé gur mhainnigh an Ballstát sin oibleagáid a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Maidir leis an easnamh tromchúiseach, má mheastar gur bagairt thromchúiseach é ar bheartas poiblí nó ar shlándáil inmheánach laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, nó má mheastar gur sárú tromchúiseach córasach ar chearta bunúsacha é, déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas ***faoi*** láithreach, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó do Bhallstát. | 10. Maidir leis an easnamh tromchúiseach, má mheastar gur bagairt thromchúiseach é ar bheartas poiblí nó ar shlándáil inmheánach laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, nó má mheastar gur sárú tromchúiseach córasach ar chearta bunúsacha é, déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi láithreach, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó do Bhallstát ***agus cuirfidh sé ar an eolas iad faoi imeachtaí um shárú atá ar siúl nó a thionscnófar in aghaidh an Bhallstáit a bhfuil meastóireacht déanta air***. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cinnfear stádas rúnaicmiúcháin na dtuarascálacha i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444. Féadfar ***iad*** a rúnaicmiú freisin mar "EU RESTRICTED/RESTREINT UE" ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón mBallstát a ndearnadh meastóireacht air. | 2. Cinnfear stádas rúnaicmiúcháin na dtuarascálacha i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444. ***I gcásanna eisceachtúla,*** féadfar ***codanna de na tuarascálacha meastóireachta*** a rúnaicmiú freisin mar "EU RESTRICTED/RESTREINT UE" ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón mBallstát a ndearnadh meastóireacht air. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Is i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme a dhéanfar faisnéis agus doiciméid rúnaicmithe a tharchur agus a láimhseáil chun críocha an Rialacháin seo. Ní chuirfidh na rialacha sin bac ar fhaisnéis a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa ná do na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 7. | 3. Is i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme a dhéanfar faisnéis agus doiciméid rúnaicmithe a tharchur agus a láimhseáil chun críocha an Rialacháin seo. Ní chuirfidh na rialacha sin bac ar fhaisnéis a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa***, do na parlaimintí náisiúnta*** ná do na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí AE ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 7. |

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh an Coimisiún faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle laistigh de shé mhí ón dáta a ghlacfar na tuarascálacha meastóireachta uile maidir leis na meastóireachtaí a chumhdaítear faoin gcéad chlár meastóireachta ilbhliantúil, clár a ghlacfar i gcomhréir leis an Rialachán seo. Faoin athbhreithniú sin, cumhdófar eilimintí uile an Rialacháin seo, lena n-áirítear feidhmiú na nósanna imeachta um ghníomhartha a ghlacadh faoin sásra meastóireachta. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. | Tabharfaidh an Coimisiún faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle laistigh de shé mhí ón dáta a ghlacfar na tuarascálacha meastóireachta uile maidir leis na meastóireachtaí a chumhdaítear faoin gcéad chlár meastóireachta ilbhliantúil, clár a ghlacfar i gcomhréir leis an Rialachán seo. Faoin athbhreithniú sin, cumhdófar eilimintí uile an Rialacháin seo, lena n-áirítear feidhmiú na nósanna imeachta um ghníomhartha a ghlacadh faoin sásra meastóireachta. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ***gan aon mhoill***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 30a*** |
| | ***Athbhreithniú*** |
| | ***Aon togra ón gCoimisiún amach anseo maidir le leasú a dhéanamh ar an sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, beidh sé bunaithe ar Airteagal 77(2), pointe (b) CFAE.*** |

P9_TA(2022)0127

# Meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2023

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar ioncam agus caiteachas don bhliain airgeadais 2023 (2021/2227(BUI))

(2022/C 434/28)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]) ("an Rialachán Airgeadais"),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([2]),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([4]),

— ag féachaint do na conclúidí ó chruinnithe Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2021 agus an 22 Samhain 2021;

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2021 maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an Athléimneacht a Fheabhsú agus chun Bagairtí Hibrideacha a Chomhrac;

— ag féachaint do Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Gheimhridh, 2022, ón gCoimisiún, a foilsíodh an 10 Feabhra 2022;

— ag féachaint don litir a seoladh an 7 Iúil 2020 ina raibh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ag tathant ar an Uachtarán Sassoli agus ar an Ard-Rúnaí Welle feabhas a chur ar shoghluaisteacht ghníomhach inbhuanaithe agus shábháilte i bParlaimint na hEorpa;

— ag féachaint do Straitéis Mheántéarmach 2024 ó EMAS a ghlac an Coiste Stiúrtha Bainistíochta Comhshaoil sa Bhruiséil an 15 Nollaig 2020,

— ag féachaint do na ceanglais bhreisíochta i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite), go háirithe Aithris 90 agus Airteagal 27 di,

---

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([4]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 15.

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – lena gcuirtear iompar Eorpach ar an mbóthar ceart don todhchaí (COM(2020)0789), go háirithe mír 9 di maidir le taisteal comhchoiteann,

— ag féachaint dá rún an 29 Aibreán 2021 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar ioncam agus caiteachas don bhliain airgeadais 2022 ([5]),

— ag féachaint dá rún an 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le seasamh na Comhairle ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 ([6]),

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 ([7]) agus do na ráitis chomhpháirteacha a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún atá i gceangal leis seo,

— ag féachaint do thuarascáil an Ardrúnaí chuig an mBiúró maidir le réamhdhréacht de mheastacháin Pharlaimint na hEorpa don bhliain airgeadais 2023 a tharraingt suas,

— ag féachaint don réamhdhréacht de na meastacháin arna dtarraingt suas ag an mBiúró an 7 Márta 2022 de bhun Rialacha 25(7) agus 102(1) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do na dréachtmheastacháin arna dtarraingt suas ag an gCoiste um Buiséid de bhun Riail 102(2) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Riail 102 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0087/2022),

A. de bhrí gurb ionann an buiséad a mhol an tArd-Rúnaí an 14 Feabhra 2022 don réamhdhréacht de mheastacháin na Parlaiminte do 2023 agus méadú 4,9 %;

B. de bhrí gur ríomh an Coimisiún i Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Gheimhridh, 2022, dá chuid gurbh é 4,9 % ráta boilscithe an Aontais Eorpaigh i ráithe dheiridh 2021 agus 2,9 % don bhliain iomlán; de bhrí go measann an Coimisiún go ndéanfar boilsciú a chobhsú ag 3.9 % in 2022 agus ag 1,9 % in 2023 tar éis na buaice a tharla ag deireadh 2021 agus tús 2022; de bhrí go bhfuil leibhéal boilscithe 2023 thar a bheith luaineach agus dothuartha faoi láthair; de bhrí go ndéanfaidh an Coiste um Buiséid faireachán ar a theacht chun cinn agus go ngníomhóidh sé dá réir, más gá;

C. de bhrí go mbraitheann iontaoibh shaoránaigh na hEorpa sa Pharlaimint agus a Feisirí ar chumas na Parlaiminte féin cáilíocht na hoibre reachtaíochta agus grinnscrúdaithe a áirithiú agus na torthaí a chur in iúl; de bhrí nach mór don Pharlaimint sampla a thabhairt le taobh institiúidí eile agus, dá bhrí sin, a caiteachas a phleanáil agus a chur i gcrích go stuama agus go héifeachtúil agus na réaltachtaí eacnamaíocha forleathana a léiriú;

D. de bhrí gur cheart buiséad na Parlaiminte a shocrú ar bhonn réalaíoch agus gur cheart é a bheith i gcomhréir le prionsabail an smachta bhuiséadaigh agus na bainistíochta fónta airgeadais;

E. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach guth daonlathach na Parlaiminte a chosaint, go háirithe i bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair, go háirithe an t-ionsaí neamhdhlisteanach cogaidh a rinne an Rúis ar an Úcráin agus na toghcháin don Pharlaimint atá ar na bacáin; de bhrí go bhfuil cibearbhagairtí i gcoinne na Parlaiminte ag fás as cuimse, lena n-áirítear bagairtí ó ghrúpaí státurraithe, ó thaobh líon na mbagairtí sin agus a shofaisticiúla is atá siad; de bhrí go n-éilíonn an caighdeán sa tionscal gur cheart 10 % den bhuiséad iomlán faisnéise, cumarsáide agus teicneolaíochta (TFC) a chaitheamh ar an gcibearshlándáil; de bhrí gur fhormheas an Biúró, le linn a chruinnithe an 4 Deireadh Fómhair 2021, stiúrthóireacht nua um chibearshlándáil a chruthú, agus go háirithe an tAonad um bagairtí cibearshlándála, um fhaireachán ar rioscaí agus um chomhlíonadh maidir le cosaint sonraí a thuairisciú, san Ard-Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Thacaíocht Theicniúil (AS ITEC) agus gur fhormheas sé na hacmhainní is gá a leithdháileadh;

F. de bhrí gur bagairtí iad cibearionsaithe ní hamháin ar an bParlaimint ach ar institiúidí uile an Aontais; de bhrí go bhfuil comhar idirinstitiúideach ríthábhachtach chun na bagairtí sin a chosc agus a bhrath, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun freagairt dóibh ar bhealach leordhóthanach; de bhrí gurb é Ard-Stiúrthóir AS ITEC Cathaoirleach na Foirne

---

([5]) IO C 506, 15.12.2021, lch. 247.
([6]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0432.
([7]) IO L 45, 24.2.2022.

Práinnfhreagartha Ríomhaire (CERT-AE), comhlacht idirinstitiúideach i réimse na cibearshlándála; de bhrí go bhfuil an Pharlaimint an-tiomanta do shineirgí breise agus comhar le hinstitiúidí eile a lorg, trí, *inter alia* acmhainní CERT-EU a fhorbairt trí bheirt státseirbhíseach ón bParlaimint a phostú, mar a chomhaontaigh an Biúró, le linn a chruinnithe an 4 Deireadh Fómhair 2021;

G. de bhrí nach bhfuil i gcibearionsaithe ach cineál amháin cibearbhagartha; de bhrí gurb iad bagairtí hibrideacha na príomhbhagairtí ar an bParlaimint agus ar institiúidí eile de chuid an Aontais anois; de bhrí go dtagraíonn bagairtí hibrideacha do chibearionsaithe, spiaireacht, cur isteach ar thoghcháin agus feachtais bhréagaisnéise, lena n-áirítear ar na meáin shóisialta; de bhrí gur iarr an Chomhairle ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tacaíocht ó na Ballstáit, i gconclúidí a cruinnithe an 10 Nollaig 2021 maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun Feabhas a chur ar an Athléimneacht agus ar Bhagairtí Hibrideacha a Chomhrac, inniúlacht an Aontais a áirithiú chun a shláine a chosaint agus feabhas a chur ar shlándáil líonraí faisnéise agus cumarsáide an Aontais agus ar phróisis chinnteoireachta chun iad a chosaint ar ghníomhaíochtaí mailíseacha de gach cineál, ar bhonn measúnú cuimsitheach ar bhagairtí; de bhrí gur fhormheas an Biúró, le linn a chruinnithe an 22 Samhain 2021, atheagrú na hArd-Stiúrthóireachta um Shlándáil agus Sábháilteacht (AS SAFE), lena gcruthófaí stiúrthóireacht nua um theicneolaíocht agus faisnéis slándála chun idirchaidreamh oibríochtúil agus malartú faisnéise a chuimsiú agus a chomhordú le seirbhísí slándála institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, agus le seirbhísí póilíneachta agus slándála na dtíortha óstacha agus na mBallstát eile, rud a chomhlánóidh gníomhaíochtaí cosanta AS ITEC sa chibearshlándáil;

H. de bhrí gur tháinig méadú ocht bpointe céatadáin ar an ráta rannpháirtíochta i dtoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa i gcomparáid le toghcháin 2014; de bhrí gur bliain thábhachtach í 2023 chun ullmhú do thoghcháin 2024;

I. de bhrí go ndíríonn an “Straitéis Foirgneamh Tar Éis 2019” ar riachtanais nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach go fóill, amhail saoráidí a chur in oiriúint do nuachóiriú samhlacha cruinnithe parlaiminteacha, a tharlóidh go háirithe a bhuí le comhtháthú “Europa Experience” sna hOifigí Idirchaidrimh, le feabhsú leanúnach shlándáil fhoirgnimh na Parlaiminte agus le hidirnascadh foirgneamh lárnach agus gá atá le foirgnimh a chothabháil chun caighdeáin sábháilteachta reatha a chomhlíonadh agus freastal ar fhíor-riachtanais a n-úsáideoirí;

***Creat ginearálta***

1. ag meabhrú go ndéantar formhór bhuiséad na Parlaiminte a shocrú le hoibleagáidí reachtúla nó conarthacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil 65 % den bhuiséad faoi réir innéacsú bliantúil, arb ionann é agus méadú EUR 67 milliún in 2023 sa réamhdhréacht de na meastacháin a mhol an tArd-Rúnaí an 14 Feabhra 2022; á mheabhrú go bhfuil réamhaisnéisiú déanta ag an gCoimisiún ar an innéacsú tuarastail, i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne agus le Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, do mhí Iúil 2022, do mhí Aibreáin 2023 agus do mhí Iúil 2023 agus go seasann an réamhaisnéisiú sin faoi láthair ag 4.3 %, 1,1 % agus 2,6 % faoi seach; ag tabhairt dá haire go ndearna an Pharlaimint, i bhfianaise an ionchais eacnamaíoch reatha, 6 % d’innéacsú tuarastail a thuar amhail ó mhí Iúil 2022; á mheabhrú, i gcomhréir leis na réamhaisnéisí ón gCoimisiún, nár áiríodh i mbuiséad 2022 ach innéacsú tuarastail de 2,5 % do 2022;

2. ag formhuiniú an chomhaontaithe ar thángthas air san Idir-réiteach idir an Biúró agus an Coiste um Buiséid an 30 Márta 2022 chun an méadú thar bhuiséad 2022 a shocrú ag 6,24 %, a chomhfhreagraíonn do leibhéal foriomlán meastachán de EUR 2 244 696 416 do 2023, chun leibhéal caiteachais an réamhdhréachta de na meastacháin a d’fhormheas an Biúró an 7 Márta 2022 a laghdú EUR 33,96 milliún, chun foráil a dhéanamh do 60 post nua i ndáil leis an gcibearshlándáil agus leis an tslándáil, ach gan ach 52 phost bhreise a iarraidh sa phlean bunaíochta do 2023 ós rud é go ndéantar 8 bpost a athlonnú ó sheirbhísí riaracháin eile agus chun leithreasuithe ó a laghdú dá réir, a mholadh de réir na línte buiséid seo a leanas:

1 0 0 4 – Gnáthspeansais taistil, 1 2 0 0 – Luach saothair agus liúntais, 1 4 5 – Caiteachas ar ateangaireacht, 1 4 2 – Seirbhísí aistriúcháin sheachtraigh, 2 0 0 7 – Foirgnimh a thógáil agus feistiú áitreabh, 2 1 0 2 – Ríomhaireacht agus teileachumarsáid – Oibríochtaí ’gnó mar is ghnách’ – Tacaíocht ghinearálta d’úsáideoirí, 2 1 0 3 – Ríomhaireacht agus teileachumarsáid – oibríochtaí “gnó mar is gnách” Bainistíocht feidhmchlár TFC, 2 1 0 4 – Ríomhaireacht agus teileachumarsáid – Infheistíocht i mbonneagar, 2 1 0 5 – Ríomhaireacht agus teileachumarsáid – Infheistíocht i dtionscadail, 2 1 2 – Troscán, 2 1 4 – Trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla, 2 1 6 – Iompar Feisirí, daoine eile agus earraí, 2 3 7 —

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

Aistriú troscán, 2 3 8 – Caiteachas riaracháin eile, 3 0 0 – Speansais le haghaidh misin foirne agus taisteal dualgais idir na trí áit oibre, 3 2 0 – Fáil saineolais, 3 2 1 – Caiteachas ar sheirbhísí taighde pharlaimintigh na hEorpa, lena n-áirítear an leabharlann, an chartlann stairiúil, measúnú ar roghanna eolaíocha agus teicneolaíochta (STOA) agus Mol Eorpach na Meán Eolaíochta, 1 – Foilseacháin dhigiteacha agus thraidisiúnta, 3 2 4 2 – Caiteachas ar fhoilsiú, faisnéis agus rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí, 3 2 4 3 – Ionaid chuairteoirí Pharlaimint na hEorpa, 3 2 4 4 – Eagrú agus fáiltiú grúpaí cuairteoirí, clár Euroscola agus cuirí d'iolraitheoirí tuairimíochta ó thríú tíortha, 3 2 4 8 – Caiteachas ar fhaisnéis chlosamhairc, 4 0 0 – Caiteachas riaracháin reatha agus caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí polaitiúla agus faisnéise na ngrúpaí polaitiúla agus na bhFeisirí neamhcheangailte

thairis sin, i bhfianaise éifeachtaí urghnácha na géarchéime idirnáisiúnta ar bhoilsciú, ar speansais reachtúla agus ar an ngá atá le hathléimneacht na Parlaiminte a neartú go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh sa tslándáil agus sa chibearshlándáil, chun leibhéal caiteachais an réamhdhréachta ar na meastacháin a d'fhormheas an Biúró an 7 Márta 2022 a mhéadú EUR 62 mhilliún agus na leithreasuithe atá beartaithe maidir leis na línte buiséid seo a leanas a mhéadú dá réir:

1 0 0 0 – Tuarastail, 1 0 0 4 – Gnáthspeansais taistil, 1 0 0 5 – Speansais taistil eile, 1 0 0 6 – Liúntas do chaiteachas ginearálta, 1 0 2 – Liúntais idirthréimhseacha, 1 0 3 0 – Pinsin scoir (PEAM), 1 0 3 1 – Pinsin easláine (PEAM), 1 0 3 2 – Pinsin Marthanóirí (PEAM), 1 2 0 0 – Luach saothair agus liúntais, 1 4 0 0 – Foireann eile – Rúnaíocht agus grúpaí polaitiúla, 1 4 0 1 – Foireann eile – Slándáil, 1 4 0 2 – Foireann eile – Tiománaithe sa Rúnaíocht, 1 4 0 5 – Caiteachas ar ateangaireacht, 2 0 2 4 – Tomhaltas fuinnimh, 2 1 0 4 – Ríomhaireacht agus teileachumarsáid – Infheistíocht i mbonneagar, 4 2 2 – Caiteachas a bhaineann le cúnamh parlaiminteach

3. á mheas nach mór breathnú ar an méadú foriomlán de 6,24 % i gcomparáid le 2022 mar mhéadú 2,46 % don chuid faoi ghnáthdhálaí agus, i ngeall ar na cúinsí eisceachtúla atá ann faoi láthair, méadú EUR 79,8 milliún a chomhfhreagraíonn don chuid le haghaidh géarchéime chun boilsciú eisceachtúil, an méadú ar chostais reachtúla mar thoradh air sin agus infheistíochtaí sa tslándáil agus sa chibearshlándáil a chumhdach.

4. á chur i bhfios go láidir go raibh ráta méadaithe bhuiséad na Parlaiminte níos ísle le blianta beaga anuas ná ráta méadaithe Cheannteideal 7; ag tabhairt dá haire nár bhain an Pharlaimint úsáid as an 20 % de Cheannteideal 7 a bhfuil sí ina theideal;

5. á chur i bhfios go láidir gur gá d'institiúidí uile an Aontais géilleadh don smacht buiséadach agus a riachtanais airgeadais á mbunú acu don chéad bhliain eile;

***Slándáil i gcoinne bagairtí hibrideacha méadaitheacha***

6. á chur i bhfios go láidir gur príomhthosaíocht í cibearshlándáil na Parlaiminte, go háirithe i bhfianaise an teannais gheopholaitiúil atá ann faoi láthair; á chinneadh, dá bhrí sin, tacú le moladh an Ard-Rúnaí 40 post sa bhreis a dhaingniú do AS ITEC chun inniúlachtaí cibearchosanta na Parlaiminte a mhéadú agus leibhéal leordhóthanach acmhainne inmheánaí a bhaint amach; á mheabhrú gur laghdaíodh faoi 6 % foireann na Parlaiminte le linn Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020, a tharla den chuid is mó laistigh dá foireann riaracháin; á chreidiúint gur gá acmhainní na Parlaiminte ó thaobh slándála de a mhéadú chun sláine a córas TFC a chosaint; ag tabhairt dá haire gurb ionann tionchar na 40 post a chruthófar do 2023 agus 4,3 milliún agus gur áiríodh EUR 5 mhilliún sa bhuiséad do 2023 d'infheistíochtaí agus oibríochtaí cibearshlándála;

7. Sa chomhthéacs sin, ag athdhearbhú a hiarrata ar na seirbhísí ábhartha réitigh a chomhtháthú agus a úsáid le haghaidh teachtaireachtaí meandracha agus cruinnithe fíorúla atá bunaithe ar fhoinse oscailte, a óstáiltear ar fhreastalaithe na Parlaiminte, agus a chumasaíonn cumarsáid shlán, amhail Matrix agus Jitsi chun cur go suntasach le rúndacht na cumarsáide inmheánaí;

8. á mheas go bhfuil comhar idirinstitiúideach ríthábhachtach chun sineirgí a mhéadú i measc na riarachán agus chun institiúidí an Aontais a chosaint go leordhóthanach ar chibearbhagairtí; ag tacú go láidir leis an bhfíoras go ndéanfar 2 phost AD (as 40 post breise sa chibearshlándáil) a chur ar fáil go sealadach do CERT-EU mar aon le buiséad bliantúil breise de EUR 1,564 milliún; á mheas go rachaidh acmhainn mhéadaithe na Parlaiminte i ndáil le cibearshlándáil chun tairbhe na n-institiúidí uile trí chosc, brath agus roinnt agus leasanna an Aontais a chosaint ar chibearbhagairtí ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear an togra nua ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le leibhéal ard cibearshlándála ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais;

9. á mheabhrú go bhfuil bagairtí ag tiontú de réir a chéile ina mbagairtí hibrideacha; ag tacú go láidir le 20 post breise do AS SAFE chun acmhainneacht agus cumas na Parlaiminte a neartú chun na bagairtí nua seo de chineál hibrideach a bhrath, a chosc agus freagairt dóibh agus chun próisis slándála a nuachóiriú agus a dhigitiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil mar aidhm leis an Tascfhórsa Idirinstitiúideach um Fhrithaisnéis Dhaonna, Dhigiteach agus Hibrideach an comhar idir institiúidí an Aontais agus an comhordú le seirbhísí faisnéise agus slándála na mBallstát a threisiú;

10. á iarraidh ar an Ard-Rúnaí leas a bhaint as sineirgí féideartha chun éifeachtúlacht laistigh den riarachán a mhéadú, agus chun anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcuidíonn digitiú agus bealaí nua oibre chun na stiúrthóireachtaí a chuíchóiriú agus chun gur féidir poist a aistriú chuig réimsí tosaíochta; sa chomhthéacs sin, á chur in iúl gur geal léi an tástáil phíolótach a rinneadh ar an ardán foinse oscailte idirnasctha micreabhlagála "EU Voice" arna bhunú ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, chun rannchuidiú le príobháideachas úsáideoirí, slándáil agus athléimneacht TF, ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, idir-inoibritheacht, iomaíocht agus rogha úsáideoirí;

***Straitéis chumarsáide i leith na saoránach***

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an bParlaimint i bhfeasacht pholaitiúil Eorpach a fhorbairt agus luachanna an Aontais a chur chun cinn;

12. á chur i bhfios go láidir go bhfuil cumarsáid na bpáirtithe polaitiúla agus na bhFeisirí féin ar cheann de na príomhspreagthóirí do ráta ard rannpháirtíochta agus spéise i measc shaoránaigh an Aontais sna toghcháin Eorpacha; á iarraidh go mbeadh comhordú ann idir Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (DG COMM) agus seirbhísí preasa na ngrúpaí polaitiúla, le tacaíocht theicniúil ón Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh (DG EPRS) agus ó Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (AS TRAD) chun teachtaireacht chomhordaithe, leormhaith agus shoiléir a áirithiú do shaoránaigh;

13. ag tabhairt dá haire gur leithdháileadh acmhainní breise (EUR 27,5 milliún) ar AS COMM don straitéis chumarsáide a bhaineann le toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa chun ról agus feidhmeanna an Aontais a mhíniú, agus go háirithe ról agus feidhmeanna na Parlaiminte, an tionchar nithiúil ar shaol na saoránach, an fáth ar féidir difríocht a dhéanamh le vótáil sna toghcháin agus chun a áirithiú go mbeidh gach struchtúr, uirlis agus ardán i bhfeidhm agus ullamh in 2024;

14. á iarraidh go mbeifí cáiréiseach tráth a nascfar leibhéal na speansas cumarsáide le líon na ndaoine a vótálfaidh ag na toghcháin Eorpacha, nó go ndéanfaí é a nascadh go comhleanúnach, lena n-áirítear i gcás ráta athraithe níos ísle rannpháirtíochta;

15. á mheas go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an Pharlaimint ullamh mar is ceart chun dul i ngleic le bréagaisnéis; á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe idir AS ITEC, AS SAFE agus AS COMM chun feachtais bhréagaisnéise a bhrath, faireachán a dhéanamh orthu agus réiteach a fháil orthu go pras agus go soiléir, go háirithe ar na meáin shóisialta; á iarraidh go leanfar den chomhar leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir leis an mbréagaisnéis;

16. ag tacú le bunú *Europa Experiences* faoi 2024 sna Ballstáit uile; ag tacú leis an lucht riaracháin ina bheartas arb é is aidhm dó an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí; ag dréim leis go mbeidh tionchar fadtéarmach buiséadach ag *Europa Experiences* ó thaobh na gcostas reatha atá le cur faoi bhráid an Choiste um Buiséid a luaithe is féidir; á mheabhrú gur cheart go gcuirfeadh *Europa Experiences* ar chumas na saoránach uile tuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmiú institiúidí an Aontais agus, dá bhrí sin, gur dlúthchuid iad den phlean cumarsáide don fheachtas toghcháin; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach don Pharlaimint plé go leanúnach le saoránaigh an Aontais trí bhealaí cumarsáide éagsúla, de mheon idirphlé ilghnéithigh pholaitiúil, ní hamháin le linn bhliain na dtoghchán ach le linn an téarma reachtaigh ar fad; á chreidiúint gur cheart cinneadh a dhéanamh maidir le haon tionscadal a chur siar ar bhonn critéir bhunaithe agus go mbeadh ríthábhacht sna critéir sin le cothromaíocht gheografach i measc na mBallstát a bhaint amach; á athdhearbhú gur gá don Pharlaimint, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, a bheith i láthair ag feachtais ghníomhacha faisnéise sna tíortha a rinne iarratas foirmiúil ar dhul isteach san Aontas, eadhon Poblacht na Moldóive, an Úcráin agus an tSeoirsia;

17. á iarraidh ar an Ard-Rúnaí an fhaisnéis go léir a chur ar fáil a cheanglaítear faoi Airteagal 266(6) den Rialachán Airgeadais a bhaineann leis an iasacht EUR 37,9 milliún atá beartaithe chun ceannach Áras *Europa Experience* i mBaile Átha Cliath a mhaoiniú a luaithe is féidir;

18. á mheas gur cheart d'Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa (EPLOnna) níos mó a dhéanamh le saoránaigh de gach aois; á iarraidh ar an bParlaimint tuilleadh cruinnithe agus imeachtaí a fhorbairt idir Feisirí agus saoránaigh ar an leibhéal áitiúil trína EPLOnna; á athdhearbhú gur gá do na EPLOnna tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do na Feisirí chun cláir oibre agus imeachtaí na gcruinnithe a shocrú;

19. á mheas gur cheart do na EPLOnna faisnéis a chur ar fáil freisin i dteangacha iasachta do phobail Eorpacha a bhfuil cónaí orthu i dtíortha eile san Eoraip; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le nglacfaidh EPLOnna páirt i ngníomhaíochtaí breise maidir le hoideachas saoránachta agus rannpháirtíocht ina mbeidh pobail áitiúla, scoileanna áitiúla nó ollscoileanna áitiúla rannpháirteach.

20. á iarraidh go mbeadh seirbhís tiomnaithe ann do sheanóirí lena leagtar béim ar chláir agus ar bheartais de chuid an Aontais a théann chun tairbhe don aosú gníomhach;

***Glasú agus neamhspleáchas fuinnimh***

21. á athdhearbhú go gcreideann sí gur gá don Pharlaimint a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le modhanna oibre níos digití, níos solúbtha agus níos tíosaí ar fhuinneamh a ghlacadh agus cleachtais a chomhlíonadh, ag foghlaim ón taithí a fuarthas ó phaindéim COVID-19 agus ag baint leas as na hinfheistíochtaí teicneolaíochta atá curtha chun feidhme cheana féin; á iarraidh go ndéanfar measúnú straitéiseach ar chostas an bheartais tógála, go háirithe trí na bealaí nua oibre a mheas, amhail teilea-obair, a tháinig chun cinn mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus é á aithint go bhfuil láithreacht fhisiciúil le haghaidh caibidlíocht pholaitiúil, díospóireachtaí nó malartú tuairimí fós níos éifeachtúla maidir le ceapadh beartais phoiblí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di cáilíocht neamhchothrom saoráidí ateangaireachta agus na fadhbanna teicniúla a bhaineann le Interactio; á iarraidh go ndéanfaí infheistíocht go práinneach agus go spriocdhírithe chun an leibhéal is airde ilteangachais a áirithiú; ag cur béim ar an bhfíoras, i ndiaidh na ngéarchéimeanna polaitiúla, sláinte agus eacnamaíocha, go bhfuil méadú mór tagtha ar na costais fuinnimh, agus go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha aige sin; á iarraidh go gcuirfí san áireamh an tionchar airgeadais ar fhoirgnimh na Parlaiminte; á mholadh go gcuirfí san áireamh sa phleanáil bhuiséadach bhliantúil athchóiriú rialta na bhfoirgneamh uile; á chur i bhfios go bhfuil an leithdháileadh sin mar chuid de bheartas tógála réamhghníomhach, ar beartas é nach mór é a dhíriú ar athchóiriú glas an stoic foirgneamh agus a ráthóidh go ndéanfaidh an Pharlaimint a dícheall an éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú, agus ar an gcaoi sin ídiú fuinnimh agus costas shaoráidí na Parlaiminte a laghdú; maidir leis sin, á chur i bhfios go láidir gur gá foirgneamh Trèves I a uasghrádú go dtí na noirm fuinnimh agus chomhshaoil is déanaí; ag meabhrú a thábhachtaí atá próiseas cinnteoireachta trédhearcach agus cothrom i réimse an bheartais tógála, agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 266 den Rialachán Airgeadais, i ndáil le beartas tógála na Parlaiminte; ag meabhrú an chinnidh ón mBiúró an 2 Iúil 2018 a bhaineann le hathshlánú fhoirgneamh Paul-Henri Spaak; á iarraidh ar an mBiúró a chinneadh maidir leis an bhfoirgneamh sin a chur in iúl go tráthúil;

22. á mheabhrú gur fhormheas an Biúró, ag an gcruinniú a bhí aige an 16 Nollaig 2019, na príomhspriocanna táscairí feidhmíochta comhshaoil nuashonraithe ag a bhfuil spriocdháta aontaithe de 2024, lena n-áirítear laghdú 40 % ar na hastaíochtaí carbóin iomlána, ó leibhéil 2006; á mheabhrú go n-áirítear i straitéis mheántéarma EMAS clásal athbhreithnithe chun an uaillmhian chomhshaoil a mhéadú ar bhonn na feidhmíochta a breathnaíodh; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú i dtreo ardú a dhéanamh ar spriocanna EMAS do na príomhtháscairí feidhmíochta toisc gur comhlíonadh cheana go leor de na spriocanna a leagadh amach in 2019, agus i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus an gá atá le dlús a chur leis na bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus ár spleáchas ar ghás a laghdú; ag athdhearbhú a hiarrata a plean reatha maidir le laghdú CO2 a leasú chun carbóin-neodracht a bhaint amach trí mhodh a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid i gcás ina bhfuil sé bailíochtaithe mar shampla, mar shásra maidir le Praghsáil Inmheánach Carbóin trína ndéanann cuideachtaí a lorg carbóin a phraghsáil go deonach agus, ar an gcaoi sin, luach a chur ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa;

23. ag meabhrú gurb é iompar daoine agus earraí is siocair le beagnach dhá thrian de lorg carbóin na Parlaiminte; á iarraidh go ndéanfaí modhanna iompair ísealcharbóin do mhisin a chur chun cinn; ag athdhearbhú a tuairime nach mór go gcuirfí san áireamh i gcinntí taistil an tábhacht a bhaineann le láithreacht pharlaiminteach, cúiseanna imní sláinte, praghas agus tomhaltas ama; á chur i bhfios go láidir go dteastaíonn turais fhada sa taisteal a dhéanann a lán Feisirí óna dtoghlaigh chuig teacht ar áiteanna oibre na Parlaiminte agus nach féidir tabhairt fúthu ach ar eitleán; á mheabhrú freisin go bhfuil sé de chuspóir ag an bParlaimint a cuid astaíochtaí a laghdú tuilleadh agus á chur bhfios go láidir go bhfuil eitiltí díreacha agus ticéid sholúbtha aerlíne ar na bealaí is lú a chruthaíonn truailliú más gá tabhairt faoi aerthaisteal;

24. á iarraidh ar an Lucht Riarachán leanúint de choigilteas costais agus éifeachtúlachtaí tomhaltais a fhiosrú; á iarraidh go mbeadh treochlár ann chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise; á iarraidh ar an bParlaimint méadú breise a dhéanamh ar sciar an fhuinnimh inathnuaite ina meascán fuinnimh agus go háirithe táirgeadh fuinnimh agus ag dréim le go suiteálfar fótavoltas úrscothach dín ar mhaithe leis an acmhainneacht uasta; á chur in iúl gur geal léi an infheistíocht leanúnach; ag athdhearbhú a hiarrata ar sheirbhísí na Parlaiminte leanúint de thomhaltas páipéir a laghdú trí aistriú chuig

timpeallacht gan pháipéar, chomhchoiteann agus ar líne do gach cruinniú, agus trí shocruithe don síniú leictreonach a chur chun feidhme tuilleadh, agus díriú ar na laghduithe a choinneáil sa "normáltacht nua"; ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfaí anailís ar roghanna malartacha, i gcomhréir le sprioc EMAS do Pharlaimint "gan pháipéar" a luaithe is féidir; ag dréim leis go ndéanfar prionsabail na hÉifeachtúlachta Fuinnimh ar dtús agus prionsabail an Gheilleagair Chiorclaigh a chur i bhfeidhm maidir leis na hinfheistíochtaí uile, lena n-áirítear infheistíochtaí digiteacha agus cinntí bainistíochta; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí treisithe chun straitéis bainistithe dramhaíola na Parlaiminte a chur chun feidhme go hiomlán i gcomhréir le prionsabail ordlathas na réiteach dramhaíola; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach feasacht a ardú sa Teach, trí oiliúint shonrach freisin, chun torthaí sásúla a bhaint amach agus chun gur féidir spriocanna EMAS sa réimse sin a uasghrádú; á iarraidh go ndéanfaí bearta a chur chun feidhme ina n-iomláine chun go mbeidh an Pharlaimint saor ó phlaisteach aon úsáide de réir mar a fhilleann daoine ar an obair agus iad ag úsáid seirbhísí lónadóireachta laistigh den Pharlaimint;

25. á chur in iúl gur geal léi na feabhsuithe ar bhonneagar rothar ar áitribh na Parlaiminte; á mholadh do na seirbhísí tuilleadh feabhais a chur ar an mbonneagar sin trí shaoráidí páirceála rothar a uasghrádú, lena n-áirítear do rothair lastais i ngach foirgneamh, agus trí dhreasachtaí breise a chruthú do chomaitéireacht rothar; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Parlaiminte chun iompar poiblí a chur chun cinn trína beartas nua páirceála, trí dheontais a mhéadú do shíntiúis iompair phoiblí agus trí úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn trí stáisiúin luchtaithe leictreacha a shuiteáil; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go dtiocfadh méadú iomchuí ar líon na luchtairí feithiclí leictreacha i gcomhréir leis an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann go luath sa Bhruiséil, in Strasbourg agus i Lucsamburg; ag tabhairt dá haire nach soláthraítear leis an mbeartas reatha páirceála dreasachtaí airgeadais le haghaidh soghluaisteacht ghníomhach; á iarraidh ar na seirbhísí meastóireacht a dhéanamh ar an rath a bhí ar an mbeartas nua páirceála agus tuilleadh dreasachtaí spriocdhírithe a thabhairt isteach nuair is gá;

26. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh ról gníomhach ag an bParlaimint mar mhórfhostóir i ndíospóireachtaí agus i gcomhairliúcháin maidir le pleanáil uirbeach agus béim ar leith á leagan ar shoghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn trí bhonneagar sábháilte, compordach agus leanúnach, folláine a mhéadú trí mheán spás poiblí ar ardchaighdeán, agus oiriúnú don athrú aeráide tríd na hoileáin teasa a sheachaint; ag tabhairt chun suntais go bhfuil deiseanna ann don idirphlé i gcomhthéacs GoodMove na Bruiséile agus an phlean a thagann i ndiaidh *Plan d'Aménagement Directeur Loi*, chomh maith le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Archipel mar a thugtar air i gcomharsanacht Wacken in Strasbourg, agus maidir leis an gcaidreamh leanúnach le Fonds Kirchberg i Lucsamburg;

***Saincheisteanna eile***

27. ag tabhairt dá haire, ar thionscnamh an iar-Uachtaráin Sassoli, gur phléigh fócasghrúpaí ar "Athmhachnamh ar Dhaonlathas Parlaiminteach – Parlaimint na hEorpa níos láidre tar éis Covid-19" todhchaí na hoibre sa Pharlaimint idir Aibreán agus Iúil 2021, i ndáil le gach ceann dá réimsí gníomhaíochta: suí iomlánach, sainphribhléidí parlaiminteacha, cumarsáid, taidhleoireacht sheachtrach agus eagrúchán inmheánach; á chur in iúl gur geal léi gur thug na fócasghrúpaí tuarascáil deiridh lena n-áirítear moltaí ina bpléifidh an Biúró a cur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt aige ar a costas, agus Coiste um Buiséid rannpháirteach sa réamh-mheasúnú a dhéanfaidh sé, más gá;

28. á mheabhrú go dtacaíonn tromlach na bhFeisirí le suíochán aonair; á mheabhrú gur gá teacht ar réitigh chun barrfheabhas a chur ar an obair institiúideach pharlaiminteach, ar na costais airgeadais agus ar an lorg carbóin; á mheabhrú gurb in Strasbourg a bheidh suíomh Pharlaimint na hEorpa, de réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach; ag tabhairt dá haire go n-éileodh athruithe buana athrú ar an gConradh;

29. ag athdhearbhú a hiarrata, arna glacadh ar leibhéal an tseisiúin iomlánaigh ar roinnt ócáidí, ar an mBiúró tús a chur leis an obair maidir le hathbhreithniú ar na Rialacha Nós Imeachta, rud a chuirfidh ar chumas na bhFeisirí a gceart chun vótála a fheidhmiú go cianda, agus tairbhe á baint acu as saoire mháithreachais nó atharthachta, le linn breoiteacht fhadtéarmach nó i gcásanna *force majeure*; ag cur sonrú sna hathruithe a rinneadh ar na Rialacha Nós Imeachta an 20 Nollaig 2020 lena gceadaítear cianvótáil; á chur in iúl gurb oth leis nach bhforáiltear don chianvótáil sa choiste faoi láthair faoi Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte mura rud é go suíonn an tUachtarán go bhfuil imthosca neamhghnácha ann;

30. á iarraidh an athuair ar an Ard-Rúnaí a áitiú go mbeadh an earcaíocht go léir bunaithe ar inniúlacht, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don ghá atá le cothromaíocht gheografach na mBallstát uile a bhaint amach ar gach leibhéal foirne; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na deacrachtaí a bhaineann le náisiúntachtaí áirithe a earcú agus próifílí poist áirithe a thabhairt isteach go hinmheánach; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh an

**Déardaoin 7. Aibreán 2022**

fhostaíocht sa Pharlaimint chomh tarraingteach céanna do náisiúntachtaí uile an Aontais ach go mbeadh sé fós bunaithe ar phróisis oibiachtúla; á iarraidh ar an bParlaimint a hinniúlacht for-rochtana féin a fhorbairt, agus é d'aidhm aici iarrthóirí ar ardchaighdeán atá de dhíth ar an bParlaimint a mhealladh chuig comórtais, i dtéarmaí próifíle, aoise, inscne agus náisiúntachta agus go háirithe ó thíortha atá faoi ghannionadaíocht; maidir le hearcú foirne nua, á iarraidh ar an Ard-Rúnaí na céimeanna riaracháin a chuíchóiriú agus an próiseas a ghiorrú;

31. á iarraidh ar an bParlaimint measúnuithe rialta a dhéanamh ar eagrú a hArdrúnaíochta agus ar a riachtanais phearsanra, poist fholmha a ath-leithdháileadh idir stiúrthóireachtaí chun cúraimí nua a chur i gcrích ag leibhéil sheasmhacha foirne;

32. á iarraidh ar an Ard-Rúnaí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le líon méadaitheach gníomhairí ar conradh a fhostú, lena n-áirítear an baol struchtúr foirne dhá shraith a chruthú laistigh den Pharlaimint;

33. á chur in iúl gur geal léi na bearta a ghlac AS INLO le linn phaindéim COVID-19, arb é ab aidhm leo rioscaí gabhála a mhaolú laistigh d'áitribh na Parlaiminte agus tacú le cur chun feidhme na mbeart nithiúil dlúthpháirtíochta arna gcinneadh ag an mBiúró;

34. á athdhearbhú go mbaineann thart ar 50 milliún duine le mionlaigh agus pobail éagsúla teanga san Aontas; ag meabhrú go spreagann an Pharlaimint rannpháirtíocht na saoránach san Aontas, lena n-áirítear na mionlaigh náisiúnta, réigiúnacha agus teanga; á mheabhrú go dtacaíonn an Pharlaimint go láidir leis an ilteangachas agus go gcuireann sí cearta na mionlach náisiúnta, réigiúnach agus teanga chun cinn; á mheas gur féidir leis an bParlaimint cur go gníomhach leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise, agus faisnéis á cur ar fáil aici freisin do mhionlaigh teanga agus do phobail i gcás inarb iomchuí; ag moladh don Bhiúró machnamh a dhéanamh ar thacú le gníomhaíochtaí cumarsáide atá i gcomhréir le riachtanais na mionlach náisiúnta, réigiúnach agus teanga sna Ballstáit;

35. á iarraidh ar an Ard-Rúnaí anailís a dhéanamh ar a indéanta atá sé ateangaireacht i dteanga chomharthaíochta idirnáisiúnta a thabhairt isteach do na díospóireachtaí go léir sa suí iomlánach, i gcomhréir leis na hiarrataí a ghlac an Seisiún Iomlánach, agus an cinneadh sin a chur chun feidhme ag féachaint do phrionsabal na rochtana comhionainne do na saoránaigh uile;

36. á chur in iúl gur cúis bhuartha di é cáilíocht Chlár Trédhearcachta AE; á mheabhrú, de réir Thuarascálacha Bliantúla an Chláir Trédhearcachta, go bhfuil thart ar leath de na hiontrálacha ar fad sa Chlár mícheart; á iarraidh ar an bParlaimint bearta a dhéanamh chun cruinneas an Chláir a fheabhsú agus faireachán a dhéanamh air go rialta maidir le heintitis a dhéanann ionadaíocht ar leas daoine agus eintitis a smachtbhannaíodh agus dul ar aghaidh lena mbaint láithreach bonn ionas go mbeidh sí in ann a cuspóir a chomhlíonadh maidir le trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí ionadaithe leasmhara; ag athdhearbhú a hiarrata go ndréachtaíonn an Pharlaimint tuarascáil mhionsonraithe bhliantúil maidir leis na hionadaithe leasmhara agus na heagraíochtaí eile ar tugadh rochtain dóibh ar áitribh na Parlaiminte, agus í a fhoilsiú i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ([8]);

37. ag meabhrú gur vótáil an Pharlaimint roinnt uaireanta chun an Liúntas Caiteachais Ghinearálta a athchóiriú; á iarraidh ar an mBiúró meastóireacht a dhéanamh ar a chinneadh in 2019 maidir leis an liúntas caiteachais ghinearálta ar bhonn na taithí a fuarthas le linn an 9ú téarma parlaiminteach agus na cinntí is gá a dhéanamh chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi an fógra ón Uachtarán go mbunófaí Meitheal *ad hoc* de chuid an Bhiúró um an Liúntas Caiteachais Ghinearálta chun obair a dhéanamh ar athbhreithniú na rialacha a bhí ann roimhe sin;

38. ag athdhearbhú, i gcomhthéacs an nós imeachta athbhreithnithe atá ar siúl go hiarbhír maidir leis na forálacha cur chun feidhme ginearálta maidir le haisíocaíocht speansas taistil misin agus dualgais agus maidir leis na rialacha inmheánacha lena rialaítear misin agus taisteal dualgais oifigigh agus sheirbhísigh eile Pharlaimint na hEorpa, gur chuir an seisiún iomlánach in iúl roinnt uaireanta go mbaineann sé le méid na liúntas a íoctar leis na Cúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe (APAnna) le haghaidh na misean a chuireann siad i gcrích idir trí áit oibre na Parlaiminte d'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh an Biúró é a ailíniú ar leibhéal na gcóras liúntais do státseirbhísigh agus do ghníomhairí eile;

([8]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

39. á iarraidh arís ar Chomhdháil na nUachtarán agus ar an mBiúró athbhreithniú a dhéanamh faoi seach ar na forálacha Cur Chun Feidhme lena rialaítear obair na dtoscaireachtaí agus na misean lasmuigh den Aontas Eorpach agus ar an gcinneadh maidir le “Misin an Choiste lasmuigh de na trí áit oibre”; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbreithneofaí, leis an athbhreithniú sin, an fhéidearthacht go mbeadh tionlacan APAnna, faoi réir coinníollacha áirithe, ag na Feisirí atá ar thoscaireachtaí oifigiúla agus ar mhisin oifigiúla na Parlaiminte;

40. ag meabhrú Airteagal 27(1) agus (2) de Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([9]) ina luaitear “go gcoimeádfar an ciste pinsin deonach arna bhunú ag an bParlaimint tar éis theacht i bhfeidhm an Reachta seo i gcás Feisirí nó iar-Fheisirí a bhfuil cearta nó teidlíochtaí todhchaí faighte acu sa chiste sin cheana féin” agus go ndéanfar “cearta faighte agus teidlíochtaí amach anseo a choimeád ina n-iomláine”; ag tabhairt dá haire, de réir Sheirbhís Dlí na Parlaiminte, go leanann sé ón dá bhreithiúnas go ndeimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil cearta faighte acu mar sin, i gcás Feisirí a bhfuil na coinníollacha riachtanacha go léir comhlíonta acu cheana chun an ceart chun pinsean saorálach breise a fháil, go bhfuil siad faoi chosaint iomlán faoi phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndearbhaítear leis na breithiúnais freisin nach gcuireann sé sin cosc ar an mBiúró coinníollacha ná rialacha mionsonraithe an ghrúpa Feisirí sin a mhodhnú ar choinníoll go n-urramaítear prionsabal na comhréireachta go cuí, agus i gcás na bhFeisirí sin nach bhfuil na coinníollacha go léir chun cearta pinsin a fháil comhlíonta acu go fóill agus nach sealbhaíonn dá bhrí sin ach teidlíochtaí amach anseo faoin scéim pinsin; ag tathant, dá bhrí sin, ar an mBiúró agus ar an lucht riaracháin, réiteach oiriúnach a mholadh go práinneach amach anseo ina gcuirfear san áireamh staid phinsin agus mhaireachtála na bhFeisirí agus na n-iar-Fheisirí a bhfuil teidlíocht acu, chomh maith le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; á iarraidh ar na geallsealbhóirí uile lena mbaineann teacht ar réiteach inbhuanaithe agus indéanta go pras;

41. á chur in iúl gur geal léi beartas na Parlaiminte arb é is aidhm dó a áirithiú go mbainfidh daoine faoi mhíchumas úsáid iomlán neamhspleách as foirgnimh na Parlaiminte agus go dtacóidh sé le bearta agus le hoiriúnuithe breise a bheidh riachtanach i ndáil leis sin;

42. ag tabhairt dá haire gur ar an 24 Deireadh Fómhair 2017 a rinne na Caestóirí an cinneadh deireadh a chur le huisce te a dháileadh in oifigí na bhFeisirí sa Bhruiséil agus in Strasbourg i ndáil leis an mbaol don tsláinte a eascraíonn as baictéir dhíobhálacha *legionella* a bheith ann laistighde chórais hiodrálacha na bhfoirgneamh atá ag dul in aois agus in olcas;

43. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh ról eiseamláireach ag an bParlaimint maidir leis na beartais a dhéanann sí a chosaint agus a chur chun cinn, amhail an comhshaol, comhionannas inscne agus trédhearcacht;

o

o o

44. ag glacadh na meastachán don bhliain airgeadais 2023;

45. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

---

([9]) Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa (2005/684/CE, Euratom) (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1).

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA